
# CÁS-STAIDÉIR

## BEALTAINE 2018 — BEALTAINE







An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission



# Clár ábhair


**Réamhrá** 7

**Gearáin maidir le hIarratas Rochtana** 8

Cás-Staidéar 1: Freagra mall ar iarraidh ar rochtain (An dlí is infheidhme — an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018) . . . . 8
Cás-Staidéar 2: Iarraidh ar rochtain chuig club gailf ar phíosaí scannáin TCI (An dlí is infheidhme — an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018) . . . . 9
Cás-Staidéar 3: Ní bhfuarthas aon fhreagra ar iarratas duine ar a shonraí (Réiteach Cairdiúil) . . . . 9
Cás-Staidéar 4: Pribhléid Dlíodóra agartha chun sonraí pearsanta a choinneáil siar (Gearáin faoi Iarratas Rochtana). . . . . 10
Cás-Staidéir 5: Ábhar in easnamh in iarraidh ar rochtain (Réiteach Cairdiúil) . . . . 11
Cás-Staidéar 6: Iarratais ar aitheantas nuair atá freagra á thabhairt ar iarratais ar rochtain (Réiteach Cairdiúil) . . . . 11
Cás-Staidéar 7: Iarratas ar phíosa scannánaíochta ó chruinniú ar líne (Gearáin maidir le Rochtain) . . . . 12
Cás-Staidéar 8: Díolúintí a bhaineann le scannánaíocht CCTV (Gearáin maidir le Rochtain) . . . 13
Cás-Stadair 9: Teip freagra a thabhairt ar Iarratas Rochtana. . . . . 14
Cás-Stadair 10: Teip freagra a thabhairt ar Iarratas Rochtana (II) . . . . 14
Cás Staidéar 11: Mainneachtain iarraidh ar rochtain a fhreagairt go hiomlán. . . . . 15
Cás Staidéar 12: Rochtain ar phíosa scannáin TCI . . . 16
Cás-Staidéar 13: Oibleagáid cúiseanna a thabhairt agus rochtain ar shonraí pearsanta á diúltú . . . . 16
Cás-Staidéar 14: Léirithe rúnda tuairime agus iarrataí ar rochtain ón té lena mbaineann . . . . 17
Cás-Staidéar 15: Iarrataí ar rochtain agus ábhar atá faoi phribhléid dhlíthiúil . . . . 18
Cás-Staidéar 16: Próiseáil i gcomhthéacs imscrúdú san ionad oibre . . . . 18
Cás-Staidéar 17: An bunús dlíthiúil i leith próiseáil agus slándáil na próiseála . . . . 20
Cás-Staidéar 18: Rochtain ar fhaisnéis a bhaineann le measúnú creidmheasa bainc . . . . 22
Cás-Staidéar 19: Nochtadh, toiliú próiseála a tharraing siar agus iarratas duine ar a shonraí/ar a sonraí . . . . 23
Cás-Stadair 20: Cinneadh Airteagal 60 maidir le Airbnb Ireland UC — Freagra moillithe ar Iarraidh Rochtana agus Iarraidh Léirscriosta . . . . 24

**Cruinneas** 26

Cás-Staidéar 21: Iarraidh maidir leis an gceart go ndéanfaí ceartúcháin chuig Cúram Sláinte (An Dlí is Infheidhme — GDPR & An tAcht um Chosaint Sonraí 2018) . . . . 26
Cás-Staidéar 22: Faisnéis mhíchruinn á coinneáil ar chóras baincéireachta . . . . 27
Cás-Staidéar 23: Réiteach Cairdiúil — Cruthúnas Aitheantais agus Íoslaghdú Sonraí. . . . . 28
Cás-Staidéar 24: Cruinneas sonraí. . . . . 29

## Gearáin trasteorann 30


Cás-Staidéar 25: Láimhseáil ghearáin duine Éireannaigh is ábhar do na sonraí in aghaidh Cardmarket, atá lonnaithe sa Ghearmáin, ag úsáid mheicníocht Ionaid Ilfhreastail an GDPR. (Dlí infheidhme — an GDPR & an tAcht um Chosaint Sonraí 2018). . . . . . 30

Cás-Staidéar 26: Feidhmiú Nós Imeachta Airteagail 60 I nGearáin Trasteorann: Groupon . . . . . 31

Cás-Staidéar 27: Réiteach Cairdiúil i nGearáin Trasteorann: MTCH. . . . . 32

Cás-Staidéar 28: Réiteach Cairdiúil i nGearáin Trasteorann: Facebook Ireland. . . . . 33

Cás-Staidéar 29: Neamhfhreagra Airteagail 60 ar Iarratas Rochtana ag Ryanair . . . . . 35

Cás-Staidéar 30: Réiteach cairdiúil maidir le gearáin trasteorann: iarraidh ar rochtain a rinneadh le Airbnb 37

Cás-Staidéar 31: Réiteach cairdiúil maidir le gearáin trasteorann: Google (YouTube) . . . . . 37

Cás-Staidéar 32: Réiteach cairdiúil maidir le gearáin trasteorann — Yahoo EMEA Limited . . . . . 38

Cás-Staidéar 33: TikTok agus comhoibriú le húdaráis cosanta sonraí AE eile . . . . . 39

Cás-Stadair 34: Iarraidh léirscriosta ó ábhar sonraí Gréagach chuig Tinder, rud ar láimhseáil an Coimisiún é mar Phríomhúdarás Maoirseachta. . . . . . 40

Cás-Staidéar 35: Gearán trasteorann a réitíodh trí nós imeachta comhoibrithe AE . . . . . 41


## Fógraí maidir le sárú sonraí 42


Cás-Staidéar 36: Mainneachtain na beartais chosanta sonraí a bhí i bhfeidhm a chur chun Feidhme. . . . . . 42

Cás-Staidéar 37: Cailleadh gléas neamhchriptithe USB sa phost . . . . . 42

Cás-Staidéar 38: Fioscaireacht suíomh Gréasáin . . . . 43

Cás-Staidéar 39: Cailleadh comhaid pháipéir agus iad faoi bhealach . . . . . 43

Cás-Staidéar 40: Rinneadh ionsaí chun cárta SIM a bhabhtáil. . . . . . 43

Cás-Staidéar 41: Loss of control of paper files . . . . . . 44

Cás-Staidéar 42: Ionsaí Ransomeware . . . . . 44

Cás-Staidéar 43: Píosaí scannáin CCTV a nochtadh trí na meáin shóisialta . . . . . 44

Cás-Staidéar 44: Fógra Sáraithe (Earnáil Dheonach) — Ionsaí Bogearraí Éirice . . . . . 45

Cás-Staidéar 45: Fógra Sáraithe (Earnáil Phoiblí) Foilsiú Mícheart ar Twitter . . . . . 45

Cás-Staidéar 46: Fógra Sáraithe (Earnáil Airgeadais) Sonraí Bainc curtha trí WhatsApp . . . . . 46

Cás-Staidéar 47: Fógra Sáraithe (12 Chomhar Creidmheasa) Earráid Chódúcháin an Phróiseálaí . . . 46

Cás-Staidéar 48: Sáruithe a dhéantar go minic . . . . . . 47

Cás-Staidéar 49: Nochtadh neamhúdaraithe mar thoradh ar fhíschomhdháil . . . . . 48

Cás-Staidéar 50: Nochtadh mar gheall ar ríomhphost a cuireadh ar míthreoir . . . . . 48

Cás-Staidéar 51: Ábhair bheith á gcur de láimh go míchuí ag institiúid oideachais . . . . . 49

Cás-Staidéar 52: Seoltaí Ríomhphoist a nochtadh via ríomhphost grúpa. . . . . . 49

Cás-Staidéar 53: Ionsaí Innealtóireachta Sóisialta. . . . 50

Cás-Stadair 54: Ardriosca féideartha a tháinig as sonraí míchruinne sa Lárchiste Creidmheasa . . . . . . . 50

Cás-Stadair 55: Hacking seirbhís ríomhphoist tríú páirtí. . . . . . 51


## Nochtadh / Nochtadh neamhúdaraithe 52


Cás-Staidéar 56: Faisnéis airgeadais a bheith á seoladh mar chóip charbóin chuig bialann go hearráideach (An dlí is infheidhme — na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 (na hAchtanna)) 52

Cás-Staidéar 57: Sárú sonraí ag an bPríomh-Oifigeach Staidrimh — Nochtadh sonraí P45 (An dlí is infheidhme — na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003) . . . . . 53

Cás-Staidéar 58: Tras-scríbhinn comhrá Gréasáin de chuid Ryanair a bheith á seoladh chuig custaiméir eile (An dlí is infheidhme — an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018) . . . . . 54

Cás-Staidéar 59: Sonraí a bheith á dtarchur ag Roinn Rialtais trí WhatsApp (An dlí is infheidhme — na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 (na hAchtanna)) . . . . . 55

Cás-Staidéar 60: FSS/ Ghníomhaireacht um Chúram Sláinte . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 56
Cás-Staidéar 61: Nochtadh neamhúdaraithe taifead ríomhshonrasctha fóin póca, ina raibh sonraí pearsanta, ag cuideachta teileachumarsáide, d'iarfhostóir an ábhair sonraí (An dlí is infheidhme: Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 ("na hAchtanna")). . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 57
Cás-Staidéar 62: Nochtadh líomhnaithe shonraí pearsanta an ghearánaigh ag údarás áitiúil (Gearán Sáraithe Shonraí). . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 58
Cás-Staidéar 63: Nochtadh neamhúdaraithe i dtimpeallacht ionad oibre . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 59
Cás-Staidéar 64: Easpa bearta slándála cuí nochtadh neamhúdaraithe i dtimpeallacht ionad oibre . . . . . . . 60
Cás-Stadair 65: Nochtadh Gan Toiliú. . . . . . . . . . . . . . . 61
Cás-Stadair 66: Nochtadh Sonraí Íogaire . . . . . . . . . . . 61
Cás-Stadair 67: Nochtadh ráiteas cuntais ag banc don ionadaí le sealbhóir comhchuntais. . . . . . . . . . . . . 62
Cás-Staidéar 68: Grianghraf a Nochtadh agus a Fhoilsiú gan Údarú . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 63
Cás-Staidéar 69: Sonraí pearsanta comhalta arna nochtadh ag comhar creidmheasa le gnólacht imscrúduithe príobháideacha. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 64
Cás-Staidéar 70: Ainm agus uimhir ghutháin shoghluaiste iriseora á nochtadh ag pearsa poiblí . . . 65
Cás-Staidéar 71: Nochtadh sonraí pearsanta agus airgeadais do thríú páirtí agus iarratas scriosta . . . . . 66
Cás-Staidéar 72: Nochtadh sonraí pearsanta (An Dlí is Infheidhme — an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 67
Cás-Staidéar 73: Bearta slándála cuí do shonraí sláinte a sheoltar trí ríomhphost . . . . . . . . . . . . . . . . . . 68

## Margaíocht Dhíreach Leictreonach 70

Cás-Staidéar 74: Ionchúiseamh Viking Direct (Ireland) Limited . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 70
Cás-Staidéar 75: Ionchúiseamh Clydaville Investments Limited, ag trádáil faoi ainm The Kilkenny Group . . . . 71
Cás-Staidéar 76: Ionchúiseamh DSG Retail Ireland Limited . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 71
Cás-Staidéar 77: Ionchúiseamh Vodafone Ireland Limited . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 72
Cás-Staidéar 78: Ionchúiseamh Starrus Eco Holdings Limited, ag trádáil faoi ainm Panda agus Greenstar. . 73
Cás-Staidéar 79: Ionchúiseamh Vodafone Ireland Limited . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 73
Cás-Staidéar 80: Ionchúiseamh Cari's Closet Limited. 74
Cás-Staidéar 81: Ionchúiseamh Just-Eat Ireland Limited . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 75
Cás-Staidéar 82: Ionchúiseamh Shop Direct Ireland Limited t/a Littlewoods Ireland. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 75
Cás-Staidéar 83: Lorgaíonn Vodafone sonraí fostaíochta ó chustaiméirí. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 76
Cás-Staidéar 84: Ionchúiseamh i ndáil le Three Ireland (Hutchison) Limited (ríomh-Phríobháideachas) 76
Cás-Staidéar 85: Ionchúiseamh i ndáil le Vodafone Ireland Limited (ríomh-Phríobháideachas). . . . . . . . . . 77
Cás-Stadair 86: Ionchúiseamh Guerin Media Limited 77
Cás-Stadair 87: Ionchúiseamh Vodafone Ireland Limited . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 78

## Léirscriosadh 80

Cás-Staidéar 88: Coimeád sonraí pearsanta duine atá faoi aois ag Gníomhaireacht Stáit (Réiteach Cairdiúil) (Dlí Infheidhme — Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 80
Cás-Staidéar 89: Iarratas ar dhíliostú a rinneadh chuig inneall cuardaigh idirlín. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 81
Cás-Staidéar 90: An Ceart go nDéanfaí Ligean i nDearmad (Microsoft) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 82
Cás-Staidéar 91: Iarrataí Rochtana agus Léirscriosta (Pinterest). . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 82
Cás-Staidéar 92: An Ceart go nDéanfaí Ligean i nDearmad (Microsoft) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 83
Cás-Staidéar 93:Réiteach Cairdiúil — An Ceart go nDéanfaí Léirscriosadh agus Ábhar arna Ghiniúint ag Úsáideoirí . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 84
Cás-Staidéar 94: Réiteach Cairdiúil i nGearán Trasteorann — An Ceart go nDéanfaí Léirscriosadh . 84
Cás-Staidéar 95: Réiteach Cairdiúil — An Ceart go nDéanfaí Léirscriosadh . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 85
Cás-Staidéar 96: Iarraidh ar scriosadh agus spleáchas ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí. . . . . . . . . . . . . . . 86
Cás-Staidéar 97: Baint a bheith ag bailitheoir fiach . . 87
Cás-Staidéar 98: Sonraí arna gcoinneáil ag banc maidir le hiarratas ar iasacht a tarraingíodh siar. . . . . 88

Cás-Staidéar 99: Próiseáil neamhdhleathach agus iarratas scriosta . . . . . 89
Cás-Staidéar 100: Próiseáil neamhdhleathach ar ghrianghraf agus iarraidh léirscriosta faoi Airteagal 17 GDPR (An Dlí is Infheidhme — an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018) . . . . . 90
Cás-Stadair 101: Cinneadh Airteagal 60 maidir le Twitter International Company — Iarraidh ar Aitheantas, Iarraidh Léirscriosta . . . . . 91

## Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí 93

Cás-Staidéar 102: Srianta sonraí — sonraí tríú páirtí; tuairim tugtha faoi rún (Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí) . . . . . 93
Cás-Staidéar 103: Srianta sonraí — uireasa comhthola ó gach páirtí (Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí) . . . . . 93
Cás-Staidéar 104: Teorannú Cuspóra —An Treoir maidir le Forfheidhmiú Dlí . . . . . 94
Cás-Staidéar 105: Srianta Sonraí — ionchúisimh ar feitheamh (Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí) . . . . 94
Cás-Staidéar 106: Srianta Sonraí (Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí) . . . . . 95
Cás-Staidéar 107: Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí . . 95

## Agóid i gcoinne Próiseála 96

Cás-Staidéar 108: Úsáid a bhaint as sonraí faoi shuímh chun éilimh ar chostais a dhearbhú . . . . . 96
Cás-Staidéar 109: Gearán déanta i gcoinne Club Gailf 97
Cás-Staidéar 110: Próiseáil neamhdhleathach a d'eascair as earráid billeála(An dlí is infheidhme — na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 (na hAchtanna)) . . . . . 98
Cás-Staidéar 111: Glacadóirí agus próiseáil chothrom 99
Cás-Staidéar 112: Foilsiú neamhúdaraithe grianghraif (Réiteach Cairdiúil) . . . . . 101
Cás-Staidéar 113: Píosa scannánaíochta de sheirbhís sochraide bheith á próiseáil ag eaglais pharóiste . . . . 102
Cás-Staidéar 114: Tuilleadh próiseála chun críche atá comhréireach . . . . . 103
Cás-Staidéar 115: Próiseáil atá riachtanach chun críche leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag rialaitheoir . . . . . 104
Cás-Staidéar 116: Próiseáil is gá a dhéanamh chun conradh a chomhlíonadh . . . . . 105
Cás-staidéar 117: Íomhánna CCTV de chustaiméir phróiseáil ar bhealach cothrom agus dlíthiúil . . . . . 106
Cás-staidéar 118: Próiseáil agus nochtadh neamhdhleathach sonraí catagóirí speisialta . . . . . 107
Cás-staidéar 119: Próiseáil neamhdhleathach sonraí catagóirí speisialta . . . . . 108
Cás-staidéar 120: Próiseáil chothrom sonraí pearsanta (An Dlí is Infheidhme — an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018) . . . . . 109

## Teorannú Cuspóra 110

Cás-Staidéar 121: Úsáid TCI san ionad oibre . . . . . 110
Cás-Staidéar 122: Próiseáil Sonraí Catagóire Speisialta . . . . . 111

## Trédhearcacht 112

Cás-Staidéar 123: Píosaí scannáin TCI a bheith á soláthar ag teach tábhairne d'fhostóir (An dlí is infheidhme — na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 (na hAchtanna)) . . . . . 112
Cás-Staidéar 124: Bheith ag brath ar thoiliú maidir le grianghraf linbh a úsáid i bhfoirm ábhair bolscaireachta (An dlí is infheidhme — Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003) . . . . . 114
Cás-Staidéar 125: Sonraí sláinte a phróiseáil . . . . . 114
Cás-Staidéar 126: Úsáid a bhaint as sonraí svaidhpchárta fostaí chun críocha araíonachta . . . . . 116

## Innéacs 118

# Réamhrá

Is é misean an Choimisiúin um Chosaint Sonraí seasamh le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an dlí cosanta sonraí trí chaidreamh, trí fhormhaoirseacht agus trí fhorfheidhmiú agus trí chomhlíonadh na reachtaíochta cosanta sonraí a bhrú chun cinn. Aithníonn an Coimisiún gur ceann amháin de na colúin is tábhachtaí maidir leis an misean sin a bhaint amach is ea tacú le heagraíochtaí agus comhlíonadh a bhrú chun cinn. Chun an toradh sin a bhaint amach, ghabh an Coimisiún air féin cás-staidéir a fhoilsiú go tráthrialta ar conas a chuirtear an dlí cosanta sonraí i bhfeidhm, conas a shainaithnítear neamhchomhlíonadh agus conas a fhorchuirtear bearta ceartaitheacha. D'fhoilsigh an Coimisiún cás-staidéir mhionsonraithe sna cúig bliana seo a chuaigh thart ó thabhairt isteach an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí.



# Gearáin maidir le hIarratas Rochtana

**CÁS-STAIDÉAR 1**

## Freagra mall ar iarraidh ar rochtain (An dlí is infheidhme — an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018)

Leis an Rialachán Ginearálta, leagtar tréimhsí ama ar rialaitheoirí sonraí ar lena linn nach mór dóibh freagra a thabhairt ar iarrataí ó ábhair shonraí agus iad ag feidhmiú a gceart. I gcás ábhar sonraí amháin a d’iarr taifeadadh de ghlao teileafóin a reáchtáladh idir an t-ábhar sonraí agus an líne oibritheora seirbhíse do chustaiméirí de chuid cuideachta ilnáisiúnta teicneolaíochta chun dul chun cinn a dhéanamh ar ghearán faoi sheirbhís do chustaiméirí, rinneadh gearán leis an gCoimisiún á rá nár próiseáladh laistigh den tréimhse ama a leagtar amach sa Rialachán Ginearálta an iarraidh ar rochtain a cuireadh isteach de bhun Airteagal 15 den Rialachán Ginearálta.

Ar an ngearán a fháil, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an gcuideachta chun í a chur ar an eolas faoin ngearán agus chun a fhiosrú di cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh gurbh ann d’aon ghníomh ba mhaith léi a dhéanamh ar an ní seo. Thug an chuideachta don ábhar sonraí cóip den ghlao teileafóin a d’iarr sé agus, dá réir sin, bhí an t-ábhar sonraí sásta gur réitíodh an gearán go cairdiúil. Bunaithe ar imthosca an cháis aonair seo, mheas an Coimisiún nach raibh sé riachtanach tuilleadh gníomhaíochta rialála a dhéanamh.

## CÁS-STAIDÉAR 2

# Iarraidh ar rochtain chuig club gailf ar phíosaí scannáin TCI (An dlí is infheidhme — an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018)

I mí na Samhna 2018, fuaireamar gearán ó ábhar sonraí maidir le hiarraidh ar rochtain ar a shonraí pearsanta, rud a bhí comhdhéanta de phíosaí scannáin TCI ar am agus dáta ar leith. Rinneadh an iarraidh chuig club gailf, an rialaitheoir sonraí.

Chuir an t-ábhar sonraí ar fáil dúinn an comhfhreagras tosaigh a fuarthas ón gclub gailf. Sa chomhfhreagras sin, fiafraíodh den ábhar sonraí cén fáth a raibh na píosaí scannáin ag teastáil uaidh. I gcomhfhreagras a fuarthas ina dhiaidh sin, chuir an club in iúl don ábhar sonraí gur tháinig sé ar fhadhb leis na bogearraí córais TCI agus nach raibh an club in ann na píosaí scannáin a iarradh a sholáthar don ábhar sonraí dá bharr.

Measadh go bhféadfaí an gearán a réiteach go cairdiúil faoi alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

Mar chuid den phróiseas réitigh chairdiúil, d’iarramar míniúchán ón gclub gailf ar cén fáth nach rabhthas in ann na píosaí scannáin TCI a iarradh a sholáthar don ghearánach.

D’inis an club gailf dúinn nach raibh a chóras TCI i mbun feidhme ar an dáta ar ina leith a d’iarr an t-ábhar sonraí na píosaí scannáin agus gurbh amhlaidh nár tháinig sé ar an eolas faoi sin ach ag an am a bhí sé ag iarraidh cloí leis an iarraidh ar rochtain. Ní raibh an Coimisiún sásta le cé chomh ginearálta is a bhí an míniúchán sin agus d’éiligh sé míniúchán níos mionsonraithe i scríbhinn ar na fadhbanna a bhí ag dul i bhfeidhm ar an gcóras TCI, ar mhíniúchán é a d’fhéadfaí a thabhairt don ghearánach freisin. Mar fhreagra ar an iarraidh sin, sheol cuideachta slándála an chlub gailf litir chugainn. Tugadh breac- chuntas inti ar na fadhbanna a bhí ann leis an gcóras TCI, lenar áiríodh an fhíric gur theip ar an tiomántán crua ar an gcóras TCI agus nach raibh an córas TCI i mbun feidhme le tamall roimhe sin. Bhí an Coimisiún sásta leis an míniúchán teicniúil a tugadh. D’aontaigh an club gailf go bhféadfaí an litir sin a chomhroinnt leis an ngearánach freisin. Bhí an gearánach sásta leis an míniúchán, rud as ar tháinig réiteach cairdiúil ar an ngearán.

Léirítear sa chás seo gurb amhlaidh, fiú i gcás go bhfuil sé ag obair ar son réiteach cairdiúil ar ghearán a éascú nó a shocrú, go mbeidh an Coimisiún ag súil fós le cuntasacht thar ceann an rialaitheora nó an phróiseálaí agus go háirithe go mionscrúdóidh an Coimisiún na míniúcháin agus na cúiseanna a thugtar maidir le neamhchomhlíon-adh a oibleagáidí ag an rialaitheoir nó ag an bpróiseálaí. Déanfaidh sé amhlaidh chun a chinntiú gurb infhíoraithe agus intaispeánta atá an seasamh a chuirtear ar aghaidh.

## CÁS-STAIDÉAR 3

# Ní bhfuarthas aon fhreagra ar iarratas duine ar a shonraí (Réiteach Cairdiúil)

Fuair an DPC gearán ó dhuine aonair maidir le hiarratas duine ar a shonraí a rinne an duine sin do rialaitheoir sonraí, comhlacht ceantála ar bhain an gearánach úsáid as a n-ardán chun earraí a dhíol; ba é ábhar an iarratais ná cóip den eolas ar fad a bhain leo. Ní bhfuarthas aon fhreagra ón rialaitheoir sonraí in ainneoin gur eisigh an duine aonair dhá mheabhrúchán ina dhiaidh sin.

Aithníodh an gearán seo mar cheann a raibh seans ann gurbh fhéidir réiteach cairdiúil a fháil dó faoi Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018; d´aontaigh an gearánach agus an rialaitheoir sonraí araon bheith ag obair leis an DPC chun iarracht a dhéanamh an cheist a réiteach go cairdiúil.

Chuaigh an rialaitheoir sonraí i dteagmháil leis an DPC faoin gceist agus chuir sé in iúl dúinn, cé go raibh caidreamh gnó aige leis an duine aonair i 2016, nach raibh aon eolas a bhain leo á choinneáil aige, ós rud é go raibh córas nua suiteáilte aige i Mí na Bealtaine 2018, agus nár coiméadadh aon sonraí ón tréimhse roimhe sin. Chuir sé in iúl don DPC freisin go raibh gach comhad páipéir stiallta

aige agus gur chuir a chomhairleoir dlí in iúl dóibh nach raibh iachall air iad a choimeád.

Sholáthair an rialaitheoir sonraí seatanna scáileáin don DPC freisin óna chóras leictreonach maidir le torthaí cuardaigh in aghaidh ainm an duine aonair, cuardach nár aimsigh aon torthaí le taispeáint. Dearbhaíonn Airteagal 12(3) den GDPR "go soláthróidh an rialaitheoir faisnéis maidir leis an ngníomhaíocht a rinneadh i dtaca le hiarraidh faoi Airteagal 15 go 22 don ábhar sonraí agus déanfaidh sé sin gan mhoill mhíchuí agus in aon chás laistigh d´aon mhí amháin tar éis an iarraidh a fháil."

Tar éis dó an cheist a scrúdú go mion, ba léir don DPC gur sháraigh an rialaitheoir sonraí Airteagal 12(3) den GDPR ós rud é go bhfuil sé mar dhualgas ar rialaitheoirí freagra a thabhairt ar iarratas duine ar a shonraí laistigh den tráthchlár reachtúil, faoi mar a leagtar amach in Airteagal 12 den GDPR, fiú nuair nach bhfuil a leithéid de shonraí ag an rialaitheoir. Maidir le hiarratas an duine ar a shonraí níor ghá aon bheart breise a dhéanamh maidir leis an gceist seo ós rud é nárbh ann d´aon fhianaise a chuirfeadh in iúl go raibh aon sonraí a bhain leis an duine aonair á gcoinneáil ag an rialaitheoir sonraí.

D´eisigh an DPC comhairle don rialaitheoir sonraí, ag cur a chuid dualgas i gcuimhne dó faoi Ailt 12 agus 15 agus an riachtanas atá ann eolas a sholáthar maidir le bearta a rinneadh i dtaca le hiarratas duine ar a shonraí, fiú nuair nach bhfuil i gceist sna cúinsí ach cur in iúl do dhuine aonair nach bhfuil aon sonraí á gcoinneáil aige.

## CÁS-STAIDÉAR 4

# Pribhléid Dlíodóra agartha chun sonraí pearsanta a choinneáil siar (Gearáin faoi Iarratas Rochtana)

Phléigh an DPC le cás ina raibh i gceist iarratas ag duine aonair ar ospidéal lena gcuid sonraí pearsanta a fháil. Bhí an duine aonair seo tar éis treoir a thabhairt dá ndlíodóir i dtaca le caingean faillí in aghaidh an ospidéil ag eascairt as cúram a bhí faighte acu.

Faoin am a ndearna an duine aonair gearán leis an DPC trína ndlíodóir bhí an t-ospidéal tar éis roinnt taifead leighis a scaoileadh, ach chuir an duine aonair in iúl go raibh siad ag fanacht le nótaí neamhchliniciúla; bhí an t-ospidéal ag diúltú iad sin a scaoileadh ar an mbonn go raibh siad faoi réir ag pribhléid dlíthíochta. Go sonrach ba í tuairim an duine aonair (a raibh a ndlíodóir mar ionadaí acu sa ghearán a rinneadh don DPC) go rabhthas tar éis ráitis éagsúla ó bhaill fhoirne a choinneáil siar. Trí mheán an phróisis láimhseála ghearáin fuair an DPC amach gur ullmhaíodh ráitis bhaill fhoirne le linn athbhreithnithe inmheánaigh ag an ospidéal maidir leis an gcúram a tugadh don othar.

D´iarr an DPC go mbeadh sé in ann — ar bhonn deonach — féachaint ar na doiciméid sin a coinníodh siar ón duine aonair mar fhreagra ar an iarratas rochtana, chun a bheith sásta gur cuireadh a n-ábhar agus a gcáilitheacht maidir le díolúine scaoilte i bhfeidhm ar bhealach bailí.

I gcúinsí nuair a ullmhaíodh an ráiteas don chuspóir ceannasach seo, athbhreithniú inmhéanach, agus nár cuireadh tús le dlíthíocht, ná níor bagraíodh a leithéid ag dáta cruthaithe na ráiteas, ní raibh an DPC sásta gur bhain an phribhléid dlíthíochta le feidhm, agus thug sé treoir go ndéanfaí iad a scaoileadh.

## CÁS-STAIDÉAR 5

# Ábhar in easnamh in iarraidh ar rochtain (Réiteach Cairdiúil)

Fuair an DPC gearán ó dhuine aonair maidir le hiarratas duine ar a shonraí a rinne an duine sin chuig rialaitheoir sonraí chun cóip a fháil den fhaisnéis ar fad a bhain leo. Bhí an rialaitheoir sonraí ag obair i mbainistíocht charrchlóis agus tháinig díospóid chun cinn i ndiaidh fheithicil an duine aonair a chlampáil. Bhí an teagmhas maidir leis an gclampáil ina ábhar achomhairc chuig an Údarás Náisiúnta Iompair. Ní bhfuair an duine aonair aon fhreagra ón rialaitheoir sonraí.

Tugadh a ábhar sonraí don duine aonair ina dhiaidh sin ach níor mheas sé gur tugadh na sonraí iomlána dó. I ndiaidh din DPC idirghabháil a dhéanamh, tugadh faoi chuardaigh eile agus d'aithin an rialaitheoir sonraí sonraí breise a cuireadh ar fáil don duine aonair.

Ní raibh an duine aonair sásta fós toisc nár cuireadh cóip de ríomhphost faoi leith a sheol sé chuig an rialaitheoir sonraí ar fáil dó. Luaigh sé go raibh sé tábhachtach dá achomharc go mbeadh sé in ann a chruthú go bhfuair an rialaitheoir sonraí an ríomhphost atá faoi chaibidil. Ina dhiaidh sin, thug an rialaitheoir sonraí tuairisc don oifig seo ón gcuideachta a óstálann a sheirbhísí ríomhphoist inar taispeánadh go bhfuarthas an ríomhphost atá faoi chaibidil ach gur cuireadh ar coraintín é mar gheall ar amhras gur turscar a bhí ann agus níor bhain sé amach aon cheann de na boscaí ríomhphoist a raibh sé beartaithe in leith ná níor oscail aon duine laistigh den eagraíocht é. Ina dhiaidh sin, scriosadh an ríomhphost seo go huathoibríoch dá bhfreastalaithe i ndiaidh 14 lá. Chomh maith leis sin, chuir an rialaitheoir sonraí seatanna scáileáin ar fáil de chuardaigh a rinneadh ar gach aon cheann de na boscaí ríomhphoist beartaithe seo, nár chuir ar ais an ríomhphost atá faoi chaibidil.

Luaitear in Airteagal 12(3) den GDPR "the controller shall provide information on action taken on a request under Articles 15 to 22 to the data subject without undue delay and in any event within one month of receipt of the request".

I diaidh an cheist a scrúdú go mion, ba léir don DPC nár chomhlíon an rialaitheoir sonraí na hoibleagáidí atá air faoi airteagal 12(3) den GDPR agus go raibh sé d'oibleagáid air freagra a thabhairt ar iarratas an duine aonair ar a shonraí laistigh den chreat ama reachtúil, agus sa chás seo, ba lasmuigh den chreat ama seo a tugadh na sonraí a cuireadh ar fáil don duine aonair. Maidir leis an ríomhphost a cuireadh ar coraintín i gcóras an rialaitheora sonraí, ba léir nárbh ann don ríomhphost seo nuair a rinneadh an t-iarratas ar rochtain. Nuair atá cinntí á dhéanamh maidir le ríomhphoist a chur ar coraintín, ní mór don rialaitheoir sonraí aird chuí a thabhairt ar oibleagáidí slándála i gcomhréir le hAirteagal 32 ach a chinntiú freisin nach sáraíonn sé cearta daoine aonair. Sa chás seo, ní raibh aon cheart follasach ar cuireadh isteach ais mar gheall ar an ríomhphost atá faoi chaibidil a chur ar choraintín ar dtús agus a scriosadh.

## CÁS-STAIDÉAR 6

# Iarratais ar aitheantas nuair atá freagra á thabhairt ar iarratais ar rochtain (Réiteach Cairdiúil)

Fuarthas gearán ó dhuine aonair a raibh iarratas ar rochtain curtha isteach aige chuig óstán (an rialaitheoir sonraí) chun cóip a fháil den fhaisnéis ar fad a bhain leis. D'iarr an t-óstán ar an iarratasóir cóip de bhille fóntais agus cóip d'aitheantas fótagrafach a bhí deimhnithe ag An Garda Síochána a chur ar fáil. D'iarr an DPC ar an rialaitheoir sonraí na hábhair imní a bhí aige a leagan amach maidir le haitheantas an iarrthóra in imthosca ina raibh an seoladh poist agus an seoladh ríomhphoist a d'úsáid an t-iarrthóir ar na seoltaí céanna a chuir sé ar fáil le linn an phróisis áirithinte agus an phróisis seiceála isteach san óstán. Eisíodh na sonraí chuig ag iarrthóir ina dhiaidh sin.

Maidir leis an gcur chuige ginearálta i leith aitheantas a iarraidh nuair a fhéachann ábhair sonraí lena gcearta a fheidhmiú, níor chóir do rialaitheoirí ach a laghad faisnéise breise atá riachtanach agus cuí a iarraidh chun aitheantas

an iarrthóra a chruthú. Ní dócha go mbeadh sé fóirsteanach cruthúnas ar aitheantas a lorg nuair nach bhfuil aon amhras dáiríre i gceist maidir le haitheantas; ach i gcás ina bhfuil amhras ann, nó i gcás gur faisnéis íogair atá san fhaisnéis a bhfuiltear á iarraidh, d'fhéadfadh sé bheith oiriúnach cruthúnas a iarradh.

Agus an prionsabal ginearálta maidir le sonraí a íoslaghdú á chur san áireamh, is dócha go mbeadh sé díréireach faisnéis sa bhreis ar an bhfaisnéis atá á coinneáil cheana féin a iarraidh mar bhealach chun aitheantas a chruthú. Ní dócha go mbeadh sé cuí aitheantas oifigiúil a iarraidh ach amháin sa chás gur faisnéis íogair atá sa chatagóir faisnéise a bhaineann leis an duine aonair agus sa chás go bhféadfaí an fhaisnéis san aitheantas oifigiúil a chomhthacú leis na sonraí pearsanta atá á gcoinneáil ag an rialaitheoir sonraí cheana féin ar nós grianghraf, seoladh nó dáta breithe.

Ba chóir na catagóirí sonraí pearsanta atá á gcoinneáil agus an dóchúlacht go mbeadh rioscaí i gceist lena n-eisiúint a bhreithniú de réir an cháis d'fhonn an t-íosmhéid faisnéise atá ag teastáil a shocrú. I gcás nach bhfuil aon sonraí catagóire speisialta á gcoinneáil, d'fhéadfadh sé bheith leordhóthanach seoladh a dhearbhú. I gcásanna ina bhfuil sonraí catagóire speisialta i gceist, d'fhéadfadh sé bheith cuí faisnéis bhreise a lorg ach ná bíodh an fhaisnéis sin ach ina faisnéis amháin a bheadh leordhóthanach chun aitheantas a dhearbhú.

## CÁS-STAIDÉAR 7

# Iarratas ar phíosa scannánaíochta ó chruinniú ar líne (Gearáin maidir le Rochtain)

Ghlac duine aonair páirt i gcruinniú Zoom a ndearna an rialaitheoir sonraí taifeadadh air. Ba é cruinniú cinn bliana an chlub spóirt a bhí i gceist. Rinne an duine aonair iarratas ar rochtain chun cóip den taifeadadh seo a fháil. Dhiúltaigh an rialaitheoir sonraí don iarratas á lua nár tháinig sé laistigh de shainchúram an GDPR. Chreid an duine aonair gurbh iad a shonraí pearsanta na sonraí a bhí sa taifeadadh. Luaigh an rialaitheoir sonraí nach raibh teacht ar na fístaifeadtaí den cruinniú cinn bliana a thuilleadh mar gheall ar thruailliú nuair a bhíothas á sábháil agus mar gheall ar easpa taithí an rialaitheora sonraí maidir leis na bogearraí cianóstála físeáin seo a fheidhmiú. Luaigh sé go mbeadh na miontuairiscí den chruinniú ar fáil lena mbreathnú laistigh de roinnt seachtainí.

Ag an tráth seo, mhol an DPC an cás seo a thabhairt chun críche mar gheall gur léir nach raibh teacht ar na físeáin a d'iarr an duine aonair, ach níor aontaigh an duine aonair leis an gcur chuige seo, á lua go raibh físchomhdháil le linn an chruinnithe cinn bliana ina chleachtas coitianta don rialaitheoir sonraí ar feadh roinnt ama agus nár dhóigh leis an duine aonair go dtarlódh na deacrachtaí a ndearna an rialaitheoir sonraí cur síos orthu. I ndiaidh don DPC tuilleadh ceistiú a dhéanamh, dhearbhaigh an rialaitheoir sonraí gurbh fhíor go raibh scannánaíocht físeáin ar fáil, ach chuir sé Airteagal 15(4) den GDPR chun cinn mar chúis lena shrianadh. Luaigh an rialaitheoir sonraí anois go bhféadfaí scannánaíocht físeáin de thríú páirtithe atá le feiceáil sa taifeadadh a mheas a bheith ina sonraí tríú páirtí agus nach raibh an duine aonair ina theideal. Mar sin féin, bhí sé toilteanach tras-scríbhinní den scannánaíocht a chur ar fáil don duine aonair. Chuir an DPC ina choinne sin, agus é den tuairim, i bhfianaise nádúr poiblí na dtaifeadtaí bunaidh, mar gheall gur mar chuid de chruinniú cinn bliana a bhí siad, go ndearnadh na taifeadtaí le tuiscint na rannpháirtithe go bhféadfaí iad a mheas bheith inrochtana ag tráth níos faide anonn.

Tháinig saincheisteanna eile chun cinn nuair a fuair an duine aonair tras-scríbhinní den fhíseán. Mhaígh an duine aonair nach raibh na tras-scríbhinní cruinn agus nach raibh siad ina léiriú ar ábhar an fhíseáin bhunaidh.

Mar gheall air sin, chuaigh an DPC i dteagmháil leis an rialaitheoir sonraí an athuair, inar tarraingíodh aird ar thuairim an DPC maidir le hAirteagal 15(4) a chur chun cinn agus inar iarradh radharc a fháil ar an bhfíseán ónar cruthaíodh an tras-scríbhinn. Níor chuir an rialaitheoir sonraí ach fuaim an fhíseáin ar fáil. I ndiaidh measúnú a dhéanamh, ba léir go raibh an tras-scríbhinn ina léiriú cruinn ar ábhar fuaime an fhíseáin. D'fhonn réiteach cairdiúil a éascú ag an bpointe seo, mhol an DPC gur chóir don rialaitheoir sonraí an t-ábhar fuaime céanna, a cuireadh ar fáil don DPC roimhe sin, a scaoileadh leis an duine aonair. Chloígh an rialaitheoir sonraí leis sin ach bhí an duine aonair míshásta go fóill, agus a iarratas chun breathnú ar ábhar an fhíseáin á lua aige an athuair. I ndiaidh iarratas eile ón DPC an díolúine ar a raibh sé ag brath chun teacht ar ábhar an fhíseáin a shrianadh,

chinn an rialaitheoir sonraí an t-ábhar iomlán den fhíseáin a eisiúint chuig an duine aonair. Ní bhfuair an DPC cóip d'ábhar iomlán an fhíseáin, agus dá bhrí sin, ní raibh sé in ann a mheas go díreach cibé an raibh aon éagsúlacht idir é sin agus an t-ábhar fuaime a cuireadh ar fáil. Mar sin féin, i ndiaidh don duine aonair a dhearbhú go bhfuarthas an físeán, luaigh sé go raibh sé sásta leis an ábhar agus ar an gcaoi sin, tugadh an cheist seo chun críche ar bhealach cairdiúil.

Bhí cumarsáid fhairsing i gceist leis an gcás seo idir an DPC, an rialaitheoir sonraí agus an duine aonair. D'fhéadfadh an rialaitheoir sonraí an cheist seo a réiteach dá mba rud é gur scaoil sé an scannánaíocht físeáin i ndiaidh dó an t-iarratas ar rochtain a fháil. Dá mba rud é go raibh an rialaitheoir sonraí ar an eolas faoina oibleagáidí faoin GDPR sa chéad ásc, ní thaiscfí an cás seo leis an DPC.

## CÁS-STAIDÉAR 8

# Díolúintí a bhaineann le scannánaíocht CCTV (Gearáin maidir le Rochtain)

Fuair an DPC gearán ó dhuine aonair maidir le h-iarratas ar rochtain a rinneadh chuig rialaitheoir sonraí, ar miondíoltóir a bhí ann. Ba iad na dlíodóirí a bhí ag gníomhú ar son an duine aonair maidir le héileamh ar dhíobháil phearsanta a chuir an t-iarratas ar rochtain isteach maidir le tréimhse coicíse inar tharla an teagmhas líomhnaithe. Bhí siad ag iarraidh taifid den teagmhas, lena n-airítear scannánaíocht CCTV. Eisíodh sonraí ach d'aithin an duine aonair nár eisíodh an scannánaíocht CCTV, an tuairisc maidir leis an timpiste agus ráitis ó fhinnéithe. Agus freagra á thabhairt ar an gceist ón duine aonair maidir leis na nithe seo, thug an rialaitheoir sonraí comhairle go raibh srian á chur le rochtain ar na nithe toisc go raibh sé riachtanach go seachnófaí aon bhac nó lagú a bheadh i gceist maidir leis na himeachtaí dlí agus/nó pribhléid dhlíthiúil a chur i bhfeidhm.

Aithníodh go bhféadfaí réiteach cairdiúil a bhaint amach i ndáil leis an ngearán seo faoi Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, tríd an ngearánach agus an rialaitheoir sonraí araon comhaontú chun oibriú leis an DPC d'fhonn an cheist a réiteach ar bhealach cairdiúil.

Mhol an DPC don rialaitheoir sonraí liosta a ullmhú ina gclárófaí aon nithe a raibh an eagraíocht a chur díolúine i bhfeidhm ina leith, agus ina gclárófaí an díolúine ar a raibh sé ag brath freisin. I ndiaidh don DPC an liosta a fháil, rinne an DPC iniúchadh ar na díolúintí a bhí á n-úsáid agus d'fhéach sé le go léireodh an eagraíocht an bealach inar cinntíodh go raibh an srianadh riachtanach agus comhréireach. Chomh maith leis sin, d'iarr an DPC samplaí de na doiciméid a bhí le heisiúint ionas go bhféadfadh muid scrúdú a dhéanamh ar an mbealach ina raibh na díolúintí á gcur i bhfeidhm.

I ndiaidh imscrúdú a dhéanamh, d'aithin an DPC go raibh roinnt sonraí pearsanta de chuid an duine aonair sna doiciméid agus d'iarr sé ar an rialaitheoir sonraí iad a eisiúint le hatheagraithe ábhartha iontu. Maidir leis an scannánaíocht CCTV, luaigh an DPC gurbh é an phríomh-chúis a gabhadh na sonraí ná chun críocha slándála agus ní chun éileamh dlíthíochta a chosaint agus dá bharr sin, d'iarr sé go n-eiseofaí an scannánaíocht chuig an duine aonair le hatheagraithe ábhartha iontu. Ghlac an DPC leis go raibh na díolúintí eile á gcur i bhfeidhm mar is ceart de réir mar a rinneadh foráil in a leith sa reachtaíocht.

## CÁS-STAIDÉAR 9

# Teip freagra a thabhairt ar Iarratas Rochtana

Fuair an CCS gearán ó dhuine aonair maidir le hiarratas rochtana ábhar a rinne sé chuig eagraíocht (an rialtóir sonraí) ar chóip den fhaisnéis go léir a bhí á choinneáil maidir lena rannpháirtíocht leis an rialaitheoir sonraí. Ní bhfuair an duine freagra ar an iarratas seo. Rinne an CCS idirghabháil féachaint an bhféadfaí an cheist a réiteach go neamhfhoirmiúil.

Ní raibh an gearánach sásta go háirithe leis an bhfíric nár soláthraíodh doiciméid áirithe mar fhreagra ar a iarratas rochtana. Ba é seasamh an rialaitheora sonraí nár cuireadh na doiciméid ar fáil toisc gur soláthraíodh na sonraí pearsanta "i bhformáid eile". Ní bhaineann cearta rochtana um chosaint sonraí le rochtain ar dhoiciméid per se. Baineann siad le rochtain ar shonraí pearsanta. Féadfar iarratas rochtana a chomhlíonadh trí achoimre iomlán ar a sonraí a sholáthar don duine i bhfoirm intuigthe. Caithfidh an fhoirm ina gcuirtear ar fáil é a bheith leord-hóthanach chun ligean don iarratasóir a bheith feasach ar na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil, seiceáil go bhfuil siad cruinn agus á bpróiseáil go dleathach. Tar éis scrúdú a dhéanamh ar na sonraí a chuir an rialaitheoir ar fáil sa chás seo, bhí an CCS sásta a chur in iúl don ghearánach gur soláthraíodh na sonraí go léir a raibh sé ina theideal faoin reachtaíocht um chosaint sonraí dó.

## CÁS-STAIDÉAR 10

# Teip freagra a thabhairt ar Iarratas Rochtana (II)

Fuair an CCS gearán ó dhuine aonair maidir le hiarratas rochtana ábhar a rinne sí chuig bunaíocht seirbhíse (an rialtóir sonraí) ar chóip de phíosa scannáin TCI a bhain lena gcuairt ar áitreabh an rialaitheora sonraí ar dháta áirithe. Ní bhfuair an duine freagra ar an iarratas seo. Rinne an CCS seo idirghabháil féachaint an bhféadfaí an cheist a réiteach go neamhfhoirmiúil.

Faoin am a raibh an gearán faighte ag an CCS, tháinig sé chun solais nach raibh aon fhaisnéis ag an rialaitheoir sonraí a bhain léi a thuilleadh toisc nach raibh sé ar an eolas faoin iarratas rochtana go dtí gur chuir an oifig seo a aird air. Tharla sé seo toisc nach raibh an seoladh ríomhphoist ar seoladh an t-iarratas rochtana chuige ná seoladh a bhí in úsáid go rialta, in ainneoin gurb é seo an seoladh ríomhphoist atá i bPolasaí Príobháideachta an rialaitheora sonraí. Dúirt an rialaitheoir sonraí freisin go gcoimeádtar píosaí scannáin TCI ar feadh 14 lá mar gheall ar thoilleadh stórála an chórais agus mar sin ní raibh sé in ann an scannán CCTV iarrtha a sholáthar mar go raibh níos mó ná 14 lá caite. Tar éis an t-ábhar a scrúdú go críochnúil, ba léir don oifig seo gur sháraigh an rialaitheoir sonraí Airteagal 12(3) den GDPR toisc go bhfuil oibleagáid ar rialaitheoirí freagra a sholáthar ar iarratas rochtana an duine aonair laistigh den fhráma ama reachtúil mar atá leagtha amach in Airteagal 12. den GDPR, fiú mura bhfuil aon sonraí den sórt sin ina sheilbh ag an rialaitheoir. Theip ar an rialaitheoir sonraí monatóireacht a dhéanamh ar an mbosca isteach a bhaineann leis an seoladh ríomhphoist is ba é an toradh a bhí ar a Bheartas Príobháideachta ná gur theip air an scannán TCI ábhartha a fháil sular scriosadh é de réir a pholasaí coinneála. I ndáil leis sin, de bharr mainneachtain bearta eagraíochtúla ábhartha a bheith i bhfeidhm ní raibh an rialaitheoir sonraí in ann iarratas rochtana an ábhair a chomhlíonadh. D'eisigh an CCS treoracha don rialaitheoir sonraí ag meabhrú dó a oibleagáid monatóireacht a dhéanamh ar aon bhosca ríomhphoist a sholáthraíonn siad d'iarratais ábhar sonraí. Déanfaidh an CCS gníomh forfheidhmithe má thagann an cheist seo chun cinn arís leis an rialaitheoir céanna.

## CÁS-STAIDÉAR 11

# Mainneachtain iarraidh ar rochtain a fhreagairt go hiomlán

Bhain an gearán seo le hiarratas ar rochtain a rinne an gearánach. Bhí an gearánach míshásta gur dhiúltaigh an rialaitheoir sonraí, Comhairle Contae, dá iarratas ar rochtain ar chóip d'aon fhaisnéis faoin ngearánach arna choinneáil ag an rialaitheoir sonraí de láimh agus i bhfoirm leictreonach. Ina ionad sin chuir an rialaitheoir sonraí in iúl don ghearánach go raibh na comhaid a iarradh ar fáil ar líne nó ar fáil le breathnú orthu in áitreabh an rialaitheora sonraí.

Le linn don imscrúdú ar an ngearán seo a bheith ar bun, líomhain an gearánach nárbh ionann na comhaid a cuireadh ar fáil don ghearánach in áitreabh an rialaitheora sonraí agus na sonraí pearsanta uile a bhain leis an ngearánach a bhí á gcoinneáil ag an rialaitheoir sonraí.

Bhí an rialaitheoir sonraí den tuairim, áfach, go raibh an iarraidh ar rochtain a rinne an gearánach teoranta do shonraí pearsanta arna choinneáil i dtaca le dhá iarratas pleanála. Ba é ba chúis leis sin gur luaigh an gearánach uimhreacha tagartha do na hiarratais phleanála ar an iarratas ar rochtain. Dá réir sin, d'fhéach an rialaitheoir sonraí le hidirdhealú a dhéanamh idir sonraí pearsanta a bhain leis na comhaid phleanála a bhí ar fáil go poiblí, ar soláthraíodh don ghearánach iad le breathnú orthu go poiblí, agus sonraí pearsanta a cruthaíodh tar éis gur diúltaíodh d'iarratas pleanála an ghearánaigh, ar mheas an rialaitheoir sonraí iad a bheith lasmuigh de scóip an iarrata ar rochtain.

Cé gur luaigh an gearánach dhá iarratas pleanála ar leith, gur cuireadh an iarraidh ar rochtain in iúl i dtéarmaí ginearálta agus lorg sé rochtain ar "aon fhaisnéis a choinníonn tú fúm i bhfoirm leictreonach nó de láimh". Dá réir sin, measadh gur chuimsigh na sonraí pearsanta a lorg an gearánach na sonraí uile a d'eascair i gcomhthéacs theagmháil an ghearánaigh leis an rialaitheoir sonraí sular cuireadh an dá iarratas pleanála a sainaithníodh isteach agus na sonraí ar fad a d'eascair tar éis gur diúltaíodh do na hiarratais sin.

Cinneadh, de bharr cúinsí áirithe an cháis, gur sháraigh an rialaitheoir sonraí a chuid oibleagáidí cosanta sonraí nuair a mhainnigh sé cóip iomlán de shonraí pearsanta an ghearánaigh a sholáthar don ghearánach mar fhreagra ar an iarraidh ar rochtain laistigh den tréimhse reachtúil. Faoin GDPR, baineann Airteagal 15 leis an gceart rochtana ag an ábhar sonraí faoi réir shonraí pearsanta a bhaineann leis an duine sin atá á gcoinneáil ag an rialaitheoir. In Airteagal 12(3) leagtar amach an coinníoll inarb éigean don rialaitheoir na sonraí pearsanta sin a chur ar fáil. Tá dualgas ar an rialaitheoir faisnéis faoin ngníomh a rinneadh faoi iarraidh dá leithéid sin a chur ar fáil gan mhoill mhíchuí agus go fiú is laistigh d'aon mhí amháin tar éis an iarraidh a fháil. Chomh maith leis sin leagtar imthosca amach san airteagal sin lena bhforáiltear do shíneadh a chur leis an tréimhse sin.

### CÁS-STAIDÉAR 12

## Rochtain ar phíosa scannáin TCI

Bhain an gearán seo le freagra, a líomhnaítear a bheith neamhiomlán, ar iarratas rochtana le haghaidh píosa scannáin TCI a rinne an gearánach chuig institiúid oideachais. Dúirt an gearánach go ndearnadh iarracht ionsaithe líomhnaithe air. D'iarr an gearánach rochtain ar phíosa scannáin TCI ón am a tharla an t-ionsaí líomhnaithe, go háirithe i dtaca le tréimhse shonrach shainaitheanta ó dhá uillinn éagsúil an cheamara.

Mar fhreagra ar an iarratas ón eagraíocht, cuireadh líon áirithe stadán ón bpíosa scannáin TCI a bhain le ceamara amháin ar fáil don ghearánach. D'iarr an gearánach go gcuirfí stadán ar fáil i gcomhair gach soicind den taifead, ina raibh íomhá an ghearánaigh le feiceáil. Is é an freagra a fuarthas ón institiúid oideachais gur cuireadh gach píosa scannáin a bhí suntasach, i dtuairim an rialaitheora, ar fáil agus ó tharla go raibh timthriall taifeadta 30 lá i gceist leis na ceamaraí TCI, gur glanadh an píosa scannáin sin ó shin d'fhonn píosaí nua scannáin a thaifead. Shoiléirigh an rialaitheoir nár stóráil sé píosa scannáin ar bith mura raibh "ceanglas dleathach" ann amhlaidh a dhéanamh.

Thug an DPC dá aire, i gcás ina dhéantar iarraidh bhailí ar rochtain chuig rialaitheoir sonraí, nach mór don rialaitheoir sonraí an iarraidh a chomhlíonadh laistigh de thréimhse áirithe. (Mí a leagtar amach go ginearálta don tréimhse sin faoi Airteagal 12(3) den GDPR.) Tá an ceart rochtana ar shonraí pearsanta ar cheann de na príomhchearta bunúsacha dá bhforáiltear sa reachtaíocht um chosaint sonraí. I gcomhthéacs iarraidh ar rochtain ar phíosa scannáin TCI, go hiondúil teastaíonn oibleagáid an rialaitheora sonraí maidir le cóip de shonraí pearsanta an iarratasóra a chur ar fáil cóip den phíosa scannáin TCI, i bhfoirm físeáin, a chur ar fáil. I gcás nach bhfuil sé sin indéanta, amhail nuair nach féidir an píosa scannáin a chóipeáil go gléas eile go teicniúil, nó in imthosca eisceachtúla eile, féadfar glacadh leis go gcuirfí stadáin ar fáil don duine is ábhar do na sonraí mar rogha eile seachas píosa scannáin. In imthosca ina gcuirtear stadáin ar fáil, áfach, ba cheart don rialaitheoir sonraí stadán i gcomhair gach soicind den taifead ina bhfuil íomhá an ábhar sonraí le feiceáil ann a chur ar fáil don duine sin agus míniú a thabhairt ar an gcúis nach féidir an píosa scannáin a chur ar fáil i bhfoirm físeáin. Chomh maith leis sin ba cheart don rialaitheoir gach píosa scannáin a bhaineann leis an tréimhse a sonraíodh a chaomhnú go dtí go ndeimhneoidh an t-iarratasóir go bhfuil siad sásta leis an bhfreagra a tugadh.

De bharr nár chuir an rialaitheoir sonraí an píosa scannáin TCI a iarradh ná sraith iomlán stadán i dtaca leis an tréimhse shonraithe ar fáil don ghearánach, mhainnigh an rialaitheoir sonraí a oibleagáidí maidir le ceart rochtana a chomhlíonadh, ó thaobh ama de (Airteagal 12(3)) agus maidir le tacar lán agus iomlán a chur ar fáil de shonraí pearsanta a phróiseáil an rialatheoir (Airteagal 15).

### CÁS-STAIDÉAR 13

## Oibleagáid cúiseanna a thabhairt agus rochtain ar shonraí pearsanta á diúltú

Bhí seilbh ag an ngearánach roimhe sin ar mhaoin i bhforbraíocht arna bhainistiú ag cuideachta bhainistíochta. Rinne an gearánach iarratas ar rochtain ar shonraí chuig an gcuideachta bhainistíochta ach i dtuairim an ghearánaigh mhainnigh an rialaitheoir sonraí sonraí pearsanta uile an ghearánaigh a chur ar fáil sa fhreagra a tugadh.

Cinneadh gurbh é an chuideachta bhainistíochta an rialaitheoir sonraí de bharr gur rialaigh sí ábhar agus úsáid shonraí pearsanta an ghearánaigh chun críocha ról na cuideachta mar chuideachta bhainistíochta i leith forbraíocht ina raibh seilbh ag an ngearánach ar mhaoin. Is éard a bhí sna sonraí atá faoi thrácht (i measc nithe eile) ná ainm agus seoladh an ghearánaigh. Sonraí pearsanta a bhí i gceist de bharr go bhféadfaí an gearánach a aithint astu agus de bharr gur bhain siad leis an ngearánach mar dhuine aonair.

Le linn don scrúdú a rinne an DPC ar an ngearán, chuir an rialaitheoir sonraí cuntas ar fáil maidir le comhad ina raibh sonraí pearsanta uile an ghearánaigh a bhí á gcoinneáil siar ar an mbonn go raibh siad faoi phribhléid go dlíthiúil. Níor tagraíodh don chomhad i bhfreagra an rialaitheora

sonraí ar iarraidh an ghearánaigh ar rochtain. Tugadh faoi deara gur cheart don rialaitheoir sonraí tagairt a dhéanamh don chomhad seo mar aon leis an gcúis nó na cúiseanna ar dhiúltaigh sé an comhad a chur ar fáil don ghearánach, ina fhreagra ar iarraidh an ghearánaigh ar rochtain.

Ansin scrúdaigh an DPC ar chuir an rialaitheoir sonraí sonraí uile an ghearánaigh ar fáil don ghearánach, de réir mar a éilítear ó reachtaíocht. Thug an DPC dá aire gur chuir an gearánach cuntais shonracha mhionsonraithe ar fáil maidir leis na sonraí ar chreid an gearánach nár cuireadh iad ar fáil. Mar fhreagra, luaigh an rialaitheoir sonraí nár choinnigh sé sonraí i dtaca le cúrsaí ar chreid sé go raibh deireadh leo agus go ndearna sé sonraí uile an ghearánaigh a bhí á gcoinneáil ag an rialaitheoir sonraí ar dháta an iarrata ar rochtain a chur ar fáil don ghearánach. Bhí an oifig den tuairim go raibh sé inchreidte nach gcoinneodh an rialaitheoir sonraí sonraí pearsanta ar feadh tréimhse éiginnte. Bhí an DPC sásta gur chuir an rialaitheoir sonraí sonraí pearsanta uile an ghearánaigh ar fáil don ghearánach, (lasmuigh den chomhad ar mhaígh an rialaitheoir sonraí pribhléid dhlíthiúil ina leith, mar a leagtar amach thuas). Dá bhrí sin, ní raibh aon sárú eile ar an reachtaíocht.

Faoi Airteagal 15 den GDPR, tá sé de cheart ag ábhar sonraí rochtain a fháil ón rialaitheoir sonraí ar shonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi, agus atá á bpróiseáil. Níl feidhm ag an gceart sin, áfach, maidir le sonraí pearsanta arna bpróiseáil chun comhairle dlí a lorg, a fháil nó a thabhairt, ná le sonraí pearsanta a bhféadfaí éileamh ar phribhléid a dhéanamh ina leith chun críocha nó le linn imeachtaí dlí (Alt 60(3)(a)(iv) den Acht um Chosaint Sonraí 2018). I gcás ina ndiúltaíonn rialaitheoir sonraí iarraidh ar rochtain ar shonraí pearsanta a chomhlíonadh, éilítear faoi Airteagal 12 den GDPR go gcuirfear an duine is ábhar do na sonraí ar an eolas gan mhoill maidir leis na cúiseanna a bhí leis an diúltú sin.

---

### CÁS-STAIDÉAR 14

## Léirithe rúnda tuairime agus iarrataí ar rochtain ón té lena mbaineann

Rinne an gearánaí seo iarratas chuig a fhostóir chun rochtain a fháil ar ábhar. Mhaígh an gearánaí, áfach, gur fhág a fhostóir cumarsáidí áirithe ar lár óna fhreagra, gur choinnigh sé siar sonraí go héagórach ar an mbonn gur tuairim a bhí ann a tugadh faoi rún agus nár fhreagair sé an t-iarratas laistigh den tréimhse ama riachtanach mar atá leagtha amach sa reachtaíocht.

Ba é fostóir an ghearánaí an rialaitheoir sonraí toisc go raibh smacht aige ar an ábhar agus ar úsáid sonraí pearsanta an ghearánaí ar mhaithe le bainistiú a dhéanamh ar fhostaíocht an ghearánaí. Is éard a bhí sna sonraí a bhaineann le hábhar ná comhad AD an ghearánaí agus sonraí a bhain le riarachán fhostaíocht an ghearánaí. Sonraí pearsanta a bhí sna sonraí toisc go bhféadfaí an gearánaí a aithint uathu agus gur bhain na sonraí leis an ngearánaí mar dhuine aonair.

Nuair a bhí scrúdú á dhéanamh ar an ngearán, d'aithin an rialaitheoir sonraí doiciméid bhreise ina raibh sonraí pearsanta an ghearánaí agus chuir siad iad seo ar fáil don ghearánaí. I ndáil leis an doiciméad ar dhearbhaigh an rialaitheoir sonraí ina thaobh gur tuairim a bhí ann tugadh faoi rún, le linn imscrúdú an ghearáin seo, léirigh an duine a thug an tuairim a bhí faoi chaibidil go raibh sé sásta go scaoilfí an doiciméad lena chur faoi bhráid an ghearánaí, agus dá bharr sin chuir an rialaitheoir sonraí an doiciméid ar fáil don ghearánaí.

Tugann an reachtaíocht um chosaint sonraí ceart rochtana ar a shonraí pearsanta don té lena mbaineann na sonraí agus, chomh maith leis sin, ní mór an rochtain sin a thabhairt laistigh de thréimhse ama áirithe. Tar éis do an gearán a fhiosrú, ní raibh an DPC sásta go ndearna an rialaitheoir sonraí na cuardaithe cuí agus gur thug sé don ghearánaí na sonraí pearsanta ar fad, a raibh an gearánaí ina dteideal de réir an dlí. Ba cheart go mbeadh na doiciméid a chuir an rialaitheoir sonraí ar fáil don té atá i gceist leis na sonraí le linn an scrúdaithe ar an ngearán seo, tugtha dó laistigh den tréimhse ama a bhfuil foráil dó sa reachtaíocht.

Faoi Airteagal 15 den GDPR, tá sé de cheart ag an té lena mbaineann na sonraí, rochtain a fháil ó rialaitheoir sonraí ar shonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi, agus atá á bpróiseáil. Ní mór don rialaitheoir sonraí freagra a thabhairt ar iarratas ar rochtain ón té atá i gceist leis na sonraí gan an iomarca moille agus pé scéal é laistigh de mhí amháin ón am a raibh an t-iarratas faighte. Mar sin féin, foráiltear le halt 60 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 nach gclúdaíonn an ceart rochtana ar shonraí sonraí faoin té atá i gceist leis na sonraí, in ar nocht duine eile tuairim faoi rún, nó ar an tuiscint go bhféachfaí air mar ábhar faoi rún, do dhuine a bhfuil ceart dlisteanach aige nó aici an fhaisnéis sin a fháil.

## CÁS-STAIDÉAR 15

# Iarrataí ar rochtain agus ábhar atá faoi phribhléid dhlíthiúil

Bhain an gearán seo le freagra neamhiomlán a bhí tugtha, a dúradh, ar iarrataí ar rochtain ó ábhar sonraí. Ba é cúlra an ghearáin seo gur chuir an gearánaí iarraidh rochtana faoi bhráid iontaobhaithe scéime pinsin (na "hIontaobhaithe"). Mar chuid dá bhfreagra ar an iarraidh ar rochtain, thagair na hIontaobhaithe do dhréachtlitir a bhain leis an ngearánaí; níor cuireadh an dréachtlitir seo ar fáil don ghearánaí, áfach.

Dearbhaíodh gurbh iad na hIontaobhaithe an rialaitheoir sonraí toisc go raibh smacht acu ar an ábhar agus ar úsáid shonraí pearsanta an ghearánaí chun críocha phinsean an ghearánaí. Is éard a bhí sna sonraí a bhain le hábhar ná (i measc nithe eile) faisnéis a bhain le fostaíocht agus pinsean an ghearánaí agus ba shonraí pearsanta iad toisc gur bhain siad leis an ngearánaí mar dhuine aonair agus go bhféadfaí an gearánaí a aithint uathu.

D'fhéach an rialaitheoir sonraí lena mhaíomh go raibh pribhléid dhlíthiúil ag an dréachtlitir agus, dá bhrí sin, nár ceanglaíodh ar an rialaitheoir sonraí í a chur ar fáil don ghearánaí. Lorg an Coimisinéir um Chosaint Sonraí tuilleadh eolais ón rialaitheoir sonraí maidir leis an maíomh gur bhain pribhléid leis an dréachtlitir. Mar fhreagra air sin, níor thug an rialaitheoir sonraí soiléireacht ar an mbunús a bhí leis an dearbhú go raibh pribhléid dhlíthiúil ag an dréachtlitir, ach thoiligh sé, áfach, na sonraí a chur ar fáil don ghearánaí.

Socraíodh, dá bhrí sin, gur theip ar an rialaitheoir sonraí a chruthú go raibh sé i dteideal brath ar an díolúine i ndáil le sonraí atá faoi phribhléid dhlíthiúil. Dá réir sin, ba cheart go mbeadh an litir curtha ar fáil don ghearánaí, mar fhreagra ar iarraidh rochtana an ghearánaí, laistigh den tréimhse ama atá leagtha amach sa reachtaíocht.

Faoi Airteagal 15 den GDPR, tá sé de cheart ag ábhar sonraí rochtain a fháil ó rialaitheoir sonraí ar shonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi, atá á bpróiseáil. Ní mór don rialaitheoir sonraí freagra a thabhairt ar iarratas ar rochtain ón ábhar sonraí gan rómhoill agus pé scéal é laistigh de mhí amháin ó bhí an t-iarratas faighte. Mar sin féin, níl feidhm ag an gceart rochtana ar shonraí pearsanta duine nuair a bhíonn sonraí pearsanta a bpróiseáil chun comhairle dlí a lorg, a fháil nó a thabhairt nó i gcás sonraí pearsanta a bhféadfaí pribhléid a dhearbhú ina leith chun críche imeachtaí dlíthiúla nó le linn imeachtaí dlíthiúla. Nuair a fhéachann rialaitheoir sonraí le pribhléid a dhearbhú i dtaca le faisnéis atá á lorg ag an té lena mbaineann sonraí, cuirfidh an DPC de cheangal ar an rialaitheoir sonraí, agus scrúdú a dhéanamh ar ghearán toisc a dhiúltaithe, faisnéis shuntasach a chur ar fáil, lena n-áirítear míniú ar an mbonn ar a bhfuil pribhléid á dhearbhú ag an rialaitheoir sonraí, ionas gur féidir bailíocht na pribhléide a mheas i gceart.

## CÁS-STAIDÉAR 16

# Próiseáil i gcomhthéacs imscrúdú san ionad oibre

Bhí baint ag an ngearánaí le himscrúdú san ionad oibre i ndiaidh líomhaintí a rinne an gearánaí i gcoinne comhghleacaí. Cheap fostóir an ghearánaí gnólacht comhairleoireachta neamhspleách ("an Chuideachta Chomhairliúcháin") chun an t-imscrúdú a dhéanamh agus bhí torthaí na Cuideachta Comhairleoireachta faoi réir athbhreithniú ag painéal neamhspleách.

Tar éis an t-imscrúdú san ionad oibre a thabhairt chun críche, rinne an gearánaí iarratas ar rochtain sonraí chuig a bhfostóir agus cuireadh roinnt doiciméad ar fáil i ndiaidh an iarratais sin. Bhí an gearánaí den tuairim, áfach, nár freagraíodh an t-iarratas go hiomlán. Mar shampla, mhaígh an gearánaí go raibh na ráitis a thug finné (le linn an imscrúdaithe), a cuireadh ar fáil don ghearánaí, míchruinn ó thaobh na bhfíricí de agus nár cuireadh doiciméid áirithe ar fáil don ghearánaí (amhail logaí rochtana ar chomhaid phearsanta an ghearánaí). Líomhain an gearánaí freisin gur nocht a fhostóir, le comhghleacaithe an ghearánaí, sonraí faoi fheidhmíocht oibre an ghearánaí, socruithe saoire breoiteachta agus cóipeanna de dhuillíní pá an ghearánaí. Ar deireadh, mhaígh an gearánaí gur theip ar a bhfostóir cloí le hiarratais an ghearánaí ar cheartú na ráitis finné (a líomhnaigh an gearánaí a bhí mícheart ó thaobh fíricí de).

Cruthaíodh gurbh é fostóir an ghearánaí an rialaitheoir sonraí toisc gur rialaigh sé sonraí an ghearánaí i gcomhthéacs an imscrúdaithe san ionad oibre. Sna sonraí sin, bhí faisnéis phárolla an ghearánaí, faisnéis a bhaineann le saoire bhreoiteachta an ghearánaí agus ráitis finné a bhaineann leis an ngearánaí. Sonraí pearsanta a bhí sna sonraí toisc gur bhain siad leis an ngearánaí mar dhuine ar leith agus d'fhéadfaí an gearánaí a aithint uaidh.

Mar fhreagra ar líomhain an ghearánaí nár freagraíodh a iarratas rochtana go hiomlán, dúirt an rialaitheoir sonraí, maidir le ráitis an fhinné, gur cuireadh cóipeanna de ráitis bhunaidh an fhinné ar fáil don ghearánaí a coinníodh ar chomhad an ghearánaí. Maidir leis na logaí rochtana, bhí an rialaitheoir sonraí den tuairim nach sonraí pearsanta iad sin (toisc gur coinníodh cuntas ar ghluaiseacht dhigiteach fostaithe eile ar chórais TF an rialaitheora sonraí). I dtaca le cáipéisí éagsúla eile a mhaígh an gearánaí nach bhfuair sé, thug an rialaitheoir sonraí le fios, dá bhféadfadh an gearánaí sonraí na ndoiciméad sin a shonrú, go ndéanfadh sé líomhain an ghearánaí a mheas tuilleadh.

Maidir leis an ngearán gur nocht an rialaitheoir sonraí faoi fheidhmíocht oibre an ghearánaí le comhghleacaithe an ghearánaí, d'áitigh an rialaitheoir sonraí go bpléifí feidhmíocht an ghearánaí le bainisteoirí an ghearánaí agus dá bhrí sin, gur nochtadh é ar chúiseanna dlisteanacha gnó. I dtaca leis an ngearán a rinneadh faoi nochtadh sonraí maidir le saoire bhreoiteachta an ghearánaí, thug an rialaitheoir sonraí le fios nár nochtadh aon rud den sórt sin go bhfios dó. Ar deireadh, maidir leis an líomhain gur nochtadh duillíní pá an ghearánaí, d'áitigh an rialaitheoir sonraí gur cuireadh ar fáil iad d'fhostaí de chuid an rialaitheora sonraí le hathbhreithniú a dhéanamh orthu i gcomhthéacs cás ar leith a rinne an gearánaí.

Rinne an gearánaí iarratas freisin ar cheartú ráiteas finné, a líomhnaigh an gearánaí a bhí míchruinn ó thaobh na bhfíricí de. Mar sin féin, chuir an rialaitheoir sonraí in iúl gurbh ionann an méid a taifeadadh sna ráitis finné agus tuairimí na ndaoine a bhí i gceist agus, ar an mbonn sin, dhiúltaigh sé na ráitis finné a leasú.

Bhí an DPC den tuairim go raibh cúig shaincheist le scrúdú aige maidir leis an ngearán. Tugtar achoimre thíos ar dhearcadh an DPC ar gach ceann de na saincheisteanna sin (faoi cheannteidil a léiríonn gach ceann de na cúig shaincheist).

## Iarratas ar rochtain

Thug an DPC faoi deara go raibh iarratas bailí rochtana déanta ag an ngearánaí. Mar sin féin, tar éis dó an t-ábhar a bhreithniú tríd is tríd, bhí an DPC den tuairim nach raibh aon fhianaise ar fáil a thabharfadh le fios gur choinnigh an rialaitheoir sonraí faisnéis siar go neamhdhleathach. Thug an DPC faoi deara, áfach, nár láimhseáladh iarratas rochtana sonraí an ghearánaí sa tréimhse ama a éilítear faoin reachtaíocht. Mar sin, bhí sárú cosanta sonraí déanta ag an rialaitheoir sonraí ina thaobh sin.

Faoi Airteagal 12(3) den GDPR, tá sé de cheart ag duine faoi réir sonraí rochtain a fháil ó rialaitheoir sonraí ar shonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi, atá á bpróiseáil. Ní mór don rialaitheoir sonraí freagra a thabhairt ar iarratas ar rochtain ábhair gan aon mhoill agus in aon chás laistigh de mhí amháin tar éis glacadh leis an iarratas

## Líomhain i dtaca le nochtadh neamhúdaraithe ar shonraí pearsanta an ghearánaí

Ní mór do rialaitheoirí bunús dleathach a bheith acu, faoin reachtaíocht um chosaint sonraí chun sonraí pearsanta a phróiseáil, lena n-áirítear na sonraí sin a nochtadh le tríú páirtí. Maidir le sonraí a nochtadh i dtaca le feidhmíocht oibre an ghearánaí, bhí an DPC den tuairim go raibh an phróiseáil sin dleathach ó tharla gur bhain sé le cúiseanna dlisteanacha gnó. Maidir le sonraí saoire breoiteachta a nochtadh, chinn an DPC nár tugadh dóthain faisnéise a bhain leis an teagmhas líomhnaithe chun a chinneadh ar sáraíodh an reachtaíocht. Maidir le nochtadh duillíní pá an ghearánaí, bhí an DPC den tuairim go raibh an nochtadh dleathach toisc gur nochtadh na duillíní pá chun cabhrú leis an rialaitheoir sonraí éileamh dlíthiúil ar leithligh a chosaint a rinne an gearánaí ina choinne.

Faoi Airteagal 6 den GDPR, ceanglaítear ar rialaitheoir sonraí bunús dlí a bheith leis an bpróiseáil ar aon sonraí pearsanta (lena n-áirítear iad a nochtadh). Áirítear ar na bunúis dlí sin atá bailí lena bpróiseáil (a) go bhfuil toiliú tugtha ag an ábhar sonraí, (b) go bhfuil gá leis an bpróiseáil chun conradh a chomhlíonadh a bhfuil an t-ábhar sonraí ina pháirtí ann, (c) go bhfuil gá leis an bpróiseáil chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir sonraí faoina réir a chomhlíonadh, (d) go bhfuil gá leis an bpróiseáil chun leas an duine aonair a chosaint, (e) go bhfuil gá leis an bpróiseáil chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail, nó (f) go bhfuil gá leis an bpróiseáil chun críocha leasanna dlisteanacha a dtugann an rialaitheoir sonraí nó tríú páirtí faoi.

## Próiseáil chóir

Tá oibleagáid ar rialaitheoirí sonraí sonraí pearsanta a phróiseáil go cothrom. Le linn a imscrúdaithe, d'iarr an DPC ar an rialaitheoir sonraí a dheimhniú conas a chomhlíon sé a oibleagáidí maidir le sonraí an ghearánaí a phróiseáil ar bhealach cóir, i dtaca le gach ceann de na nochtuithe líomhnaithe ar shonraí pearsanta an ghearánaí. Theip ar an rialaitheoir sonraí an fhaisnéis a theastaíonn a chur ar fáil agus mar sin, mheas an DPC gur theip ar an rialaitheoir sonraí sonraí an ghearánaí a phróiseáil, i gcomhréir le hoibleagáidí próiseála córa.

Faoin GDPR, ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil go dleathach, go cothrom agus ar bhealach trédhearcach i ndáil leis an ábhar sonraí. Ceanglaítear leis an bprionsabal sin go ndéanfar faisnéis áirithe a chur ar fáil don ábhar sonraí faoi Airteagal 13 agus Airteagal 14 den GDPR maidir leis an oibríocht phróiseála a bheith ann agus chun críocha na hoibríochta sin. Ba cheart na hábhair sonraí a chur ar an eolas faoi rioscaí, rialacha, agus coimircí i ndáil le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta. I gcás inar féidir sonraí pearsanta a nochtadh go dlisteanach d'fhaighteoir eile, ba cheart do rialaitheoirí sonraí an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas nuair a nochtar na sonraí pearsanta den chéad uair don bhfaighteoir nó do chatagóirí faighteoirí na sonraí pearsanta.

### An ceart go ndéanfaí ceartúcháin

Faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí, tá ceart ann chun sonraí pearsanta míchruinne a cheartú. Dheimhnigh an rialaitheoir sonraí anseo, áfach, gurbh ionann an méid a taifeadadh sna ráitis finné agus tuairimí na ndaoine a bhí i gceist. Glacadh leis an dearcadh, i gcás ina dtaifeadtar tuairim i gceart agus i gcás ina bhfuil an tuairim bunaithe go hoibiachtúil ar nithe a chreidfeadh an duine a thugann an tuairim a bheith fíor, nach bhfuil feidhm ag an gceart go ndéanfaí ceartúcháin.

Faoi Airteagal 5 den GDPR, ní mór sonraí pearsanta atá á bpróiseáil a bheith cruinn agus, nuair is gá, iad a bheith cothrom le dáta agus ceanglaítear ar rialaitheoirí sonraí a chinntiú go ndéantar gach beart réasúnta chun a chinntiú go scriostar nó go gceartaítear sonraí míchruinne, agus cuspóir a bpróiseála ar intinn. Faoi Airteagal 16 den GDPR, tá sé de cheart ag ábhar sonraí go gceartóidh rialaitheoir sonraí sonraí pearsanta míchruinne a bhaineann leis nó léi gan aon mhoill. Faoi alt 60 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, áfach, tá an ceart seo teoranta sa mhéid is gur léiriú tuairime ó dhuine eile iad na sonraí pearsanta faoin ábhar sonraí a tugadh faoi rún nó ar an tuiscint go gcaithfeadh duine leis i modh rúin agus leas dlisteanach aige an fhaisnéis a fháil.

### Sonraí pearsanta an ghearánaí a choimeád

D'iarr an DPC ar an rialaitheoir sonraí breac-chuntas a thabhairt ar an mbunús dlí maidir le sonraí pearsanta an ghearánaí a choinneáil (i.e. próiseáil) i dtaca le himscrúdú an ionaid oibre. Chuir an rialaitheoir sonraí in iúl go raibh na sonraí seo á gcoimeád d'fhonn iarratais agus achomhairc an ghearánaí a láimhseáil faoi phróisis reachtúla éagsúla. Ar an mbonn sin, bhí an DPC den tuairim go raibh sé dleathach go gcoinneofaí sonraí pearsanta an ghearánaí mar go raibh baint aige le cúiseanna dlisteanacha gnó.

Faoin GDPR, ní hamháin go gcaithfidh bunús dleathach a bheith ag rialaitheoir sonraí chun sonraí pearsanta duine aonair a fháil ar dtús, ach ní mór bunús dlí leanúnach a bheith leis chun na sonraí sin a choinneáil de réir Airteagal 6, mar a leagtar amach thuas. Faoi Airteagal 5(1)(e) den GDPR, níl cead sonraí pearsanta a chuireann in iúl cé hé / cé hí an t-ábhar sonraí a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá chun na gcríoch dá bpróiseáiltear iad.

---

## CÁS-STAIDÉAR 17

# An bunús dlíthiúil i leith próiseáil agus slándáil na próiseála

Thaisc ábhar sonraí gearán leis an DPC in aghaidh rialaitheoir sonraí i ndiaidh freagra mall ar iarratas duine ar a shonraí. Bhí an t-ábhar sonraí imníoch faoin bpróiseáil a bhí á dhéanamh ar a shonraí pearsanta idir an rialaitheoir sonraí agus tríú páirtí, fiosraitheoir HR (fiosraitheoir). Bhain na hábhair imní leis an mbunús dlíthiúil a bhí le sonraí pearsanta an ábhair sonraí a phróiseáil agus slándáil na próiseála a bhí á déanamh ar na sonraí pearsanta, toisc gur úsáid an fiosraitheoir cuntas Gmail le linn an scrúdaithe.

Chuir an t-ábhar sonraí a cheart i bhfeidhm faoi Airteagal 15 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) trí rochtain ar a shonraí pearsanta a iarraidh.

Mar sin féin, ní bhfuair sé freagra ar a iarraidh laistigh de mhí amháin de réir mar a éilítear faoi Airteagal 12(3) den GDPR. I ndiaidh tréimhse dhá mhí gan aon fhreagra a fháil fós, chuir an t-ábhar sonraí an rialaitheoir sonraí ar an eolas go dtaiscfí gearán leis an DPC. I ndiaidh teagmháil a rinne an DPC, chuir an rialaitheoir sonraí na sonraí pearsanta ábhartha a bhí ábhartha don iarratas duine ar a shonraí ar fáil agus mhínigh sé go raibh moill i gceist mar gheall ar earráid theicniúil sa chóras ríomhphoist. Ag an bpointe seo, bhí an t-ábhar sonraí sásta go bhfuair sé na sonraí pearsanta ar fad a iarradh mar aon le roinnt sonraí breise eile. Níor bhain na sonraí seo leis an ábhar sonraí agus rinneadh an t-atheagrú a leasú.

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí pearsanta a fuarthas, chuir an t-ábhar sonraí ábhar imní in iúl maidir leis an bpróiseáil a bhí á dhéanamh ar a shonraí

pearsanta idir an rialaitheoir sonraí agus an fiosraitheoir. Mar chuid dá iniúchadh, chuaigh an DPC i dteagmháil leis an rialaitheoir sonraí maidir leis an gceist seo. Luaigh an rialaitheoir sonraí alt 46 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 (Acht 2018) agus Airteagail 6(1)(c) agus Airteagal 9(2)(b) dá bhunús dlíthiúil i leith na sonraí pearsanta a phróiseáil. Chomh maith leis sin, bhí an t-ábhar sonraí ina fhostaí, mar sin, tharraing an rialaitheoir sonraí aird ar a chuid oibleagáidí dlíthiúla faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 de réir mar atá leagtha amach ina Lámhleabhar d'Fhostaithe. Cheistigh an t-ábhar sonraí an bunús dlíthiúil seo toisc nár cuireadh é ar an eolas faoi sin roimhe seo.

Maidir leis an bhfiosraitheoir, mhínigh an t-ábhar imní nár lorgaíodh aon chead i leith na sonraí pearsanta bheith á bpróiseáil idir an rialaitheoir sonraí agus an fiosraitheoir. Mhínigh an rialaitheoir sonraí nach raibh cead ar an aon bhunús dlíthiúil faoin GDPR agus luaigh sé Airteagal 6(1)(b) dá bhunús dlíthiúil. Cheistigh an t-ábhar sonraí an bunús dlíthiúil seo á lua nach raibh an phróiseáil a rinne an fiosraitheoir riachtanach i leith an conradh fostaíochta a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, chuir an t-ábhar sonraí ábhar imní in iúl mar gheall ar thrédhearcacht toisc nach mbeadh sé ag súil go ndéanfadh fiosraitheoir próiseáil ar a shonraí pearsanta nuair a bhí an conradh fostaíochta á shíniú. Nuair a ceistíodh an rialaitheoir sonraí faoi chuntas Gmail bheith á úsáid ag an bhfiosraitheoir, luaigh sé go mbeadh an ríomhphost idir an rialaitheoir sonraí agus an cuntas Gmail criptithe agus nach raibh aon fhianaise ann gur baineadh de shonraí pearsanta an ábhair sonraí.

Le linn an gearán a fhiosrú, tháinig ceist chun cinn maidir leis an bhfiosraitheoir bheith ina chomhrialaitheoir nó ina phróiseálaí sonraí. Ghlac an t-ábhar sonraí an tuairim go raibh an fiosraitheoir ina phróiseálaí sonraí ach luaigh an rialaitheoir sonraí go raibh an fiosraitheoir ina rialaitheoir sonraí as a cheart féin, agus mar thoradh air sin, ní raibh aon riachtanais i gceist faoi Airteagal 28 den GDPR.

Scrúdaigh an DPC fíricí an ghearáin seo agus fuair sé amach gur cuireadh liosta de dhaoine aonair ar fáil don fhiosraitheoir chun agallamh a chur orthu d'fhonn an tuarascáil seo a chur le chéile agus ó na téarmaí tagartha, liostaítear agallaimh ar an bpríomh-mhodh le faisnéis a bhailiú chun a thuarascáil a chur le chéile. Thug an DPC faoi deara freisin gur cuireadh cosc ar an bhfiosraitheoir aon smachtbhannaí a tháinig chun cinn as torthaí na tuarascála a chinneadh ná a chur i bhfeidhm. Bunaithe ar an bhfaisnéis seo, dhearbhaigh an DPC go raibh an fiosraitheoir ina phróiseálaí sonraí thar ceann an rialaitheora sonraí agus thug sé faoi deara gur theip ar an rialaitheoir sonraí conradh a chur ar fáil idir é féin agus an fiosraitheoir de réir mar a éilítear faoi Airteagal 28(3) den GDPR.

Toisc gur theip ar an rialaitheoir sonraí cloí leis an oibleagáid i leith mí amháin faoi Airteagal 12(3) den GDPR, mheabhraigh an DPC don rialaitheoir sonraí maidir lena chuid oibleagáidí faoi Airteagal 24 chun bearta cuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur i bhfeidhm d'fhonn comhlíonadh an GDPR a chinntiú. Agus é sin á dhéanamh, ba chóir don rialaitheoir sonraí a chinntiú freisin nach gcuireann sé ar fáil ach sonraí pearsanta atá ábhartha don iarratas duine ar a shonraí atá idir lámha agus go bhfolaíonn sé sonraí pearsanta ó thríú páirtithe. Ar an dara dul síos, maidir leis an mbunús dlíthiúil ar a raibh an rialaitheoir sonraí ag brath, bhí an DPC sásta go raibh bunúis dhlíthiúla dá leithéid réasúnach; mar sin féin, moladh dó baill foirne a chur ar an eolas ina pholasaithe cosanta sonraí do bhaill foirne go bhféadfadh sé brath ar alt 46 d'Acht 2018 agus na hAirteagail 6(1)(c) agus 9(2)(b) den GDPR maidir le sonraí pearsanta na mball foirne a phróiseáil. Chomh maith leis sin, faoi alt 109(5)(f) d'Acht 2018, mhol an DPC go gcinnteodh an rialaitheoir sonraí go bhfuil conradh i bhfeidhm nuair atá fiosraitheoir rannpháirteach, go ndéanfadh sé tástáil ar phróisis eagraíochtúla agus teicniúla ar bhonn rialta, agus ar deireadh, go gcuirfeadh sé seoladh ríomhphoist de chuid na heagraíochta ar fáil don fhiosraitheoir.

## CÁS-STAIDÉAR 18

# Rochtain ar fhaisnéis a bhaineann le measúnú creidmheasa bainc

Sa ghearán seo, rinne an gearánach iarratas chuig banc faoi reachtaíocht um chosaint sonraí le go gcuirfí cóip ar fáil don ghearánach de na sonraí pearsanta ar fad a choinnigh an banc maidir leis. Mhaígh an gearánach, go sonrach, gur theip ar an mbanc aon anailísí inmheánacha a sholáthar dó inar úsáideadh sonraí pearsanta an ghearánaigh chun teacht ar an méid creidmheasa a thabharfadh an banc dó.

Dheimhnigh an Oifig seo gur aithníodh an banc ar an rialaitheoir sonraí ábhartha i ndáil leis an ngearán, ós rud é gur rialaigh sé sonraí pearsanta a chuir an gearánach ar fáil don bhanc le linn iarratas a dhéanamh ar iasacht. Bhí na sonraí a bhí i gceist ina sonraí pearsanta a bhain leis an ngearánach (a chuimsigh, i measc nithe eile, foirm iarratais ar iasacht chomhlánaithe agus doiciméid tacaíochta) toisc go bhféadfaí an gearánach a aithint iontu agus gur bhain na sonraí leis an ngearánach mar dhuine aonair. Dá bhrí sin, bhí an oifig seo sásta gur chóir imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán seo lena chinneadh an raibh sárú ar an reachtaíocht um chosaint sonraí i gceist nó nach raibh.

Le linn imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán seo, chuaigh an Oifig seo i dteagmháil leis an mbanc i ndáil le cineál ar bith na sonraí pearsanta a d'fhéadfadh an gearánach bheith ina dteideal. Bhí an banc den tuairim nach raibh an gearánach i dteideal shonraí a anailíse inmheánaí agus algartaim ná aon tairseacha cinnteoireachta inmheánacha ar ar bhunaigh sé a chinneadh i leith iasachtú toisc, i dtuairim an bhainc, nach raibh an fhaisnéis seo ina sonraí pearsanta, agus, chomh maith leis sin, go raibh an fhaisnéis íogair don mhargadh agus ina maoin intleachtúil de chuid an bhainc. Go háirithe, níor chuir an banc mionsonraí ar fáil don ghearánach maidir le scór creidmheasa an ghearánaigh ná an t-áireamh a rinne an banc ar ghlanioncam indiúscartha an ghearánaigh atá mar chuid dá chritéir mheasúnaithe ar chreidmheas.

Bhreithnigh an Oifig seo na míniúcháin a thug an banc agus ghlac an Oifig an tuairim go raibh figiúr glanioncaim indiúscartha agus raon creidmheasa an ghearánaigh araon ina sonraí pearsanta a bhain leis an ngearánach toisc go bhféadfaí an gearánach a aithint ó na sonraí agus gur bhain siad leis an ngearánach mar dhuine aonair. Chomh maith leis sin, ós rud é nár aithin an banc eisceacht ábhartha faoin reachtaíocht um chosaint sonraí ar trí sin a bhféadfadh sé na sonraí seo a choimeád siar ón ngearánach, mheas an Oifig gur theip ar an mbanc cloí le hiarratas an ghearánaigh maidir le teacht a bheith aige ar a chuid sonraí. Mar sin féin, d'aontaigh an Oifig seo nach raibh na samhlacha scórála creidmheasa a d'úsáid an banc ina phróiseas measúnaithe ar chreidmheas ina sonraí pearsanta a bhain leis an ngearánach, agus, dá réir sin, nach raibh an gearánach i dteideal cóip den fhaisnéis seo a fháil.

Ar deireadh, bhreithnigh an oifig seo gur sháraigh an banc a chuid oibleagáidí tuilleadh faoin reachtaíocht um chosaint sonraí toisc nár thug sé freagra ar an iarratas a rinne an gearánach laistigh den teorainn ama reachtúil is infheidhme.

Faoi Airteagal 15 den GDPR, tá sé de cheart ag ábhair sonraí deimhniú a fháil ó rialaitheoirí sonraí cé acu atá sonraí pearsanta a bhaineann leo á bpróiseáil nó nach bhfuil, agus i gcás ina bhfuil, teacht a bheith acu ar na sonraí pearsanta sin. Ní bhaineann an ceart seo ach le sonraí pearsanta an ábhair sonraí, arb é is ciall leis sin aon fhaisnéis a bhaineann leis an ábhar sonraí sin ina n-aithnítear an t-ábhar sonraí nó ina bhfuil an t-ábhar sonraí inaitheanta. Ní mór do rialaitheoir sonraí freagra a thabhairt ar iarratas ar rochtain ó ábhar sonraí gan mhoill mhíchuí agus laistigh de mhí amháin ar an iarratas a fháil i gcás ar bith. Mar sin féin, tá an ceart ar rochtain ar shonraí pearsanta faoi réir líon eisceachtaí faoin GDPR agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 (go háirithe, ailt 59 go 61), ar nós cás ina ndéanfaí dochar do chearta agus saoirsí daoine eile an t-iarratas ar rochtain a chomhlíonadh.

## CÁS-STAIDÉAR 19

# Nochtadh, toiliú próiseála a tharraing siar agus iarratas duine ar a shonraí/ar a sonraí

Thug ábhar sonraí gearán chomh fada leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) in aghaidh a n-iarfhostóra (an rialaitheoir sonraí). Bhí líon údair imní maidir le cosaint sonraí ag an ábhar sonraí, eadhon:

1. Nochtadh a seoladh ríomhphoist pearsanta trína bheith san áireamh sa réimse Cóip Charbóin (CC)
2. A n-íomhá a chur san áireamh ar chuntas meáin shóisialta an rialaitheora sonraí
3. Ní raibh an t-ábhar sonraí sásta leis an fhreagra a fuair sé/sí ón rialaitheoir sonraí maidir le hiarratas duine ar a shonraí/a sonraí

Ar aon dul lena n-imscrúdú ar an ngearán, rinne an DPC teagmháil agus chomhroinn mionsonraí maidir le gearán an ábhair sonraí leis an rialaitheoir sonraí. Chuir an rialaitheoir sonraí in iúl don DPC gur shínigh an t-ábhar sonraí comhaontú réitithe roimhe seo, a rinne tarscaoileadh ar a gcearta chun gearán nó éileamh a dhéanamh in aghaidh an chomhlachta faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988, 2003 agus 2018. Mar fhreagra, chuir an DPC in iúl don rialaitheoir sonraí nach raibh siadsan mar pháirtí sa chomhaontú agus go raibh oibleagáid reachtúil ar an DPC imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a mhéid is cuí. Is ábhar idir an rialaitheoir sonraí agus an ábhar sonraí forfheidhmiú aon chonradh réitithe.

Maidir leis nochtadh seoladh ríomhphoist an ábhair sonraí, i ngrúpa ríomhphoist, d'admhaigh an rialaitheoir sonraí gur chóir feidhm an Chóip Charbóin Fholaithe (BCC) a úsáid sa chás seo. Chuir an rialaitheoir sonraí in iúl freisin gur tuairiscíodh an eachtra seo mar shárú don DPC faoin Airteagal 33 de Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus go raibh bearta breise curtha i bhfeidhm ar fhaitíos go dtarlódh an eachtra arís. Rinneadh oiliúint foirne a leathadh amach agus tá seoladh ríomhphoist an ábhair sonraí bainte as na seoltaí ríomhphoist uathbhailithe atá ar chomhad. Thug an DPC imthosca an tsáraithe a d'eascair ar aird mar thoradh ar earráid dhaoine agus níor aithníodh an sárú mar shaincheist chórasach.

D'iarr an t-ábhar sonraí faoi Airteagal 17 den GDPR, go mbainfí a n-íomhá de láithreán meán sóisialta an rialaitheora sonraí gan moill mhíchuí. Tharraing an t-ábhar sonraí a dtoiliú don phróiseáil siar faoi Airteagal 17(1)(b) den GDPR. Thug an rialaitheoir sonraí faoi chuardach ar a meáin shóisialta agus fuair réidh le haon phostálacha lena n-aithneofaí an t-ábhar sonraí. Chuir an rialaitheoir sonraí in iúl, sa chás gur bhain tríú páirtithe tuilleadh úsáide as na híomhánna seo, go mbeidh ar an ábhar sonraí iarratas scriosta a chur faoi bhráid na n-eagraíochtaí seo go díreach.

Rinne an t-ábhar sonraí iarratas duine ar shonraí faoi Airteagal 15 den GDPR ar an rialaitheoir sonraí. Chomhlíon an rialaitheoir sonraí an t-iarratas; mar sin féin, cuireadh srianta i bhfeidhm faoi Alt 162 d'Achtanna na bliana 2018 chun teorannú a dhéanamh ar rochtain an ábhair sonraí chuig comhfhreagras idir an rialaitheoir sonraí agus a gcomhairleoirí dlí. Cé go dtugann an DPC ar aird gur ceart bunúsach atá i gceart an duine aonair sonraí pearsanta a rochtain agus nach mór aon teorannú a léiriú go cruinn, níl an ceanglas go mbeidh teorannú cearta an ábhair sonraí riachtanach agus comhréireacht, laistigh d'alt 162 d'Acht na bliana 2018. Dá réir sin, ní féidir gach iarratas rochtana a chomhlíonadh agus bunaithe ar an fhaisnéis a cuireadh ar fáil don DPC, tháinig an DPC ar an gcinneadh nár chóir an comhfhreagras idir an rialaitheoir sonraí agus a gcomhairleoirí dlí a scaoileadh mar fhreagra ar iarratas rochtana duine ar shonraí.

Sa bhreis ar an méid atá thuas, thug an DPC ar aird gur theip ar an rialaitheoir sonraí a gcuid oibleagáidí faoi Airteagal 12(3) den GDPR a chomhlíonadh sa chás seo, ní mór do rialaitheoirí sonraí iarratais cosanta sonraí ó ábhair sonraí a fhreagairt laistigh d'aon mhí amháin ó fhaightear an t-iarratas sin. Mar sin féin, tugadh ar aird gur chuir an rialaitheoir sonraí síneadh le tréimhse freagartha iarratas duine ar shonraí tar éis den tréimhse ama tosaigh d'aon mhí amháin a bheith dulta i léig.

Dá réir sin, scríobh an DPC, faoil alt 109(5)(f) chuig an rialaitheoir sonraí agus mheabhraigh a gcuid oibleagáidí dóibh faoi Airteagal 12(3) agus Airteagal 33 den GDPR.

## CÁS-STAIDÉAR 20

# Cinneadh Airteagal 60 maidir le Airbnb Ireland UC — Freagra moillithe ar Iarraidh Rochtana agus Iarraidh Léirscriosta

Taisceadh gearán in aghaidh Airbnb Ireland UC ("Airbnb") le Coimisinéir Bheirlín um Chosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise ("Údarás Cosanta Sonraí Bheirlín"). Aistríodh an gearán chuig Coimisiún na hÉireann um Chosaint Sonraí ("an Coimisiún") ansin lena láimhseáil aige ina cháil mar phríomhúdarás maoirseachta.

Líomhain an gearánach gur mhainnigh Airbnb iarraidh léirscriosta agus iarraidh rochtana ina dhiaidh sin a chuir sé faoina bhráid a chomhlíonadh laistigh den chreat ama reachtúil. Ina theannta sin, luaigh an gearánach gur tharla sé, nuair a chuir sé an iarraidh léirscriosta uaidh isteach, gur iarr Airbnb air a aitheantas a fhíorú trí fhótachóip dá dhoiciméad aitheantais ("aitheantas") a sholáthar, rud nár soláthraíodh do Airbnb roimhe sin. Ar dtús, d'fhéach an Coimisiún leis an ngearán seo a réiteach go cairdiúil trína phróiseas láimhseála gearán. Níor éirigh leis teacht ar réiteach cairdiúil, áfach, agus osclaíodh fiosrúchán ar an gcás. Ba iad seo a leanas na saincheisteanna lena n-iniúchadh agus lena gcinneadh ag an bhfiosrúchán ón gCoimisiún: (i) cé acu a bhí nó nach raibh bunús dleathach ag Airbnb le cóip d'aitheantas an ghearánaigh a iarraidh tar éis dó iarraidh léirscriosta a chur isteach de bhun Airteagal 17 RGCS; (ii) cé acu a láimhseáil nó nár láimhseáil Airbnb an iarraidh léirscriosta sin i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta agus leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018; agus (iii) cé acu a láimhseáil nó nár láimhseáil Airbnb an iarraidh rochtana ón ngearánach i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta agus leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Thug Airbnb freagra ar na líomhaintí ón ngearánach, agus é ag tabhairt údar leis an iarraidh uaidh ar aitheantas fótagrafach mar gheall ar na héifeachtaí díobhálacha a bheadh ann dá scriosfaí cuntas go héagórach. Chuir Airbnb in iúl gur féidir le dochar suntasach fíorshaoil a bheith ag baint le cuntas Airbnb a scriosadh go calaoiseach, lena n-áirítear, i gcás na n-óstach, an dochar eacnamaíoch a bhaineann le háirithintí a chealú agus leis an dea-thoil a gnóthaíodh sa chuntas a chailleadh agus, i gcás na n-aíonna, an baol go gcaillfeadh siad cóiríocht agus iad ag taisteal thar lear. Luaigh Airbnb nach rioscaí beagbhríocha iad sin agus nach mór bearta cuí a dhéanamh chun dul i ngleic leo. Luaigh sé freisin gur cruthúnas iontaofa aitheantais é doiciméad aitheantais a sholáthar chun iarraidh léirscriosta a fhíordheimhniú agus nach gcuireann sé aon ualach díréireach ar an duine aonair atá ag déanamh na hiarrata. D'áitigh sé gur féidir aitheantas fótagrafach a mheas a bheith ina dhroichead fianaiseach idir aitheantas ar líne agus aitheantas as line.

Chomhlíon Airbnb an iarraidh léirscriosta ón ngearánach ar deireadh. Bhailíochtaigh sé aitheantas an ghearánaigh trí rogha a thabhairt dó logáil isteach ina chuntas chun a aitheantas a fhíorú, gan aon ghá le haitheantas a sholáthar. Tar éis idirghabháil ón gCoimisiún, chomhlíon Airbnb an iarraidh rochtana ón ngearánach. Tar éis dó an fiosrúchán uaidh a chur i gcrích, ghlac an Coimisiún an cinneadh uaidh i ndáil leis an ngearán seo de réir Airteagal 60(7) RGCS an 14 Meán Fómhair 2022. Chinn an Coimisiún gur sháraigh Airbnb Ireland UC, an rialaitheoir sonraí, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí mar a leanas:

- **Airteagal 5(1)(c) RGCS**
  Chinn an Coimisiún gur sháraigh Airbnb prionsabal an íoslaghdaithe sonraí, de bhun Airteagal 5(1)(c) RGCS, nuair a cheangail sé ar an ngearánach a aitheantas a fhíorú trí chóip dá aitheantas fótagrafach a chur isteach. Tharla an sárú seo in imthosca ina raibh réitigh nach raibh chomh sonraíbhunaithe céanna ar cheist an fhíorúcháin aitheantais ar fáil do Airbnb.
- **Airteagal 6(1) RGCS**
  Chinn an Coimisiún gur tharla sé, in imthosca sonracha an ghearáin seo, nach raibh an leas dlisteanach a shaothraigh an rialaitheoir ina bhunús dleathach bailí faoi Airteagal 6 RGCS le cóip d'aitheantas fótagrafach an ghearánaigh a iarraidh chun an iarraidh léirscriosta uaidh a phróiseáil.
- **Airteagal 12(3) RGCS**
  Chinn an Coimisiún gur sháraigh Airbnb Airteagal 12(3) RGCS i ndáil leis an dóigh ar láimhseáil sé an iarraidh rochtana ón ngearánach. Tharla an sárú seo nuair a mhainnigh Airbnb faisnéis a sholáthar don ghearánach faoin ngníomh a rinneadh i dtaca leis an iarraidh rochtana uaidh laistigh de mhí amháin ón iarraidh a fháil.

I bhfianaise mhéid na sáruithe, d'eisigh an Coimisiún iomardú chuig Airbnb Ireland UC, de bhun Airteagal 58(2)(b) RGCS. Ina theannta sin, d'ordaigh an Coimisiún do Airbnb Ireland UC, de bhun Airteagal 58(2)(d), leasú a dhéanamh ar a bheartais agus a nósanna imeachta inmheánacha le haghaidh iarrataí léirscriosta a láimhseáil chun a chinntiú nach gceanglófaí ar ábhair sonraí a thuilleadh cóip d'aitheantas fótagrafach a sholáthar nuair a dhéanann siad iarrataí léirscriosta sonraí, ach amháin i gcás go bhféadfaidh sé bunús dlí le déanamh amhlaidh a léiriú. D'ordaigh an Coimisiún do Airbnb Ireland UC mionsonraí faoina bheartais agus a nósanna imeachta inmheánacha athbhreithnithe a sholáthar dó faoin 4 Samhain 2022. Chomhlíon Airbnb an t-ordú sin faoin spriocdháta socraithe.





# Cruinneas

## CÁS-STAIDÉAR 21

## Iarraidh maidir leis an gceart go ndéanfaí ceartúcháin chuig Cúram Sláinte (An Dlí is Infheidhme — GDPR & An tAcht um Chosaint Sonraí 2018)

Fuaireamar gearán i gcoinne An Cúram Sláinte, mar gheall gur dhiúltaigh sé iarraidh maidir leis an gceart go ndéanfaí ceartúcháin faoi Airteagal 16 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Líomhain an gearánach go raibh a ainm á litriú go mícheart ar a ríomhchóras trí bhíthin an síneadh fada, aiceann atá mar chuid de theanga scríofa na Gaeilge, a fhágáil ar lár.

Baineann ospidéil Saolta úsáid as grúpa riaracháin othar chun sonraí othar a thaifeadadh den chéad uair, sonraí a roinntear le córais eile níos faide amach i gcúram na hothar, i.e. Saotharlann, Raideolaíocht agus Cairdeolaíocht. Chuir Saolta in iúl don ghearánach nach féidir an síneadh fada a thaifeadadh mar gheall go ndéantar carachtair chomhréire a thaifeadadh mar orduithe ar an grúpa riaracháin othar, rud a imríonn tionchar ar an tslí a ndéantar sonraí a stóráil agus a phróiseáil.

Mar chuid dá scrúdú, chuaigh an DPC i mbun caidrimh le Saolta. Chuir Saolta in iúl don DPC go bhfuil an grúpa riaracháin othar le hathsholáthar in 2019/2020. Ní cheadóidh córas nua Saolta don síneadh fada a úsáid, áfach. Chuir Saolta in iúl don DPC gurbh amhlaidh sin chun críocha aon phointe teagmhála sruthlínithe amháin le haghaidh faisnéis faoi othair a chur ar bun ar feadh chórais éagsúla. Chuirfeadh sin ar chumas gairmithe rochtain a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin laistigh d'ospidéal nó de ghrúpa ospidéal gan na sonraí a ath-iontráil tráth níos déanaí, lena seachnófaí an seans go ndéanfaí earráidí níos déanaí. Ní thacaíonn na córais eile ar feadh líonra reatha Saolta agus/nó an líonra ospidéal níos leithne le húsáid an tsínte fhada. Chuir Saolta in iúl don DPC freisin go ndéanann siad othair a shainaithint le hUimhreacha Aitheantais Othar seachas le hainmneacha ar leithligh.

Rinneadh an tAonad Ceannaireachta Teicneolaíochta ("TLU") sa DPC scrúdú ar an aighneacht sin ó Shaolta. Mheas TLU go mbeadh costais shuntasacha agus go leor ama i gceist le nuashonrú ar bith a dhéanamh ar an ríomhchóras, chomh maith le hearráidí ó thaobh stórála agus meaitseála taifead de. Chuaigh an DPC i dteagmháil leis an gCoimisinéir Teanga freisin maidir leis an gcomhairle a thugann sé d'eagraíochtaí san earnáil phoiblí i ndáil le ríomhchórais a bheith ag tacú leis an síneadh fada. Thug An Coimisinéir Teanga le fios nach n-eascraíonn ceanglas den sórt sin as Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, ach go bhféadfaidh ceanglas den sórt sin eascairt as scéim teanga — comhaontú a dhéantar idir comhlacht poiblí agus an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

D'fhiafraigh an DPC de Shaolta an raibh scéim teanga acu agus tugadh cóip de Scéim Teanga HSE do Limistéar an Iarthair 2003-2007 ("scéim teanga HSE"). Leagtar amach sa scéim sin meas ar roghanna na n-othar

maidir le hainmneacha, seoltaí agus a rogha teanga. Tugtar gealltanas sa scéim freisin na ríomhchórais a nuashonrú go mbeidh siad "in oiriúint d'fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla". Ní thugtar creat ama i scéim teanga HSE chun an gealltanas sin a chomhlíonadh.

Chuir Saolta in iúl don DPC go bhfuil siad tiomanta do shábháilteacht othar mar ábhar imní príomha agus lárnach. Ar an gcúis sin, chuir Saolta na deacrachtaí a bhainfeadh le faisnéis a stóráil agus a roinnt le córais eile dá ndéanfadh siad nuashonrú ar a gcóras chun úsáid an tsínte fhada a cheadú in iúl don DPC. Chuir Saolta in iúl go ndéanfaidh siad tástáil ar an bhféidearthacht maidir leis an síneadh fada a úsáid i nuashonrú ar bith a dhéanfar ar a ríomhchóras.

Rinne an DPC tagairt d'Airteagal 16 agus d'Airteagal 5(1) (d) den GDPR agus scrúdú á dhéanamh ar an ngearán seo. Sa dá airteagal sin, leagtar amach cearta ábhair sonraí maidir le "cuspóirí na próiseála". Ní ceart glan é an ceart go ndéanfaí ceartúcháin faoi Airteagal 16 den GDPR. Tá ceanglas ar rialaitheoirí sonraí céimeanna réasúnta a ghlacadh sna himthosca. Rinne an DPC tagairt do chásdlí ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine maidir le cearta teanga agus/nó ainmniúchán. Léirítear sa chásdlí sin go dtagann litriú ainmneacha faoi choimirce Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, ach go mbíonn cur chuige sriantach ag an gCúirt maidir leis sin. Mar sin, luaigh an DPC arís gurbh é cuspóir na próiseála in imthosca an ghearáin, cúram sláinte a thabhairt don ghearánach agus go raibh Uimhreacha Aitheantais Othar i gceist. Níorbh ionann ainm an ghearánaigh agus an t-aon bhealach chun é a shainaithint agus dá bharr sin, go raibh cuspóir na próiseála á baint amach gach marcanna idirdhealaitheacha a úsáid.

Chuir an DPC aon bhaol don ghearánach san áireamh agus iad ag diúltú don iarraidh faoi Airteagal 16 freisin. Thug an DPC ar aird go méadófaí an baol don ghearánach mar gheall ar na deacrachtaí a bhain le láimhseáil an tsínte fhada thar chórais éagsúla. Thug siad aird freisin ar an tionchar a bheadh aige sin ar aon chinnteoireacht ó thaobh cúraim sláinte don ábhar sonraí. Sna himthosca sin, ní chuirfí isteach ar chearta bunúsacha an ábhair sonraí mar thoradh ar gan an síneadh fada a úsáid. Faoi alt 109(5) (f) den Acht um Chosaint Sonraí 2018 ("an tAcht"), d'iarr an DPC ar Shaolta a ghníomhartha a chur in iúl don ghearánach maidir le cur i bhfeidhm ríomhchóras a raibh in ann an síneadh fada a léiriú. Chomh maith leis sin, d'iarr an DPC ar Shaolta aguisín a chur le comhad an ábhair sonraí lena taispeáint go bhfuil an síneadh fada mar chuid d'ainm an ábhair sonraí.

Chuir an DPC, faoi alt 109(5)(c) den Acht, in iúl don ghearánach go bhféadfaidh sé teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisinéir Teanga faoin scéim teanga agus faoi shárú ar bith ina leith.

## CÁS-STAIDÉAR 22

# Faisnéis mhíchruinn á coinneáil ar chóras baincéireachta

Sa chás seo, bhí morgáiste ar mhaoin ag an ngearánach chomh maith le duine aonair eile. D'fhág an gearánach agus an duine aonair eile an mhaoin bhunaidh agus d'aistrigh an bheirt acu go seoltaí ar leith. In ainneoin gurbh eol don bhanc é sin, sheol banc an ghearánaigh comhfhreagras a bhain le morgáiste an ghearánaigh chuig seanseoladh an ghearánaigh, áit ar oscail na tionóntaí in situ é.

Mar fhreagra, luaigh banc an ghearánaigh gur tógadh córas morgáiste an bhainc ar an mbunús go mbeadh seoladh comhfhreagrais amháin ann agus, i gcásanna nach raibh seoladh comhfhreagrais amháin aontaithe a thuilleadh ag comhpháirtithe an mhorgáiste, gurb éigean é sin a bhainistiú de láimh, lasmuigh den chóras, agus gur eascair earráidí uaidh sin uaireanta.

Ba léir gurb é banc an ghearánaigh an rialaitheoir sonraí chun críocha an ghearáin, de bhrí gur rialaigh an banc sonraí pearsanta an ghearánaigh chun morgáiste an ghearánaigh a bhainistiú. Is éard a bhí sna sonraí atá faoi thrácht (i measc nithe eile) ná faisnéis airgeadais i dtaca le morgáiste an ghearánaigh leis an rialaitheoir sonraí. Sonraí pearsanta a bhí sna sonraí de bharr gur bhain siad leis an ngearánach mar dhuine aonair agus de bharr go bhféadfaí an gearánach a aithint astu.

Sa reachtaíocht Cosanta Sonraí, GDPR san áireamh, leagtar amach prionsabail shoiléire dlí nach mór do rialaitheoirí sonraí cloí leo nuair atá sonraí pearsanta duine á bpróiseáil acu. I gcás an éilimh seo, baineann ábharthacht ar leith leis an oibleagáid go gcinnteofaí go bhfuil na sonraí cruinn agus á gcoinneáil suas chun dáta nuair is gá mar aon leis an oibleagáid go mbeadh bearta cuí slándála i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a chosaint.

Agus na prionsabail sin á gcur i bhfeidhm ar fhíricí an ghearáin seo, trí sheoladh as dáta a choimeád le haghaidh an ghearánaigh agus trí chomhfhreagras don ghearánach a sheoladh chuig an seoladh sin, mhainnigh an rialaitheoir

sonraí sonraí pearsanta an ghearánaigh a choinneáil suas chun dáta (Airteagal 5(1)(d)). Chomh maith leis sin, i bhfianaise na bpíosaí iomadúla comhfhreagrais a seoladh chuig an seoladh mícheart, mhainnigh bearta slándála an rialaitheora sonraí sonraí an ghearánaigh a chosaint mar is cuí (Airteagal 5(1)(f)). Tá an oibleagáid bearta iomchuí a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 5(1)(f) le léiriú i gcomhréir le hAirteagal 32 den GDPR, a leagann ceisteanna amach nach mór don rialaitheoir sonraí a chur san áireamh nuair a bheifear ag deimhniú an bhfuil bearta cuí slándála i bhfeidhm.

## CÁS-STAIDÉAR 23

# Réiteach Cairdiúil — Cruthúnas Aitheantais agus Íoslaghdú Sonraí

Fuair an DPC gearán, trí Údarás Cosanta Sonraí Bheirlín, ó dhuine aonair maidir le hiarratas a rinne sé le rialaitheoir sonraí chun athrú a dhéanamh leis an seoladh ríomhphoist a bhain lena chuntas custaiméara. Rinne an gearánach an iarratas tríd an fheidhm comhrá ar líne de chuid an rialaitheora sonraí agus cuireadh in iúl dó ina dhiaidh sin go mbeadh cóip de cháipéis aitheantais ag teastáil chun úinéireacht an chuntais a fhíordheimhniú sular bhféadfaí leanúint leis an iarratas. Dhiúltaigh an gearánach an t-eolas seo a chur ar fáil agus mar sin níor lean an rialaitheoir sonraí lena iarratas ag an am sin.

Tar éis dó an gearán a fháil, chuaigh an DPC i ngleic leis an rialaitheoir sonraí agus i rith na teagmhála sin fuarthas nach dteastaíonn an rialaitheoir sonraí ó dhaoine aonair cáipéis aitheantais a chur ar fáil chun athrú a dhéanamh leis an seoladh ríomhphoist a bhaineann le cuntas. Chomh maith leis seo, bhain an gníomhaire um sheirbhís do chustaiméirí úsáid as gnás oibriúcháin mícheart nuair a fhreagair sé iarratas an ghearánaí. De réir gnáthnós imeachta an rialaitheora sonraí, ba cheart do ghníomhairí um sheirbhís do chustaiméirí cur in iúl do chustaiméirí gur féidir leo a sheoladh ríomhphoist a athrú trí shíniú isteach ina chuntas féin agus an athrú a dhéanamh go díreach ar an leathanach socruithe 'Cuntas'. Dúirt an rialaitheoir sonraí chomh maith gur i gcás nach féidir nó nach mian le custaiméir a sheoladh ríomhphoist a athrú leis féin, tugann a nós imeachta treoir do ghníomhairí um sheirbhís do chustaiméirí iarraidh ar an gcustaiméir eolas teoranta, a bhfuil á choinneáil ag an rialatheoir sonraí cheana féin, a chur ar fáil chun an sealbhóir cuntais a fhíordheimhniú.

De bharr an ghearáin, thoiligh an rialaitheoir sonraí treoir shoiléir a thabhairt maidir le conas a bhféadfadh an gearánach athrú a dhéanamh leis an seoladh ríomhphoist a bhain lena eolas cuntais gan tuilleadh sonraí pearsanta a chur ar fáil. Chomh maith leis seo, rinne an rialaitheoir sonraí athbhreithniú cuimsitheach ar a chórais um sheirbhís do chustaiméirí agus chur sé oiliúint athnuachana ar fáil dá ghníomhairí uilig maidir leis na gnáthnósanna imeachta gur cheart dóibh a úsáid i gcásanna dá leithéid.

Chuaigh an DPC i ngleic leis an ngearánach ansin, trí Údarás Cosanta Sonraí Bheirlín, chun an t-eolas a fuair sé ón rialaitheoir sonraí a chur ar fáil le réiteach cairdiúil a iarraidh ar an ngearán. Thug an gearánach deimhniú don DPC ansin gur éirigh leis athrú a dhéanamh leis an seoladh ríomhphoist ar a chuntas leis an rialaitheoir sonraí.

Léiríonn an cás-staidéar seo na buntáistí atá ann do rialaitheoirí sonraí agus do ghearánaigh má ghlacann siad páirt sa phróiseas réiteach cairdiúil ar bhealach dáiríre. Sa chás seo, cé go ndearna an rialaitheoir sonraí gníomhartha dearfacha, ar nós eolas mionsonraithe a chur ar fáil don ghearánaí faoi conas athrú a dhéanamh leis an seoladh ríomhphoist a bhain lena chuntas, bhí toradh maith don dá páirtí.

### CÁS-STAIDÉAR 24

## Cruinneas sonraí

Sa chás seo, rinne an gearánach gearán le comhlacht rialála gairmiúil maidir le hiompar duine rialáilte. Níor thacaigh an comhlacht rialála gairmiúil leis an ngearán sin. Ina ghearán chuig an DPC, mhaígh an gearánach gur thaifead an comhlacht rialála gairmiúil sonraí pearsanta a bhain leis go míchruinn i miontuairiscí an chruinnithe. Chomh maith leis sin, mhaígh an gearánach gur thaifead an comhlacht rialála gairmiúil na sonraí pearsanta céanna a bhain leis an ngearánach go míchruinn i litir a sheol sé chuig tríú páirtí.

Sular cuireadh tús le himscrúdú i ndáil leis an ngearán seo, rinne an DPC athbhreithniú ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil agus dheimhnigh sé an comhlacht rialála gairmiúil de réir mar a aithníodh é mar an rialaitheoir sonraí ábhartha i ndáil leis an ngearán, toisc gur rialaigh sé ábhar agus úsáid shonraí pearsanta an ghearánaigh chun críocha imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán. Bhí na sonraí a bhí i gceist ina sonraí a bhain leis an ngearánach, bhíothas in ann an gearánach a aithint uathu agus bhain na sonraí leis an ngearánach mar dhuine aonair. Dá bhrí sin, bhí an DPC sásta gur chóir imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán lena chinneadh an raibh sárú ar an reachtaíocht um chosaint sonraí i gceist.

Le linn don imscrúdú ar an ngearán seo bheith ar siúl, ghlac an comhlacht rialála gairmiúil leis gur taifeadadh na sonraí pearsanta a bhí i gceist go míchruinn agus, maidir leis na sonraí a taifeadadh sna miontuairiscí, gur ceartaíodh na sonraí trí bhíthin soiléiriú a chur isteach. Ar an mbonn sinn, mheas an oifig seo gur taifeadadh na sonraí pearsanta sna miontuairiscí cruinnithe agus sa litir chuig an tríú páirtí go míchruinn, de shárú ar an reachtaíocht um chosaint sonraí.

Chomh maith leis sin, rinne an oifig seo iniúchadh lena fháil amach ar phróiseáil an comhlacht rialála gairmiúil sonraí pearsanta an ghearánaigh ar bhealach cothrom, de réir mar a éilítear faoin reachtaíocht um chosaint sonraí. D’fhonn cloí leis an riachtanas sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach cothrom, ní mór do rialaitheoirí sonraí a chinntiú go gcuirtear faisnéis áirithe ar fáil d’ábhair sonraí nó go bhfuil sé furasta teacht uirthi sin. Rinne an oifig seo athbhreithniú ar an bhfaisnéis a luaigh an comhlacht rialála gairmiúil a bhí ar fáil do dhaoine aonair maidir le gearán a dhéanamh, i riocht an leabhráin faisnéise. Ní raibh aon mhionsonraí áirithe sa leabhrán seo maidir le ceart rochtana daoine aonair ar shonraí pearsanta a bhaineann leo agus an ceart atá ag daoine aonair sonraí míchruinne maidir leo a chur i gceart. Ós rud é nach raibh an fhaisnéis ar fad sa leabhrán a raibh sé riachtanach í a chur ar fáil d’ábhair sonraí faoin reachtaíocht um chosaint sonraí agus ós rud é nár chuir an comhlacht rialála gairmiúil aon mhionsonraí eile ar fáil maidir le bearta eile a bhí i bhfeidhm aige ag an am ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar a oibleagáidí i ndáil le próiseáil chothrom, ní raibh an DPC sásta gur chloígh an comhlacht rialála gairmiúil lena chuid oibleagáidí i ndáil le próiseáil chothrom.

Faoin GDPR, ní mór do rialaitheoirí sonraí a chinntiú go bhfuil sonraí pearsanta cruinn agus, nuair is gá, coinnithe cothrom le dáta, agus ní mór gach beart réasúnach a dhéanamh lena chinntiú go ndéantar sonraí pearsanta atá míchruinn, ag féachaint do na críocha a phróiseáiltear iad, a scriosadh nó a chur i gceart gan mhoill. Faoi Airteagal 16 den GDPR, tá an ceart ag ábhar sonraí (faoi réir eisceachtaí áirithe) ceartú sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a fháil ón rialaitheoir sonraí gan mhoill mhíchuí.

Chomh maith leis sin, éilítear faoin GDPR go ndéanfaí sonraí pearsanta a phróiseáil go cothrom agus ar bhealach trédhearcach. Ba chóir do rialaitheoir sonraí aon fhaisnéis atá riachtanach a chur ar fáil d’ábhar sonraí d’fhonn próiseáil chothrom agus thrédhearcach a chinntiú, agus na cúinsí agus comhthéacs ar leith ina bhfuil na sonraí á bpróiseáil á gcur san áireamh. Go háirithe, i gcás ina mbailítear sonraí pearsanta ón ábhar sonraí, éilítear faoi Airteagal 13 den GDPR go gcuirfeadh an rialaitheoir sonraí faisnéis ar fáil don ábhar sonraí, i measc nithe eile, maidir le sainiúlacht agus sonraí teagmhála an rialaitheora agus a oifigigh cosanta sonraí (i gcás inarb infheidhme), an cuspóir atá leis an bpróiseáil, faighteoirí nó catagóirí faighteoirí na sonraí agus faisnéis maidir leis na cearta i ndáil le sonraí pearsanta a chur ina gceart nó a scriosadh.



# Gearáin trasteorann

## CÁS-STAIDÉAR 25

### Láimhseáil ghearáin duine Éireannaigh is ábhar do na sonraí in aghaidh Cardmarket, atá lonnaithe sa Ghearmáin, ag úsáid mheicníocht Ionaid Ilfhreastail an GDPR. (Dlí infheidhme — an GDPR & an tAcht um Chosaint Sonraí 2018)

Fuair an DPC gearán ó dhuine aonair Éireannach in aghaidh Cardmarket, ardán Gearmánach r-thráchtála agus trádála. Fuair an duine r-phost ó Cardmarket, ag cur in iúl dó go rabhthas tar éis é a haiceáil agus gur féidir gur sceitheadh cuid dá chuid eolais phearsanta úsáideora. Chuir an duine aonair an DPC ar a airdeall agus chuir sé gearán faoina bhráid maidir leis an sárú.

Faoin meicníocht Ionaid Ilfhreastail (OSS) a cruthaíodh ag an GDPR, socraíonn suíomh phríomheagraíocht Eorpach chomhlachta cé acu údarás Eorpach a ghníomhóidh mar an príomhúdarás maoirseachta i dtaca le haon ghearáin a fhaightear. Nuair a dheimhnítear an priomhúdarás (LSA), gníomhaíonn an t-údarás a fuair an gearán mar údarás maoirseachta ábhartha (CSA). Is é an CSA an t-idirghabhálai idir an LSA agus an duine aonair. I measc rudaí eile, is é an fáth atá leis an scaradh seo ná le gur féidir le húdaráis mhaoirseachta cumarsáid a dhéanamh le gearánaigh aonair ina dteanga dhúchais.

Sa chás seo, ghníomhaigh DPA Bheirlín mar an LSA, ós rud é go raibh príomhshuíomh an chomhlachta i limistéar críche Bheirlín. Ghníomhaigh an DPC mar CSA, ag déanamh cumarsáide le DPA Bheirlín agus ag cur ar aghaidh nuashonruithe maidir leis an imscrúdú (tar éis iad a aistriú ó Ghearmáinis go Béarla) don ghearánach in Éirinn.

Thug DPA Bheirlín a imscrúdú chun críche maidir leis an sárú agus maidir le gearán an duine aonair. D´uaslódáil sé dhá dhréachtchinneadh, ceann a bhain leis an sárú iomlán, a chuaigh i bhfeidhm ar a lán úsáideoirí eile de chuid an ardáin ar fud na hEorpa, agus ceann eile maidir leis an ngearán sonrach a taisceadh ag an Éireannach leis an DPC agus a cuireadh in iúl do DPA Bheirlín.

Gné thábhachtach de chuid mheicníocht OSS ná gur féidir le CSA tuairim a chur in iúl maidir le dréachtchinneadh a eisítear ag príomhúdarás maoirseachta. Déantar sin le cinntiú go bhfuil údaráis mhaoirseachta Eorpacha ag cur an GDPR i bhfeidhm go comhsheasmhach, .i. go mbeadh an chonclúid chéanna ag baint leis an gcinneadh deiridh a dhéanann DPA Bheirlín agus a bheadh ag baint le cinneadh de chuid an DPC dá mbeadh an comhlacht lonnaithe in Éirinn agus dá mbeadh an DPC tar éis imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán mar an príomhúdarás maoirseachta.

Bhí an DPC sásta le dréachtchinntí DPA Bheirlín agus níor mheas sé é a bheith riachtanach aon phointí soiléirithe nó iarratais leasaithe a lua an uair seo. Chuir an DPC an duine aonair ar an eolas faoi thoradh imscrúdú DPA Bheirlín, ag soláthar dóibh cóip den chinneadh iomlán maidir leis

an imscrúdú a rinneadh ar an sárú agus an cinneadh a phléigh lena ngearán sonrach.

Léiríonn an cás seo na gnéithe dúshlánacha ´ná cuir do ladar isteach´ agus aistrithe oibre a bhaineann leis an meicníocht OSS a bunaíodh ag an GDPR. Léiríonn sé méid an chomhoibrithe idir údaráis mhaoirseachta Eorpacha a theastaíonn le haghaidh chur i bhfeidhm comhsheasmhach an GDPR san Eoraip.

---

## CÁS-STAIDÉAR 26

# Feidhmiú Nós Imeachta Airteagail 60 I nGearáin Trasteorann: Groupon

Fuair an DPC gearán i Mí Iúil 2018 ó údarás cosanta sonraí na Polainne ar son gearánaigh Pholannaigh in aghaidh Groupon International Limited ("Groupon"). Bhain an gearán leis na riachtanais a bhí i bhfeidhm ag Groupon ag an am sin chun céannacht daoine aonair a dheimhniú a rinne iarratais chosanta sonraí don chomhlacht. Sa chás seo, mhaígh an gearánach go raibh cleachtas Groupon, is é sin ceangal a chur orthu a gcéannacht a dheimhniú trí chur isteach leictreonach chóip chárta náisiúnta aitheantais, i gcomhthéacs iarratais a bhí déanta acu chun sonraí pearsanta a scriosadh de bhun Airteagail 17 den GDPR, ina shárú ar phrionsabal an íoslaghdaithe shonraí faoi mar a leagtar sin amach in Airteagal 5(1) (c) den GDPR, i gcúinsí nuair nár ghá doiciméad aitheantais a sholáthar agus cuntas Groupon á chruthú. Ina theannta sin, mhaígh an gearánach gur shárú ar a gceart ar scriosadh faoi Alt 17 a bhí i dteip Groupon ina dhiaidh sin gníomhú maidir leis an iarratas scriosta (i gcúinsí nuair a chuir an duine in aghaidh cóip dá gcárta náisiúnta aitheantais a sholáthar).

Chuir an DPC tús le himscrúdú an ghearáin tar éis dó sin a fháil. Le linn a chomhfhreagrais le Groupon faoin gceist, ba léir gur éiríodh as polasaí Groupon ceangal a chur ar iarratasóir cóip a sholáthar de chárta náisiúnta aitheantais, a bhí i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm an GDPR (agus a bhí i bhfeidhm ag am iarratas scriosta an ghearánaigh), gur éiríodh as sin ó Mhí Dheireadh Fómhair 2018 ar aghaidh. Ina áit sin bhí Groupon tar éis córas fíordheimhnithe r-phoist a chur i bhfeidhm a lig d´úsáideoirí Groupon deimhniú gur leo an cuntas. Rinne an DPC iarracht an gearán a réiteach go cairdiúil (de bhun Ailt 109(2) den Acht um Chosaint Sonraí 2018) ach ní raibh an gearánach toilteanach glacadh le moltaí Groupon maidir leis sin. Dá réir sin, b´éigean cinneadh a dhéanamh faoin gceist trí chinneadh faoi Airteagal 60 den GDPR.

### (i) Dréachtchinneadh Tosaigh

Bhí i gceist le chéad chéim phróiseas Ailt 60 ná ullmhú dréachtchinnidh ag an DPC i dtaca leis an ngearán. Ina dhréachtchinneadh tosaigh, rinne an DPC cinntí gur sáraíodh Airteagail 5(1)(c) agus 12(2) den GDPR ag Groupon. Chuir an DPC an dréachtchinneadh ar fáil do Groupon le cur ar a chumas aighneachtaí a dhéanamh. Ina dhiaidh sin rinne Groupon roinnt aighneachtaí a cuireadh san áireamh (in éineacht le hanailís an DPC díobh) i leagan breise den dréachtchinneadh.

### (ii) Soláthar an Dréachtchinnidh Thosaigh do na hÚdaráis Mhaoirseachta Ábhartha

Bhí i gceist le dara céim phróiseas Ailt 60 uaslódáil dréachtchinneadh tosaigh an DPC don IMI lena scaipeadh i measc na nÚdarás Maoirseachta Ábhartha (CSA), de bhun Airteagail 60(3) den GDPR. Rinneadh dréachtchinneadh an DPC a uaslódáil don IMI ar 25 Bealtaine 2020; de bhun Airteagail 60(4) den GDPR, ina dhiaidh sin bhí ceithre seachtaine ag na CSA chun aon agóid ábhartha agus réasúnach a chur isteach maidir leis an gcinneadh.

Ina dhiaidh sin fuair an DPC roinnt agóidí ábhartha agus réasúnacha chomh maith le tuairimí faoina chinneadh ó CSA. Go sonrach, rinne CSA áirithe an cás dó gur chóir sáruithe breise den GDPR a bheith aimsithe, agus ina theannta sin gur chóir iomardú agus/nó fíneáil riaracháin a bheith curtha i bhfeidhm.

### (iii) Dréachtchinneadh Athbhreithnithe

Chuir an chéad chéim eile de phróiseas Ailt 60 iachall ar an DPC machnamh cúramach a dhéanamh faoi gach agóid ábhartha agus réasúnach agus gach tuairim a fuarthas i dtaca lena dhréachtchinneadh, agus a anailís de na rudaí sin a chorprú i ndréachtchinneadh athbhreithnithe. Agus é ag athbhreithniú a dhréachtchinnidh, thug an DPC aird ar chuid de na hagóidí ábhartha agus réasúnacha a fuarthas, ach níor thug sé aird ar agóidí ábhartha agus réasúnacha áirithe eile. Fuair dréachtchinneadh athbhreithnithe an DPC, agus é ag cur san áireamh a anailís ar na hagóidí

ábhartha agus réasúnacha agus na tuairimí maidir lena dhréachtchinneadh, fuair sé sáruithe breise ar Airteagail 17(1)(a) agus 6(1) den GDPR ag Groupon. Ina theannta sin, mhol an DPC ina dhréachtchinneadh athbhreithnithe iomardú a thabhairt do Groupon, de bhun Airteagail 58(2)(b) den GDPR. Sholáthair an DPC a dhréachtchinneadh athbhreithnithe do Groupon chun cur ar a chumas aighneachtaí deiridh a dhéanamh. Fuarthas roinnt aighneachtaí deiridh ó Groupon, a cuireadh san áireamh (in éineacht le hanailís an DPC díobh) i ndréachtchinneadh athbhreithnithe an DPC.

### (iv) Soláthar Dréachtchinnidh Athbhreithnithe chuig na hÚdaráis Mhaoirseachta Ábhartha

Bhí i gceist le chéad chéim eile phróiseas Airteagail 60 gur uaslódáil an DPC a dhréachtchinneadh athbhreithnithe don IMI, lena scaipeadh i measc na CSA. Faoi Airteagal 60(5) den GDPR, bhí na CSA i dteideal dhá sheachtain bhreise a bheith acu chun aon agóidí breise a chur isteach maidir leis an gcinneadh. Tógadh saincheist amháin eile maidir le dréachtchinneadh athbhreithnithe an DPC. Mar gheall air sin b´ann don fhéidearthacht go mbeadh gá ann leis an nós imeachta Réitigh Achrainn a úsáid faoi Airteagal 65 den GDPR, a thabharfadh isteach rannpháirtíocht an EDPB, agus é ag tabhairt breithe faoin bpointe/ faoi na pointí easaontais, agus a chuirfeadh leis an tréimhse ama inarbh fhéidir an cinneadh a chomhlánú i dtaca leis an gcás. Aistarraingíodh an fiosrúchán breise ina dhiaidh sin, áfach.

### (v) Glacadh leis an gCinneadh Deiridh

Tar éis aistarraingt na hagóide deiridh ábhartha agus réasúnaí, agus an spriocdháta thart chun aon agóidí breise a fháil, bhí i gceist le céim dheiridh phróiseas Airteagail 60 gur ghlac an DPC leis an gcinneadh deiridh, a ndearnadh é a uaslódáil don IMI agus a cuireadh in iúl do Groupon. Rinneadh an cinneadh deiridh a uaslódáil ar 16 Nollaig 2020. De réir Airteagail 60(6) den GDPR, measadh go raibh na CSA ar aon tuairim ag an bpointe seo leis an gcinneadh agus go raibh orthu cloí leis. De bhun Airteagail 60(7), bhí údarás cosanta sonraí na Polainne, ar taisceadh an gearán leis i dtús báire, freagrach as an gcinneadh a chur in iúl don ghearánach.

Mar achoimre, fuair an DPC sáruithe na nAirteagal seo a leanas den GDPR maidir leis an gcás seo: Airteagail 5(1)(c), 12(2), 17(1)(a) agus 6(1).

Léiríonn an cás-staidéar seo, nuair nach féidir gearán cosanta sonraí trasteorann a réiteach go cairdiúil, go bhfuil an nós imeachta Airteagail 60 a leanann dá bharr sin an-chasta, an-deacair agus an-fhadálach, go háirithe ós rud é gur gá tuairimí na n-údarás maoirseachta eile ar fud an AE/LEE a chur san áireamh agus machnamh cúramach a dhéanamh fúthu i ngach cás dá leithéid. Sa chás seo, tar éis tabhairt chun críche imscrúdú an ghearáin, rinneadh dréacht tosaigh chinneadh an DPC a uaslódáil don IMI ar 25 Bealtaine 2020, agus glacadh leis an gcinneadh deiridh — a chorpraíonn aighneachtaí ó Groupon, agóidí ábhartha agus réasúnacha agus tuairimí ó CSA, agus anailís an DCA díobh — glacadh leis ar 16 Nollaig 2020, seacht mí níos déanaí.

## CÁS-STAIDÉAR 27

# Réiteach Cairdiúil i nGearáin Trasteorann: MTCH

Fuair an DPC gearán i Mí Mheithimh 2020, trí mheán a chuid foirmeacha gréasáin ghearáin, in aghaidh MTCH Technology Services Limited (Tinder). Cé go ndearnadh an gearán go díreach don DPC, ó chónaitheoir Éireannach, tar éis measúnaithe measadh é a bheith ina ghearán trasteorann ós rud é gur bhain sé le polasaithe ginearálta oibriochtúla Tinder agus, ós rud é go bhfuil Tinder ar fáil ar fud an AE, measadh gur chineál próiseála í an phróiseáil a ndearnadh gearán fúithi " .... a bhfuil éifeacht shubstainteach ag an bpróiseáil sin ar ábhair shonraí i níos mó ná Ballstát amháin nó gur dóchúil go mbeidh éifeacht shubstainteach aici orthu" (de réir shainmhíniú na próiseála trasteorann faoi Airteagal 4(23) den GDPR.)

Bhain an gearán le cosc an ghearánaigh ó ardán Tinder; ina dhiaidh sin bhí iarratas déanta ag an ngearánach do Tinder le go scriosfaí a chuid sonraí pearsanta faoi Airteagal 17 den GDPR. Mar fhreagra ar a iarratas scriosta, d´iarr Tinder ar an ngearánach féachaint ar a pholasaí príobháideachais chun eolas a fháil i dtaca lena chuid polasaithe coimeádta maidir le sonraí pearsanta. Go háirithe, chuir Tinder an méid seo in iúl don ghearánach "tar éis dhúnadh cuntais, cibé cúis a bheadh leis sin (scriosadh ag an úsáideoir, cosc ar an gcuntas srl.), níl sonraí an úsáideora infheicthe ar an tseirbhís níos mó (faoi réir ag cur san áireamh moille réasúnaí) agus cuirtear na sonraí de láimh de réir polasaí príobháideachais [Tinder] ".

Bhí an gearánach míshásta leis an bhfreagra seo agus chuaigh sé ar ais go Tinder, ag déanamh iarratais go scriosfaí a chuid sonraí pearsanta. D´fhreagair Tinder, ag

athdhearbhú an méid seo: "...is gnáth go scriostar sonraí pearsanta "ar scriosadh an chuntais chomhfhreagraigh", ag lua lena chois sin go bhfuil scriosadh a leithéid de shonraí pearsanta "faoi réir ag cúiseanna dlisteanacha agus dlíthiúla amháin chun iad a choimeád, lena n-áirítear chun cloí lenár gcuid dualgas reachtúil coimeádta shonraí agus do bhunú, cleachtadh nó cosaint éileamh dlí, faoi mar a cheadaítear faoi Airteagal 17(3) den GDPR." Ina dhiaidh sin rinne an gearánach a ghearán leis an DPC.

Tar éis don DPC dul i dteagmháil le Tinder maidir leis an ngearán seo, chuir Tinder in iúl don DPC go raibh cosc ar an ngearánach an t-ardán a úsáid ós rud é go raibh a chuid eolais logála isteach ceangailte le próifíl choiscthe eile. D´aimsigh Tinder aon chuntas déag eile freisin a bhain le comhartha aitheantais ghléas an ghearánaigh. Bhí na cuntais seo ar fad coiscthe ó ardán Tinder ós rud é go raibh an chuma ar an scéal go raibh cliant neamhoifigiúil á úsáid chun teacht ar Tinder (sin sárú ar théarmaí seirbhíse Tinder). Chuaigh an DPC ar ais don ghearánach leis an eolas seo, agus chuir an gearánach in iúl dó go raibh cliant oifigiúil Tinder úsáidte aige do Android chomh maith le suíomh gréasáin oifigiúil Tinder ar Firefox. Faoi mar a tharla, áfach, leagan saincheaptha Android a bhí á úsáid aige ar a fhón, le roinnt forlíontán slándála agus príobháideachais. Dá thoradh sin bhí comhartha aitheantais gléis dhifriúil ag a fhón tar éis gach nuashonraithe/ athbhútála. Ba í tuairim an ghearánaigh gur dhócha gur sin ba chúis le cosc a bheith air Tinder a úsáid. Agus a leithéid de chosc á chur san áireamh, de réir pholasaí Tinder faoi choimeád sonraí, bheadh a chuid sonraí pearsanta á gcoimeád do thréimhse fhada ama. Sna cúinsí, áfach, mar réiteach cairdiúil beartaithe, d´ofráil Tinder go scriosfadh siad sonraí pearsanta an ghearánaigh láithreach sa tslí go mbeadh sé in ann cuntas nua a oscailt.

Bhí cúis imní áirithe fós ag an ngearánach maidir leis an tslí ina dtugann Tinder freagra ar iarratais scriosta. Nuair a cuireadh in iúl dó go bhfuil a leithéid de cheisteanna á scrúdú ag an DPC mar chuid d´fhiosrúchán reachtúil ar leith, d´aontaigh an gearánach glacadh le moladh Tinder chun an gearán a réiteach go cairdiúil. Dá réir sin, réitíodh an cheist go cairdiúil de bhun Ailt 109(3) den Acht um Chosaint Sonraí 2018 (an tAcht), agus faoi Alt 109(3) den Acht measadh an gearán a bheith aistarraingthe.

Léiríonn an cás-staidéar seo gur féidir, trí dhianscrúdú a dhéanamh ar ghearán a bhfuil cuma doréitithe air, gur féidir é a réiteach go cairdiúil, agus gur minic go mbeidh de thoradh air sin réiteach cothrom agus éifeachtach don duine a mbaineann an cás leo ar bhealach tráthúil. Sa chás seo, chabhraigh an t-eolas sin a fuair an DPC amach nuair a rinne sé iniúchadh níos doimhne maidir le cúinsí chosc an ghearánaigh ó Tinder — is é sin gur bhain an gearánach úsáid as leagan saincheaptha de Android le forlíontáin slándála agus príobháideachais — chabhraigh sin le go mbeadh tuiscint níos fearr idir na páirtithe agus dá thoradh sin rinne Tinder moladh chun an cás a réiteach, moladh ar ghlac an gearánach leis.

## CÁS-STAIDÉAR 28

# Réiteach Cairdiúil i nGearáin Trasteorann: Facebook Ireland

Fuair an DPC gearán ilghnéitheach i Mí Aibreáin 2019 a bhain le hiarratais rochtana (faoi Airteagal 15 den GDPR), coigeartú (faoi Airteagal 16 den GDPR) agus scriosadh (faoi Airteagal 17 den GDPR) a bhí déanta ag an ngearánach le Facebook Ireland Limited ("Facebook"). Rinneadh an gearán go díreach don DPC, ó ábhar sonraí atá lonnaithe sa RA. Tar éis measúnaithe sa DPC, measadh gur ghearán trasteorann a bhí sa ghearán, ós rud é gur bhain sé le polasaithe ginearálta oibríochtúla Facebook agus, mar go bhfuil Facebook ar fáil ar fud an AE, measadh gur chineál próiseála í an phróiseáil a ndearnadh an gearán fúithi ná ceann "...a bhfuil éifeacht shubstainteach ag an bpróiseáil sin ar ábhair sonraí i níos mó ná Ballstát amháin nó gur dóchúil go mbeidh éifeacht shubstainteach aici orthu" (de réir shainmhíniú na próiseála trasteorann faoi Airteagal 4(23) den GDPR).

I dtús báire rinne an gearánach a chuid iarratas do Facebook cionn is go raibh a chuntas Facebook glasáilte le breis is bliain anuas, gan aon chúis i dtuairim an ghearánaigh, agus chreid sé go raibh sonraí pearsanta míchruinne á gcoinneáil ag Facebook a bhain leis. Ba í mian an ghearánaigh, i ndeireadh na dála, go scriosfaí na sonraí pearsanta ar fad a bhí á gcoinneáil ag Facebook a bhain leis, agus ba í barúil an ghearánaigh go raibh an t-eolas míchruinn seo ag cur coisc air ó bheith in ann logáil isteach chuig a chuntas Facebook go rafar chun tús a chur leis an bpróiseas scriosta. Bhí sé tar éis iarratas rochtana a dhéanamh do Facebook, mar sin de, ach ní raibh sé in ann a chéannacht a dheimhniú ar bhealach a shásaigh Facebook. Ina dhiaidh sin rinne an gearánach a ghearán leis an DPC. Tar éis cuid mhór teagmhála ag an DPC le Facebook agus leis an ngearánach araon agus é i gceist an gearán a réiteach go cairdiúil, agus an gearánach tar éis a bheith ábalta a chéannacht a dheimhniú ar bhealach a shásaigh Facebook, d´aontaigh Facebook nasc a chur

ar fáil don ghearánach ina raibh na sonraí pearsanta le fáil a bhí á gcoinneáil ag an gcomhlacht agus a bhain leis. D´oscail an gearánach an t-ábhar sa nasc, ach bhí sé fós míshásta mar gur mhaígh sé go raibh an t-ábhar a cuireadh ar fáil easnamhach. Thug an gearánach le fios go háirithe gur mhian leis go gcuirfí ar an eolas é i dtaca le haon sonraí pearsanta á bhí á gcoinneáil ag Facebook seachas na cinn sin a próiseáladh chun a phróifíl Facebook a fheidhmiú.

Thug Facebook freagra ar an DPC, ag tabhairt le fios go raibh na sonraí cuntais ar fad a bhí á gcoinneáil ag an gcomhlacht maidir leis le fáil san ábhar a tugadh don ghearánach trí mheán an naisc. Bhí an gearánach fós míshásta leis an bhfreagra seo, ag tabhairt le fios gur mhian leis eolas a fháil maidir le haon sonraí pearsanta a bhí á gcoinneáil ag Facebook maidir leis féin nár bhain lena chuntas Facebook. Dúirt sé arís gur chreid sé gur féidir go bhfuil cuid de na sonraí pearsanta seo, a líomhnaítear go bhfuil siad á gcoinneáil ag Facebook ach nach mbaineann lena chuntas Facebook, gur féidir go bhfuil cuid acu míchruinn, agus sa chás sin ba mhian leis go ndéanfaí iad a choigeartú.

Mar fhreagra, chuir Facebook in iúl don DPC go raibh feabhsuithe áirithe déanta ag an gcomhlacht maidir leis an uirlis ´Íoslódáil do Chuid Eolais´ ó cuireadh tús leis an ngearán. Tar éis an nuashonraithe seo i dtaca lena chuid uirlisí rochtana, bhí an comhlacht tar éis cinneadh gurbh ann do mhéid an-bheag de shonraí pearsanta breise maidir le cuntas Facebook an ghearánaigh, agus cuireadh nasc nua ar fáil don ghearánach ina raibh na sonraí pearsanta ar fad le fáil a bhí á gcoinneáil ag an gcomhlacht maidir leis an ngearánach, na sonraí breise seo san áireamh. D´oscail an gearánach an t-ábhar breise seo agus lorg an gearánach, agus é i gceist aige a ghearán a réiteach, lorg sé deimhniú nach gcoinneodh Facebook aon sonraí pearsanta a bhain leis a thuilleadh tar éis do scriosadh a chuntais a bheith curtha i gcrích. Tháinig Facebook ar ais agus é mar fhreagra acu gurbh iad na sonraí iomlána a bhí á gcoinneáil ag an gcomhlacht maidir leis an ngearánach agus a bhí laistigh de scóip Ailt 15 a bhí san ábhar a cuireadh ar fáil dó, agus thug an comhlacht le fios go rachadh sé ar aghaidh le scriosadh shonraí pearsanta an ghearánaigh nuair a thabharfadh sé le fios go raibh sé sásta go ndéanfadh an comhlacht a leithéid anois.

Bhí an gearánach sásta an cheist a thabhairt chun críche ar an mbonn seo agus, dá réir sin, réitíodh an cheist go cairdiúil de bhun Ailt 109(3) den Acht um Chosaint Sonraí 2018 (an tAcht), agus faoi Alt 109(3) den Acht measadh an gearán a bheith tarraingthe siar.

Léiríonn an cás-staidéar seo buanna — i dtaca le gearánaigh ar daoine aonair iad — idirghabháil an DPC trí mheán phróiseas an réitigh chairdiúil. Sa chás seo bhí an gearánach in ann, mar gheall ar rannpháirtíocht an DPC, a chéannacht a dheimhniú ar bhealach a shásaigh Facebook, agus sholáthair Facebook naisc dó faoi dhó ina raibh a chuid sonraí pearsanta le fáil. Bhí de thoradh ar rannpháirtíocht an DPC leis an rialaitheoir freisin gur dheimhnigh an rialaitheoir, ar bhealach a shásaigh an gearánach, go rabhthas tar éis na sonraí pearsanta ar fad a bhí le scaoileadh mar fhreagra ar iarratas Airteagail 15 a chur ar fáil dó. Tharla toradh cothrom mar gheall air sin a bhí sásúil don dá pháirtí sa ghearán.

Léiríonn an cás-staidéar seo freisin an dianinfheistíocht acmhainní atá riachtanach ó thaobh na DPA de, chun ceisteanna den chineál seo a réiteach. Tógann an gearánach sa chás seo ceist ar ábhar imní dóibh féin é agus is cuí go dtabharfaí aghaidh air sin. Is í an cheist a thógann an cás ná ar chóir nó nár chóir go mbeadh an rialaitheoir sa chás seo in ann an cheist seo a réiteach gan go mbeadh gá ann acmhainní leitheadacha DPA a úsáid chun idirghabháil a dhéanamh maidir leis an toradh.

## CÁS-STAIDÉAR 29

# Neamhfhreagra Airteagail 60 ar Iarratas Rochtana ag Ryanair

Sa chás seo, chuir an gearánach a ngearán faoi bhráid Oifig an Choimisinéara Fhaisnéise (ICO) sa RA i dtús báire, agus fuair an DPC an gearán ina dhiaidh sin, ar 2 Márta 2019. Bhain an gearán le teip a líomhnaítear go ndearna Ryanair DAC (Ryanair) maidir le hiarratas duine ar a shonraí a cuireadh faoina bhráid ag an ngearánach ar 26 Meán Fómhair 2018 de réir Airteagail 15 den GDPR. Sholáthair an ICO cóip den fhoirm ghearáin don DPC a cuireadh faoi bhráid an ICO ag an ngearánach, cóip den admháil, agus dáta 26 Meán Fómhair 2018 air, a fuair an gearánach ón rialaitheoir sonraí nuair a chuir sé an t-iarratas rochtana isteach, agus cóip den ríomhphost a chuir an gearánach don rialaitheoir sonraí ina dhiaidh sin ag iarraidh nuashonraithe maidir lena n-iarratas.

Agus é ag gníomhú ina cháilíocht mar an príomhúdarás maoirseachta, chuir an DPC tús le scrúdú ar an ngearán trí theagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí, ag tabhairt achoimre ar shonraí an ghearáin agus ag tabhairt treorach don rialaitheoir sonraí freagra iomlán a thabhairt ar an iarratas rochtana agus cóip den litir chlúdaigh a sholáthar don DPC a eisíodh don ghearánach. Sholáthair Ryanair rochtain ar chóipeanna dá gcuid sonraí pearsanta don ghearánach a bhain leis an uimhir thagartha shonrach chur in áirithe a raibh an gearánach tar éis í a chur ar fáil don ICO chomh maith le sonraí a bhain le gearán eile. Chuir Ryanair in iúl nach raibh sé in ann cóip den taifeadadh glao a chur ar fáil don ghearánach a bhí iarrtha acu mar, de bharr na moille ó thaobh Ryanair de maidir le próiseáil an iarratais, bhíothas tar éis an taifeadadh glao a scriosadh de réir pholasaí an chomhlachta agus ní raibh siad in ann é a fháil ar ais. Chuir Ryanair in iúl don DPC go raibh sin tugtha le fios don ghearánach acu trí mheán thairseach ar líne an chomhlachta. Dhearbhaigh Ryanair ag an am gur cuireadh an t-iarratas faoina mbráid, mar gheall ar mhéid na n-ábhar sonraí nár dheimhnigh a seoladh ríomhphoist, nár tugadh iarratais rochtana don rannóg ábhartha go dtí gur deimhníodh an r-phost fhreagair an gearánach an t-iarratas, ag deimhniú a seoladh r-phoist, ach go raibh an gníomhaire a bhí ag obair ar an iarratas tar éis éirí as bheith ag obair ar an tairseach ar líne agus nár tugadh an t-iarratas mar chúram don rannóg ábhartha, mar sin de. Dhearbhaigh Ryanair nach bhfuarthas amach faoin earráid seo go dtí tamall ina dhiaidh sin, nuair a tugadh an t-iarratas do Rannóg na Seirbhísí Custaiméara chun na sonraí riachtanacha a sholáthar, an taifeadadh glao san áireamh, agus faoin am sin bhí an taifead dlí tar éis a bheith scriosta de réir pholasaí coimeádta Ryanair. Sholáthair Ryanair cóip dá pholasaí coimeádta don DPC, mar a ndearbhaítear go gcoinnítear taifeadtaí glao ar feadh tréimhse 90 lá ó dháta an ghlao. Chuir Ryanair an méid seo in iúl: ós rud é go ndearnadh glao an ghearánaigh ar 5 Meán Fómhair 2018, go scriosfaí é go huathoibríoch ar 04 Nollaig 2018. Dhearbhaigh Ryanair freisin nach bhfuil an fheidhmiúlacht acu chun taifeadtaí glao a scriosadh a fháil ar ais.

De bhun Ailt 109(2) den Acht um Chosaint Sonraí 2018, rinne an DPC iarracht réiteach cairdiúil an ghearáin a éascú. Ní raibh an gearánach toilteanach, áfach, glacadh le moltaí Ryanair maidir leis an gceist seo. Dá réir sin, b´éigean cinneadh a dhéanamh faoin gceist trí chinneadh faoi Airteagal 60 den GDPR.

### (i) Dréachtchinneadh Tosaigh

Ós rud é gur bhain an gearán le próiseáil trasteorann, b´éigean don DPC, de réir phróiseas Airteagail 60, dréachtchinneadh a dhéanamh maidir leis an ngearán. Ina leagan tosaigh den dréachtchinneadh, rinne an DPC an cinneadh gur sáraíodh Airteagal 15 den GDPR sa mhéid gur theip ar Ryanair cóip dá gcuid sonraí pearsanta a bhí á bpróiseáil ag am an iarratais a chur ar fáil don ghearánach. Fuair an DPC freisin gur sáraíodh Airteagal 12(3) den GDPR sa mhéid gur theip ar Ryanair eolas a chur ar fáil don ghearánach maidir le bearta a rinneadh ar iarratas uathu faoi Airteagal 15 laistigh den achar ama reachtúil de mhí amháin. Chuir an DPC an dréachtchinneadh ar fáil do Ryanair le cur ar a chumas aighneachtaí a dhéanamh. Ina dhiaidh sin sholáthair Ryanair roinnt aighneachtaí, a cuireadh san áireamh sa dréachtchinneadh (in éineacht le hanailís an DPC díobh).

### (ii) Soláthar an Dréachtchinnidh do na hÚdaráis Mhaoirseachta Ábhartha

De réir phróiseas Airteagail 60, lean an DPC ar aghaidh gur chuir sé a dhréachtchinneadh faoi bhráid an IMI lena scaipeadh i measc na CSA, de bhun Airteagail 60(3) den GDPR. Rinneadh dréachtchinneadh an DPC a uaslódáil don IMI ar 25 Bealtaine 2020, agus de bhun Airteagail 60(4) den GDPR, bhí ceithre seachtaine ag na CSA ina dhiaidh sin chun aon agóidí ábhartha agus réasúnacha a chur isteach maidir leis an gcinneadh.

Ina dhiaidh sin fuair an DPC roinnt agóidí ábhartha agus réasúnacha agus roinnt tuairimí maidir lena dhréachtchinneadh ó na CSA. D´áitigh roinnt CSA, go háirithe, gur chóir sáruithe breise ar an GDPR a bheith aimsithe, agus ina theannta sin gur chóir iomardú a bheith curtha i gcrích.

### (iii) Dréachtchinneadh Athbhreithnithe

De réir Airteagail 60(3) den GDPR, tá iachall ar an DPC tuairimí na CSA a chur san áireamh go cuí. Agus na hagóidí agus tuairimí a fuarthas ó na CSA san áireamh, rinne an DPC machnamh go cúramach faoi gach agóid ábhartha agus réasúnach chomh maith le gach tuairim a fuarthas maidir leis an dréachtchinneadh. Rinne an DPC athbhreithniú ar a dhréachtchinneadh chun achoimre agus anailís de na hagóidí agus na tuairimí a chuirtear in iúl ag na CSA a chur san áireamh. Agus é ag déanamh athbhreithnithe ar a dhréacht tosaigh, ghlac an DPC le cuid de na hagóidi ábhartha agus réasúnacha a fuarthas, ach níor ghlac sé le hagóidí ábhartha agus réasúnacha áirithe eile. Ina dhréachtchinneadh athbhreithnithe, mhol an DPC go ndéanfaí iomardú a eisiúint i leith Ryanair, de bhun Airteagail 58(2) (b) den GDPR. Sholáthair an DPC a dhréachchinneadh athbhreithnithe do Ryanair le cur ar a chumas aighneachtaí deiridh a dhéanamh. Thug Ryanair faoi deara go bhfuair an DPC amach go raibh an GDPR sáraithe aige, agus go raibh a chuid cumhachtaí curtha i bhfeidhm ag an DPC sa chás seo de réir Cuntais 129 agus de réir na riachtanas próise cuí in Airteagal 58 den GDPR. Chuir Ryanair in iúl don DPC gur ghlac sé leis an gcinneadh agus leis an iomardú a bhain leis agus nár mhian leis aon aighneachtaí breise a dhéanamh.

### (iv) Soláthar Dréachtchinnidh Athbhreithnithechuig na hÚdaráis Mhaoirseachta Ábhartha

De réir Airteagail 60(5) den GDPR, nuair a chuir an DPC a dhréachtchinneadh athbhreithnithe faoi bhráid na CSA lena gcuid tuairimí a fháil, bhí coicís bhreise ag na CSA chun aon agóidí breise a chur isteach maidir leis an gcinneadh. De bhun Airteagail 60(5) den GDPR, chuir an DPC a dhréachtchinneadh athbhreithnithe faoi bhráid na CSA chun a dtuairim a fháil ar 20 Deireadh Fómhair 2020. Ós rud é nach bhfuair an DPC aon agóidí ná tuairimí breise maidir leis an dréachtchinneadh athbhreithnithe ó na CSA laistigh den tréimhse reachtúil, measadh gur aontaigh na CSA le dréachtchinneadh athbhreithnithe an DPC agus go raibh siad ag cloí leis de réir Airteagail 60(6) den GDPR.

### (v) Glacadh leis an gCinneadh Deiridh

Tar éis don spriocdháta a bheith thart chun aon agóidí breise a fháil, lean an DPC ar aghaidh gur ghlac sé leis an gcinneadh deiridh, de réir Airteagail 60(7) den GDPR. Ansin rinne an DPC a chinneadh deiridh a uaslódáil don IMI agus chuir sé é in iúl do Ryanair. Rinneadh an cinneadh deiridh a uaslódail ar 11 Samhain 2020. De bhun Ailt 60(7), bhí an ICO, lenar taisceadh an gearán i dtús báire, freagrach as an gcinneadh a chur in iúl don ghearánach.

Mar achoimre, fuair an DPC sáruithe ar Airteagal 12(3) agus Airteagal 15 den GDPR maidir leis an ngearán seo.

Léiríonn an cás-staidéar seo, nuair nach féidir le gearán a bhaineann le próiseáil trasteorann sonraí pearsanta a réiteach go cairdiúil, go mbíonn nós imeachta Airteagail 60 a tharlaíonn dá bharr sin an-chasta, an-deacair agus an-fhadálach ar fad. Sa chás seo, rinneadh an dréacht tosaigh de chinneadh an DPC a uaslódáil don IMI ar 25 Bealtaine 2020, agus níor glacadh leis an gcinneadh deiridh go dtí 11 Samhain 2020, 6 mhí níos déanaí.

Léiríonn an cás-staidéar seo — arís eile — méid na n-acmhainní DPA a úsáidtear agus torthaí á seachadadh ar cheisteanna arbh fhéidir iad a réiteach ag an rialaitheoir gan dul i muinín an DPC, ag ardú arís ceist chur amú acmhainní DPA gan chúis, á n-atreorú ó réiteach cheisteanna córasacha níos leithne a bhainfeadh torthaí feabhsaithe amach don líon is mó daoine aonair.

### CÁS-STAIDÉAR 30

## Réiteach cairdiúil maidir le gearáin trasteorann: iarraidh ar rochtain a rinneadh le Airbnb

Fuair an DPC gearán i Meán Fómhair na bliana 2020 a bhain le hiarraidh ar rochtain (faoi Airteagal 15 den GDPR), a bhí déanta ag an ngearánach le Airbnb Ireland UC ("Airbnb"). Rinne duine aonair atá lonnaithe i Málta gearán go díreach leis an DPC. Nuair a rinne an DPC an gearán a mheas, measadh gur gearán trasteorann a bhí i gceist mar gur bhain sé le polasaithe oibriúcháin ginearálta Airbnb, agus mar sin, ós rud é go bhfuil Airbnb ar fáil ar fud an AE, measadh, i leith an ghearáin a ndearnadh maidir leis an bpróiseáil, go raibh "éifeacht shubstainteach ag an bpróiseáil sin ar ábhair sonraí i níos mó ná Ballstát amháin nó gur dóchúil go mbeidh éifeacht shubstainteach aici orthu" (de réir an tsainmhínithe ar phróiseáil trasteorann faoi Airteagal 4(23) den GDPR).

Chuir an gearánach iarraidh ar rochtain ar aghaidh chuig Airbnb. Rinne Airbnb an iarraidh ar rochtain seo a éascú trí nasc chuig comhad rochtana ina raibh a chuid sonraí pearsanta a chur ar fáil don ghearánach. Mar sin féin, nuair a thriail an gearánach úsáid a bhaint as an nasc, ní raibh sé ag feidhmiú. Ina theannta sin, bhí frustrachas ar an ngearánach faoi chomh deacair is a bhí sé aige teagmháil a dhéanamh le Airbnb faoin ábhar seo. Chuir an gearánach a ghearán ar aghaidh chuig an DPC ar an mbonn sin.

Rinne an DPC teagmháil le Airbnb agus d'iarr air iarraidh an ghearánaigh a éascú. Thug an DPC le fios go sonrach nár mhór do Airbnb a chinntiú go bhfuil nasc ar bith a chuireann sé ar aghaidh chuig gearánaigh tástáilte go hiomlán agus ag obair. I bhfreagra, mhínigh Airbnb gur sheol siad nasc athnuaite ar aghaidh chuig an ngearánach chomh luath is a fuair siad amach nach raibh an chéad nasc ag obair agus nach raibh sé ar eolas acu go raibh fadhbanna ag an ngearánach rochtain a fháil ar an dara nasc sin. Mar sin féin, ar mhaithe le réiteach cairdiúil a dhéanamh i leith an ghearáin, chomhaontaigh Airbnb nasc eile a chur ar fáil don ghearánach chuig an gcomhad rochtana agus go gcuirfí comhad criptithe ar aghaidh chuig an ngearánach ar ríomhphost slán.

Mar thoradh air sin, réitíodh go cairdiúil an t-ábhar de bhun alt 109(3) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 ("an tAcht"), agus faoi alt 109(3) den Acht measadh go raibh an gearán tarraingthe siar. Léiríonn an cásstaidéar seo an tairbhe a bhíonn i gceist — do ghearánaigh aonair — nuair a dhéanann an DPC idirghabháil trí bhíthin an phróisis réitigh chairdiúil.

Sa chás seo, bhí an gearánach ábalta rochtain a fháil ar a chuid sonraí mar gheall go raibh an DPC páirteach ann. Léirítear leis an gcás-staidéar seo go mbíonn rudaí simplí go minic ábalta iompú isteach ina ngearán cosanta sonraí mura ndéanann foirne cosanta sonraí agus seirbhís do chustaiméirí rialaitheoirí sonraí tosaigh an cás a bhainistiú go cuí ón tús.

### CÁS-STAIDÉAR 31

## Réiteach cairdiúil maidir le gearáin trasteorann: Google (YouTube)

Fuair an DPC gearán i Meán Fómhair 2020, trína fhoirm ghréasáin do ghearáin, i gcoinne Google Ireland Limited (YouTube). Rinne tuismitheoir an gearán thar ceann a linbh, gearán a bhain le cainéal/cuntas YouTube. Bhí an leanbh deich mbliana d'aois nuair a socraíodh suas an cainéal/cuntas, tráth nár thuig an leanbh na hiarmhairtí a bhain le físeáin a phostáil ar líne.

Cé gur duine a chónaíonn in Éirinn a rinne an gearán díreach chuid an DPC, ar mheasúnú an ghearáin sin measadh gur gearán trasteorann a bhí i gceist mar gur bhain sé le polasaithe oibriúcháin ginearálta YouTube agus mar sin, ós rud é go bhfuil YouTube ar fáil ar fud an AE, measadh, i leith an ghearáin a ndearnadh maidir leis an bpróiseáil, go raibh "éifeacht shubstainteach ag an bpróiseáil sin ar ábhair sonraí i níos mó ná Ballstát amháin nó gur dóchúil go mbeidh éifeacht shubstainteach aici

orthu" (de réir an tsainmhínithe ar phróiseáil trasteorann faoi Airteagal 4(23) den GDPR).

Dar leis an ngearánach, ní raibh smacht ag an leanbh ar an gcuntas níos mó ós rud é go raibh a phasfhocail caillte aige agus nach raibh an cuntas in úsáid a thuilleadh. Tháinig leanaí a bhí sa rang céanna leis an leanbh ar na físeáin, áfach, físeáin a phostáil an leanbh roimhe sin agus ar cúis náire anois iad dó. Chuaigh tuismitheoir an linbh i mbun comhfhreagrais go forleathan le Google, ag lorg, i measc nithe eile, go nglanfaí an cuntas den ardán YouTube. Chuir an tuismitheoir an URL a bhain le físeán ar leith ar an gcuntas chomh maith le URL an chuntais féin ar fáil. Chuir Google in iúl don tuismitheoir, roinnt uaireanta, gur ghlac sé beart agus gur bhain an t-ábhar den ardán. Rinne an tuismitheoir teagmháil arís agus arís eile áfach chun a thabhairt ar aird nach amhlaidh a bhí an scéal, nach raibh an t-ábhar tógtha anuas agus go raibh sé fós ar fáil ar líne. Ó tharla gur mheas sí nach ndeachthas i ngleic go cuí leis an ngearán d'ardaigh sí an cheist, mar sin, leis an DPC.

Sainaithníodh an gearán seo mar ghearán a d'fhéadfaí a réiteach go cairdiúil faoi Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, agus d'aontaigh an duine aonair agus an Rialaitheoir Sonraí araon go n-oibreoidís leis an DPC chun iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach cairdiúil ar an gceist. Rinne an DPC cúlra an ghearáin a imscrúdú agus thug ar aird, de réir dealraimh, gur bhain Google anuas físeán ar leith ón gcuntas, dár cuireadh an URL ar fáil, ach níor bhain anuas an cuntas ina iomláine, a d'fhág gur fhan físeáin eile ar líne.

Chuaigh an DPC i dteagmháil le Google maidir leis an gceist agus chuir cúlra ar leith an ghearáin in iúl do Google. Ghníomhaigh Google ar an bpointe agus bhain an cuntas YouTube anuas ina iomláine. Dheimhnigh Google gur míthuiscint a bhí ann ós rud é go ndearna foireann tacaíochta Google an URL d'fhíseán ar leith a chuir an gearánach ar fáil a mheas seachas an cuntas ina iomláine, rud a bhí mícheart.

Chuir an DPC an toradh in iúl don tuismitheoir agus mhol réiteach cairdiúil maidir leis an ngearán. Ina dhiaidh sin, chuir an tuismitheoir in iúl don DPC go bhfuair sí amach le déanaí faoi chainéal YouTube eile a shocraigh a leanbh suas, cuntas eile nach raibh in úsáid, agus go raibh an leanbh ag iarraidh é a scriosadh. Mar sin, chuaigh an DPC i mbun tuilleadh comhfhreagrais le Google agus dheimhnigh Google gur ghníomhaigh sé láithreach chun an cuntas a bhaint anuas agus chuir na bearta a bhí glactha aige in iúl don tuismitheoir.

Leagann an cás seo béim ar go bhfuil an DPC ábalta cuidiú le hábhair sonraí le linn an phróisis réitigh chairdiúil a n-iarrataí ar leith a mhíniú don rialaitheoir sonraí, go minic ag an leibhéal cuí, nuair nár éirigh leis an gcéad teagmháil idir duine aonair agus an rialaitheoir sonraí. Fágann sin freisin go bhfuil an DPC ábalta monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht na rialaitheoirí sonraí trí nóta a ghlacadh ar aon saincheist a d'fhéadfaí a bheith i gceist freisin ar fud gearán eile.

## CÁS-STAIDÉAR 32

# Réiteach cairdiúil maidir le gearáin trasteorann — Yahoo EMEA Limited

Fuair an DPC gearán i mí Márta 2021 ó údarás cosanta sonraí Bavaria thar ceann gearánach as Bavaria i gcoinne Yahoo EMEA Limited. Faoin meicníocht Ionad Ilfhreastail (OSS) a cruthaíodh leis an GDPR, is de réir shuíomh phríomhcheannáras na cuideachta san AE a shocrófar an t-údarás AE a fheidhmeoidh ina Phríomhúdarás Maoirseachta (LSA) i ndáil le gearáin a fhaightear. Nuair a dhéantar an príomhúdarás a cheapadh, feidhmíonn an t-údarás a fuair an gearán ina údarás maoirseachta lena mbaineann (CSA). Is é an CSA an t-idirghabhálaí idir an LSA agus an duine aonair. Sa chás seo, is é an Coimisiún um Chosaint Sonraí an LSA, os rud é go bhfuil príomh-cheannáras na cuideachta lena mbaineann an gearán lonnaithe in Éirinn.

Ní raibh rochtain ag an ngearánach ar a ríomhphost a thuilleadh tar éis dó nuashonrú a dhéanamh ar a ríomhaire. Luaigh an gearánach go ndearna sé teagmháil le Yahoo d'fhonn rochtain a fháil air arís agus iarradh air faisnéis a thabhairt a bhain leis an gcuntas d'fhonn a fhíordheimhniú gur leisean an cuntas. Dheimhnigh an gearánach gur chuir sé an fhaisnéis sin ar fáil. Dúirt Yahoo leis an ngearánach nach bhféadfadh sé a aitheantas a dhearbhú leis an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil dó. Níor léir don ghearánach cén fhaisnéis a chuir sé ar fáil nach raibh ceart agus dá bhrí sin lean sé air agus na freagraí céanna á dtabhairt aige ar na ceisteanna slándála. Mar gheall nach raibh Yahoo in ann a fhíordheimhniú gur leis an ngearánach an cuntas, mhol sé go gcruthódh an gearánach cuntas ríomhphoist nua. Ní raibh an gearánach sásta leis an réiteach sin agus dá bhrí sin rinne sé gearán leis an údarás maoirseachta áitiúil, a chuir an gearán ar

aghaidh chuig an DPC ina cháil mar Phríomhúdarás Maoirseachta do Yahoo.

Sainaithníodh an gearán seo mar ghearán a d'fhéadfaí a réiteach go cairdiúil faoi Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, agus d'aontaigh an duine aonair agus an Rialaitheoir Sonraí araon go n-oibreoidís leis an DPC chun iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach cairdiúil ar an gceist.

Rinne an DPC teagmháil le Yahoo ar an gceist, agus ghlac Yahoo cur chuige réamhghníomhach agus luaigh láithreach go raibh fonn air teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an ngearánach chun féachaint leis an bhfadhb a réiteach a luaithe agus is féidir. Dhearbhaigh Yahoo leis an DPC go gairid ina dhiaidh sin go raibh teagmháil déanta ag an bhfoireann seirbhísí d'úsáideoirí leis an ngearánach, a chuir faisnéis mhalartach ar fáil a chuir ar chumas Yahoo aitheantas an ghearánaigh a dheimhniú agus rochtain ar a chuntas a thabhairt dó arís ina dhiaidh sin.

Léirítear leis an gcás seo gur féidir réiteach gasta a bhaint amach go minic d'ábhair sonraí de thoradh teagmháil dhíreach bhreise a bheith idir páirtithe le linn an phróisis réitigh chairdiúil. Chomh maith leis sin, léirítear leis gur féidir ceisteanna a réiteach agus próiseas láimhseála mór fada a sheachaint go minic má ghlacann rialaitheoirí sonraí cur chuige réamhghníomhach ag luathchéimeanna an ghearáin.

## CÁS-STAIDÉAR 33

# TikTok agus comhoibriú le húdaráis cosanta sonraí AE eile

Le linn na bliana 2021, fuair an DPC iarrataí GDPR Airteagal 61 ar chúnamh frithpháirteach ó údaráis cosanta sonraí na hÍsiltíre agus na Fraince. I ngach aon cheann de na hiarrataí sin, iarradh ar an DPC tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh ar roinnt ábhair imní maidir leis an bpróiseáil a dhéanann TikTok ar shonraí pearsanta a úsáideoirí, go háirithe úsáideoirí linbh.

Bhí na húdaráis bhainteacha ag déanamh imscrúdú ar TikTok sular lonnaigh an chuideachta a príomhbhunaíocht (ceanncheathrú AE) in Éirinn i mí Iúil 2020, ar ina dhiaidh sin a ghlac an DPC an ról mar phríomhúdarás maoirseachta TikTok i mí na Nollag 2020 i ndiaidh d'údaráis mhaoirseachta eile san AE iad féin a shásamh go raibh TikTok lonnaithe go príomha in Éirinn.

Mar thoradh air sin, chinn údaráis na hÍsiltíre agus na Fraince nach raibh siad inniúil a thuilleadh imscrúdú a dhéanamh ar TikTok agus d'aistrigh siad a gcomhaid imscrúdaithe ar an mbonn sin, ag iarraidh ar an DPC tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh. Mar gheall ar na himscrúduithe seo, agus mar gheall gur aithin an DPC féin ábhair imní bharrthábhachtacha trí rannpháirtíocht ghníomhach le TikTok sa bhliain 2021, chuir an DPC tús le dhá fhiosrúchán dá thoil féin de bhun Alt 110 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 maidir le TikTok bheith ag comhlíonadh riachtanais an GDPR.

## CÁS-STAIDÉAR 34

# Iarraidh léirscriosta ó ábhar sonraí Gréagach chuig Tinder, rud ar láimhseáil an Coimisiún é mar Phríomhúdarás Maoirseachta

Baineann an cás-staidéar seo le gearán a fuair an Coimisiún tríd an sásra maidir le hIonaid Ilfhreastail, a cruthaíodh leis an Rialachán Ginearálta, ó dhuine aonair maidir le hiarraidh léirscriosta a rinne sé chuig MTCH Technology Services Limited (Tinder). Mar fhaisnéis chúlra, chuir Tinder cuntas an duine aonair ar fionraí. Tar éis na fionraí sin, chuir an duine aonair iarraidh faoi bhráid Tinder faoi Airteagal 17 RGCS, á iarraidh go léirscriosfaí na sonraí pearsanta uile a sealbhaíodh i ndáil leis. Nuair a rinne sé teagmháil le Tinder, chuir an duine aonair in iúl freisin gur fadhb é nach féidir teagmháil dhíreach a dhéanamh le hoifigeach cosanta sonraí Tinder. Toisc nach raibh an duine aonair sásta leis an bhfreagra a fuair sé ó Tinder, rinne sé gearán le hÚdarás Maoirseachta na Gréige.

Mhaígh an duine aonair nár thug Tinder aghaidh chuí ar an iarraidh léirscriosta uaidh ná ar na hábhair imní a bhí aige maidir le cainéil an oifigigh cosanta sonraí a rochtain. Ós rud é gurb é an Coimisiún an Príomhúdarás Maoirseachta do Tinder, chuir Údarás Maoirseachta na Gréige an gearán ar aghaidh chuige lena láimhseáil aige. Sainaithníodh an gearán a bheith ina ghearán a d'fhéadfaí a réiteach go cairdiúil faoi alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. D'aontaigh Tinder obair i gcomhar leis an gCoimisiún chun an gearán ón duine aonair a réiteach go cairdiúil. Chuir an Coimisiún substaint an ghearáin in iúl do Tinder agus rinne sé caidreamh leis. Mar fhreagra, agus mar réiteach cairdiúil beartaithe, dúirt Tinder go ndéanfadh sé athbhreithniú úr ar an toirmeasc a bhí ina ábhar don chás seo. Tar éis an athbhreithnithe sin, chinn Tinder deireadh a chur leis an toirmeasc. Tar éis do Tinder deireadh a chur le toirmeasc, cumasaítear do dhuine aonair a c(h)untas ar an ardán a rochtain an athuair. Is féidir leis an duine aonair a chinneadh ansin cé acu is mian nó nach mian leis/léi na huirlisí féinscriosta a úsáid chun a c(h)untas a léirscriosadh ó ardán Tinder. Mar aon leis an méid thuas, sholáthair Tinder faisnéis don duine aonair faoina bheartais choinneála. Maidir leis an gcumas atá ag daoine aonair teagmháil a dhéanamh lena oifigeach cosanta sonraí, tharla sé, de bhun an chaidrimh a rinne an Coimisiún le Tinder, gur aontaigh Tinder na próisis a bhí i bhfeidhm aige a neartú trí leathanach tiomnaithe ceisteanna coitianta a phostáil ar a ardán. Tugtar do dhaoine aonair ar an leathanach sin anois faisnéis bhreisithe faoi shaincheisteanna sonracha a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil agus leis na cearta sin a fheidhmiú go díreach le hoifigeach cosanta sonraí Tinder. Trí Údarás Maoirseachta na Gréige, chuir an Coimisiún an duine aonair ar an eolas faoi na gníomhartha a rinne Tinder. Sa fhreagra uaidh, dheimhnigh an duine aonair go raibh sé sásta an ní a thabhairt i gcrích. Mar sin, réitíodh an ní go cairdiúil de bhun alt 109(3) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (an tAcht), agus measadh an gearán a bheith tarraingthe siar. Léirítear arís eile sa chás-staidéar seo na tairbhí a bhaineann gearánaigh aonair as idirghabháil ón gCoimisiún tríd an bpróiseas réitigh chairdiúil. Ba é an toradh a bhí ar an gcaidreamh a rinne an Coimisiún leis an rialaitheoir freisin gur chuir Tinder feabhas ar an bhfaisnéis a chuireann sé ar fáil do na húsáideoirí uile ar a ardán.

## CÁS-STAIDÉAR 35

# Gearán trasteorann a réitíodh trí nós imeachta comhoibrithe AE

Cúlra I mí Feabhra 2021, thaisc ábhar sonraí gearán leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí de bhun Airteagal 77 GDPR. Bhain an gearán le rialaitheoir sonraí atá lonnaithe in Éirinn. Measadh gurbh é an Coimisiún an t-údarás inniúil chun críche Airteagal 56(1) GDPR.

Bhí mionsonraí an ghearáin mar a leanas:

a. Sheol an t-ábhar sonraí ríomhphost chuig an rialaitheoir sonraí i mí Eanáir 2021 chun a iarraidh go léirscriosfaí a shonraí pearsanta.

b. Ní bhfuair an t-ábhar sonraí aon fhreagra ón rialaitheoir sonraí.

Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh ar an ábhar ar dhírigh an gearánach a aird air, mheas an Coimisiún go raibh dóchúlacht réasúnach ann go bhféadfadh na páirtithe lena mbaineann ábhar an ghearáin a réiteach go neamhfhoirmiúil laistigh de chreat ama réasúnach. Réiteach Neamhfhoirmiúil Rinne an Coimisiún caidreamh leis an ábhar sonraí agus leis an rialaitheoir sonraí araon i ndáil le hábhar an ghearáin. De bhun an chaidrimh sin, fuarthas amach gur tharla sé, le linn na seachtaine inar sheol an t-ábhar sonraí an iarraidh léirscriosta uaidh le ríomhphost chuig an rialaitheoir, gur chuir an rialaitheoir próiseas nua chun feidhme chun iarrataí léirscriosta a bhainistiú ar shlí níos fearr. D'inis an rialaitheoir sonraí don Choimisiún gurbh idirthréimhse í an tseachtain ina bhfuarthas an ríomhphost agus gur chosúil nár tugadh faoi deara é. Le linn na hidirthréimhse sin, bhí pearsana nua á n-oiliúint ar conas na cineálacha iarrataí sin a bhainistiú. Luaigh an rialaitheoir sonraí gur de dhearmad a tharla an earráid agus gurbh fhéidir gur tháinig sí as an aistriú teicniúil nó as earráid an duine. B'oth leis an earráid. Sna himthosca, d'aontaigh an rialaitheoir sonraí na gníomhartha seo a leanas a dhéanamh:

1. D'aontaigh an rialaitheoir sonraí an iarraidh léirscriosta a chomhlíonadh; agus
2. Ghabh an rialaitheoir sonraí leithscéal ó chroí as an earráid.

I mí Eanáir 2022, chuir an Coimisiún an t-ábhar sonraí ar an eolas faoin toradh deiridh ar an gcaidreamh a rinne sé leis an rialaitheoir sonraí. Agus é sin á dhéanamh aige, thug an Coimisiún faoi deara gur chosúil gur thug na gníomhartha a rinne an rialaitheoir sonraí aghaidh leordhóthanach ar na hábhair imní a tarraingíodh anuas sa ghearán uaidh. Sna himthosca, i gcás go raibh sé míshásta leis an toradh, d'iarr an Coimisiún ar an ábhar sonraí fógra a thabhairt dó faoi sin laistigh de dhá mhí ionas go bhféadfadh sé an ní a bhreithniú tuilleadh. An lá dár gcionn, chuir an t-ábhar sonraí an Coimisiún ar an eolas le ríomhphost gur aontaigh sé leis an réiteach neamhfhoirmiúil toisc gur réitíodh na hábhair imní a bhí aige. D'inis an t-ábhar sonraí don Choimisiún ina dhiaidh sin gur cuireadh an iarraidh léirscriosta i gcrích agus gur léirscriosadh a shonraí pearsanta. Deimhniú maidir leis an Toradh Chun críocha nós imeachta comhsheasmhachta agus comhair an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, chuir an Coimisiún dréacht den toradh in iúl, rud inar deimhníodh na nithe seo a leanas:

- Réitíodh an gearán ina iomláine ar shlí chairdiúil idir na páirtithe lena mbaineann;
- Ba é an toradh a bhí ar an réiteach aontaithe ná nárbh ann d'ábhar an ghearáin a thuilleadh.

Ní bhfuarthas aon agóidí ábhartha réasúnaithe ó na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann maidir leis an dréacht, agus dhún an Coimisiún an comhad sa chás seo ina dhiaidh sin.

Seo a leanas liosta de na cás-staidéir, de réir bliana, nach raibh le feiceáil i dTuarascálacha Bliantúla ar an DPC. Soláthraíonn na cás-staidéar léargas ar roinnt de na saincheisteanna á imscrúdú ar an DPC ó lá go lá.



# Fógraí maidir le sárú sonraí

### CÁS-STAIDÉAR 36

## Mainneachtain na beartais chosanta sonraí a bhí i bhfeidhm a chur chun Feidhme

Chaill fostaí de chuid an rialaitheora sonraí, ar comhlacht earnála poiblí é, gléas neamhchriptithe USB ina raibh faisnéis phearsanta faoi roinnt comhghleacaithe agus roinnt úsáideoirí seirbhíse.

Bhí i bhfeidhm ag an rialaitheoir poiblí an beartas agus na nósanna imeachta cuí lenar cuireadh cosc ar shonraí pearsanta a stóráil ar a chóras lárnach TF agus ar shonraí pearsanta a bhaint ón gcóras sin ach gléasanna neamhchriptithe a úsáid. Ní raibh i bhfeidhm aige, áfach, an fhormhaoirseacht ná an mhaoirseacht a bhí riachtanach chun a chinntiú go gcloífí lena chuid rialacha. Ba chosúil nach raibh an fostaí ar an eolas faoin mbeartas maidir le gléasanna neamhchriptithe a úsáid ach oiread. Bheifí in ann an sárú a chosc sa chás seo dá mba rud é gur chuir an eagraíocht an beartas chun feidhme ina iomláine agus gur chuir sí an fhoireann ar an eolas faoi.

### CÁS-STAIDÉAR 37

## Cailleadh gléas neamhchriptithe USB sa phost

Thug rialaitheoir sonraí san earnáil phríobháideach fógra don Choimisiún gur seoladh pacáiste ina raibh foirmeacha toilithe agus gléas neamhchriptithe USB ach úsáid a bhaint as seirbhísí gnáthphoist.

Rinneadh damáiste don phacáiste agus é faoi bhealach, áfach, agus thit an gléas USB amach as an bpacáiste agus cailleadh é dá bharr sin. Ba é a bhí sa ghléas USB ná pictiúir de mhionaoisigh agus iad ag glacadh páirt in imeacht oideachasúil eagraithe. D'fhéadfaí cailleadh/nochtadh féideartha na sonraí pearsanta a bhí sa ghléas USB a chosc/a mhaolú sa chás seo dá mba rud é go raibh beartas criptithe i bhfeidhm ag an rialaitheoir sonraí maidir le gléasanna cuimhne iniompartha a úsáid agus go raibh beartas leordhóthanach i bhfeidhm aige maidir le hábhar íogair a sheoladh le casadh an phoist, e.g. an post cláraithe/seirbhís cúiréireachta.

## CÁS-STAIDÉAR 38

# Fioscaireacht suíomh Gréasáin

Thug rialaitheoir sonraí san earnáil phríobháideach (oideachas) fógra don Choimisiún faoi theagmhas fioscaireachta, áit ar chliceáil ball foirne ar nasc amhrasach suíomh Gréasáin agus ar chuir sé a dhintiúir isteach.

Cuireadh cuntas ríomhphoist an bhaill foirne i mbaol dá bharr sin. Níor chumasaigh an rialaitheoir sonraí fíord-heimhniú ilfhachtóra ar a chuntais ríomhphoist. D'fhéadfaí an sárú sonraí a chosc sa chás seo dá mba rud é go raibh an beart teicniúil sin agus oiliúint chuí i gcibearshlándáil i bhfeidhm ag an rialaitheoir sonraí ón tús.

## CÁS-STAIDÉAR 39

# Cailleadh comhaid pháipéir agus iad faoi bhealach

Thug an rialaitheoir sonraí, ar comhlacht poiblí é, fógra don Choimisiún faoi theagmhas a bhain le hiompar comhad dlíthiúil cruachóipe ina raibh catagóir speisialta sonraí pearsanta.

Rinne an rialaitheoir cuideachta cúiréireachta a chonrú chun na comhaid a iompar chuig roinn eile, ach chuaigh na comhaid ar iarraidh ina dhiaidh sin agus iad faoi bhealach. Tharla sé nár choinnigh an rialaitheoir leagan cúltaca de na comhaid bhunaidh agus cailleadh sonraí pearsanta dá bharr sin. Ní raibh nósanna imeachta dóthanacha i bhfeidhm ag an rialaitheoir le haghaidh comhaid chruachóipe ina bhfuil catagóir speisialta sonraí pearsanta a bhaint agus a stóráil go slán. D'fhéadfaí an sárú a chosc sa chás seo dá mba rud é go ndearna an eagraíocht breithniú cuí ar a riachtanais agus ábhair den sórt sin á n-iompar aici chuig láthair eile agus ar na rioscaí dúchasacha atá i gceist le gníomhaíochtaí den sórt sin agus dá mba rud é gur chuir sí bearta níos sláine chun feidhme chun cosaint sonraí pearsanta a chinntiú.

## CÁS-STAIDÉAR 40

# Rinneadh ionsaí chun cárta SIM a bhabhtáil

Thug ábhar sonraí fógra don rialaitheoir sonraí (ar oibritheoir líonra fón póca é) á rá gur iarr tríú páirtí neamhúdaraithe babhtáil cárta SIM ar a cuntas fón póca agus gur údaraíodh an bhabhtáil sin.

Bhí imní ar an ábhar sonraí toisc gur úsáideadh a huimhir fón póca chun teachtaireachtaí téacs a fháil óna banc le haghaidh fíordheimhniú dhá fhachtóir i dtaca lena seirbhís baincéireachta. Tugadh le fios san imscrúdú breise a rinne an rialaitheoir sonraí ar an gcás go bhfuair tríú páirtí nea-mhaithnid méid beag sonraí pearsanta de chuid an ábhair shonraí ach modhanna seachtracha a úsáid. Tugadh le fios ann freisin gur éirigh leis an tríú páirtí sin dul trí phróisis bhailíochtaithe aitheantais an rialaitheora sonraí. Níor chloígh an gníomhaire um sheirbhís do chustaiméirí de chuid an rialaitheora sonraí leis an bpróiseas bailíochtaithe ina iomláine agus gur éascaigh an gníomhaire babhtáil cárta SIM ar chuntas an chustaiméara ar bhealach a bhí contrártha do bheartas an rialaitheora sonraí. Ní tharlódh an sárú sa chás seo dá mba rud é go raibh próisis níos láidre i bhfeidhm ag an rialaitheoir sonraí lena gcuirtear cosc ar rochtain ar fhaisnéis thábhachtach cuntais agus dá mba rud é go bhfuair an gníomhaire um sheirbhís do chustaiméirí oiliúint dhóthanach i gcosaint sonraí, lena n-áirítear oiliúint ar na rioscaí a thagann chun cinn ó thaobh sonraí pearsanta custaiméirí de nuair a imítear ó bheartas bailíochtaithe na cuideachta.

## CÁS-STAIDÉAR 41

# Loss of control of paper files

Thuairiscigh duine a fuair rochtain neamhdhleathach ar áitreabh srianta na taifid agus chuir sé grianghraif den chomh-aireacht ina dhiaidh sin ina raibh na comhaid ar na meáin shóisialta.

Chuir eagraíocht na hearnála poiblí a bhí i gceist an CCS ar an eolas, tar éis dó an sárú a bheith ar eolas, gur seoladh ionadaí ón eagraíocht chun na comhaid a aimsiú agus a dhaingniú. Baineadh na comhaid ón áitreabh agus daingníodh iad.

Leagann an sárú seo béim ar an tábhacht a bhaineann le polasaithe bainistíochta taifead cuí a bheith acu; lena n-áirítear meicníochtaí le haghaidh comhaid rianaithe, saoráidí stórála slána cuí agus nósanna imeachta iomlána chun taifid a choinneáil nó a scriosadh. D'eisigh an CCS roinnt moltaí do na heagraíochtaí chun a gcleachtais próiseála sonraí pearsanta a fheabhsú.

## CÁS-STAIDÉAR 42

# Ionsaí Ransomeware

Chuir eagraíocht a bhí ag feidhmiú sa tionscal fóillíochta in iúl don CCS go raibh ionsaí ransomware air a d'fhéadfadh criptiú / nochtadh sonraí pearsanta suas le 500 custaiméir agus foireann a stóráladh ar fhreastalaí na n-eagraíochtaí. Rianaíodh bealach an insíothlaithe go ródaire móideim a cuireadh i gcontúirt (stóráladh sonraí cúltaca, áfach, go sábháilte trí fhreastalaí scamaill).

Tar éis an eachtra a scrúdú, d'eisigh an CCS roinnt moltaí don eagraíocht. Mhol an CCS go ndéanfadh an eagraíocht anailís ar a infrastruchtúr TFC chun a fháil amach an raibh breis malware i láthair, chun athbhreithniú agus cur i bhfeidhm bearta cuí chun a chinntiú go bhfuil leibhéal slándála leordhóthanach ann maidir le próiseáil sonraí pearsanta, agus chun oiliúint fostaithe a dhéanamh le cuimsiú rioscaí cibearshlándála.

Tá nuashonruithe rialta faighte ag an CCS ón eagraíocht agus tá sé sásta gur glacadh céimeanna suntasacha chun bearta eagraíochtúla agus teicniúla a fheabhsú agus a chur i bhfeidhm maidir le heasnaimh i slándáil a mbonneagair TFC, lena n-áirítear plean oiliúna a fhorbairt don fhoireann uile sa réimse seo.

## CÁS-STAIDÉAR 43

# Píosaí scannáin CCTV a nochtadh trí na meáin shóisialta

Chuir cuideachta bainistíochta maoine tráchtála agus cónaithe in iúl don CCS go raibh fostaí de chuid cuideachta slándála a raibh a chuid seirbhísí coinnithe acu tar éis a bhfón póca pearsanta a úsáid chun píosa scannáin CCTV a thaifeadadh de bheirt den phobal a bhí páirteach i ngníomh pearsanta, a bhí gafa ag an mbainistíocht ceamaraí slándála na cuideachta.

Rinneadh an físeán a tógadh a roinnt ina dhiaidh sin trí WhatsApp le líon teoranta daoine aonair. Chuir an gnó in iúl don CCS gur chuir siad in iúl don fhoireann ad'fhéad-fadh an scannán a fháil go gcaithfidh siad é a scriosadh agus d'iarr siad nach scaipfí an fhíseán a thuilleadh.

Bhí an chuideachta bhainistíochta réadmhaoine agus an chuideachta slándála in ann a thaispeáint go raibh beartais agus nósanna imeachta leordhóthanacha ann, ach bhí easpa maoirseachta agus maoirseachta cuí ann chun comhlíonadh na mbeartas agus na nósanna imeachta seo a chinntiú.

Tar éis moltaí a rinne an DPC chuig an gcuideachta bainistithe réadmhaoine, chuaigh an chuideachta i mbun oibre lena fhoireann chun oiliúint bhreise ar chosaint sonraí a sheachadadh le béim ar sháruithe sonraí pearsanta. Ina theannta sin, cuireadh comharthaí breise ar taispeáint a chuir cosc ar úsáid gléasanna soghluaiste pearsanta laistigh de theorainneacha an tseomra rialaithe CCTV.

### CÁS-STAIDÉAR 44

## Fógra Sáraithe (Earnáil Dheonach) — Ionsaí Bogearraí Éirice

I Mí na Bealtaine 2020, fuair an DPC fógra sáraithe ó phróiseálaí sonraí Éireannach agus ina dhiaidh sin fuair sé fógra ó rialaitheoir sonraí Éireannach atá ag feidhmiú san earnáil dheonach a bhí tar éis an próiseálaí seo a fhostú chun óstáil suíomhanna gréasáin agus seirbhísí bainistithe shonraí a sholáthar.

Bhain an sárú le hionsaí bogearraí éirice a tharla san ionad sonraí a úsáideann an próiseálaí sonraí, agus a tharla de thoradh ar bhogearraí mailíseacha a bhain rochtain amach trí phort 1 RDP* don fhriothálaí.

Chuaigh an DPC i dteagmháil leis an rialaitheoir agus leis an bpróiseálaí agus trí mheán roinnt cumarsáidí — lena n-áirítear eisiúint cheistneoirí teicniúla agus eagraíochtúla a dhíríonn ar réimsí ina bhféadfaí neamhchomhlíonadh na rialachán cosanta sonraí a bheith i gceist. Áiríodh ar na réimsí seo úsáid an phróiseálaí ionaid sonraí laistigh de na Stáit Aontaithe chun sonraí cúltaca a stóráil gan chomhaontuithe dóthanacha — ná maoirseacht dhóthanach ag an rialaitheoir ar a phróiseálaí — faoi mar a éilítear faoi Airteagal 28 den GDPR.

Chuaigh an DPC i dteagmháil go mion minic leis an dá pháirtí agus thug an DPC an cás seo chun críche trí mholtaí a eisiúint don rialaitheoir agus don phróiseálaí araon. Ina dhiaidh sin lean an DPC air de bheith ag dul i dteagmháil leis an dá pháirtí chun cinntiú go raibh cur i bhfeidhm mholtaí an DPC tar éis tarlú.

*RDP — Prótacal Ciandeisce

### CÁS-STAIDÉAR 45

## Fógra Sáraithe (Earnáil Phoiblí) Foilsiú Mícheart ar Twitter

Chuir eagraíocht earnála poiblí in iúl don DPC go raibh sonraí pearsanta foilsithe acu trí thimpiste trí mheán a n-ardáin mheáin shóisialta (Twitter).

Rinneadh na sonraí pearsanta a phostáil, rud a sháraigh a pholasaí a chuid ábhair go léir a anaithnidiú, rud a d´fhéadfadh duine aonair ar ábhar sonraí iad a aithint. Chuir an eagraíocht faoi thrácht in iúl don DPC gurbh earráid dhaonna ba bhunchúis leis an eachtra seo, agus gur baineadh an tvuít sháraithe gan mhoill mhíchuí.

Bunaithe ar an mbeart a bhí déanta ag an rialaitheoir sonraí chun an riosca a mhaolú go dtarlódh an cineál seo eachtra arís thug an DPC a scrúdú chun críche ar an gceist seo agus d´eisigh sé roinnt moltaí breise don eagraíocht, ag díriú ar úsáid chuí a chuid ardán meáin shóisialta agus conas ba chóir a chuid cuntas meáin shóisialta a chosaint agus a shrianú do líon sonraithe pearsanra údaraithe.

## CÁS-STAIDÉAR 46

# Fógra Sáraithe (Earnáil Airgeadais) Sonraí Bainc curtha trí WhatsApp

Chuir eagraíocht earnála airgeadais príobháidí in iúl don DPC go raibh iarratas déanta ag custaiméir chun a n-uimhreacha IBAN agus BIC a fháil, uimhreacha a bhí á gcoimeád ar comhad. Bhí aithne phearsanta ag an gcustaiméir a bhí ag déanamh an iarratais ar an mball foirne a bhí ag plé leis an iarratas. Ag imeacht ó chleachtais fhaofa, bhain an ball foirne úsáid as a bhfón póca pearsanta chun pictiúr a chur den eolas a bhí á lorg, dar leo, thar ardán curtha teachtaireachtaí (WhatsApp). Go hearráideach, áfach, chuir an ball foirne sonraí a bhain le custaiméir eile chuig an gcustaiméir a rinne an t-iarratas.

Rinne an custaiméir a fuair an t-eolas seo teagmháil leis an eagraíocht chun cur in iúl dóibh nár bhain an t-eolas a fuarthas lena gcuntas siúd agus go raibh siad tar éis glacadh orthu féin an t-ábhar sáraithe ar fad a bhaint dá ngléas. Chuaigh an eagraíocht i dteagmháil le baill fhoirne le cur i gcuimhne dóibh nár chóir ach modhanna údaraithe cumarsáide a úsáid agus iarratais den chineál seo á láimhseáil sa todhchaí. Ghabh an eagraíocht a leithscéal leis na hábhair shonraí go léir a bhí buailte freisin.

D´eisigh an DPC roinnt moltaí a chuimsíonn úsáid uirlisí faofa cumarsáide eagraíochtúla amháin, ag fágáil go bhfuil an fhoireann go hiomlán ar an eolas faoi iompar inghlactha agus do-ghlactha agus uirlisí cumarsáide eagraíochtúla á n-úsáid acu, agus le cinntiú gur cuireadh oiliúint chuí ar an bhfoireann i dtéarmaí a gcuid dualgas/ freagrachtaí faoi fhorálacha an GDPR agus an Achta um Chosaint Sonraí 2018.

## CÁS-STAIDÉAR 47

# Fógra Sáraithe (12 Chomhar Creidmheasa) Earráid Chódúcháin an Phróiseálaí

Fuair an DPC tuairiscí sáraithe ar leith ó 12 chomhar creidmheasa a d´fhostaigh seirbhísí an phróiseálaí chéanna, a bhí lonnaithe sa RA. D´eascair an sárú ag an bpróiseálaí as earráid chódúcháin a rinneadh ag an bpróiseálaí agus bearta á gcur i bhfeidhm a tugadh isteach mar fhreagra ar phaindéim Covid-19.

Tá iachall ar chomhair chreidmheasa eolas a thuairisciú do Bhanc Ceannais na hÉireann a bhaineann lena gcuid iasachtaithe agus le feidhmíocht a gcuid iasachtaí. Baineann an Banc Ceannais úsáid as an eolas seo chun an Clár Creidmheasa Lárnach (nó CCR) a chothabháil. Lena seal baineann iasachtóirí agus gníomhaireachaí rátála creidmheasa úsáid as an eolas seo chun fiacha agus stair chreidmheasa iasachtaithe a dheimhniú. Baineann líon mór iasachtóirí, go háirithe comhair chreidmheasa, úsáid as comhlachtaí próiseála sonraí chun a leithéid d´fhillteáin CCR a ullmhú agus chun iad a chur ar aghaidh chuig an mBanc Ceannais.

Le linn 2020, thug Rialtas na hÉireann sraith bheart isteach chun anás airgeadais a mhaolú a bhfuil mar chúis aige an phaindéim agus na dianghlasálacha a d´eascair aisti sin. Áiríodh i measc na mbeart seo cur ar chumas institiúidí airgeadais aisíocaíochtaí iasachta a stopadh gan cur isteach ar bhealach dochrach ar rátáil chreidmheasa na n-iasachtaithe. Tugadh treoir do na hiasachtóirí cóid ar leith a úsáid sna fillteáin CCR chun bratach a chur le hiasachtaí a stopadh go sealadach. Ba é a bhí i gceist leis sin ná cosc a chur ar léirmhíniú na n-iasachtaí sin mar iasachtaí faillitheora nó a bheith ag cur in iúl ar bhealach eile go raibh acmhainneacht creidmheasa na n-iasach-taithe ábhartha tar éis dul in olcas.

San eachtra seo bhain an próiseálaí a fostaíodh ag na 12 chomhar creidmheasa úsáid as cóid mhíchearta ar fhillteáin CCR a bhí ag plé le hiasachtaí a stopadh go sealadach. Thug na cóid mhíchearta le fios go raibh na hiasachtaithe a bhí buailte tar éis tabhairt faoi ´imeacht athstruchtúraithe´ — is minic a tharlaíonn imeacht ath-struchtúraithe nuair nach mbíonn iasachtaí in ann iasacht a aisíoc thar an tréimhse chomhaontaithe, agus aontaíonn

an t-iasachtóir téarmaí na hiasachta a athrú chun feabhas a chur ar chumas an iasachtaí an iasacht a aisíoc. Is féidir leis sin rátáil chreidmheasa iasachtaí a laghdú go mór, agus mar sin de d´fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ag baint le taifead míchruinn CCR imeachta ath-struchtúraithe do na daoine atá buailte.

Cuireadh na comhair chreidmheasa faoi thrácht ar an eolas faoi earráid chódúcháin an phróiseálaí maidir lena gcuid fillteán CCR roinnt seachtainí tar éis don phróiseálaí fillteáin CCR a chur chucu den chéaduair agus iad ag úsáid na gcód mícheart don Bhanc Ceannais. Tuairiscíodh an cheist don DPC mar shárú agus thóg na comhair chreid-mheasa an cheist leis an bpróiseálaí go díreach agus trí mheán grúpa úsaideoirí. Cheadaigh sin gurbh fhéidir na taifid a bhí buailte a aithint, gurbh fhéidir na nósanna imeachta cuí códúcháin a oibriú amach, agus fillteáin cheartaithe CCR a chur chuig an mBanc Ceannais.

Léiríonn na cásanna seo an tábhacht a bhaineann le conarthaí próiseála a chuireann i bhfeidhm i gceart riachtanais Airteagail 28 den GDPR. Is é an rud is mó a bhaineann le hábhar sna cásanna seo ná nach mór do na conarthaí próiseála soláthar a dhéanamh dó go mbeidh an próiseálaí ag cabhrú leis an rialaitheoir chun a chuid dualgas a chomhlíonadh i dtaca le slándáil phróiseála, agus i dtaca le tuairisciú agus bheith ag tabhairt freagra ar sháruithe.

---

### CÁS-STAIDÉAR 48

## Sáruithe a dhéantar go minic

I gcaitheamh tréimhse 12 mhí, fuair an DPC fógraí maidir le sraith sáruithe comhchosúla ó rialaitheoir sonraí a raibh baint aige/aici le ceisteanna airgeadais. Dhíol an rialaitheoir seirbhísí trí líonra náisiúnta miondíola a bhí faoi úinéireacht agus á fheidhmiú ag tríú páirtí, a ghníomhaigh mar phróiseálaí ina thaobh. Tharla na sáruithe nuair a rinne custaiméirí reatha an rialaitheora ceannacháin ag ionaid díola an phróiseálaí, ach d'úsáid siad seoladh difriúil le hais an seoladh a chláraigh siad roimhe sin leis an rialaitheoir.

Níor comhordaíodh go hiomlán athruithe a rinneadh le gairid ar chórais bhunachar sonraí an rialaitheora leis na hathruithe i leith díolacháin, arbh é an toradh a bhí air sin gur seoladh doiciméid maidir le díolacháin chuig seanseoltaí custaiméirí seachas a seoltaí nua. D'ordaigh an rialaitheoir don phróiseálaí gan glacadh le hiarratais che-annacháin go dtí go gclárófaí athruithe ar na seoltaí, ach níor lean cuid de bhaill foirne ag an gcuntar na nósanna imeachta cearta go seasta.

Nuair a nótáil an DPC an patrún a bhain leis na sáruithe, d'aontaigh an rialaitheoir go raibh fadhb córasach ann ar theastaigh cúram ina leith óna ardbhainistíocht. Fad a bhí réiteach teicniúil á leagan amach agus á thástáil, ghlac an rialaitheoir agus an próiseálaí bearta eatramhacha lena n-áirítear athoiliúint a chur ar bhaill foirne, maoirseacht a mhéadú, agus fógra a thagadh aníos ar na scáileáin arna n-úsáid ag na baill foirne próiseála nuair a bhí díolacháin á gcur i gcrích, inar meabhraíodh dóibh a dhearbhú go raibh seoladh cláraithe reatha a chustaiméara i gceart. Chuir an rialaitheoir na hathruithe i bhfeidhm ina chórais IT d'fhonn cosc a chur le doiciméid díolacháin bheith á seoladh chuig seoltaí custaiméara míchearta, agus tháinig deireadh leis na sáruithe athfhillteacha.

Léirítear sa chás seo an bealach ina ndéanann an DPC monatóireacht ar sháruithe a dtugtar fógra ina leith faoi Airteagal 33 den GDPR chun fadhbanna córasacha a aithint, bíodh na fadhbanna sin i rialaitheoirí aonair, cineálacha tionscail nó earnálacha geilleagracha. Léirítear freisin an chaoi go bhféadann athruithe a bhfuil sé i gceist leo córais faisnéise a fheabhsú fothorthaí gan choinne bheith leo a dhéanann dochar d'ábhair sonraí agus don rialaitheoir. Ar deireadh, léirítear sa chás nach mór do ri-alaitheoirí monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na gcomhaontuithe próiseála lena chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag próiseálaithe ar nósanna imeachta maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus go gcloíonn siad leo.

## CÁS-STAIDÉAR 49

# Nochtadh neamhúdaraithe mar thoradh ar fhíschomhdháil

Bhain institiúid oideachais úsáid as feidhmchlár físchomhdhála chun cur ar chumas na mac léinn cuir i láthair a thabhairt do léachtóirí nuair a bhí cosc á chur le cruinnithe i bpearsa mar gheall ar shrianta na paindéime. Ionas go mbeifí in ann na cuir i láthair a roinnt le scrúdaitheoirí seachtracha, atá ina riachtanas, rinneadh iad a thaifeadadh. Bhí na rannpháirtithe ar fad ar an eolas faoin socrú seo, cé nach raibh sé beartaithe go mbeadh teacht ag mic léinn ar na taifeadtaí a rinneadh ar a gcuir i láthair.

Thug dhá ghrúpa mac léinn cuir i láthair do léachtóirí le linn seisiúin ar leith. I ndiaidh gach aon seisiúin, phléigh na léachtóirí obair na mac léinn ina measc féin. Taifeadadh na pléití seo freisin, ach bhí sé beartaithe iad a scriosadh amach sula roinnfí iad le scrúdaitheoirí seachtracha. Creideadh go mícheart nach raibh teacht ar thaifeadtaí sábháilte ach ag léachtóirí amháin. Is é fírinne an scéil go raibh teacht ag na rannpháirtithe ar fad ar iarradh orthu, na mic léinn a thug cuir i láthair ina measc, ar na taifeadtaí a rinneadh ar a seisiúin agus seoladh nasc go huathoibríoch chucu ar ríomhphost don chomhad ábhartha ar fhreastalaí na hinstitiúide. Dá bharr sin, bhí teacht ag mic léinn ar an bplé a rinne na léachtóirí maidir le hobair na mac léinn eile, ina raibh ráitis phearsanta maidir le roinnt de na mic léinn. Rinne roinnt mac léinn iad seo a rochtain. Sna laethanta ina dhiaidh sin, cuireadh sleachta thart ar fheidhmchláir teachtaireachta agus ar na meáin shóisialta.

Thuairiscigh an eagraíocht an sárú don DPC, a dhearbhaigh gur scriosadh na taifeadtaí a raibh teacht ag na mic léinn orthu, agus a shoiléirigh na céimeanna a ghlacfadh an eagraíocht chun na sleachta a bhaint de na meáin shóisialta ar ar postáladh iad. Chuir an DPC críoch lena mheasúnú maidir leis an sárú le moltaí cuimsitheacha maidir le trealamh IT a úsáid, físchomhdháil san áireamh, agus maidir le bearta lena gcinnteofaí go dtuigfeadh baill foirne agus mic léinn na beartais ábhartha maidir le cosaint sonraí agus go gcloídís leo.

Léirítear sa chás seo na rioscaí a d'fheadfadh bheith i gceist le húsáid a bhaint as físchomhdháil agus te-icneolaíochtaí comhchosúla. Ba chóir do rialaitheoirí sonraí a chinntiú go mbeadh cur amach ag na daoine a reáchtálann na feidhmchláir seo ar an mbealach a n-oibríonn siad agus a chinntiú go bhfuil siad á reáchtáil i gcomhréir leis an dlí maidir le cosaint sonraí. Ba chóir do rialaitheoirí sonraí a chinntiú go mbeadh beartais agus nósanna imeachta maidir le cosaint sonraí ina léiriú iomlán ar na cleachtais agus teicneolaíochta a úsáideann siad nuair atá sonraí pearsanta á bpróiseáil.

## CÁS-STAIDÉAR 50

# Nochtadh mar gheall ar ríomhphost a cuireadh ar míthreoir

Fuarthas fógra ó chomhlacht reachtúil a bhfuil feidhmeanna aige gearáin maidir le hiompar gairmiúil, oiliúint nó inniúlacht saineolaí a imscrúdú. Tharla an sárú ar shonraí nuair a rinneadh litir a bhain le gearán in aghaidh speisialtóir a cheangal le ríomhphost agus é a sheoladh chuig seoladh mícheart. Bhí sonraí pearsanta maidir le roinnt daoine aonair, lena n-áirítear sonraí maidir le sláinte, sa cheangaltán, agus bhí sé criptithe. Mar sin féin, eisíodh an pasfhocal don litir chriptithe i ríomhphost ar leith chuig an seoladh mícheart céanna.

Mar gheall ar an gcineál sonraí pearsanta agus an comhthéacs ar fad a bhí i gceist, tugadh le fios go raibh ardriosca i gceist d'ábhair sonraí. Ar an mbonn sin, dhearbhaigh an DPC gur cuireadh gach duine a bhí buailte ar an eolas faoin sárú, na rioscaí agus na bearta a bhí á ndéanamh ina leith, de réir mar a éilítear in Airteagal 34 den GDPR. Mheabhraigh an DPC don eagraíocht faoina hoibleagáid leanúnach maidir le sonraí pearsanta a nochtadh trí thimpiste a dhaingniú, agus faoin tábhacht a bhaineann le slándáil a chinntiú agus sonraí pearsanta á seoladh trí ríomhphost. Rinne an comhlacht reachtúil ath-bhreithniú ar a phróisis, beartais agus nósanna imeachta ar fad maidir le cosaint sonraí.

Tá ríomhphoist a sheoltar chuig an seoladh mícheart ar cheann de na cúiseanna is coitianta i leith sárú a thuairiscítear don DPC. Tá criptiú ina huirlis luachmhar chun cuidiú le cosaint a thabhairt ar nochtuithe trí timpiste. Mar sin féin, moltar meán ar leith a úsáid — ar nós glaoch guth____ áin nó teachtaireacht SMS — chun an pasfhocal a sheoladh ar aghaidh, mar is féidir na tairbhí a chur ar neamhní mar gheall ar bhotún amháin i seoladh ríomhphoist.

## CÁS-STAIDÉAR 51

# Ábhair bheith á gcur de láimh go míchuí ag institiúid oideachais

Chuir ollscoil atá dírithe ar an eolaíocht shláinte an DPC ar an eolas maidir le sárú a tharla de bharr ábhair ina raibh sonraí pearsanta bheith curtha de láimh go míchuí. Mar gheall ar shrianta na paindéime, bhí fostaí ag obair sa bhaile ar thionscadal earcaíochta. Bhí an fostaí ag obair ar chóipeanna clóbhuailte de líon iarratais ar phoist agus na CVanna a bhí a gabháil leo. D'ordaigh an eagraíocht d'fhostaithe a bhí ag obair sa bhaile priontáil a íoslaghdú agus doiciméid a scriosadh sula gcuirfí de láimh iad. Mar sin féin, chuir an fostaí na doiciméid earcaíochta in araid athchúrsála baile gan iad a scriosadh roimh ré. Mar gheall ar ghaoithe arda, scaipeadh ábhair na haraide, na doiciméid earcaíochta san áireamh.

Agus deireadh á chur lena iniúchadh maidir leis an sárú, rinne an DPC líon moltaí. Ní ar chleachtais oibre na bhfostaithe amháin a díríodh na moltaí seo, ach ar an ngné ba thábhachtaí, arbh é sin bearta teicniúla agus eagraíochtúla an rialaitheora. Cé go bhfuil sé tábhachtach go dtuigfeadh baill foirne dea-chleachtais maidir le cosaint sonraí agus go gcuirfeadh siad i bhfeidhm iad, is ar an rialaitheoir atá an fhreagracht a chinntiú go ndéanann siad amhlaidh agus go bhfuil bealach acu — lena n-áirítear gairis ar nós stiallairí, nuair is cuí — d'fhonn an caighdeán cosanta riachtanach a chomhlíonadh.

Tá an cás seo ina léiriú freisin go bhféadfaí, trí oibriú sa bhaile, timpeallacht oibre nó nósanna daoine a athrú ar bhealaí ina bhféadfadh rioscaí bheith i gceist do shonraí pearsanta. Ní i gcónaí a bhíonn saoráidí oifige, ar nós stialladh faoi rún, priontáil shlán nó seomraí príobháideacha le haghaidh pléití fiú — ar fáil nó indéanta sa bhaile. Dé réir mar a thiocfaidh méadú ar an líon daoine atá ag obair ó chian, beidh ar rialaitheoirí a n-acmhainní, beartais agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus a chur in oiriúint lena chinntiú go bhfuil siad leordhóthanach do rioscaí a bhaineann leis an timpeallacht ina dtagann siad chun cinn.

## CÁS-STAIDÉAR 52

# Seoltaí Ríomhphoist a nochtadh via ríomhphost grúpa

Fuair an DPC fógra maidir le sárú ó charthanas a thugann tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumais intleachta. Tharla an sárú nuair a úsáideadh an réimse CC seachas an réimse BCC chun nuachtlitir a sheoladh chuig faighteoirí trí ríomhphost. Ba é an toradh a bhí air sin gur nochtadh seoltaí ríomhphoist na bhfaighteoirí ar fad dóibh sin a léigh an ríomhphost. Is coitianta an cineál seo de shárú ar shonraí pearsanta ar minic é bheith ina thoradh ar earráid dhaonna shimplí agus a mbíonn rioscaí ísle ag baint leis de ghnáth. Cé gur dócha nár rioscaí suntasacha na rioscaí a bhain leis an gcás seo, léiríodh trí tuilleadh fiosrúcháin agus anailís a dhéanamh ar aighneachtaí chuig an DPC roimhe seo nach raibh mórán feasachta i measc bhaill foirne agus oibrithe deonacha an charthanais maidir le saincheisteanna agus freagrachtaí i ndáil le cosaint sonraí.

I ndiaidh don eagraíocht bheith i dteagmháil leis an DPC, tugadh isteach oiliúint do bhaill foirne agus oibrithe deonacha maidir le cosaint sonraí, agus tugadh aghaidh ar ról bainistíochta nua a chruthú ar a mbeadh freagracht i ndáil le cosaint sonraí a chomhlíonadh ar fud na heagraíochta.

Bíonn carthanais i mbun sonraí pearsanta daoine leochaileacha a phróiseáil go minic, agus is minic gur sonraí catagóire speisialta atá i gceist ar nós faisnéis maidir le

sláinte. Ceart bunúsach is ea cosaint sonraí san Aontas Eorpach agus teastaíonn cúram, pleanáil agus bearta eagraíochtúla cúramacha chun cearta daoine leochaileacha a chosaint. Ní mór acmhainní cuí maidir le bainistíocht agus comhlíonadh bheith ag teacht le dianobair agus dea-thoil na mball foirne agus oibrithe deonacha lena chinntiú go gcosnaítear cearta sonraí pearsanta.

## CÁS-STAIDÉAR 53

# Ionsaí Innealtóireachta Sóisialta

Thuairiscigh gnólacht dlí meánmhéide go raibh sé ina íospartach in ionsaí innealtóireachta sóisialta. D'oscail ball den fhoireann ríomhphost ó thríú páirtí mailíseach ar trí sin a suiteáladh bogearraí mailíseacha faoi rún ar an ríomhaire. Mar gheall ar na bogearraí mailíseacha, bhíothas in ann monatóireacht a dhéanamh ar chumarsáid ríomhphoist agus cuireadh ar chumas an drochghníomhaire suim airgid a bhaint de chliant le calaois. Thuairiscigh an gnólacht an sárú don DPC.

Trína theagmháil ón DPC leis an ngnólacht, fuair an DPC amach gur bhain an gnólacht úsáid as seirbhís ríomhphoist néil a úsáidtear go forleathan agus a ndearna conraitheoir bainistíocht uirthi. Níor cuireadh socruithe slándála bunúsacha, ar nós pasfhocail láidre agus fíordheimhniú ilfhachtóra, i bhfeidhm. I ndiaidh don ghnólacht an teagmhas a thabhairt faoi deara, coimisiúnaíodh imscrúdú iomlán ar an toirt chun bunchúis agus méid an tsáraithe a fháil amach. Bunaithe ar thorthaí an imscrúdaithe, ghníomhaigh an gnólacht go pras agus cuireadh bearta slándála teicniúla breise i bhfeidhm mar aon le hoiliúint bhreise do bhaill foirne maidir le cibearshlándáil agus cosaint sonraí. D'iarr an DPC go gcuirfí nuashonruithe ar fáil maidir le bearta slándála eagraíochtúla agus teicniúla cuí a chur i bhfeidhm chun cosc a chur le sárú den chineál céanna an athuair.

Léirítear i dtéarmaí follasacha sa chás seo nach féidir le heagraíocht talamh slán a dhéanamh de go bhfuil bearta leordhóthanacha i bhfeidhm díreach mar gheall go n-úsáidtear soláthraí seirbhíse aitheanta dá feidhmeanna ar nós ríomhphost, nó mar gheall go bhfostaítear tríú páirtí chun feidhmchláir a bhainistiú. Ní mór do rialaitheoirí agus próiseálaithe fós féin a chinntiú go bhfuil bearta slándála acu atá oiriúnach d'aon riosca a d'fheadfadh bheith ag gabháil leis na sonraí pearsanta a bhfuil siad freagrach astu.

## CÁS-STAIDÉAR 54

# Ardriosca féideartha a tháinig as sonraí míchruinne sa Lárchiste Creidmheasa

Fuair an Coimisiún fógra ó rialaitheoir a bhí ag plé le nithe airgeadais. Bhain an fógra le duine aonair ar tuairiscíodh a chuntas go mícheart don Lárchiste Creidmheasa. Cheannaigh an rialaitheoir cuntas an duine aonair mar chuid de dhíol punainne sa bhliain 2015 agus níorbh eol dó gur breithníodh an duine aonair ina fhéimheach sa bhliain 2014. Ní thagann daoine aonair a dearbhaíodh a bheith ina bhféimheach faoi raon feidhme na n-oibleagáidí tuairiscithe don Lárchiste Creidmheasa. Ní intuairiscithe don Lárchiste ach oiread atá cuntais ar ina leith a rinneadh tuairisceáin roimh thosach feidhme an Lárchiste Creidmheasa an 30 Meitheamh 2017.

Bhí deacracht ag an duine aonair iasacht a fháil toisc go ndearna an rialaitheoir a thaifead sa Lárchiste Creidmheasa, atá infheicthe ag institiúidí iasachtaí eile, a thuairisciú de bhotún a bheith beo agus i riaráiste. Measadh go raibh ardriosca ann do chearta agus saoirsí an duine aonair. Dá réir sin, chuir an rialaitheoir an duine aonair ar an eolas faoin sárú faoi Airteagal 34 RGCS. Thug an Coimisiún deimhniú don rialaitheoir gur leasaíodh taifead an duine aonair sa Lárchiste Creidmheasa. Mar mhaolú, thug an rialaitheoir bearta isteach lena gceanglaítear ar dhíoltóirí punann faisnéis faoi dhaoine aonair, amhail féimheachtaí, a nochtadh. Tá an cás seo mar fhianaise ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh córais i bhfeidhm chun slándáil agus sláine sonraí pearsanta a chinntiú faoi Airteagal 5(1)(f) RGCS. Ba cheart do rialai-

theoirí bheith ar an eolas faoi na sonraí pearsanta a shealbhaíonn siad faoi dhaoine aonair agus ba cheart dóibh bearta a bheith i bhfeidhm acu chun sonraí a mheas nuair a fhaigheann siad ó pháirtithe eile iad. Tá an cás seo mar fhianaise freisin ar an dualgas atá ar rialaitheoirí a chinntiú nach ndéantar aon athrú ar shonraí pearsanta agus nach ndéantar aon nochtadh neamhúdaraithe orthu don Lárchiste Creidmheasa, is cuma cé acu atá siad ceart nó mícheart, i gcás go gcruthódh sé sin riosca do dhaoine aonair.

## CÁS-STAIDÉAR 55

# Hacking seirbhís ríomhphoist tríú páirtí.

Baineann Ionad Cúraim Ospíse (Rialaitheoir) úsáid as seirbhísí Office 365, ar seirbhís néalbhunaithe ríomhphoist í. D'fhostaigh sé Sainchomhairleoirí TF tríú páirtí freisin. Fuarthas foláireamh ó Fhoireann Office 365 á rá gur braitheadh patrún amhrasach cur ríomhphost, rud a d'eascair as ionsaí lántrialach agus a chuir faisnéis aitheantais úsáideora i mbaol. Shealbhaigh an Rialaitheoir sonraí ar roinnt freastalaithe agus luaigh sé go raibh an riosca íseal toisc nár asbhaineadh aon sonraí. D'iarr an Coimisiún ar na rialaitheoirí mionsonraí faoi na sonraí pearsanta agus na sonraí pearsanta íogaire a bhí i gceist agus/nó cóip díobh a sholáthar dó. Lean an rialaitheoir lena chur in iúl don Choimisiún gur chreid sé nach raibh aon sárú sonraí ann. Rinne an Soláthraí TF Iniúchadh Office 365 gach ráithe, ar lena linn a shainaithin an soláthraí seirbhíse roinnt moltaí. I measc nithe eile, mhol sé go gcuirfí fíordheimhniú ilfhachtóra i bhfeidhm i leith gach cuntais úsáideora agus go ndíchumasófaí rialacha cur ar aghaidh ar gach cuntas.

Agus é ag plé le fíorais an tsáraithe, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an Tuarascáil Fhóiréinseach a fuarthas ó thríú páirtí. Suíodh sa Tuarascáil sin nár chuir an rialaitheoir fíordheimhniú ilfhachtóra chun feidhme, cé gur moladh dó déanamh amhlaidh in iniúchtaí roimhe sin. Ina theannta sin, ní raibh na rialaitheoirí in ann catagóirí ná cineál na sonraí pearsanta a bhí faoi rialú acu a leagan amach go cuí. Shuigh na Sainchomhairleoirí TF gur gnóthaíodh an fhaisnéis aitheantais mar thoradh ar ionsaí lántrialach, rud a d'fhéadfaí a chosc trí fhíordheimhniú ilfhachtóra a thabhairt isteach. Bunaithe ar chomhairle ó na Sainchomhairleoirí TF, athshocraíodh an pasfhocal úsáideora a bhí truaillithe agus tugadh fíordheimhniú ilfhachtóra isteach don úsáideoir seo. Tá fíordheimhniú ilfhachtóra á thabhairt isteach ag an rialaitheoir do gach úsáideoir anois. D'fhéadfaí an sárú seo a chosc dá dtabharfaí moltaí an iniúchta isteach ar bhealach tráthúil.




# Nochtadh / Nochtadh neamhúdaraithe

## CÁS-STAIDÉAR 56

### Faisnéis airgeadais a bheith á seoladh mar chóip charbóin chuig bialann go hearráideach (An dlí is infheidhme — na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 (na hAchtanna))

Fuaireamar gearán a bhain le nochtadh líomhnaithe shonraí pearsanta na ngearánach do thríú páirtí ag comhlacht díoltóireachta mótarfheithiclí. Chun carr a cheannach trí Phlean Conartha Pearsanta, thug na gearánaigh cóipeanna dá gceadúnais tiomána agus dá sonraí bainc don chomhlacht díoltóireachta. Áiríodh leis na sonraí sin ráitis bhainc agus lánsonraí cuntais. Cuireadh iad ar áireamh ina dhiaidh sin i ríomhphost a seoladh ón gcomhlacht díoltóireachta chuig seoladh ríomhphoist tríú páirtí, a measadh a bheith ina sheoladh atá bainteach le banc. Cuimsíodh sa ríomhphost sin ceadúnais tiomána agus sonraí bainc na ngearánach. Bhí imní ar na gearánaigh gur sheoladh ríomhphoist de chuid bialainne a bhí i seoladh ríomhphoist an tríú páirtí. Rinne siad teagmháil leis an gcomhlacht díoltóireachta faoi sin. Dearbhaíodh dóibh, áfach, gur le banc a bhain an seoladh ríomhphoist i gceist agus go raibh an seoladh ríomhphoist slán.

Bhí imní ar na gearánaigh fós faoi úinéireacht an tseolta ríomhphoist. Rinne siad taighde ar líne ar an ní agus ba dheimhin leo gur sheoladh ríomhphoist de chuid bialainne a bhí sa seoladh ríomhphoist. Chun na hábhair amhrais a bhí acu a dheimhniú, sheol cara leis na gearánaigh ríomhphost chuig an seoladh i gceist. Deimhníodh sa fhreagra a fuarthas gur sheoladh ríomhphoist de chuid bialainne é.

Le linn ár scrúdaithe, d'admhaigh an comhlacht díoltóireachta gur seoladh an ríomhphost go hearráide-ach chuig an seoladh mícheart. D'ainneoin na hadmhála sin, ba shoiléir nach ndearnadh aon iarracht ina dhiaidh sin dul i dteagmháil leis an mbialann chun a iarraidh go scriosfadh an faighteoir neamhbheartaithe an fhaisnéis a seoladh chuige go hearráideach. Ar ordú a fháil ón oifig seo, fuaireamar deimhniú go ndeachaigh an comhlacht díoltóireachta i dteagmháil leis an mbialann agus d'iarr sé go scriosfaí an ríomhphost, na doiciméid san áireamh. Chuir an comhlacht díoltóireachta moladh ar aghaidh le haghaidh teacht ar réiteach cairdiúil. Ghlac na gearánaigh leis an moladh sin.

Léirítear sa chás seo go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanann rialaitheoirí sonraí (agus a bhfostaithe) cleach28 tas beart réamhchúramach a chur chun feidhme agus a úsáid agus iad ag tarchur sonraí pearsanta, agus faisnéis airgeadais go háirithe, go leictreonach. Is le nochtadh neamhúdaraithe a bhaineann céatadán suntasach de na fógraí faoi sháruithe sonraí a fhaigheann an Coimisiún. Cúis choitianta leo sin is ea ríomhphoist a bheith á

seoladh go hearráideach chuig an seoladh mícheart. I gcás go sainaithníonn rialaitheoir sonraí gur tháinig teagmhas den sórt sin chun cinn, ní leor é a admháil, is cuma cé acu a admhaítear é don ábhar sonraí nó a admhaítear é don Choimisiún. Ina ionad sin, tá sé de dhualgas ar an rialaitheoir sonraí gach beart réasúnach a dhéanamh chun sárú den sórt sin a leigheas. Áirítear leo sin ríomhphost a athghairm ón seoltóir, iarraidh ar an bhfaighteoir neamhbheartaithe a dheimhniú gur scrios sé/sí an ríomhphost agus, ina dhiaidh sin, bearta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú nach dtarlódh a leithéid choíche. Is iad earráidí daonna a dhéanann baill foirne is cúis leanúnach le hardriosca go ndéanfaí sáruithe sonraí. Tá sé ríthábhachtach go ndéantar iarracht na rioscaí sin a mhaolú trí fheasacht ar chosaint sonraí a bhrú chun cinn ar fud na heagraíochta, go háirithe i ndáil le baill foirne nua.

## CÁS-STAIDÉAR 57

# Sárú sonraí ag an bPríomh-Oifigeach Staidrimh — Nochtadh sonraí P45 (An dlí is infheidhme — na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003)

Fuaireamar roinnt gearán go mall sa bhliain 2017 in aghaidh na Príomh-Oifige Staidrimh. Líomhnaíodh i ngach ceann díobh gur nocht an Phríomh-Oifig Staidrimh sonraí pearsanta na ngearánach lenar bhain gan a fhios dóibh agus gan toiliú a fháil uathu. Bhain na gearáin le sárú sonraí a thuairiscigh an Phríomh-Oifig Staidrimh dúinn (de réir an Chóid Chleachtais um Sháruithe Slándála i nDáil le Sonraí Pearsanta, ar cód cleachtais deonach é) agus do na daoine aonair lenar bhain freisin.

D'eascair an sárú sonraí as gníomhartha a rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh chun freagra a thabhairt ar thrí iarraidh a fuarthas thar thréimhse cúig lá ó iar-áiritheoirí daonáirimh ar leith a bhí ag iarraidh a bhfaisnéise P45. Ní hé amháin gur sheol an Phríomh-Oifig Staidrimh faisnéis P45 na ndaoine lenar bhain, ach sheol sí faisnéis P45 na mílte áiritheoirí eile daonáirimh freisin. D'inis an Phríomh-Oifig Staidrimh dúinn gur sainaithníodh an sárú sonraí nuair a bhí ball foirne ag caitheamh súil ar an mbosca ríomhphoist míreanna seolta dá cuid, rud a rinneadh mar chuid de chleachtais chaighdeánacha dícheall chuí na Príomh-Oifige Staidrimh. Dheimhnigh an Phríomh-Oifig Staidrimh gur cuimsíodh sonraí pearsanta amhail Uimhreacha PSP, dátaí breithe, seoltaí agus an tuilleamh ón bhfostaíocht mar áiritheoirí daonáirimh san fhaisnéis P45 tríú páirtí a nochtadh.

Le linn ár n-imscrúdaithe, chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh in iúl dúinn gurbh amhlaidh, ar an sárú a aimsiú, gur thug sí fógra do na faighteoirí faoin earráid, a dheimhnigh ina dhiaidh sin i scríbhinn gur scrios siad na comhaid. D'inis an Phríomh-Oifig Staidrimh dúinn gur thug sí fógra do gach duine aonair lenar bhain faoi fhíricí an tsáraithe mar a bhain siad le gach duine aonair. Chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh in iúl dúinn freisin gurb amhlaidh, tar éis an tsáraithe sonraí, gur chuir sé raon nósanna imeachta nua chun feidhme le haghaidh iarrataí P45 a láimhseáil. Áiríodh leo sin riail nach dtabharfaí freagra ar iarrataí P45 ach amháin trí chasadh an phoist ón uair sin i leith.

Bhí tionchar ag an sárú sonraí sin ar na mílte duine ar cuimsíodh a sonraí pearsanta sna comhaid a nochtadh go neamhdhleathach don triúr iar-áiritheoirí. B'amhlaidh go bunúsach gur i dtriarach a tharla an teagmhas, toisc gur le trí chumarsáid amach ar leith a ceanglaíodh na comhaid a nochtadh go hearráideach. Bheifí in ann an teagmhas sin a chosc dá mba rud é go raibh na próisis chuí i bhfeidhm ag an bPríomh-Oifig Staidrimh le haghaidh formhaoirseacht a dhéanamh ar eisiúint sonraí pearsanta a bhaineann le cáin.

D'eisigh an Coimisiún roinnt cinntí aonair ar na gearáin a fuarthas i dtaca leis an sárú. Chinn sé i ngach cás go ndearnadh sárú ar alt 2A(1) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, toisc gur próiseáladh sonraí pearsanta gan bunús dlí, mar a bhí soiléir sa tuairisc sáraithe a sheol an Phríomh-Oifig Staidrimh chuig an gCoimisiún. Tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar na bearta nua a chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh chun feidhme chun a chinntiú nach dtarlódh a leithéid choíche, ba dheimhin leis an gCoimisiún gur thug sí aghaidh go cuimsitheach ar na mainneachtainí ba chúis leis an teagmhas. Mar sin féin, bhí na nósanna imeachta eagraíochtúla nua sin ina léiriú gurbh amhlaidh, maidir leis na bearta a bhí i bhfeidhm roimhe le haghaidh freagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis a bhaineann le cáin, go raibh siad easnamhach ó thaobh dhlíthiúlacht na próiseála agus shlándáil agus rúndacht na sonraí pearsanta atá á sealbhú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh a chinntiú de.

## CÁS-STAIDÉAR 58

# Tras-scríbhinn comhrá Gréasáin de chuid Ryanair a bheith á seoladh chuig custaiméir eile (An dlí is infheidhme — an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018)

Fuaireamar gearán ó ábhar sonraí a ndearna Ryanair an comhrá Gréasáin a bhí aige le fostaí de chuid Ryanair a nochtadh de thaisme i ríomhphost chuig duine eile a bhain úsáid as seirbhís comhrá Gréasáin Ryanair. I dtras-scríbhinn an chomhrá Gréasáin, tugadh ainm an ghearánaigh, ainm a pháirtnéara, a sheoladh ríomhphoist, a uimhir fóin agus a phleananna eitilte. D'inis an gearánach dúinn gurb é an duine ar seoladh tras-scríbhinn a chomhrá Gréasáin chuige trí earráid an duine a tharraing a aird ar an nochtadh.

Le linn dúinn an gearán a scrúdú, fuaireamar amach gurb é tríú páirtí a sholáthraíonn seirbhís comhrá Gréasáin bheo Ryanair, ar páirtí é atá ina phróiseálaí sonraí do Ryanair. Fuaireamar amach freisin go bhfuil feidhm uathlíonta ag an gcóras lena seoltar tras-scríbhinní na gcomhráite Gréasáin trí ríomhphost. Leis an bhfeidhm sin, líontar an réimse faighteora le seoladh ríomhphoist an chustaiméara dheireanaigh ar seoladh ríomhphost chuige. Ar an dáta a bhí i gceist, fuair an próiseálaí sonraí iarrataí ó cheathrar custaiméirí de chuid Ryanair ar thras-scríbhinní a gcomhráite Gréasáin. Phróiseáil an t-aon ghníomhaire amháin na hiarrataí sin. Dá ainneoin sin, ní dhearna an gníomhaire seoladh ríomhphoist an fhaighteora a athrú agus é ag seoladh na dtras-scríbhinní, rud a d'fhág gur seoladh iad chuig na faighteoirí míchearta. Chuir Ryanair in iúl dúinn gurb amhlaidh, chun a chinntiú nach dtiocfadh an fhadhb sin chun cinn choíche, gur dhíchumasaigh an próiseálaí sonraí an córas comhrá Gréasáin bheo agus gur cuireadh oiliúint athnuachana sa Rialachán Ginearálta ar an bhfoireann.

Is as úsáid a bhaint as na feidhmeanna uathlíonta i mbogearraí a eascraíonn an-chuid de na gearáin a fhaigheann an Coimisiún maidir leis an nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta i gcomhthéacs leictreonach e.g. ríomhphoist a bhfuil sonraí pearsanta iontu a bheith á seoladh chuig an bhfaighteoir mícheart. Cé go bhféadfadh go measfadh rialaitheoirí sonraí gur uirlis úsáideach sábhála ama í sin le haghaidh sonraí a iontráil, tá rioscaí dúchasacha ag baint léi i gcás go mbaintear úsáid aisti chun sonraí faighteora a líonadh chun críocha sonraí pearsanta a tharchur. Dá bhrí sin, ba cheart feidhmeanna uathlíonta a úsáid go cúramach agus, i gcás go gcinneann rialaitheoirí feidhm den sórt sin a chomhtháthú isteach ina mbogearraí chun críocha próiseála sonraí, ba cheart coimircí eile a úsáid, amhail bréagsheoltaí i dtús an leabhair sheoltaí nó leideanna ar an scáileán chun sonraí an fhaighteora a sheiceáil an athuair. Maidir leis an bprionsabal um shlándáil agus rúndacht sonraí pearsanta a chosaint, téann seisean agus cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú i dteannta a chéile. Is amhlaidh sin toisc go ndéantar na caighdeáin is airde le haghaidh sonraí pearsanta a chosaint a úsáid, go háirithe maidir le hiomláine, slándáil agus rúndacht sonraí pearsanta a áirithiú, nuair a bhíonn rialaitheoirí sonraí agus próiseálaithe sonraí ag ceapadh céimeanna i gclár próiseála sonraí pearsanta nó i mbogearraí próiseála sonraí pearsanta.

## CÁS-STAIDÉAR 59

# Sonraí a bheith á dtarchur ag Roinn Rialtais trí WhatsApp (An dlí is infheidhme — na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 (na hAchtanna))

Fuaireamar gearán in aghaidh na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála á líomhain gur chomhroinn an misean i gCaireo, an Éigipt, sonraí pearsanta an ghearánaigh le tríú páirtí (a fhostóir) gan a eolas ná a thoiliú agus gur mhainnigh an Roinn sonraí pearsanta an ghearánaigh a choinneáil slán sábháilte, agus WhatsApp á úsáid aici chun na sonraí a tharchur chuig a fhostóir. Bhain an cás seo leis an bpróiseáil ar shonraí pearsanta an ghearánaigh, a tugadh in iarratas ar víosa ghearrthéarmach a chuir sé isteach chun scrúdú a dhéanamh in Éirinn.

Le linn ár n-imscrúdaithe, chuir an Roinn in iúl dúinn go mbíonn sé mar ghnáthchleachtas aici cruinneas agus iomláine na n-iarratas agus bailíocht na ndoiciméad tacaíochta a mheas agus iarratais ar víosa á bpróiseáil aici. Dar leis an Roinn, tháinig amhras chun cinn faoina fhírinní a bhí doiciméad tacaíochta amháin a chuir an gearánach isteach, rud ar airbheartaíodh gur shínigh a fhostóir é. Chun bailíocht an doiciméid a fhíorú, rinne ball foirne i misean Chaireo teagmháil leis an bhfostóir (ar oifigeach de chuid gníomhaireacht rialtais san Éigipt é, a raibh a ainm agus a shíniú le feiceáil ar an doiciméad) thar an teileafón toisc go raibh sé sa riocht is fearr chun an bharántúlacht a fhíorú. Dheimhnigh an fostóir gur ghá dó an doiciméad a fheiceáil sula bhféadfadh sé é a fhíorú. Ós rud é nach raibh aon seoladh ríomhphoist oifigiúil aige, ní raibh sé in ann é a fháil ach amháin trí WhatsApp. D'inis an Roinn dúinn gurbh amhlaidh, sular sheol sí na sonraí trí WhatsApp, go ndearna sí measúnú riosca áitiúil, ar lena linn a d'fhéach sí ar an tslándáil/an criptiú a bhaineann le WhatsApp. Bunaithe ar an gcriptiú ó cheann ceann atá ar fáil ar WhatsApp agus mar gheall ar phráinne an iarratais ar víosa, mar a leag an gearánach amach san iarratas uaidh, tháinig an Roinn ar an gconclúid go raibh sé sin ar an modh tarchuir is sláine a bhí ar fáil. Sa chomhthéacs sin, chuir an Roinn in iúl dúinn nach bhfuil rochtain ag a lán oifigeach rialtais agus státseirbhíseach san Éigipt ar chuntais/córais ríomhphoist oifigiúla agus go n-úsáideann siad seirbhísí amhail Gmail, Hotmail, WhatsApp agus Viber go minic chun gnó oifigiúil a sheoladh. Sa chás seo, dheimhnigh an t-oifigeach rialtais a bhí i gceist go raibh WhatsApp ar an aon mhodh cumarsáide amháin a bhí ar fáil dó.

Seoladh na doiciméid trí WhatsApp ach úsáid a bhaint as fón póca an aon bhaill foirne amháin i misean Chaireo a raibh WhatsApp aige. Scriosadh na doiciméid ón ngléas díreach tar éis iad a sheoladh. Mar a tharla ar deireadh, d'inis an t-oifigeach do mhisean Chaireo go raibh na doiciméid calaoiseach agus diúltaíodh don iarratas ar víosa dá bharr sin.

Le linn ár n-imscrúdaithe, dúirt an gearánach linn go raibh cúiteamh arbh fhiú €3,000 é á lorg aige ón Roinn. Ba é sin an costas ar an scrúdú a dhéanamh in Éirinn, costas a chaill sé. Tar éis don Choimisiún a chur in iúl don ghearánach nach raibh sé de chumhacht aici cúiteamh a dhámhachtain, d'iarr an gearánach cinneadh foirmiúil ón gCoimisiún.

Agus é ag breithniú cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh sárú ar na hAchtanna nuair a sheol an Roinn sonraí pearsanta an ghearánaigh chuig an oifigeach a bhí i gceist trí WhatsApp, rinne an Coimisiún iarracht teacht ar na fíricí maidir le cé acu ba ghá nó nár ghá an fhaisnéis a bhí i gceist a tharchur ar an gcéad dul síos agus, ar an dara dul síos, cé acu a bhí nó nach raibh an tarchur slán, lenar áiríodh an cheist maidir le cé acu a bhí nó nach raibh an Roinn in ann modhanna níos sláine a úsáid chun na sonraí a tharchur. Ar an gcéad cheist, ba dheimhin leis an gCoimisiún gur ghá don Roinn sonraí pearsanta an ghearánaigh a chomhroinnt leis an oifigeach, a bhí ainmnithe mar fhostóir san iarratas ar víosa ghearrthéarmach agus ar airbheartaíodh gur shínigh sé doiciméid tacaíochta áirithe. Maidir leis sin, thugamar faoi deara go luaitear go sainráite sa bheartas príobháideachta ábhartha (an beartas atá i bhfeidhm ag Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann) gur ar an iarratasóir atá an dualgas cruthúnais i ndáil le haon iarratas ar víosa agus go bhféadfaidh an t-oifigeach víosa fíorú a dhéanamh ar aon fhianaise a chuirfear isteach chun tacú le hiarratas. Luaitear sa bheartas freisin go bhféadfar aon fhaisnéis a thabharfar i bhfoirm iarratais a nochtadh do rialtais eachtracha agus do chomhlachtaí eile, i measc daoine eile, chun críocha inimirce.

Ós rud é nach raibh aon mhodhanna slána eile ar fáil chun teagmháil a dhéanamh leis an oifigeach a bhí i gceist, ba dheimhin leis an gCoimisiún gur ghá an fhaisnéis a tharchur trí WhatsApp chun na sonraí pearsanta a phróiseáil chun na críche ar chuici soláthraíodh iad (incháilitheacht do víosa). Ba dheimhin leis freisin

gur tugadh fógra don ghearánach á rá go bhféadfaí doiciméid tacaíochta a chomhroinnt le tríú páirtithe chun barántúlacht a fhíorú. Thug an Coimisiún aird freisin ar an bhfíric go bhfuarthas amach sa mheasúnú riosca áitiúil a rinne an Roinn gur tharla sé, sna himthosca, go raibh WhatsApp ar an modh tarchuir is sláine chun na sonraí pearsanta a sheoladh. Dá réir sin, chinn an Coimisiún gur ghníomhaigh an Roinn i gcomhréir leis na hAchtanna.

Ba chás eisceachtúil é seo, a d'eascair as na himthosca ar leith ar an talamh sa tír a bhí i gceist. B'amhlaidh go raibh WhatsApp ar an modh is sláine a bhí ar fáil chun faisnéis a tharchur chun críocha oifigiúla agus, cé gur oifigeach rialtais é, ní raibh aon rochtain ag fostóir an ghearánaigh ar chóras cumarsáide oifigiúil trína bhféadfaí na sonraí pearsanta a tharchur. Sa chás seo, cuireadh na príomhphrionsabail chosanta sonraí um riachtanas agus um chomhréireacht agus comhthéacs uathúil na próiseála a bhí i gceist sa mheá agus chinn an Coimisiún gur ghníomhaigh an Roinn i gcomhréir leis na hAchtanna. Ní dóigh go ndéanfaí an cinneadh céanna i gcás coibhéiseach ina raibh cainéil chumarsáide oifigiúla eile ar fáil chun na sonraí pearsanta a bhí sna doiciméid tacaíochta a tharchur.

## CÁS-STAIDÉAR 60

# FSS/ Ghníomhaireacht um Chúram Sláinte

In 2019, fuair an DPC gearán maidir le nochtadh sonraí othair trí theachtaire Facebook ag taisceoir ospidéil maidir lena bheith i láthair ag Aonad Luath- Thoirchis ospidéil. Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an ngearán, shoiléirigh FSS don CCS go raibh gníomhaire cúraim sláinte a d'fhoilsigh an FSS i mbun an taisce ospidéil a nocht faisnéis phearsanta an othair. Rinne an DPC teagmháil leis an ngníomhaireacht agus lorg sí nuashonrú maidir lena imscrúdú inmheánach, sonraí ar aon ghníomh feabhais chomh maith le sonraí faoi aon ghníomh araíonachta a rinneadh i gcoinne an fhostaí i gceist. Ag an am céanna, chuir an CCS in iúl don FSS, mar go ndéanann sé conradh ar an gcuideachta atá i gceist chun foireann ghníomhaireachta a chur ar fáil chun obair san ospidéal, gurb é FSS an rialaitheoir sonraí i ndeireadh na dála maidir leis na sonraí pearsanta sa chás seo.

Tarraingíodh siar an gearán ina dhiaidh sin ag an aturnae ag gníomhú thar ceann na mná tar éis comhaontú a bheith comhaontaithe idir an páirtí lena mbaineann agus an t-ospidéal / an ghníomhaireacht cúram sláinte. Féadfaidh rialaitheoirí sonraí / próiseálaithe sonraí a bheith faoi dhliteanas faoi dhuine faoi Alt 117 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 maidir le damáistí mura gcomhlíonann siad an dualgas cúraim atá orthu i ndáil le sonraí pearsanta atá ina seilbh.

Níl aon ról ar bith ag an CCS maidir le déileáil le héilimh chúitimh agus níl feidhm ar bith aige maidir le haon imeachtaí den sórt sin a dhéanamh faoi Alt 117 d'Acht 2018 nó i soláthar aon chomhairle dlí den sórt sin. Léiríonn an cás seo go bhfuil oiliúint leanúnach riachtanach don fhoireann go léir maidir lena ndualgais faoin dlí um chosaint sonraí agus go gcaithfidh rialaitheoirí dícheall cuí a dhéanamh agus iad féin a shásamh go bhfuil aon chonraitheoirí / próiseálaithe a bhfuil siad rannpháirteach iontu lánoilte agus sásta cloí le dlíthe cosanta sonraí.

CÁS-STAIDÉAR 61

# Nochtadh neamhúdaraithe taifead ríomhshonrasctha fóin póca, ina raibh sonraí pearsanta, ag cuideachta teileachumarsáide, d'iarfhostóir an ábhair sonraí (An dlí is infheidhme: Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 ("na hAchtanna"))

## Cúlra

D'iarr an gearánach, i rith tréimhse fostaíochta san am atá caite, ar an cuideachta teileachumarsáide ("An cuideachta teileachumarsáide") a huimhir fóin póca phearsanta a nascadh le cuntas an fhostóra a bhí aici ag an am. Chuir sin ar chumas an ghearánaigh leas a bhaint as lascaine a bhain le cód grúpa An cuideachta teileachumarsáide an fhostóra sin. Cé gur athraíodh an t-ainm ar chuntas an ghearánaigh go dtí ainm an iar-fhostóra, bhain seoladh baile an ghearánaigh leis an gcuntas i gcónaí agus ba é an gearánach a bhí freagrach i gcónaí as aon bhillí a íoc.

Nuair a tháinig deireadh leis an gcaidreamh fostaíochta sin, rinne an gearánach teagmháil le An cuideachta teileachumarsáide agus d'iarr (i) go gcuirfí srian ar an rochtain a bhí ag a hiar-fhostóir ar a cuntais fóin póca; agus (ii) an cuntas a dheighilt ó chuntas a hiar-fhostóra. De bhun an iarrata sin, ghlac bainisteoir cuntais de chuid An cuideachta teileachumarsáide roinnt céimeanna ag ceapadh (go mícheart) go ndéanfaí cuntas an ghearánaigh a dheighilt ó chuntas a iar-fhostóra. Tháinig an gearánach chun fios a bheith aici, áfach, gur lean a hiar-fhostóir ar aghaidh ag déanamh rochtana ar a taifid chuntais i ndiaidh di an iarraidh sin a dhéanamh. De bhun fiosrúchán breise ón ngearánach, tháinig An cuideachta teileachumarsáide ar a earráid agus rinne cuntas an ghearánaigh a dheighilt ó chuntas a hiar-fhostóra ar deireadh.

Rinne an gearánach gearán le An cuideachta teileachumarsáide ina dhiaidh sin. I ndiaidh do An cuideachta teileachumarsáide an gearán a fhiosrú, chuir siad in iúl don ghearánach nach raibh taifead acu ar an iarraidh bhunaidh maidir le srian a chur ar rochtain ar an gcuntas. Sna himthosca sin, chuir an gearánach gearán ar aghaidh chuig an oifig seo.

## Imscrúdú

Le linn ár n-imscrúdaithe, d'admhaigh An cuideachta teileachumarsáide nárbh leor an chéad ghníomh a rinne a bhainisteoir cuntais mar nár dheighil sé cuntas an ghearánaigh ó chuntas a hiar-fhostóra agus nár chuir sé cosc ar a hiar-fhostóir rochtain a fháil ar a taifid ríomhshonrasctha. D'admhaigh An cuideachta teileachumarsáide freisin nach raibh taifid iomlána aige nuair a d'imscrúdaigh sé gearán an ghearánaigh. Dhearbhaigh sé, maidir leis sin, go raibh iarraidh bhunaidh an ghearánaigh, maidir le srianadh/deighilt, aimsithe aige.

Dá bharr sin, ba iad na saincheisteanna a bhí le cinneadh, cibé an ndearna An cuideachta teileachumarsáide, mar Rialaitheoir Sonraí, na nithe seo a leanas:

1. Bearta slándála cuí a chur i bhfeidhm, ag féachaint d'Ailt 2(1)(d) agus 2C(1) de na hachtanna d'fhonn sonraí pearsanta an ghearánaigh a chosaint in aghaidh rochtana neamhúdaraithe, agus in aghaidh nochtadh le tríú páirtí (i.e. iar-fhostóir an ghearánaigh); agus
2. sonraí an ghearánaigh a choinneáil beacht, iomlán agus cothrom le dáta, mar a éilítear faoi Alt 2(1)(b) de na hAchtanna.

## Bearta Slándála Cuí

Fuair an oifig seo nár chuir An cuideachta teileachumarsáide bearta slándála cuí i bhfeidhm chun sonraí pearsanta an ghearánaigh a chosaint in aghaidh rochtana neamhúdaraithe ag a iar-fhostóir ná in aghaidh nochta leis. Ba léir sin mar gheall gur lean iar-fhostóir an ghearánaigh ar aghaidh ag déanamh rochtana ar a taifid ríomhshonrasctha d'ainneoin na ngníomhartha thosaigh a rinne An cuideachta teileachumarsáide.

Thug an oifig seo ar aird freisin an oibleagáid, arna leagan amach in Alt 2C(2) de na hAchtanna, go bhfuil ar Rialaitheoir Sonraí maidir le gach céim réasúnach a ghlacadh lena chinntiú — (a) go mbeidh na daoine atá fostaithe aige nó aici … ar an eolas faoi na bearta slándála cuí réamhluaite agus go gcloífidh siad leo. Fuair an oifig seo nár chomhlíon An cuideachta teileachumarsáide a chuid oibleagáidí maidir leis sin. Arís, ba léir é sin mar gheall gur cheap an bainisteoir cuntais a chuaigh i mbun gnímh i ndáil le hiarraidh an ghearánaigh ar an gcéad dul síos, go mícheart, gur leor iad na gníomhartha a rinneadh chun cuntas an ghearánaigh a dheighilt ó chuntas a hiar-fhostóra.

### Beacht, iomlán agus suas le dáta

Chuir an oifig seo san áireamh freisin, an tráth a ndearna an gearánach a gearán le An cuideachta teileachumarsáide, nach raibh An cuideachta teileachumarsáide in ann a hiarraidh thosaigh, maidir lena cuntas a shrianadh, a aimsiú. An toradh a bhí air sin, gur tháinig imscrúdú An cuideachta teileachumarsáide féin ar ghearán an ghearánaigh ar an gconclúid mhícheart. Dá réir sin, agus d'ainneoin gur cuireadh cúrsaí ina gceart ina dhiaidh sin, fuair an oifig seo gur theip ar An cuideachta teileachumarsáide cloígh lena oibleagáidí faoi Alt 2(1)(b) de na hAchtanna in imthosca nach raibh taifid an ghearánaigh, amhail an tráth ábhartha, beacht, iomlán ná suas le dáta.

### Príomhthátail

Is léir ón gcás-staidéar thuas gur oibleagáid leanúnach í an oibleagáid maidir le sonraí pearsanta a choimeád slán agus sábháilte. Ní mór do rialaitheoirí sonraí a chinntiú go ndéanann siad monatóireacht agus measúnú leanúnach ar éifeachtacht a mbearta slándála, agus a chur san áireamh go bhfuil seans ann go dtiocfaidh athrú ar imthosca nó ar shocruithe maidir lena ngníomhaíochtaí próiseála sonraí ó am go ham. Sa chás seo, theip ar an Rialaitheoir Sonraí an gníomh riachtanach a dhéanamh chun an t-athrú ar imthosca a léiriú, imthosca a chuir an gearánach in iúl nuair a d'iarr sí go gcuirfí srian ar a chuntas agus go ndéanfaí é a dheighilt ó chuntas a hiarfhostóra. Tarraingíonn an cás-staidéar aird bhreise ar an tábhacht a bhaineann le hoiliúint éifeachtach d'fhostaithe i ndáil le prótacail inmheánacha ar bith.

.

## CÁS-STAIDÉAR 62

# Nochtadh líomhnaithe shonraí pearsanta an ghearánaigh ag údarás áitiúil (Gearán Sáraithe Shonraí)

Fuair an DPC gearán ó dhuine aonair maidir le nochtadh líomhnaithe shonraí pearsanta an ghearánaigh ag údarás áitiúil. Líomhnaigh an gearánach go raibh ainm an ghearánaigh, a sheoladh poist agus eolas a bhain le híocaíocht cúnaimh tithíochta go hearráideach chuig tríú páirtí nochtaithe ag an údarás áitiúil. Bhí an t-údarás áitiúil tar éis cur in iúl don duine aonair gur tharla an nochtadh seo. Bhí an duine aonair míshásta, áfach, leis na bearta a rinne an t-údarás áitiúil mar fhreagra ar an nochtadh agus níor mhian leis dul i dteagmháil tuilleadh leis an údarás áitiúil agus é i gceist réiteach cairdiúil an ghearáin a lorg.

Scrúdaigh an DPC an gearán agus rinne sé teagmháil leis an údarás áitiúil chun tuilleadh eolais a lorg maidir le líomhaintí an duine aonair. Dheimhnigh an t-údarás áitiúil don DPC go raibh sárú sonraí pearsanta tar éis tarlú nuair a cuireadh sonraí pearsanta an ghearánaigh san áireamh, go hearráideach, i bhfreagra ar iarratas Saorála Faisnéise chuig tríú páirtí.

Chomh maith leis an eolas a cuireadh ar fáil ag an údarás áitiúil don DPC i gcomhthéacs a scrúdaithe den ghearán, cuireadh an eachtra faoi thrácht in iúl don DPC ag an údarás áitiúil mar shárú sonraí pearsanta, faoi mar a éilítear ag Airteagal 33 den GDPR. Sa chomhthéacs sin, rinne an DPC teagmháil leitheadach leis an údarás áitiúil maidir le cúinsí an tsáraithe shonraí phearsanta, na bearta slándála sonraí a bhí i bhfeidhm ag an am gur tharla an sárú sonraí pearsanta agus na bearta maolaitheacha a rinne an t-údarás áitiúil, lena n-áirítear iarrachtaí leanúnacha an údaráis áitiúil chun na sonraí a fháil ar ais ón bhfaighteoir.

Bunaithe ar an eolas seo, thug an DPC chun críche a scrúdú den ghearán trí chur in iúl don duine aonair go raibh an DPC sásta nár próiseáladh sonraí pearsanta an ghearánaigh ag an údarás áitiúil ar bhealach a chinntigh slándáil chuí na sonraí pearsanta agus go raibh nochtadh neamhúdaraithe shonraí pearsanta an ghearánaigh tar éis tarlú, rud atá ina shárú sonraí pearsanta. Bunaithe ar na bearta a rinneadh ag an údarás áitiúil mar fhreagra ar an sárú sonraí pearsanta agus, go háirithe, gurbh amhlaidh nár thug faighteoir shonraí pearsanta an ghearánaigh na sonraí ar ais don údarás áitiúil, níor mheas an DPC go raibh gá le haon bheart breise in aghaidh an údaráis áitiúil maidir le hábhar an ghearáin.

## CÁS-STAIDÉAR 63

# Nochtadh neamhúdaraithe i dtimpeallacht ionad oibre

Mhaígh an gearánach go raibh a shonraí pearsanta inrochtana ag daoine neamhúdaraithe, lena n-áirítear iarchomhghleacaithe agus tríú páirtithe seachtracha, mar gheall ar phróiseáil neamhshlán a rinne a iarfhostóir.

Bhí an gearánach i mbun díospóid dhlíthiúil leis an gcuideachta mar thoradh ar a dhífhostú. D'ullmhaigh an chuideachta doiciméid i ndáil leis an ndíospóid sin, lena n-áirítear tuarascáil ar imscrúdú inmheánach agus aighneacht dlí a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC). Cé nach raibh mórán de shonraí pearsanta an ghearánaigh san aighneacht chuig an WRC, bhí go leor sonraí sa tuarascáil ar imscrúdú.

Thart ar mhí amháin sula ndearna an gearánach teagmháil ar dtús leis an DPC, chuir an cuideachta an DPC ar an eolas maidir le sárú ar shonraí. Luadh san fhógra gur stóráladh an aighneacht WRC gan mhachnamh i gcomhad a raibh teacht ag na fostaithe ar fad air, seachas i gcomhad nach raibh teacht ach ag baill foirne HR údaraithe air. Tugadh an earráid faoi deara agus ceartaíodh é dhá lá ina dhiaidh sin, agus chuir an chuideachta an DPC ar an eolas go gairid ina dhiaidh sin. Níor taifeadadh ar chórais na cuideachta cibé, cén uair nó cén duine a d'fhéadfadh an aighneacht WRC a rochtain, nó cibé ar cóipeáladh nó ar priontáladh í.

Sa ghearán, mhaígh an gearánach nach ndeachaigh na sárú i gcion ar an aighneacht WRC amháin, ach go ndeachaigh sé i gcion ar an tuarascáil ar imscrúdú inmheánach, agus go raibh teacht orthu seo ó gach chuid d'inlíon na cuideachta, lena n-áirítear gaireas a d'fhéadfadh fostaithe agus cuairteoirí chuig áitreabh na cuideachta a úsáid. Chuir an gearánach ráitis isteach ó iar-chomhghleacaithe a chuir síos ar theacht a bheith acu ar dhoiciméid maidir le "an t-imscrúdú inmheánach." Shéan an chuideachta go raibh teacht ag daoine neamhúdaraithe ar an tuarascáil ar imscrúdú inmheánach in am ar bith. Chomh maith leis sin, d'áitigh an chuideachta gurbh amhlaidh go raibh teacht míchuí ar an aighneacht WRC ar feadh achar gairid ar inlíon na cuideachta, ach nach raibh sé sa chuid sin den inlíon a raibh teacht air ag daoine nár fostaithe iad.

Thug an DPC faoi dhá phríomh-shaincheist: cad a bhí i gceist le hábhar agus méid an tsáraithe, agus cibé ar chomhlíon bearta slándála na cuideachta na caighdeáin a éilítear faoin reachtaíocht is infheidhme maidir le cosaint sonraí.

Dúirt iar-chomhghleacaithe an ghearánaigh go raibh teacht acu ar dhoiciméid maidir le "an t-imscrúdú inmheánach". Mar sin féin, níor tugadh aon chur síos mion sna ráitis seo ar nádúr nó ábhair na ndoiciméad, níor tugadh cur síos ar an am ná ar na daoine a chonaic iad, agus níor tugadh cur síos go raibh teacht ag daoine nár fostaithe iad ar na doiciméid. Ina aghaidh sin, d'áitigh an chuideachta go seasta gurbh é an aighneacht WRC, agus ní an tuarascáil ar imscrúdú inmheánach, a raibh teacht míchuí ag fostaithe uirthi ar feadh roinnt laethanta. Rud suntasach ab ea gur chuir an chuideachta an DPC ar an eolas faoi sin thart ar mhí amháin sular chuir an gearánach a ghearán isteach ar dtús. Ba é tuairim an DPC nach raibh a dóthain fianaise ann chun tacú leis an maíomh gur nochtadh an tuarascáil ar imscrúdú inmheánach, nó go raibh teacht ag daoine nár fostaithe iad agus ag fostaithe neamhúdaraithe ar shonraí pearsanta an ghearánaigh.

Maidir le bearta slándála na cuideachta, luaigh an DPC nár mhór go mbeadh an caighdeán infheidhme ina léiriú ar an dochar a d'fhéadfaí a dhéanamh mar gheall ar rioscaí ábhartha agus go bhféadfaí iad a laghdú, lena n-áirítear nochtadh chuig daoine neamhúdaraithe sa chás seo. Ba léir go raibh an chuideachta ar an eolas faoin riosca maidir le nochtadh, toisc go raibh socruithe déanta chun doiciméid faoi rún a stóráil ar bhealach nach raibh teacht orthu ach ag baill foirne údaraithe HR amháin. Mar sin féin, theip ar an gcuideachta súil chuí bheith acu leis an riosca maidir le hearráid dhaonna agus doiciméid dá leithéid á stóráil, de réir mar a tharla i gcás na haighneachta WRC, agus an riosca sin a laghdú. Chomh maith leis sin, mheabhraigh an DPC don chuideachta faoin ngá go mbeadh an pearsanra ábhartha eolach ar an riachtanas sonraí pearsanta a láimhseáil i gcomhréir leis na bearta slándála is infheidhme, agus gníomhú dá réir sin i leith sáruithe.

Léiríonn an cás seo nach mór do rialaitheoirí sonraí na riosca ar fad a d'fhéadfadh bheith i gceist nuair a phróiseálann siad sonraí pearsanta a chur san áireamh, lena n-áirítear an riosca maidir le hearráid dhaonna. Ní mór na bearta a ghlacann siad chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin bheith ina léiriú ní hamháin ar na cúiseanna a d'fhéadfadh bheith i gceist le caillteanas nó dochar, ach ar na hiarmhairtí a bhaineann le sárú, agus ní mór dóibh bheith ina léiriú ar na bealaí ina bhféadfaí na hiarmhairtí sin a íoslaghdú nó a leigheas.

## CÁS-STAIDÉAR 64

# Easpa bearta slándála cuí nochtadh neamhúdaraithe i dtimpeallacht ionad oibre

Fuair an DPC gearán maidir le fostóir, ar chuideachta déantúsaíochta a bhí inti, inar maíodh go raibh a fhaisnéis phríobháideach, lena n-áirítear coinní le dochtúir na cuideachta, sonraí maidir le héileamh ar dhíobháil phearsanta a bhí á dhéanamh i gcoinne na cuideachta agus sonraí maidir le próiseas smachta a rinneadh i gcoinne an ghearánaigh curtha ar 'C-Drive' comhroinnte na cuideachta, go raibh teacht ag duine ar bith laistigh den chuideachta uirthi, agus gur fágadh cóip de na sonraí ar CD-ROM ar dheasc an ghearánaigh.

Tháinig sé chun solais le linn an gearán a iniúchadh gur úsáideadh roinnt ríomhairí san ionad oibre chun teacht ar na sonraí sa tiomántán comhroinnte, ar luaigh an chuideachta go ndearnadh é a íoslódáil, a chóipeáil nó a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist sheachtrach. Thug an eagraíocht le fios go ndearnadh imscrúdú ar an teagmhas, agus gur foirceannadh fostaíocht bheirt fhostaithe, a aithníodh go raibh ról suntasach acu sa teagmhas, agus gur cuireadh An Garda Síochána ar an eolas faoin teagmhas.

Chuir an chuideachta an DPC ar an eolas faoin teagmhas sáraithe inar leagadh amach na sonraí ar leith a raibh teacht ag beirt fostaithe ar a laghad orthu agus ar bhreathnaigh siad orthu. Luadh go raibh na sonraí á n-aistriú go hinmheánach óna rannóg Acmhainní Daonna (HR) chuig a rannóg Dlí toisc go raibh duine dá fostaithe HR a tí imeacht. Le linn an aistrithe, bhí líon mór de chomhaid leictreonacha a bhain le cásanna dlí ina raibh líon mór daoine aonair i gceist a raibh teacht ag líon mór d'fhostaithe orthu agus a bhí in ann breathnú orthu ar fostaithe iad nach mbeadh teacht acu orthu seo de ghnáth.

Bunphrionsabail den dlí maidir le cosaint sonraí is ea bearta a chur i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a chosaint agus a dhaingniú, go háirithe ó thaobh cinnte a dhéanamh de nach bhfuil teacht neamhúdaraithe ar shonraí pearsanta nó nach scriosta sonraí pearsanta. Maidir leis an ngearán áirithe seo, thug an DPC faoi deara sa chéad áit go raibh cuid den fhaisnéis i ndáil leis an ngearánach a nochtadh mar chuid den sárú ar shonraí ina faisnéise an-íogair, agus arbh ionann é agus "sonraí catagóire speisialta", i gcúinsí ina n-áirítear le sonraí catagóire speisialta faisnéis maidir le "sonraí maidir le sláinte nó sonraí maidir le saol gnéis duine nádúrtha". Áiríodh leis an bhfaisnéis (de shamplaí a cuireadh ar fáil don oifig seo) sonraí maidir le coinní le dochtúir na cuideachta inar nochtadh faisnéis an-phearsanta agus an-íogair maidir le folláine coirp, meabhairshláinte agus cúinsí pearsanta an ghearánaigh. Luadh go raibh an fhaisnéis seo á coinneáil ag an gcuideachta i gcomhthéacs imeachtaí/éilimh dlí a ghlac an duine aonair. I bhfianaise cineál na faisnéise seo, bhí freagracht sách mór ar an gcuideachta a chinntiú nach mbeadh teacht ar fhaisnéis dá leithéid ach ag daoine a raibh teacht ar an bhfaisnéis sin ag teastáil uathu ionas go bhféadfadh siad an fhaisnéis sin a rochtain agus a phróiseáil.

Ba é an tsaincheist a bhain leis an ngearán seo ná comhaid ina raibh sonraí pearsanta an ghearánaigh bheith á gcur ar thiomántán comhroinnte a raibh teacht ar gach fostaí orthu. Bhreithnigh an DPC nár tugadh aird chuí d'íogaireacht na faisnéise san comhaid agus do na riosca a bhain le hiad a chur ar fáil d'fhostaí ar bith sa chuideachta, fiú sa chás nach raibh i gceist ach tréimhse anghearr. Is cosúil gur cúiseanna pragmatacha a bhí i gceist leis an gcinneadh na comhaid a aistriú chuig tiomántán comhroinnte, i.e. dhearbhaigh an chuideachta gur cuireadh é i gcrích ar an mbealach seo toisc go raibh na comhaid ró-mhór le hiad a sheoladh trí ríomhphost. Mar sin féin, níor thug sé sin údar leis na comhaid a chur in áit ina bhféadfadh duine ar bith sa chuideachta teacht a bheith acu orthu, go háirithe mar gheall ar an riosca go ndéanfaí dochar don ábhar sonraí dá mbeadh comhghleacaithe leo in ann faisnéis an-phearsanta agus an-íogair a fháil amach nach mbeadh an gearánach, ar bhealach sách dlisteanach, ag iarraidh nó ag súil go mbeadh sí ar eolas ag fostaithe eile, ach amháin a mhéid go raibh fíorghá ann go mbeadh sé ar eolas ag líon teoranta d'fhostaithe maidir le himeachtaí/ éilimh dlí idir an t-ábhar sonraí agus a fhostóir. Anuas air sin, bhí roinnt roghanna eile ann maidir leis na comhaid a aistriú chuig an rannóg Dlí nach mbeadh an riosca céanna ag baint leo do shábháilteacht na sonraí pearsanta, lena n-áirítear na comhaid a chur ar fhillteán, bíodh sé ar an tiomántán comhroinnte nó ná bíodh ina raibh rochtain srianta do líon teoranta daoine aonair. Níor tugadh aon údar leis na comhaid a chur ar an tiomántán comhroinnte a raibh teacht gan srian ag fostaithe eile orthu mar gheall ar roghanna eile a d'fhéadfadh níos mó ama bheith i gceist leo nó a d'fhéadfadh bheith níos deacra.

Bhí an méid a tharla mar gheall ar chliseadh na sonraí pearsanta a chosaint sa chás seo suntasach a bhí ina chúis leis an duine aonair bainteach bheith ag cur imeachtaí dlí in aghaidh na cuideachta, beirt fostaithe fadtéarmacha bheith briste as a bpost gan trácht a dhéanamh ar an tionchar a imríodh ar an duine aonair a nochtadh a chuid sonraí.

## CÁS-STAIDÉAR 65

# Nochtadh Gan Toiliú

Rinne duine aonair gearán leis an gCoimisiún á rá go ndearna an Biúró um Shócmhainní Coiriúla (CAB) a mhionsonraí pearsanta airgeadais a nochtadh, gan toiliú a fháil uaidh, do roinnt daoine aonair ar ina n-aghaidh a thionscain CAB imeachtaí dlí. Chuir CAB in iúl don Choimisiún gur faoi na hAchtanna um Fháltais ó Choireacht, 1996 go 2016, a tionscnaíodh na himeachtaí a bhí i gceist. Is é an cuspóir atá leis na hAchtanna sin sainaithint agus coigistiú a dhéanamh ar mhaoin ar suíodh chun sástacht na hArd-Chúirte gurb iad na fáltais ó choireacht iad. Luaigh CAB go raibh an fhaisnéis a bhí sna doiciméid ábhair ag teastáil chun foinse na maoine a bhí ina hábhar do na himeachtaí a shuí. Leag CAB amach go raibh sonraí pearsanta an duine aonair a bhí i gceist fite fuaite i sonraí pearsanta na ndaoine aonair a bhí á n-ionchúiseamh agus nach bhféadfaí na sonraí sin a cheilt ó na doiciméid chúirte. Thug an Coimisiún faoi deara go rialaítear imeachtaí den sórt sin le halt 158(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (an tAcht), lena bhforáiltear go bhféadfar srian a chur le GDPR agus leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí, mar atá trasuite san Acht, chun cosaint neamhspleáchais bhreithiúnaigh agus imeachtaí breithiúnacha a chinntiú.

Mar atá leagtha amach in alt 101(2) den Acht, níl an Coimisiún inniúil chun maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí próiseála sonraí na gcúirteanna le linn dóibh gníomhú ina gcáil bhreithiúnach. Chuir an Coimisiún in iúl don ghearánach gur ullmhaigh CAB na doiciméid chúirte chun críocha imeachtaí cúirte agus go sanntar do bhreitheamh a ceapadh de bhun alt 157 den Acht an dualgas chun maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí próiseála sonraí na gcúirteanna le linn dóibh gníomhú ina gcáil bhreithiúnach.

## CÁS-STAIDÉAR 66

# Nochtadh Sonraí Íogaire

Rinne duine aonair gearán leis an CCS gur nocht Comhlacht Éadaí agus Bia a gcuid faisnéise liachta pearsanta trí chomhfhreagras poist a eisiúint leis na focail "Coeliac Mailing" priontáilte ar an taobh amuigh den chlúdach. Mar chuid d'áis Chárta Luach Stórais, shínigh an duine i gceist le 'Deimhniú Bliantúil Caiteachais' a fháil táirgí saor ó ghlútan a ceannaíodh i rith na bliana, a d'fhéadfaí a úsáid chun críocha cánach. Chuir an CCS in iúl don Store, faoi Airteagal 9 den GDPR, go meastar sonraí sláinte a bheith ina sonraí íogaire agus go dtugtar cosaint bhreise dóibh agus go gcaithfí na focail "Cóeliac Mailing" a thaispeáint i bhfianaise an Airteagail 9 den GDPR. Mar fhreagra air sin, chuir an Store in iúl don CCS gur threoraigh sé dá roinn margaíochta scor den fhoclaíocht seo a úsáid ar an taobh amuigh de clúdaigh do gach post amach anseo. Fáiltíonn an CCS roimh thoradh dearfach na rannpháirtíochta seo.

## CÁS-STAIDÉAR 67

# Nochtadh ráiteas cuntais ag banc don ionadaí le sealbhóir comhchuntais

Bhí comhchuntas bainc le ball teaghlaigh ag an ngearánach sa chás seo. Ag teacht sna sála ar iarraidh a fháil ó aturnaetha an tsealbhóra eile den chomhchuntas, nocht an banc (an rialaitheoir sonraí) cóipeanna de ráitis bhainc a bhaineann leis an gcuntas, lenar áiríodh sonraí pearsanta an ghearánaigh, do na haturnaetha sin. Bhí imní ar an ngearánach nár chomhlíon an nochtadh sin an dlí um chosaint sonraí.

Le linn don Choimisiún déileáil leis an ngearán seo, leag an banc amach a sheasamh go bhfuil aon sealbhóir comhchuntais i dteideal mionsonraí agus faisnéis idirbhirt an chomhchuntais ina iomláine a rochtain. Bhí an banc den tuairim freisin gurb amhlaidh, maidir le haturnaetha atá ag gníomhú thar ceann a chustaiméirí, gur leor dó glacadh le deimhniú i scríbhinn ó aturnae ar a pháipéar ceannteidil á rá go ngníomhaíonn an t-aturnae thar ceann an chustaiméara mar údarás chun go bhféadfaidh an banc caidreamh a dhéanamh leis an aturnae ina cháil mar ionadaí leis an gcustaiméir de chuid an bhainc. Ceanglaítear leis an dlí um chosaint sonraí go ndéanfaí sonraí pearsanta a bhailiú nó a fháil chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha agus nach ndéanfaí iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin (prionsabal an "teorannaithe de réir cuspóra"); Sa chás seo, thug an Coimisiún faoi deara go bhfuair an banc sonraí pearsanta an ghearánaigh chun an comhchuntas a bhí ag an ngearánach leis an sealbhóir eile den chuntas a riar, lena n-áirítear íocaíochtaí a dhéanamh, faisnéis idirbhirt a bhailiú agus ráitis bhainc a ullmhú. Chonacthas don Choimisiún go raibh sé comhsheasmhach leis na téarmaí agus coinníollacha a leag an banc síos don chomhchuntas agus le treoracha sínithe an tsealbhóra cuntais ar an gcuntas (lena gceadófaí do cheachtar páirtí síniú le haghaidh idirbheart gan toiliú a fháil ón sealbhóir eile den chuntas) go bhféadfadh sealbhóir amháin den chuntas riar an chuntais a chur i gcrích gan toiliú a fháil ón sealbhóir eile. Ina fhianaise sin, mheas an Coimisiún, maidir le nochtadh ráiteas bainc d'aturnaetha an tsealbhóra eile den chomhchuntas, nach raibh sé sin ar neamhréir leis an gcríoch shonraithe fhollasach dhlisteanach ar chuici a fuair an banc sonraí pearsanta an ghearánaigh, i.e., chun an comhchuntas a riar. Ar an dara dul síos, bhreithnigh an Coimisiún cé acu a bhí nó nach raibh bunús dleathach ag an mbanc do shonraí pearsanta an ghearánaigh a nochtadh, faoi mar a cheanglaítear faoin dlí um chosaint sonraí. Chuige sin, ba dheimhin leis an gCoimisiún go raibh an banc i dteideal brath ar bhunús dleathach na "leasanna dlisteanacha", rud lena gceadaítear sonraí pearsanta a phróiseáil i gcás go bhfuil an phróiseáil sin riachtanach chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir sonraí nó ag tríú páirtí. Sa chás seo, nocht an banc sonraí pearsanta an ghearánaigh ar an mbonn go raibh an t-aturnae ag gníomhú thar ceann an tsealbhóra eile den chomhchuntas agus go raibh sé ag lorg na ráiteas chun críocha dlisteanacha, eadhon, iniúchadh a dhéanamh ar ghnóthaí airgeadais an tsealbhóra eile den chuntas. In imthosca inarb amhlaidh, de bhun na dtreoracha sínithe ar an gcuntas, a bheadh an sealbhóir eile den chuntas i dteideal an cuntas a riar, ba dheimhin leis an gCoimisiún nach raibh aon chúis ag an mbanc lena chreidiúint nach mbeadh aon údar leis an nochtadh trí bhíthin aon dochar a dhéanamh do chearta bunúsacha nó saoirí bunúsacha an ghearánaigh. Dá réir sin, mheas an Coimisiún go raibh bunús dleathach ag an mbanc don nochtadh, is cuma cé acu a thug an gearánach toiliú nó nár thug. Sa deireadh, bhreithnigh an Coimisiún cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon an banc na hoibleagáidí atá air faoin dlí um chosaint sonraí maidir le bearta cuí teicniúla agus eagraíochtúla a dhéanamh chun sonraí pearsanta a chosaint ar nochtadh neamhúdaraithe nó neamhdhleathach. Chuige sin, ghlac an Coimisiún le seasamh an bhainc, atá leagtha amach sna beartais uaidh, go raibh sé cuí glacadh le deimhniú i scríbhinn ó aturnae á rá go raibh sé údaraithe chun gníomhú thar ceann sealbhóir cuntais, gan aon chruthúnas breise a iarraidh. Maidir le beartas an bhainc ina leith sin, bhí sé bunaithe ar an bhfíoras go mbíonn dualgais ghairmiúla ar aturnae mar oifigeach de chuid na cúirte agus mar bhall de ghairm rialáilte.

## CÁS-STAIDÉAR 68

# Grianghraf a Nochtadh agus a Fhoilsiú gan Údarú

Rinne ábhar sonraí gearán leis an DPC maidir le foilsiú íomhá, ainm agus cuid de sheoladh a linbh i nuachtán creidimh. Fuarthas an t-íomhá a úsáideadh san fhoilseachán ar dtús ó leathanach Facebook grúpa creidimh. Chuir an t-ábhar sonraí in iúl don DPC nár tugadh cead úsáid níos leithne a bhaint as an íomhá trí é a fhoilsiú sa nuachtán. Bá é príobháideacht an linbh an t-ábhar imní a tháinig chun cinn mar gheall gur úsáid an nuachtán íomhá, ainm agus cuid de sheoladh an linbh. I gcomhfhreagras a seoladh go díreach idir an t-ábhar sonraí agus an nuachtán, luaigh an t-ábhar sonraí Airteagal 9 den GDPR maidir le sonraí pearsanta catagóire speisialta, a bhfuil feidhm aige dá ghearán toisc gur nochtadh faisnéis maidir le creideamh an linbh san íomhá.

Mar chuid dá imscrúdú, chuaigh an DPC i dteagmháil leis an rialaitheoir sonraí agus iarradh freagra ar an ngearán. Chuir an rialaitheoir sonraí in iúl don DPC nach raibh sé i gceist aige riamh cur as don ábhar sonraí ná dá theaghlach. Chonaic tuairisceoir íomhá ar leathanach Facebook an ghrúpa agus d'iarr sé cead é a úsáid ó chomhalta sinsearach sa ghrúpa creidimh, ina dhiaidh sin, thug an comhalta seo céad é a úsáid. Luaigh an nuachtán go raibh an t-íomhá ar fáil ar líne cheana féin trí leathanach Facebook an ghrúpa agus gur tógadh é ag imeacht poiblí agus gurbh é an seoladh a úsáideadh seoladh an grúpa creidimh agus nár seoladh pearsanta an linbh a bhí ann.

Mar fhreagra breise ar cheisteanna an DPC, chuir an nuachtán in iúl don DPC gurbh é an gnáthchleachtas a bhí acu cead a lorg chun íomhánna a thógáil agus a úsáid, agus ainneoin go raibh an íomhá ar fáil ar leathanach oscailte Facebook sa chás seo, chuaigh an nuachtán i dteagmháil leis an ngrúpa creidimh mar sin féin agus d'fhiafraigh an raibh cead faighte chun an t-íomhá a úsáid. Chuir comhalta sinsearach den ghrúpa creidimh a ndeachaigh siad i dteagmháil leis in iúl dóibh gur thug duine eile in loco parentis (ag gníomhú in ionad tuismitheora) cead. Luaigh an nuachtán leis an DPC, go raibh an duine seo "was acting in loco parentis as far as [the newspaper] was concerned and consent had been therefore given." Chuir an nuachtán in iúl don DPC freisin go mbraitheann sé ar Airteagal 9(2)(a) agus 9(2)(e) den GDPR i leith sonraí pearsanta catagóire speisialta a phróiseáil. Chinn an nuachtán go raibh an leas dlisteanach riachtanach acu chun an grianghraf a fhoilsiú, go raibh an grianghraf san fhearann poiblí tríd an leathanach oscailte Facebook, gur thóg sé céimeanna lena chinntiú go raibh cead faighte chun an grianghraf a fhoilsiú agus go raibh an cead a tugadh leordhóthanach agus go raibh sé i dteideal brath air sin. Dúirt an nuachtán go raibh sé sásta gur chloígh sé lena chuid oibleagáidí ach go ndearna sé athbhreithniú agus leasú ar a pholasaithe inmheánacha maidir leis an tsaincheist seo.

Chuir an DPC an freagra ar an ngearán ar fáil don ábhar sonraí agus d'fhiafraigh sé den ábhar sonraí ar mheas sé an ndeachthas i ngleic a dhóthain lena ábhar imní maidir le cosaint sonraí agus ar socraíodh go cairdiúil an t-ábhar imní. Chomh maith leis sin, iarradh ar an ábhar sonraí a chuid tuairimí a chur in iúl maidir leis an bhfreagra a thug an rialaitheoir sonraí. Thug an ábhar sonraí freagra lena chur in iúl don DPC nach raibh an cheist socraithe go cairdiúil agus gur cheart go bhfuarthas cead soiléir. Lean an DPC ar aghaidh le deireadh a chur leis an imscrúdú agus toradh a chur ar fáil don dá pháirtí de réir mar a éilítear faoi alt 109(5) den Acht um Chosaint Sonraí 2018 (Acht 2018).

Mhol an DPC don ábhar sonraí faoi alt 109(5)(c) d'Acht 2018 go raibh an míniú a chuir an rialaitheoir sonraí chun cinn maidir le sonraí pearsanta an linbh a phróiseáil i gcúinsí an ghearáin seo ina mhíniú réasúnach. Agus é seo á lua, scríobh an DPC chuig an nuachtán creidimh agus faoi alt 109(5)(f) d'Acht 2018, mhol sé breithniú a dhéanamh ar an gCód Cleachtais ó Chomhairle an Phreasa, go háirithe prionsabal 9, trína chinntítear go dtugtar meas don phrionsabal i leith sonraí a íoslaghdú, agus an beart cothromaíochta idir leas poiblí an fhoilseacháin agus cearta agus leasanna ábhar sonraí a chur i bhfeidhm agus a thaifeadadh.

## CÁS-STAIDÉAR 69

# Sonraí pearsanta comhalta arna nochtadh ag comhar creidmheasa le gnólacht imscrúduithe príobháideacha

Bhí an gearánach sa chás seo ina iasachtaí ó chomhar creidmheasa agus bhí sé maíte ina leith go raibh sé i riaráiste ar iasacht. Mhaígh an comhar creidmheasa nach raibh sé in ann teagmháil a dhéanamh leis an ngearánach. Nocht an comhar creidmheasa sonraí pearsanta de chuid an ghearánaigh le gnólacht imscrúduithe príobháideacha d'fhonn an gearánach a aimsiú agus cumarsáid a dhéanamh leis. Áiríodh leis na sonraí a nochtadh ainm, seoladh, iar-sheoladh, stádas teaghlaigh agus stádas fostaíochta an ghearánaigh. Thart ar ceithre bliana ina dhiaidh sin, fuair an gearánach amach faoin nochtadh sin agus rinne sé gearán leis an DPC.

Chuir an gnólacht imscrúduithe príobháideacha deireadh le trádáil roinnt blianta roimh an ngearán agus dá bhrí sin, ní raibh sé in ann cuidiú le himscrúdú an DPC. D'iarr an DPC ar an gcomhar creidmheasa míniú a thabhairt ar an mbunús dlí ar a nocht sé na sonraí, mar aon leis an bhfáth ar cheap sé go raibh sé riachtanach é sin a dhéanamh. Chuir an comhar creidmheasa in iúl don DPC nach raibh conradh i scríbhinn aige leis an ngnólacht imscrúduithe príobháideacha, mar gheall air sin, d'iarr an DPC air sonraí a chur ar fáil maidir le haon pholasaí nó nós imeachta príobháideach maidir leis an tráth ag a raibh sé iomchuí dul i mbun plé leis an ngnólacht.

Maidir leis an mbunús dlí a bhí leis an nochtadh, mhaígh an comhar creidmheasa go raibh sé riachtanach chun críocha tabhairt faoi leas dlisteanach agus chun a chonradh leis an ngearánach a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, thagair sé d'alt 71(2) den Acht um Chomhar Creidmheasa 1997 ina gceadaítear do chomhar creidmheasa faisnéis chuntais chomhalta a nochtadh nuair atá Banc Ceannais na hÉireann (Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa roimhe seo) go bhfuil sé riachtanach é sin a dhéanamh chun airgead scairshealbhóirí nó taisceoirí a chosaint nó chun leasanna an chomhair chreidmheasa a chosaint. (Ní raibh an comhar creidmheasa in ann a lua ar léirigh an Banc Ceannais tuairim dá leithéid i ndáil leis an gcás seo.)

D'áitigh an comhar creidmheasa go raibh an nochtadh riachtanach toisc nach raibh sé in ann teagmháil a dhéanamh leis an ngearánach trí litir, tríd an nguthán, nó trí aturnae an ghearánaigh. Ina thuairim féin, bhí an gearánach ag féachaint lena iarrachtaí i ndáil lena thaifid a nuashonrú agus an iasacht gan íoc a phlé a sheachaint. (D'easaontaigh an gearánach go láidir leis sin, á thabhairt le fios go ndearna sé aisíocaíochtaí tamall gairid sula ndeachaigh an creidmheasa i dteagmháil leis an ngnólacht imscrúduithe inmheánacha.)

Chuir an comhar creidmheasa in iúl don DPC gur dhéileáil a pholasaí rialaithe creidmheasa le cásanna inar moladh gur chóir iasacht neamhchomhlíonta comhalta a dhíscríobh ina dhrochfhiach. Sula ndéanfaí é sin, tugadh treoir sna forálacha ábhartha gur chóir go ndéanfadh an comhar creidmheasa "gach iarracht...dul i dteagmháil leis an gcomhalta, lena n-áirítear cúnamh a fháil ó thríú páirtí" agus iarracht a dhéanamh leanúint leis na socruithe a comhaontaíodh agus cuidiú a thabhairt i ndáil leis an bhfiach a bhailiú.

Mheas an DPC an bunús dlí a bhí leis an nochtadh agus conradh próiseála sonraí bheith ann bheith ar na saincheisteanna lárnacha sa ghearán.

I bhfianaise na bhfíricí ar fad a cuireadh i láthair, agus ar bhonn na reachtaíochta is infheidhme, chinn an DPC go raibh leas dlisteanach ag an gcomhar creidmheasa agus é ag féachaint le sonraí teagmhála cothrom le dáta a fháil chun teagmháil a dhéanamh leis an ngearánach an athuair d'fhonn aisíoc na hiasachta a phlé. Bhí sé riachtanach sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha tabhairt faoi leas dlisteanach. Ghlac an DPC leis go bhféadfadh an nochtadh dul i gcion ar chearta bunúsacha agus leasanna dlisteanacha an ghearánaigh. Ina choinne sin, áfach, mar chuid den fheidhm shóisialta thábhachtach a chuireann comhair chreidmheasa ar fáil, éilíodh go mbeadh siad in ann gníomh a dhéanamh chun dul i dteagmháil le comhaltaí a dtiteann a n-iasachtaí i riaráiste. Ar an gcúis sin, bhí an nochtadh ag teastáil in ainneoin an dochar a d'fhéadfaí a dhéanamh do chearta agus saoirsí bunúsacha nó leasanna dlisteanacha an ghearánaigh. Dá bhrí sin, tugann an comhar creidmheasa dearbhú i ndáil le tabhairt faoina leas dlisteanach trí dhul i dteagmháil leis an ngearánach agus féachaint le haisíoc na hiasachta mar an bunús dlí i leith sonraí pearsanta a nochtadh le gnólacht imscrúduithe príobháideacha.

Chomh maith leis sin, bhreithnigh an DPC ar cuireadh bunús dlí ar fáil don nochtadh sa chás seo trí alt 71(2) d'Acht na gComhar Creidmheasa 1997. Thug an DPC faoi deara gur féidir bunús dlí a chur ar fáil i leith próiseáil trí oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh, ar nós faoi ordú cúirte nó foráil de chuid reachta. Mar sin féin, bhí alt 71(2)

(lena n-áirítear an fhoráil a luaigh an comhar creidmheasa ina chuid aighneachtaí chuig an DPC) ceadaitheach seachas éigeantach maidir lena héifeacht: cé gur tugadh cead do chomhair creidmheasa faisnéis a nochtadh i gcúinsí áirithe, níor éilíodh orthu é sin a dhéanamh. Dá réir sin, níor tugadh údar don nochtadh san alt chun críocha na reachtaíochta cosanta sonraí is infheidhme.

Thug an DPC faoi deara nach mór an phróiseáil a dhéanann próiseálaí thar ceann rialaitheora a dhéanamh faoi théarmaí conradh i scríbhinn nó i riocht comhionann ina gcloítear leis an reachtaíocht cosanta sonraí is infheidhme, agus in gcinntítear go háirithe go gcomhlíonann an phróiseáil na hoibleagáidí a chuirtear i bhfeidhm ar an rialaitheoir. I dtuairim an DPC, ní raibh polasaí rialaithe creidmheasa an chomhair chreidmheasa leordhóthanach chun an riachtanas seo a chomhlíonadh, dá bhrí sin, theip ar an gcomhar creidmheasa a oibleagáid reachtúil a chomhlíonadh i ndáil leis sin.

Sa chás seo, tarraingítear aird ar roinnt saincheisteanna tábhachtacha do rialaitheoirí sonraí. Cibé uair a fhostaíonn rialaitheoir próiseálaí chun sonraí a phróiseáil thar a cheann, tá riachtanas soiléir ann go mbeadh conradh próiseála nó beart comhionann ann a chomhlíonann Airteagal 28(3) den GDPR nó reachtaíocht eile is infheidhme. Trí na conarthaí seo, déantar tairbhe do rialaitheoirí agus próiseálaithe araon trí shoiléiriú a thabhairt maidir leis an bpróiseáil atá ag teastáil agus an bealach ina gcuirfear í i gcrích. Chomh maith leis sin, tugtar cosaint d'ábhair sonraí trí shoiléireacht a chur ar fáil maidir leis an mbealach ina bhfuil a sonraí á bpróiseáil agus cé atá á bpróiseáil, mar aon leis na críocha dá bhfuil siad á bpróiseáil.

Tá an cás ina léiriú freisin ar an tábhacht atá le bheith soiléir maidir leis an mbunús dlí atá le próiseáil a dhéanamh. I gcás ina bhfuil an bunús a mhaítear ina oibleagáid dhlíthiúil, ní leor a chur in iúl go simplí gur féidir le rialaitheoir rogha a dhéanamh faoin dlí gníomhú ar bhealach áirithe: ní mór go mbeadh an phróiseáil ag teastáil de réir an dlí ionas go mbeadh feidhm ag an mbunús dlí seo. I gcás ina maíonn próiseálaí go mbaineann an phróiseáil le tabhairt faoi leas dlisteanach, ní mór go mbeifí in ann a thaispeáint go bhfuil an phróiseáil riachtanach chun na críche sin, agus go raibh siad cúramach i dtaobh cothromaíocht a aimsiú idir an leas sin agus cearta agus saoirsí daoine a bhféadfadh sé dul i gcion orthu. Más rud é nach mó tairbhe atá ag an leas ná na cearta agus saoirsí sin, ní chuirtear bunús dlí ar fáil i leith na próiseála.

## CÁS-STAIDÉAR 70

# Ainm agus uimhir ghutháin shoghluaiste iriseora á nochtadh ag pearsa poiblí

Bhí an gearánaí sa chás seo ina iriseoir a sheol ríomhphost chuig pearsa poiblí chun ceisteanna a chur maidir le cinntí a rinne an pearsa poiblí i ndáil lena chuid oibre. D'úsáid an pearsa poiblí a chuntas Twitter chun cóip den ríomhphost a fhoilsiú. Bhíothas in ann ainm, seoladh ríomhphoist oibre agus uimhir ghutháin shoghluaiste an iriseora a léamh sa chóip den ríomhphost a foilsíodh. D'inis an t-iriseoir faoi roinnt teachtaireachtaí téacs bagracha a fháil ina dhiaidh sin.

D'iarr an t-iriseoir ar an bpearsa poiblí an chóip fhoilsithe den ríomhphost a scriosadh. Rinne an pearsa poiblí amhlaidh, ach d'fhoilsigh sé Tweet freisin inar dúradh go raibh uimhir ghutháin shoghluaiste an iriseora ar fáil ar líne. Áiríodh leis sin nasc chuig teachtaireacht ar fhóram plé a phostáil an t-iriseoir sé bliana roimhe sin, nuair a bhí sé ina mhac léinn, ina raibh an uimhir ghutháin shoghluaiste chéanna. Rinne an t-iriseoir gearán leis an DPC.

Mar chuid den imscrúdú, d'iarr an DPC ar an bpearsa poiblí an bunús dlíthiúil i ndáil le sonraí an iriseora a nochtadh a aithint. Sa fhreagra a thug an pearsa poiblí, ceistíodh arbh ionann ainm agus sonraí teagmhála an iriseora agus sonraí pearsanta. Áitíodh freisin, ós rud é gur chuir an t-iriseoir an fhaisnéis sin ar fáil ar an idirlíon roimhe sin, go raibh sé intuigthe gur thoiligh an t-iriseoir é bheith á foilsiú ag an bpearsa poiblí. Dhiúltaigh an t-iriseoir don dearbhú sin.

Ghlac an DPC an seasamh go raibh ainm, seoladh ríomhphoist agus uimhir ghutháin shoghluaiste an iriseora ina sonraí pearsanta toisc go bhféadfaí an t-iriseoir a aithint go soiléir tríothu. Maidir leis an mbunús a bhí lena nochtadh, thug an DPC faoi deara, cé gur foráladh sa dlí um chosaint sonraí do roinnt bunús dlíthiúil i leith próiseáil, toiliú ab ea an t-aon bhunús a d'ardaigh an pearsa poiblí. Ba é tuairim an DPC nárbh ionann fiosrú ó na meáin ar an bpearsa poiblí ó iriseoir a bhí ag gníomhú sa cháil sin agus toiliú bailí i leith aon sonraí pearsanta san fhiosrú a roinnt. Ar na cúiseanna sin, bhí nochtadh na

sonraí ag an bpearsa poiblí ina shárú ar an dlí um chosaint sonraí.

Tarraingítear aird ar roinnt saincheisteanna tábhachtacha sa chás seo. In Airteagal 6 den GDPR, foráiltear do shé bhunús dlíthiúil inar féidir le próiseálaí údar a thabhairt le sonraí pearsanta a phróiseáil. Tá toiliú ar cheann amháin acu sin, ach leagtar amach riachtanais thábhachtacha sa GDPR lena n-áirítear an bealach ina dtugtar toiliú, an ceart toiliú a tharraingt siar agus an riachtanas go mbeadh rialaitheoir in ann a léiriú gur thug ábhair sonraí toiliú. Cé go bhfuil bunúis dhlíthiúla eile ann, ní mór do rialaitheoirí cuimhneamh go bhfuil siad sin ar fad faoi réir tástáil 'riachtanais' agus a gcuid riachtanais sainiúla féin.

## CÁS-STAIDÉAR 71

# Nochtadh sonraí pearsanta agus airgeadais do thríú páirtí agus iarratas scriosta

Chuir an t-ábhar sonraí a sonraí pearsanta agus airgeadais ar fáil d'eagraíocht (an rialaitheoir sonraí) mar chuid d'iarratas scéime a nduine muinteartha. Níor éirigh leis an iarratas agus eisíodh litir dhiúltaithe ar an iarratasóir, inar áiríodh, briseadh síos ar shonraí pearsanta agus airgeadais an ábhair sonraí. Rinne an t-ábhar sonraí gearán leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) maidir le heaspa trédhearcachta sa phróiseas iarratais agus nochtadh a sonraí pearsanta agus airgeadas dá nduine muinteartha. D'iarr an t-ábhar sonraí ar an rialaitheoir sonraí a sonraí pearsanta a sheoladh ar ais. Rinne an duine t-ábhar sonraí iarratas freisin go scriosfadh an rialaitheoir sonraí a sonraí pearsanta faoi Airteagal 17 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), agus mura raibh scrios mar rogha, an bonn dlí atá acu lena chuid/lena cuid sonraí a choinneáil.

Sular chuir an DPC tús leis an imscrúdú, rinne an t-ábhar sonraí moltaí maidir leis an ngearán a réiteach ar bhealach cairdiúil, inar áiríodh, i measc nithe eile, 'comhartha dea-thola' ón rialaitheoir sonraí. Mar sin féin, mar gheall ar ról na heagraíochta, ní raibh ar chumas an rialaitheora sonraí an t-iarratas seo a éascú.

Rinne an DPC, mar chuid dá imscrúdú, caidreamh leis an rialaitheoir sonraí agus d'iarr sé freagra ar ghearán an ábhair sonraí. Dúirt an rialaitheoir sonraí, cé go bhfuil sé mar chuid dá nós imeachta iarratasóirí a chur ar an eolas maidir leis na cúiseanna lena ndiúltú, nár cheart ach páirt-nochtadh a dhéanamh ina litreacha maidir le cinneadh sa chás gur bailíodh faisnéis ó thríú páirtí. Maidir le hiarratas scriosta an ábhair sonraí, chuir an rialaitheoir sonraí in iúl go gcoinneofaí na sonraí pearsanta a cuireadh ar fáil, ar feadh saolré an iarratasóra plus deich (10) mbliana. Mhínigh an rialaitheoir sonraí go gcoinnítear na sonraí ar feadh na tréimhse seo mar go bhféadfadh tionchar a bheith ag na sonraí atá i gceist ar aon iarratais a dhéanann an t-iarratasóir amach anseo.

Ina dhiaidh sin, dhiúltaigh an rialaitheoir sonraí iarratas scriosta an ábhair sonraí mar gur chuir siad in iúl go raibh siad ag brath ar Airteagal 17(3)(b) den GDPR, a chuireann srian ar oibleagáidí rialaitheoirí sonraí pearsanta a scriosadh sa chás go mbíonn na sonraí pearsanta riachtanach do chomhlíonadh oibleagáid dhlíthiúil. Chomh maith leis sin, bhí an rialaitheoir sonraí ag brath ar Airteagal 23(1)(e) den GDPR, ina luaitear go bhféadfaí cearta an ábhair sonraí a theorannú do:

"cuspóirí tábhachtacha eile a bhaineann le leas ginearálta phobal an Aontais nó Ballstáit, go háirithe leas tábhachtach eacnamaíoch nó airgeadais de chuid an Aontais nó de chuid Ballstáit, lena n-áirítear, ábhair airge-adaíochta, bhuiséadacha agus chánachais, sláinte phoiblí agus slándáil shóisialta."

D'eisigh an rialaitheoir sonraí leithscéal don ábhar sonraí, mar gheall a gcuid sonraí pearsanta a nochtadh sa litir dhiúltaithe a eisíodh dá nduine muinteartha, an t-iar-ratasóir. D'fhiosraigh an t-ábhar sonraí cibé ar tuairiscíodh an nochtadh seo don DPC mar shárú. Ceanglaítear ar rialaitheoir sonraí faoi Airteagal 33 den GDPR, sárú sonraí pearsanta a thuairisciú don údarás inniúil gan moill mhíchuí, murar dóigh nach mbeidh sárú ar shonraí mar bhaol do chearta nó do shaoirsí daoine nádúrtha. Déantar cur síos ar shárú ar shonraí in Airteagal 4(12) den GDPR mar: "Shárú ar shlándáil a dtagann de shonraí pearsanta a dhíothú, a chailleadh nó a athrú, trí thionóisc nó go nea-mhdhleathach, nó iad a nochtadh, nó rochtain a bheith orthu, gan údarú, is sonraí pearsanta a tharchuirtear, a stóráiltear nó a phróiseáiltear ar shlí eile". Tháinig an DPC ar an gcinneadh gur tharla an nochtadh mar thoradh ar earráid dhaonna agus níor aithníodh an sárú mar shaincheist chórasach.

Trína imscrúdú, Tháinig an DPC ar an gcinneadh, go bhféadfaí an litir dhiúltaithe a raibh nochtadh sonraí pearsanta an ábhair sonraí mar thoradh uirthi, a idirdhealú ó thaifid eile a bhí á gcoinneáil ag an rialaitheoir sonraí mar nár leanadh a dtreoirlínte go díreach sa litir. Mar sin, thug an DPC cuireadh don rialaitheoir sonraí, sonraí pearsanta an ábhair sonraí a scriosadh nó a leasú sa litir i ndáil le cinneadh a bhí á coinneáil ar chomhad. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí litir leasaithe a eisiúint don iarratasóir ina ndéantar leasú ar shonraí pearsanta an ábhair sonraí. Chuir an rialaitheoir sonraí in iúl dóibh go n-eiseodh siad litir dhiúltaithe arís agus go n-iarrfaí ar an iarratasóir an chéad litir a fuair sé/sí a sheoladh ar ais. Chuir an rialaitheoir sonraí in iúl freisin go scriosfadh siad an chéad litir a seoladh amach óna gcuid taifead.

Chuir an DPC, faoi alt 109(5)(c) d'Acht na bliana 2018, in iúl don ábhar sonraí go raibh an míniú a thug an rialaitheoir sonraí réasúnach in imthosca an ghearáin a bhí déanta acu. Fad a d'admhaigh an rialaitheoir sonraí nochtadh sonraí pearsanta an ábhair sonraí dá nduine muinteartha, an t-iarratasóir, d'eisigh siad litir i leith an chéanna, agus thug le fios go leasófaí an litir dhiúltaithe bunaidh, agus go gcuirfear litir atá cothrom le dáta ar fáil don iarratasóir.

Sa bhreis air sin, faoi alt 109(5)(f) d'Acht na bliana 2018, mhol an DPC don rialaitheoir sonraí oiliúint a bhí cothrom le dáta a sholáthar don fhoireann maidir le treoir ó thaobh na litreacha i ndáil le cinneadh.

## CÁS-STAIDÉAR 72

# Nochtadh sonraí pearsanta (An Dlí is Infheidhme — an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018)

D'eisigh ábhar sonraí gearán chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ("an Coimisiún") i gcoinne a chuideachta bainistíochta úinéirí ("rialaitheoir sonraí") maidir le nochtadh a shonraí pearsanta faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("GDPR"). Mhínigh an t-ábhar sonraí don Choimisiún go ndearna cuideachta bainistíochta réadmhaoine ríomhphost inar cuimsíodh a shonraí pearsanta a scaipeadh thar ceann cuideachta bainistíochta úinéirí ("CBÚ") agus gur cuimsíodh sa ríomhphost faisnéis maidir leis an íoc muirear bliantúil seirbhísí.

Sula ndearna sé teagmháil leis an gCoimisiún, rinne an t-ábhar sonraí teagmháil leis an CBÚ chun aghaidh a thabhairt ar na húdair imní a bhí aige maidir le nochtadh a shonraí pearsanta. Luaigh an CBÚ sa fhreagra uaidh go bhfuil sé de bheartas aige sonraí pearsanta den sórt sin a chur ar áireamh i ríomhphoist chuig gach cliant. Dheimhnigh an t-ábhar sonraí nach ndearna sé an beartas sin a fheiceáil ná a shíniú riamh.

Ag teacht sna sála ar idirchaidreamh an Choimisiúin, luaigh an rialaitheoir sonraí clásal sa Mheabhrán Comhlachais CBÚ uaidh lenar ceadaíodh an t-íoc muirear seirbhíse nó an neamhíoc muirear seirbhíse a nochtadh d'úinéirí eile aonaid.

Sholáthair an Coimisiún treoir ón oifig seo dar teideal "Breithniúcháin Chosanta Sonraí a Bhaineann le Forbairtí Ilaonad agus le Cuideachtaí Bainistíochta Úinéirí" don dá pháirtí lena mbreithniú. Tugadh le fios sa treoir nach mór an nochtadh a chosaint a bheith riachtanach agus comhréireach araon chun cuspóir atá sonrach, follasach agus dlisteanach a bhaint amach, de réir an dlí um chosaint sonraí.

Chuir an rialaitheoir sonraí in iúl don Choimisiún gur seoladh tástáil cothromúcháin agus luaigh sé gur ghá na sonraí pearsanta a phróiseáil chun go mbainfí amach leas dlisteanach na cuideachta bainistíochta in íocaíocht na muirear seirbhíse a fháil.

Faoi alt 109(5)(c) d'Acht 2018, chuir an Coimisiún in iúl nach raibh an rialaitheoir sonraí in ann bunús dleathach leordhóthanach a sholáthar do na sonraí pearsanta a phróiseáil, mar a leagadh amach sa ghearán.

Leis an toradh, meabhraíodh don rialaitheoir sonraí na hoibleagáidí atá air mar rialaitheoir sonraí faoi Airteagail 5, 6 agus 24 GDPR agus faoi alt 109(5)(f) d'Acht 2018. Mhol an Coimisiún go ndéanfadh an rialaitheoir sonraí na nithe seo a leanas: an Meabhrán Comhlachais uaidh a athbh-reithniú chun a chinntiú go gcomhlíontar an treoir ón gCoimisiún; smaoineamh ar mhodhanna malartacha trínar féidir an neamhíoc muirear seirbhíse a réiteach; agus aon oibleagáid dhlíthiúil nó leas dlisteanach a bhreithniú agus a chothromú i gcoinne chearta agus leasanna an ábhair sonraí.

## CÁS-STAIDÉAR 73

# Bearta slándála cuí do shonraí sláinte a sheoltar trí ríomhphost

Fuair an DPC gearán ó thuismitheoir linbh ar nochtadh a shonraí sláinte le tríú páirtí anaithnid trí dhearmad. Bhí na sonraí coinnithe i ndoiciméad a bhí ceangailte le seoladh ríomhphoist mícheart ar sheol fostaí i gcomhlacht poiblí é.

Bhí an leanbh ina ábhar i measúnú sláinte ag teiripeoir a bhí fostaithe ag an gcomhlacht poiblí. D'ullmhaigh an teiripeoir dréacht-tuarascáil, a bhí le seoladh chuig gairmí sinsearach. Sular seoladh í, chinn an teiripeoir tuairim eile a lorg ó chomhghleacaí. Ní raibh an comhghleacaí san oifig, dá bhrí sin, chinn an teiripeoir an dréacht-tuarascáil a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist phearsanta an chomhghleacaí. Go gairid ina dhiaidh sin, thuig an teiripeoir go raibh an seoladh ríomhphoist mícheart. Ní raibh seirbhís IT an chomhlachta phoiblí in ann an ríomhphost a seoladh chuig an seoladh ríomhphoist mícheart a fháil ar ais. Dheimhnigh soláthraí seirbhíse ríomhphoist an fhaighteora go raibh cuntas an fhaighteora gníomhach, ach níor tugadh freagra ar ríomhphoist ón gcomhlacht poiblí inar iarradh ar an bhfaighteoir an ríomhphost a seoladh chuig an seoladh ríomhphoist mícheart a scriosadh. Chuaigh an comhlacht poiblí i dteagmháil leis an tuismitheoir tríd an nguthán, i bpearsa agus i scríbhinn chun an tuismitheoir a chur ar an eolas faoin earráid agus chun leithscéal a ghabháil ina leith. Chomh maith leis sin, chuir an comhlacht poiblí scéala chuig an DPC maidir leis an sárú ar shonraí pearsanta. Ina dhiaidh sin, thaisc an tuismitheoir gearán leis an DPC.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéanamh ar an ngearán, d'iarr an DPC ar an gcomhlacht poiblí míniú a thabhairt ar na céimeanna a glacadh lena chinntiú go scriosfaí an ríomhphost a seoladh chuig an seoladh ríomhphoist mícheart, an polasaí a bhí ag an gcomhlacht i ndáil le ríomhphoist a bhaineann le hobair a sheoladh chuig seoltaí pearsanta na mball foirne, agus na bearta a bhí á nglacadh ionas nach dtarlódh an sárú an athuair.


Sa fhreagra a thug an comhlacht poiblí, deimhníodh an tsraith teagmhas a ndéantar cur síos orthu thuas, lena n-áirítear na hiarrachtaí a rinneadh an ríomhphost a fháil ar ais agus a chuid idirghníomhaíochtaí leis an soláthraí seirbhíse ríomhphoist. Chuir sé in iúl don DPC gur atheisigh sé cóip dá pholasaí maidir le cosaint sonraí chuig na baill ar fad den fhoireann ina raibh an teiripeoir ag obair, agus scríobh sé chuig an teiripeoir le meabhrú dó nach bhfuil cead aige aon fhaisnéis a sheoladh chuig seoltaí ríomhphoist phearsanta, fiú i gcás go n-iarrfaí air é sin a dhéanamh. Cuireadh in iúl go soiléir gur áiríodh leis sin tuarascálacha agus doiciméid eile a bhaineann le hobair. Cuireadh cosaint sonraí le clár oibre cruinnithe démhíosúla na foirne mar mhír sheasta, agus sceidealaíodh baill ar fad na foirne i leith oiliúint maidir le feasacht ar chosaint sonraí.

Le linn measúnú a dhéanamh ar an gceist, ba é an tsaincheist lárnach a d'aithin an DPC ná an oibleagáid atá ar rialaitheoir sonraí bearta slándála cuí a ghlacadh in aghaidh rioscaí, lena n-áirítear sonraí pearsanta a nochtadh gan údarú. Bhí bearta slándála cuí le haithint agus aird á tabhairt ar thosca lena n-áirítear an teicneolaíocht atá ar fáil, an dochar a d'fhéadfaí a dhéanamh trí nochtadh, agus an cineál sonraí atá i gceist. Chomh maith leis sin, ní mór do rialaitheoirí gach céim réasúnach a ghlacadh lena chinntiú go bhfuil a gcuid fostaithe ar an eolas faoi na bearta sin agus go gcloíonn siad leo.

Ba é tuairim an DPC gur soiléir go raibh sé míchuí dréacht-tuarascáil a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist pearsanta agus aird á tabhairt ar an leibhéal slándála riachtanach, agus go raibh sé ag dul in aghaidh polasaithe an chomhlachta phoiblí féin maidir le sonraí pearsanta. Mar sin féin, níor leor na polasaithe bheith ann amháin d'fhonn an oibleagáid a chomhlíonadh i ndáil le céimeanna réasúnacha a ghlacadh lena chinntiú go raibh a chuid fostaithe ar an eolas fúthu agus gur chloígh siad seo. Ní dhearna an comhlacht poiblí é sin ach i ndiaidh don sárú tarlú.

Tá an cás seo ina léiriú ar an gcur chuige bunaithe ar riosca a bhaineann le reachtaíocht maidir le cosaint sonraí. In Airteagal 32 den GDPR, éilítear ar rialaitheoirí (agus próiseálaithe nuair is infheidhme) bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur i bhfeidhm d'fhonn slándáil chuí a chinntiú i ndáil leis na sonraí pearsanta a phróiseálann siad. Ní mór do phearsana a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann an rialaitheora gan é a dhéanamh ach arna ordú ag an rialaitheoir, agus dá bhrí sin, ní mór dóibh bheith ar an eolas faoi bhearta teicniúla agus eagraíochtúla ábhartha.

Déanfar cuibhiúlacht na mbeart slándála a chinneadh trí thagairt a dhéanamh do na rioscaí atá i gceist: an riosca a d'fhéadfadh a bheith ag baint le sárú do cheart agus saoirsí duine aonair, agus an baol go bhféadfadh cineálacha éagsúla sárú tarlú, ar nós na sonraí a chailleadh, a nochtadh nó a rochtain gan údarú. Tá níos mó cosanta ag sonraí catagóirí speisialta, ar nós sonraí sláinte, faoi Airteagal 9 den GDPR. Dá bhrí sin, is dócha go mbeadh na bearta slándála atá oiriúnach do na catagóirí sonraí seo níos géire. Ní mór do rialaitheoir sonraí cuimhneamh freisin gur minic go dtagann athrú ar na rioscaí le himeacht ama; ní mór chomh maith bearta slándála a chur in oiriúint do na cúinsí.






# Margaíocht Dhíreach Leictreonach

## CÁS-STAIDÉAR 74

## Ionchúiseamh Viking Direct (Ireland) Limited

I mí Aibreáin 2017, fuaireamar gearán ó úinéir gnóthais maidir le ríomhphoist mhargaíochta neamhiarrtha a bhí seoladh ríomhphoist an ghnóthais ag fáil ó Viking Direct (Ireland) Limited. Chuir an gearánach in iúl go ndearna sí teagmháil leis an gcuideachta roimhe sin chun a iarraidh go mbainfí seoladh ríomhphoist a gnóthais ón liosta margaíochta. Dá ainneoin sin, leanadh le tuilleadh ríomhphost margaíochta a sheoladh chuici.

Le linn ár n-imscrúdaithe, dheimhnigh Viking Direct (Ireland) Limited gur iarr an gearánach roinnt uaireanta go mbainfí í dá liosta seachadta. Mhínigh sé gur theip ar na próisis inmheánacha le haghaidh na sonraí a aistriú chuig an liosta sochta. Dá bharr sin, bhí na sonraí ann ar an liosta seachadta fós. Luaigh an chuideachta go ndearnadh na córais a cheartú agus a thástáil ón uair sin, a fhágann nár cheart go dtiocfadh an cás sin chun cinn choíche. Ghabh an chuideachta a leithscéal as aon mhíchaoithiúlacht a raibh an gearánach thíos léi. Le linn ár n-imscrúdaithe, aimsíodh fianaise ar thrí iarraidh scar-rogha a sheol an gearánach chuig Viking Direct (Ireland) Limited trí ríomhphost idir an 30 Márta 2017 agus an 11 Aibreán 2017.

Sa bhliain 2012, bhí Viking Direct (Ireland) Limited ina ábhar d'imscrúdú a tionscnaíodh mar thoradh ar ghearán a rinneadh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí faoi ríomhphoist mhargaíochta neamhiarrtha. Ag an am sin, thugamar an t-imscrúdú sin chun críche ach rabhadh a eisiúint chuig an gcuideachta. I bhfianaise an rabhaidh sin, chinn an Coimisiún go n-ionchúiseodh sé an chuideachta i leith an ghearáin a rinneadh sa bhliain 2017.

I gCúirt Dúiche Limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath an 14 Bealtaine 2018, thaifead an chuideachta pléadáil chiontach i gcúis amháin a bhain le ríomhphost margaíochta neamhiarrtha a bheith á sheoladh chuig seoladh ríomhphoist ghnóthais de shárú ar Rialachán 13(4) de I.R. Uimh. 336 de 2011. I gcomhréir leis an Rialachán sin, is cion é cumarsáid margaíochta dírí neamhiarrtha a sheoladh trí ríomhphost chuig síntiúsóir (síntiúsóirí gnó san áireamh) i gcás gur chuir an síntiúsóir in iúl don seoltóir nach dtoilíonn sé/sí le cumarsáid den sórt sin a fháil. Cuireadh an cás ar atráth le haghaidh pianbhreith a ghearradh go dtí an 11 Meitheamh 2018. Ag an éisteacht gearrtha pianbhreithe, bhain an chúirt úsáid as alt 1(1) den Acht um Promhadh Ciontóirí, in ionad ciontú agus fíneáil a ghearradh. D'aontaigh an chuideachta go n-íocfadh sí as na costais ionchúisimh a thabhaigh an Coimisiún.

## CÁS-STAIDÉAR 75

# Ionchúiseamh Clydaville Investments Limited, ag trádáil faoi ainm The Kilkenny Group

I mí na Samhna 2017, fuaireamar gearán ó dhuine aonair a fuair ríomhphost margaíochta ó The Kilkenny Group. Cuireadh sladmhargadh réamh-Nollag chun cinn sa ríomhphost, a seoladh go pearsanta chuige. Cuireadh in iúl ann gur laghdaíodh na praghsanna faoi suas go dtí 50% agus gur laghdaíodh praghas gach míre. D'inis an gearánach dúinn nár chreid sé gur roghnaigh sé ríomhphoist mhargaíochta a fháil.

Le linn ár n-imscrúdaithe, tháinig sé chun solais gur seoladh ríomhphost margaíochta chuig an ngearánach céanna i mí na Samhna 2016, bliain amháin roimhe sin. Tugadh cuireadh dó sa ríomhphost freastal ar ócáid chorparáideach i siopa na cuideachta i gCorcaigh. D'inis an gearánach dúinn ina dhiaidh sin gur chuimhnigh sé gur thug sé freagra ar an ríomhphost, á iarraidh go scriosfaí a sheoladh ríomhphoist.

Ag teacht sna sála ar ár n-imscrúdú ar ghearán faoi theachtaireachtaí téacs margaíochta neamhiarrtha a sheol The Kilkenny Group chuig cuideachta eile, d'eisíomar rabhadh chuig an gcuideachta i mí Mheán Fómhair 2012. Ina fianaise sin, chinn an Coimisiún go n-ionchúiseodh sé an chuideachta i leith an ghearáin a rinneadh sa bhliain 2017.

Éisteadh an ní i gCúirt Dúiche Thrá Lí an 15 Deireadh Fómhair 2018. Cuireadh ceithre chúis san iomlán i leith an chosantóra. Bhain dhá chúis le sáruithe líomhnaithe ar Rialachán 13(1) de I.R. Uimh. 336 de 2011 i leith ríomhphoist mhargaíochta neamhiarrtha a bheith á seoladh chuig an ngearánach i mí na Samhna 2016 agus i mí na Samhna 2017 gan a thoiliú a fháil. Bhain dhá chúis eile le sáruithe líomhnaithe ar Rialachán 13(12)(c) de I.R. Uimh 336 de 2011. Foráiltear leis an Rialachán sin nach seolfaidh duine ríomhphost margaíochta leictreonaí nach dtugtar ann seoladh bailí a bhféadfaidh an faighteoir iarraidh a sheoladh chuige á rá go scoirfí den chumarsáid sin. Ós rud é nár taifeadadh pléadálacha ciontacha i leith ceann ar bith de na cúiseanna, tugadh an ní ar aghaidh chuig éisteacht iomlán lenar bhain triúr finnéithe cosanta agus beirt fhinnéithe ionchúisimh, an gearánach san áireamh. Ag deireadh na n-imeachtaí, chinn an chúirt gur cruthaíodh na fíricí i ndáil le dhá shárú ar Rialachán 13(1) i leith dhá ríomhphost margaíochta a bheith á seoladh gan toiliú. Ar an tuiscint go n-íocfadh an cosantóir as na costais ionchúisimh, a bhí cothrom le €1,850, bhain an chúirt úsáid as alt 1(1) den Acht um Promhadh Ciontóirí i leith an dá chúis, in ionad ciontú agus fíneáil a ghearradh. Dhiúltaigh an chúirt don dá chúis a bhain le Rialachán 13(12)(c).

## CÁS-STAIDÉAR 76

# Ionchúiseamh DSG Retail Ireland Limited

Oibríonn DSG Retail Ireland Limited faoi ainmneacha difriúla trádála agus faoi ainmneacha difriúla cláraithe gnó amhail Dixons, Currys, PC World agus Currys PC World. I mí na Samhna 2017, fuaireamar gearán ó bhean a cheannaigh teilifís ó Currys bliain amháin roimhe sin. Chuir sí in iúl dúinn gur thug sí a seoladh ríomhphoist don chuideachta chun críocha admháil a fháil agus nár thoiligh sí le ríomhphoist mhargaíochta a fháil. Luaigh sí gur dhíliostáil sí ó thuilleadh ríomhphost a fháil. Dá ainneoin sin, lean sí leis na ríomhphoist neamhiarrtha a fháil.

Le linn ár n-imscrúdaithe, d'inis an chuideachta dúinn gur éirigh leis an gcustaiméir díliostáil óna liosta seachadta i mí na Samhna 2016. Tar éis di mír eile a cheannach i mí Eanáir 2017 agus a roghnú an athuair gan cumarsáidí margaíochta a fháil, áfach, cruthaíodh taifead dúbailte de bharr an dara hidirbheart a bhí ag an gcustaiméir. Dar 68 leis an gcuideachta, ba é an toradh a bhí ar an taifead dúbailte sin agus ar fhabht sa chóras a tháinig chun cinn le linn nuashonrú a córas i mí na Bealtaine 2017 ná go ndearnadh earráid maidir le taifeadadh shainroghanna margaíochta an chustaiméara. Mar thoradh air sin, bhí tréimhse ann idir mí Lúnasa agus mí na Samhna 2017 ar lena linn a bhíothas ag seoladh ríomhphoist mhargaíochta chuici.

Le linn ár n-imscrúdaithe, d'inis an chuideachta dúinn gur éirigh leis an gcustaiméir díliostáil óna liosta seachadta i mí na Samhna 2016. Tar éis di mír eile a cheannach i mí Eanáir 2017 agus a roghnú an athuair gan cumarsáidí margaíochta a fháil, áfach, cruthaíodh taifead dúbailte de bharr an dara hidirbheart a bhí ag an gcustaiméir. Dar 68 leis an gcuideachta, ba é an toradh a bhí ar an taifead dúbailte sin agus ar fhabht sa chóras a tháinig chun cinn le linn nuashonrú a córas i mí na Bealtaine 2017 ná go ndearnadh earráid maidir le taifeadadh shainroghanna margaíochta an chustaiméara. Mar thoradh air sin, bhí tréimhse ann idir mí Lúnasa agus mí na Samhna 2017 ar lena linn a bhíothas ag seoladh ríomhphoist mhargaíochta chuici.

Le linn ár n-imscrúdaithe, d'inis an chuideachta dúinn gur éirigh leis an gcustaiméir díliostáil óna liosta seachadta i mí na Samhna 2016. Tar éis di mír eile a cheannach i mí Eanáir 2017 agus a roghnú an athuair gan cumarsáidí margaíochta a fháil, áfach, cruthaíodh taifead dúbailte de bharr an dara hidirbheart a bhí ag an gcustaiméir. Dar 68 leis an gcuideachta, ba é an toradh a bhí ar an taifead dúbailte sin agus ar fhabht sa chóras a tháinig chun cinn le linn nuashonrú a córas i mí na Bealtaine 2017 ná go ndearnadh earráid maidir le taifeadadh shainroghanna margaíochta an chustaiméara. Mar thoradh air sin, bhí tréimhse ann idir mí Lúnasa agus mí na Samhna 2017 ar lena linn a bhíothas ag seoladh ríomhphoist mhargaíochta chuici.

### CÁS-STAIDÉAR 77

## Ionchúiseamh Vodafone Ireland Limited

I mí na Bealtaine 2018, fuaireamar gearán ó dhuine a luaigh go raibh sé ag fáil glaonna neamhiarrtha ó fhoireann margaíochta Vodafone ar bhonn rialta. Mhaígh sé gur thug Vodafone glao air ar dtús an 10 Bealtaine 2018, ar lena linn a dúirt sé nach raibh suim aige sa tairiscint ón gcuideachta. Ón uair sin i leith, áfach, thosaigh an chuideachta ag tabhairt glaonna air gach lá. Rinne sé neamhiontas den chumarsáid ar fad.

Le linn ár n-imscrúdaithe, dheimhníomar, bunaithe ar thaifeadadh den ghlao teileafóin margaíochta an 10 Bealtaine 2018, gur inis an gearánach don ghníomhaire a thug an glao nach raibh suim aige i seirbhís leathan-bhanda Vodafone. D'inis Vodafone dúinn gurbh é an gníomh ba cheart a bheith déanta ag an ngníomhaire ná an uimhir theileafóin a bhaint den fheachtas margaíochta ach cód cuí a úsáid agus é ag dúnadh an ghlao. Mar thoradh ar earráid dhaonna, dúnadh an glao teileafóin le cód mícheart le haghaidh glao ar ais. D'fhág sé sin gur coinníodh uimhir theileafóin an ghearánaigh ar comhad, rud ba chúis leis na glaonna breise.

Fuaireamar gearán ar leith ó chustaiméir de chuid Vodafone i mí Iúil 2018. Luaigh sé go bhfuair sé glao teileafóin margaíochta neamhiarrtha ó Vodafone i mí an Mheithimh 2018, cé gur roghnaigh sé le linn glao teileafóin margaíochta neamhiarrtha roimhe a tugadh air i mí na Bealtaine 2018 gan glaonna teileafóin margaíochta a fháil. Seoladh deimhniú ina leith sin chuige trí ríomhphost tamall beag ina dhiaidh sin.

Mar fhreagra ar ár gceisteanna, thagair Vodafone do thuarascáil sáraithe sonraí a chuir sé faoi bhráid an Choimisiúin an 21 Meitheamh 2018. Sa tuarascáil sin, cuireadh in iúl don Choimisiún gur go hearráideach a seoladh cumarsáidí margaíochta chuig roinnt custaiméirí a roghnaigh idir an 18 Bealtaine agus an 11 Meitheamh 2018 gan cumarsáidí margaíochta a fháil. Míníodh inti gur tháinig an earráid sin chun cinn mar thoradh ar dheacrachtaí a bhí ann le hathruithe córais a chur chun feidhme mar chuid de chlár na cuideachta um an Rialachán Ginearálta a chomhlíonadh. Ba é an toradh a bhí air sin ná nár léadh go soiléir ar gach ceann de chórais Vodafone na sainroghanna margaíochta a athraíodh tamall beag roimhe sin. Dá réir sin, cuireadh na custaiméirí lenar bhain ar áireamh i bhfeachtais mhargaíochta.

Chinn an Coimisiún go n-ionchúiseodh sé Vodafone i dtaca leis an dá chás. I gCúirt Dúiche Limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath an 22 Deireadh Fómhair 2018, thaifead an chuideachta pléadálacha ciontacha in dhá chúis a bhain le sáruithe ar Rialachán 13(6)(a) de I.R. Uimh. 336 de 2011 i leith glaonna teileafóin neamhiarrtha a bheith á dtabhairt ar theileafóin phóca na beirte gearánach gan a dtoiliú a fháil. Chiontaigh an chúirt Vodafone sa dá chúis agus ghearr sí fíneálacha €1,000 air i leith an dá chúis ar leith (fíneáil iomlán €2,000). D'aontaigh Vodafone go n-íocfadh sí as costais ionchúisimh an Choimisiúin.

## CÁS-STAIDÉAR 78

# Ionchúiseamh Starrus Eco Holdings Limited, ag trádáil faoi ainm Panda agus Greenstar

I mí Aibreáin 2018, rinne custaiméir de chuid Panda, soláthraí seirbhíse bailithe araidí, gearán á rá go bhfuair sé teachtaireachtaí margaíochta neamhiarrtha trí theachtaireacht téacs agus trí ríomhphost inar fógraíodh gnó leictreachais Panda. Níor thoiligh sé leis na teachtaireachtaí sin. Luaigh sé nach raibh rogha díliostála ann sna teachtaireachtaí.

Le linn ár n-imscrúdaithe, chuir Panda in iúl dúinn nár cheart na teachtaireachtaí margaíochta a bheith faighte ag an ngearánach. D'inis sé gurbh amhlaidh, mar thoradh ar earráid dhaonna, gur chreid ball foirne sa rannóg margaíochta go mícheart gur thoiligh an gearánach le teachtaireachtaí margaíochta dírí a fháil. B'oth leis gur theip air scar-rogha a chur ar áireamh sna teachtaireachtaí agus mhínigh sé gur theip ar a sholáthraí seirbhíse ríomhphost margaíochta gníomhú de réir na dtreoracha a thug sé scar-rogha a chur ar áireamh.

I mí na Bealtaine 2018, fuaireamar gearán ó chustaiméir de chuid Greenstar, soláthraí seirbhíse bailithe araidí eile. Rinne an duine sin gearán linn roimhe sin sa bhliain 2011 faoi theachtaireachtaí téacs margaíochta neamhiarrtha a seoladh chuige gan toiliú. Thugamar an gearán roimhe sin chun críche ach rabhadh a eisiúint chuig Greenstar i mí Mheán Fómhair 2011. D'inis an gearánach dúinn gur cuireadh tús an athuair le margaíocht dhíreach ó Greenstar trí bhíthin teachtaireachtaí téacs a bhíothas ag seoladh go dian.

Mar fhreagra ar ár gceisteanna, chuir Greenstar in iúl dúinn gurbh amhlaidh, mar thoradh ar an méid ama a bhí imithe thart ón uair a rinneadh an gearán sa bhliain 2011 (rud a d'admhaigh sé nach raibh inleithscéil), nach raibh a thaifid maidir leis an ngearánach chomh cruinn agus ba cheart iad a bheith, ós rud é gur roghnaigh an gearánach cheana féin gan margaíocht a fháil ón gcuideachta. Luaigh Greenstar nach raibh sonraí an ghearánaigh ná na sonraí faoin ngearán a rinneadh sa bhliain 2011 cruinn agus cothrom le dáta, a mhéid nár cheart uimhir theileafóin phóca an ghearánaigh a úsáid chun críocha margaíochta.

I bhfianaise an rabhaidh roimhe a d'eisíomar, chinn an Coimisiún go n-ionchúiseodh sé Starrus Eco Holdings Limited, ag trádáil faoi ainm Panda agus faoi ainm Greenstar i leith cionta a rinneadh sa dá chás. I gCúirt Dúiche Limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath an 24 Deireadh Fómhair 2018, thaifead an chuideachta pléadálacha ciontacha i gcúiseanna a bhain le sáruithe ar Rialachán 13(1) de I.R. Uimh. 336 de 2011 i leith teachtaireachtaí téacs margaíochta neamhiarrtha a bheith á seoladh chuig beirt ghearánach gan a dtoiliú a fháil. In ionad ciontú agus fíneáil a ghearradh, d'ordaigh an chúirt don chuideachta síntiús carthanúil €2,000 a thabhairt d'Iontaobhas Peter McVerry. D'aontaigh an chuideachta cosanta go n-íocfadh sí as costais ionchúisimh an Choimisiúin. Rinneadh deimhniú á léiriú gur tugadh an síntiús carthanúil don charthanas a chur ar fáil don chúirt an 15 Samhain 2018 agus caitheadh an ní amach.

## CÁS-STAIDÉAR 79

# Ionchúiseamh Vodafone Ireland Limited

In Aibreán 2019, fuair an DPC dhá ghearán ar leithligh ó dhuine a fuair cumarsáid margaíochta dírí ar téacs agus ar an ríomhphost ón oibritheoir líonra mhóibíligh, Vodafone. Mhaígh an duine go ndearna Vodafone neamhaird dá socruithe rogha custaiméara, a thaifid nár theastaigh uathu margaíocht den sórt sin a fháil.

I rith ár n-imscrúdaithe, dhearbhaigh Vodafone gur roghnaigh an gearánach gan teagmháil margaíochta dírí a fháil ach gur seoladh cumarsáidí chucu mar gheall ar earráid dhaonna i gcás na teachtaireachta téacs agus na bhfeachtas margaíochta ríomhphoist araon.

I gcás na teachtaireachta SMS, dhearbhaigh Vodafone gur seoladh téacs inar tairgeadh deis do na faighteoirí ticéid le haghaidh chluiche rugbaí idir Éirinn agus an Fhrainc a bhuachan chuig tuairim is 2,436 chustaiméir

a roghnaigh roimhe sin gan margaíocht dhíreach a fháil ar téacs. Tharla sin mar gheall gur teipeadh scagaire roghanna margaíochta a chur i bhfeidhm ar an bhfeachtas SMS sular seoladh é. I gcás an ríomhphoist a fuair an gearánach, úsáideadh feidhmchlár ar beartaíodh é a úsáid chun margaíocht dhíreach a sheoladh chuig custaiméirí ionchasacha de dhearmad agus seoladh an teachtaireacht chuig custaiméirí reatha Vodafone. Cé nach raibh Vodafone in ann dearbhú a thabhairt maidir leis an líon custaiméirí a ndearnadh teagmháil leo ar an ríomhphost contrártha dá rogha, seoladh an ríomhphost margaíochta chuig 29,289 gcustaiméir reatha Vodafone. Dhearbhaigh an chuideachta go ndearnadh teagmháil le tuairim is 2,523 as 7,615 díobh sin de dhearmad. Ní raibh sí in ann an 21,674 chustaiméir eile ar seoladh an ríomhphost céanna chucu a nascadh lena roghanna margaíochta i stóras sonraí Vodafone chun an líon iomlán daoine a ndearnadh teagmháil leo de dhearmad a dhearbhú.

Bhí gearán ar leithligh faighte ag an DPC i mí Feabhra 2019 ó dhuine eile ar iar-chustaiméir de chuid Vodafone iad. Scoir an duine sin de bheith ina gcustaiméir de chuid Vodafone níos mó ná cúig bliana roimhe sin ach bhí teachtaireachtaí téacs bolscaireachta fós á bhfáil acu. Le linn ár n-imscrúdaithe, dhearbhaigh Vodafone gur de dhearmad a seoladh na teachtaireachtaí margaíochta dírí. Dúirt siad nár baineadh uimhir an ghearánaigh den ardán a úsáideadh chun cumarsáidí margaíochta a sheoladh, sa chás eisceachtúil sin, nuair nach raibh an uimhir gníomhach níos mó ar an líonra.

De bharr gur ionchúisigh an DPC Vodafone roimhe seo, in 2011, 2013 agus 2018, i ndáil le cionta margaíochta leictreonaí dírí, chinneamar imeachtaí ionchúisimh a thionscnamh maidir leis na gearáin sin.

I gCúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath an 29 Iúil 2019, phléadáil Vodafone ciontach i gcúig chúis maidir le cumarsáidí margaíochta dírí gan iarraidh a sheoladh de shárú ar I.R. Uimh. 336 de 2011 (Rialachán maidir le Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach). Ciontaíodh an chuideachta agus gearradh fíneáil €1,000 uirthi maidir le gach ceann de na trí chúis. Ciontaíodh í agus gearradh fíneáil €750 an ceann uirthi maidir leis an dá chúis eile.

### CÁS-STAIDÉAR 80

## Ionchúiseamh Just-Eat Ireland Limited

Fuaireamar gearán ó dhuine i mí na Samhna 2018 maidir le ríomhphoist margaíochta dírí gan iarraidh ó Just-Eat Ireland Limited. Dhíchláraigh an gearánach ó ríomhphoist margaíochta dírí na cuideachta ach fuair ríomhphost margaíochta dírí gan iarraidh cúpla lá ina dhiaidh sin. I rith ár n-imscrúdaithe ar an ngearán sin, chuir an chuideachta in iúl dúinn nár éirigh le hiarracht an ghearánaigh díchlárú mar gheall ar fhadhb theicniúil lena hardán ríomhphoist. Bhí tionchar ag an bhfadhb sin ar 391 chustaiméir in Éirinn.

De bharr gur thug an DPC rabhadh do Just-Eat Ireland Limited in 2013 de bhun gearáin i ndáil le ríomhphoist margaíochta dírí gan iarraidh, chinneamar imeachtaí ionchúisimh a thionscnamh.

I gCúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath an 29 Iúil 2019, phléadáil Just-Eat Ireland Limited ciontach i gcúis amháin i ndáil le ríomhphost margaíochta dírí gan iarraidh a sheoladh. In áit ciontaithe agus fíneála, chuir an chúirt alt 1(1) den Probation of Offenders Act i bhfeidhm ar an mbonn go mbronnfadh an chuideachta €600 ar an gcarthanas, Peter McVerry Trust.

## CÁS-STAIDÉAR 81

# Ionchúiseamh Cari's Closet Limited

I mí Bealtaine 2018, fuaireamar gearán i gcoinne an mhiondíoltóra faisin ar líne, Cari's Closet, ó dhuine a chuir ordú ar líne isteach chuig an gcuideachta roimhe sin. Bhain an gearán le trí ríomhphost margaíochta dírí gan iarraidh a fuarthas. Bhí gearán déanta ag an duine céanna leis an DPC i mí Eanáir 2018 maidir le ríomhphoist gan iarraidh ón gcuideachta sin. An t-am sin, dúirt an gearánach go bhfuair siad os cionn daichead teachtaireacht margaíochta in aon mhí amháin. Bhí iarracht déanta ag an duine díchlárú gan cúpla uair, ach níor éirigh leo.

Dúirt Cari's Closet gur theip orthu an gearánach a dhíchlárú ó ríomhphoist mar gheall ar fhíor-earráid. De bharr gur eisigh an DPC rabhadh i mí Aibreáin 2018 i ndáil leis an ngearán a rinneadh roimhe sin, chinneamar imeachtaí ionchúisimh a thionscnamh i gcoinne na cuideachta.

I gCúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath an 29 Iúil 2019, phléadáil Cari's Closet ciontach i gcúis amháin maidir le ríomhphost margaíochta dírí gan iarraidh a sheoladh chuig an ngearánach. In áit ciontaithe agus fíneála, chuir an chúirt alt 1(1) den Probation of Offenders Act i bhfeidhm ar an mbonn go mbronnfadh an chuideachta €600 ar an gcarthanas Little Flower Penny Dinners.

## CÁS-STAIDÉAR 82

# Ionchúiseamh Shop Direct Ireland Limited t/a Littlewoods Ireland

I mí Bealtaine 2019, fuair an DPC gearán ó dhuine a dúirt go raibh teachtaireachtaí margaíochta dírí á bhfáil acu ar téacs ó Littlewoods ó mhí an Mhárta. Dúirt an gearánach gur lean siad na treoracha chun díchlárú agus gur sheol siad an focal 'STOP' ar téacs cúig huaire chuig uimhir ainmnithe ar a dtugtar gearrchód, ach nár éirigh leo díchlárú agus go raibh teachtaireachtaí margaíochta ar téacs fós á bhfáil acu.

Le linn ár n-imscrúduithe, dhearbhaigh Shop Direct Ireland Limited (t/a Littlewoods Ireland) go raibh taifead ar théacsanna díchláraithe a chuir an gearánach isteach trí bhíthin a socruithe cuntais ar láithreán gréasáin Littlewoods an 8 Bealtaine 2019. Ní raibh taifead acu, áfach, ar a gcuid iarrachtaí roimhe sin díchlárú ó théacsanna margaíochta dírí agus an gearrchód SMS á úsáid. B'amhlaidh sin de bharr earráid dhaonna agus an t-ábhar do na teachtaireachtaí margaíochta SMS á socrú. Dúirt an chuideachta gur chuir an duine a bhí freagrach as ábhar a bhain le téacsanna margaíochta a ullmhú agus a uaslódáil an eochairfhocal díchláraithe 'STOP' san áireamh ag deireadh téacsanna margaíochta de dhearmad, in áit 'LWISTOP'.

D'ionchúisigh Shop Direct Ireland Limited an DPC in 2016 i ndáil le saincheist cosúil leis sin ina ndearnadh custaiméir iarracht gan rath díchlárú ó ríomhphoist margaíochta dírí. Ba é toradh an cháis cúirte an t-am sin, gur bhronn an chuideachta €5,000 ar charthanas in áit ciontaithe agus fíneála.

Chinn an DPC an chuideachta a ionchúiseamh i ndáil le cionta margaíochta dírí leictreonaí i ndáil leis an ngearán a rinneadh i mí Bealtaine 2019.

I gCúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath an 29 Iúil 2019, phléadáil Shop Direct Ireland Limited (t/a Littlewoods Ireland) ciontach in dhá chúis a bhain le teachtaireachtaí margaíochta dírí gan iarraidh a sheoladh ar téacs. Rialaigh an chúirt nach gciontófaí an chuideachta agus nach ngearrfaí fíneáil uirthi dá mbronnfadh sí €2,000 ar na carthanais Peter McVerry Trust agus Little Flower Penny Dinners agus cuireadh alt 1(1) den Probation of Offenders Act i bhfeidhm.

## CÁS-STAIDÉAR 83

# Lorgaíonn Vodafone sonraí fostaíochta ó chustaiméirí

Fuair an Coimisiún Cosanta Sonraí roinnt fiosruithe faoi gur iarr Vodafone ar chustaiméirí úra nó ar chustaiméirí reatha a sonraí fostaíochta agus a n-uimhir fóin oibre a chur ar fáil mar cheanglas maidir le soláthar na seirbhíse ón gcuideachta sin.

Ba iad na buarthaí a tháinig chun cinn go raibh na hiarratais iomarcach agus ag teacht salach ar phrionsabal Airteagal 5 de bhailiú dleathach, cóir agus trédhearcach toisc nár bhain próiseáil na sonraí i ndáil lena stádas fostaíochta ar chor ar bith leis an táirge nó an tseirbhís a bhí siad ag fáil ón gcuideachta teileachumarsáide, a bhí faoi choinne a n-úsáid phearsanta nó bhaile amháin.

Sa dara háit, bhí buarthaí ann nach raibh an t-iarratas éigeantach le haghaidh ceird/áit oibre/ uimhir fóin oibre custaiméara dóthanach, ábhartha nó riachtanach faoin gceanglas "íoslaghdú sonraí" agus nár chomhlíonadh sé prionsabal an teorannaithe de réir cuspóra arna leagan amach in Airteagal 5 den RGCS.

Sa tríú háit, bhí buarthaí ann chomh maith i measc custaiméirí nár chomhlíon cosaint sonraí/fógra príobháideachta na cuideachta ceanglas trédhearcachta Airteagal 13(1) den RGCS.

I ndiaidh teagmhála leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí, d'admhaigh Vodafone go ndearna sé earráid i mbailiú na faisnéise sin. Shonraigh an chuideachta gur tharla na fadhbanna mar gheall ar chóras oidhreachta TF nár nuashonraíodh chun an ceanglas sin a bhaint agus go raibh rochtain ar bith ar na sonraí sin thar a bheith teoranta agus nár bhain siadsan úsáid astu le haghaidh cuspóirí breise próiseála. Chuir Vodafone tús le plean láithreach chun na fadhbanna a tharla a leigheas agus, ar áitiú an Choimisiúin Cosanta Sonraí, d'fhoilsigh sé sonraí ar a shuíomh gréasáin faoi cad a tharla, ionas go mbeadh custaiméirí ar an eolas faoin bhfadhb.

## CÁS-STAIDÉAR 84

# Ionchúiseamh i ndáil le Three Ireland (Hutchison) Limited (ríomh-Phríobháideachas)

I mí Feabhra na bliana 2021, fuair an DPC gearán amháin ó dhuine aonair maidir le post margaíochta leictreonach gan iarraidh a fuair sé ón gcuideachta teileachumarsáide Three Ireland (Hutchison) Limited. Roghnaigh an gearánach diúltú do ríomhphoist mhargaíochta a fháil i lár mhí Feabhra na bliana 2021.

Mar fhreagra ar imscrúdú an DPC, mhínigh Three Ireland (Hutchison) Limited nuair a rinneadh iarracht an t-iarraidh ar dhiúltú a chur i bhfeidhm tháinig fhadhb chun cinn mar gheall ar chás inar seoladh dhá thaifead ag an tráth céanna agus inar cailleadh an t-ord, arbh é an toradh a bhí leis sin nár nuashonraíodh a chóras i gceart. Mar thoradh air sin, seoladh trí ríomhphost margaíochta eile chuig an ngearánach sna seachtainí ina dhiaidh sin. Luaigh Three Ireland (Hutchison) Limited gur réitigh sé an cheist trí script a chur i bhfeidhm chun éagsúlachtaí idir sonraí maidir le cead a shocrú. Chomh maith leis sin, chuir sé foláireamh ríomhphoist ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar an script agus chun foláireamh a tharraingt anuas mura raibh an script ag obair.

D'ionchúisigh an DPC Three Ireland (Hutchison) Limited roimhe seo sa bhliain 2020 agus 2012 mar gheall ar Rialachán 13 de na Rialacháin um ríomhPhríobháideachas a shárú i ndáil le gearáin roimhe seo. Dá réir sin, chinn an DPC leanúint ar aghaidh chuig ionchúiseamh eile mar thoradh ar an gcás gearáin seo. Ag Cúirt Dúiche Chathair Bhaile Átha Cliath an 6 Meán Fómhair 2021, phléadáil Three Ireland (Hutchison) Limited ciontach i leith dhá chúiseamh faoi Rialachán 13(1) de na Rialacháin um ríomh-Phríobháideachas. Chuir an Chúirt Dúiche an Probation of Offenders Act 1907 i bhfeidhm, ar bhonn tabhartas carthanachta €3,000 a thabhairt do Little Flower Penny Dinners. Chomhaontaigh Three Ireland (Hutchison) Limited costais dlí an DPC a ghlanadh.

## CÁS-STAIDÉAR 85

# Ionchúiseamh i ndáil le Vodafone Ireland Limited (ríomh-Phríobháideachas)

I mí Lúnasa na bliana 2019, agus mí an Mhárta agus Mheán Fómhair na bliana 2020, fuair an DPC trí ghearán ó dhaoine aonair maidir le glaonna gutháin, teachtaireachtaí téacs agus ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh a fuair siad ó Vodafone Ireland Limited. Mar fhreagra ar an imscrúdú a rinne an DPC ar an gcéad ghearán, mhínigh Vodafone Ireland Limited gur ghlaoigh an t-iarchustaiméir ar Vodafone Ireland Limited ar seacht ócáid ar leith ag iarraidh diúltú do ghlaonna gutháin mhargaíochta a fháil ar a ghuthán póca. I ngach ócáid, níor lean an gníomhaire lenar labhair sé na nósanna imeachta cearta agus dá bharr sin, níor tarraingíodh an custaiméir as margaíocht agus as tuilleadh glaonna margaíochta a fháil. Dhún an gearánach a chuntas le Vodafone Ireland Limited agus d'athraigh sé chuig oibritheoir eile mar gheall ar na glaonna gutháin mhargaíochta a fuair sé.

Maidir leis an dá chás eile, is custaiméirí reatha de chuid Vodafone Ireland Limited iad na custaiméirí. I gcás amháin, fuair an custaiméir glao margaíochta ar a ghuthán póca i mí Feabhra 2019 agus le linn an ghlao sin d'inis an custaiméir don ghlaoiteoir nach raibh sé ag iarraidh tuilleadh glaonna margaíochta a fháil. In ainneoin an iarrata seo, chuir Vodafone Ireland Limited dhá ghlao margaíochta dhéag eile ar ghuthán póca an duine aonair toisc nach ndearna a ghníomhaire aon ghníomhaíocht maidir le roghanna margaíochta an ghearánaigh a athrú. Sa chás eile, chomhlánaigh an gearánach foirm maidir le haistriú úinéireachta inar leag sé amach a roghanna margaíochta go soiléir gan aon chumarsáid mhar-gaíochta a fháil ó Vodafone Ireland Limited. Theip ar an ngníomhaire a láimhseáil an idirbheart próiseas a leanúint maidir le roghanna margaíochta an custaiméara a chur isteach. Dá bharr sin, fuair an custaiméir ceithre cinn déag de theachtaireachtaí margaíochta eile gan iarraidh — seacht ríomhphost agus seacht dteachtaireacht téacs.

D'ionchúisigh an DPC Vodafone Ireland Limited roimhe seo sa bhliain 2019, 2018, 2013 agus 2011 mar gheall ar Rialachán 13 de na Rialacháin um ríomh-Phríobháide-achas a shárú i ndáil le gearáin roimhe seo. Dá réir sin, chinn an DPC leanúint ar aghaidh chuig ionchúiseamh eile mar thoradh ar na cásanna gearáin seo.

Ag Cúirt Dúiche Chathair Bhaile Átha Cliath an 6 Meán Fómhair 2021, phléadáil Vodafone Ireland Limited ciontach i leith seacht gcúiseamh faoi Rialachán 13(1) agus 13(6)(a) de na Rialacháin um ríomhPhríobháideachas. Chiontaigh an Chúirt Dúiche Vodafone Ireland Limited i leith seacht gcúis agus gearradh fíneálacha €1,400 ar an iomlán. Chomhaontaigh Vodafone Ireland Limited costais dlí an DPC a ghlanadh.

## CÁS-STAIDÉAR 86

# Ionchúiseamh Guerin Media Limited

mí Eanáir 2022, fuair an Coimisiún dhá ghearán ó bheirt aonair maidir le ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh a fuarthas ó Guerin Media Limited. Sa fhreagra uaidh ar an imscrúdú ón gCoimisiún ar na gearáin, mhínigh Guerin Media Limited gur baineadh sonraí teagmhála ríomhphoist na beirte a bhí i gceist cheana féin de na liostaí margaíochta uile a shealbhaigh an chuideachta, seachas liosta teagmhálaithe Gmail a choimeádann sé. Luaigh sé go bhfuair an bheirt aonair ríomhphoist mhargaíochta ó Guerin Media Limited mar gheall ar earráid dhaonna agus mar gheall ar an bhfíoras go raibh a mionsonraí fós ar liosta teagmhálaithe Gmail agus nár cheart iad a sheoladh chucu.

Rinne an Coimisiún Guerin Media a ionchúiseamh sa bhliain 2019 i leith Rialachán 13 de na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach a shárú i ndáil le gearáin roimhe sin maidir le cásanna den chineál céanna inar seoladh amach ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh. Dá réir sin, chinn an Coimisiún ionchúi-seamh eile a sheoladh de bhun na ngearán seo. Ag Cúirt Dúiche an Náis an 5 Nollaig 2022, phléadáil Guerin Media

Limited ciontach i dtrí chúiseamh faoi Rialachán 13(1) de na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach. Rinne an Chúirt Dúiche Guerin Media Limited a chiontú i ngach ceann de na trí chúiseamh agus d'fhorchuir sí gearáin arbh fhiú €6,000 san iomlán iad. D'aontaigh Guerin Media Limited €1,000 a íoc i dtreo chostais dlí an Choimisiúin.

## CÁS-STAIDÉAR 87

# Ionchúiseamh Vodafone Ireland Limited

I mí Iúil 2021, fuair an Coimisiún gearán amháin ó dhuine aonair maidir le glao teileafóin margaíochta gan iarraidh a fuarthas ó Vodafone Ireland Limited. Agus é ag tabhairt freagra ar an imscrúdú ón gCoimisiún ar an ngearán, mhínigh Vodafone Ireland Limited gur roghnaigh an custaiméir seo gan cumarsáidí margaíochta a fháil i mí an Mhárta 2018. Ina ainneoin sin, rinne Vodafone Ireland Limited seiceáil de láimh ar shainroghanna pearsanta sular sheol sé feachtas margaíochta agus, mar gheall ar earráid dhaonna, cuireadh an gearánach ar áireamh san fheachtas margaíochta.

Rinne an Coimisiún Vodafone Ireland Limited a ionchúiseamh sna blianta 2021, 2019, 2018, 2013 agus 2011 i leith Rialachán 13 de na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach a shárú i ndáil le gearáin roimhe sin. Dá réir sin, chinn an Coimisiún ionchúiseamh eile a sheoladh de bhun an ghearáin seo. Ag Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath an 27 Meitheamh 2022, phléadáil Vodafone Ireland Limited ciontach i gcúiseamh amháin faoi Rialachán 13(6) de na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach. Chuir an Chúirt Dúiche an Probation of Offenders Act, 1907, i bhfeidhm sa chás seo, agus síntiús carthanúil €500 á thabhairt do Little Flower Penny Dinners. D'aontaigh Vodafone Ireland Limited costais dlí an Choimisiúin a ghlanadh.





# Léirscriosadh

CÁS-STAIDÉAR 88

## Coimeád sonraí pearsanta duine atá faoi aois ag Gníomhaireacht Stáit (Réiteach Cairdiúil) (Dlí Infheidhme — Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003)

Sa chás seo, bhí iarratas déanta ag gearánaigh an cháis roimhe seo go scriosfadh gníomhaireacht stáit Éireannach comhad a bhain le heachtra ar scoil ina raibh a leanbh óg páirteach, agus a cuireadh in iúl don ghníomhaireacht sa chéad dul síos. Cé go raibh cinneadh déanta ag an nGníomhaireacht nár ghá tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh ar an eachtra, dhiúltaigh sí sonraí pearsanta an duine faoi aois a scriosadh — ag tabhairt le fios go gcoimeádtar a leithéid de chomhaid go dtí go mbaineann an duine faoi aois faoi thrácht aois 25 bliana amach.

Rinne an DPC iarratas go dtabharfadh an ghníomhaireacht stáit achoimre ar an mbonn dlí a bhí acu chun sonraí pearsanta an duine faoi aois a choimeád. Sholáthair an ghníomhaireacht an méid sin agus luaigh sí a polasaí coimeádta faoi mar atá dearbhaithe do na gearánaigh, ach níor mheas an DPC go raibh lántréimhse choimeádta infheidhme sna cúinsí ar leith.

Chuir an DPC an dá pháirtí ar an eolas faoin bpróiseas réitigh chairdiúil agus dúirt siad beirt go raibh siad toilteanach tabhairt faoina leithéid. Tar éis do na gearánaigh agus don rialaitheoir teagmháil a dhéanamh lena chéile arís agus arís eile chun an cheist a phlé, dheimhnigh an ghníomhaireacht stáit do na gearánaigh go scriosfaí an comhad ina raibh sonraí pearsanta a linbh le fáil.

## CÁS-STAIDÉAR 89

# Iarratas ar dhíliostú a rinneadh chuig inneall cuardaigh idirlín (An dlí is infheidhme — GDPR & an tAcht um Chosaint Sonraí 2018)

Rinne ábhar sonraí gearán in aghaidh inneall cuardaigh idirlín maidir leis an bhfreagra ón inneall cuardaigh i ndáil lena iarratas ar dhíoliostú. Bhain an gearán le dhá URL a tháinig aníos i ndiaidh ainm an duine aonair a chuardach ar an inneall cuardaigh. Le linn an gearán seo bheith á láimhseáil, chuir an duine aonair URL amháin eile san áireamh a raibh sé ag iarraidh ar an inneall cuardaigh é a dhíoliostú.

Is iad na critéir atá le cur i bhfeidhm ag innill chuardaigh nach mór díoliostú tarlú má tá na torthaí neamhábhartha, uireasach nó iomarcach. Ní mór don inneall cuardaigh beart cothromaithe a dhéanamh de réir an cháis ina n-aimsítear cothromaíocht idir cearta rochtana agus cearta na ndaoine aonair sin a gcuireann torthaí cuardaigh isteach orthu.

Ar dtús, chuaigh an duine aonair i dteagmháil leis an inneall cuardaigh chun díoliostú na URLanna a lorg mar gheall gur áitigh an duine aonair go raibh ábhar clúmhillteach sna URLanna, agus go raibh sé neamhdhleathach iad a phróiseáil, agus go raibh na URLanna ag cur isteach ar shaol príobháideach agus gairmiúil an duine aonair mar gheall ar an ábhar a bhí iontu. Dhiúltaigh oibritheoir an innill chuardaigh na URLanna a dhíoliostú toisc gur bhain siad le faisnéise maidir le saol gairmiúil an duine aonair agus go raibh leas poiblí i gceist teacht a bheith ar an bhfaisnéis seo.

Chuaigh an DPC i dteagmháil le hoibritheoir an innill chuardaigh maidir lena ndiúltú díliostú a dhéanamh. Bhrait oibritheoir an innill chuardaigh ar leas dlisteanach tríú páirtithe teacht a bheith acu ar an bhfaisnéis sna URLanna. Ní dheachaigh an duine aonair i mbun aon imeachtaí clúmhillte in aghaidh na daoine a d'fhoilsigh an t-ábhar ábhartha ar dtús agus dá bharr sin, níorbh fhéidir cinneadh críochnúil a dhéanamh maidir leis an gceist cé acu a bhí nó nach raibh ábhar sna URLanna clúmhillteach. Mar sin féin, le linn don ghearán bheith á láimhseáil ag an DPC, dhíliostáil oibritheoir an innill chuardaigh na URLanna in Éirinn amháin bunaithe ar argóintí clúmhillte an duine aonair. Lean an duine aonair dá ghearán DPC ag lorg díliostú ar fud na hEorpa agus ní in Éirinn amháin. Chomh maith leis sin, dhíghníomhachtaigh an máistir gréasáin na leathanaigh ghréasáin atá mar bhunús leis an URLanna le linn an gearán seo a láimhseáil.

Luaitear in Airteagal 17(3)(a) den GDPR nach mbeidh feidhm leis an gceart go ndéanfaí ligean i ndearmad i gcás ina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta riachtanach "chun an ceart ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil a fheidhmiú". Agus an gearán seo á iniúchadh, thug an DPC ar aird go mbaineann an fhaisnéis atá sna leathanaigh gréasáin — ábhar ghearán an duine aonair — lena iompar gnó roimhe seo atá ábhartha dá shaol gnó. Tá an duine aonair gníomhach sa réimse agus gníomhaíocht ghairmiúil céanna i gcónaí. Ghlac an duine aonair leis sin trí áitiú go raibh an t-ábhar ag cur isteach ar a shaol gairmiúil. D'áitigh an duine aonair go raibh an t-ábhar míchruinn toisc go raibh sé clúmhillteach. Thug an DPC ar aird go raibh formhór den ábhar a ndúirt an duine aonair go raibh sé míchruinn ina postáil blag agus tráchtanna ó tríú páirtithe agus gur bhain sé lena ghníomhaíochtaí gairmiúla; agus ar léir gur tuairimí tráchtairí tríú páirtí a bhí iontu. Chinn an DPC dá mba rud é go measfadh tríú páirtí na leathanaigh ghréasáin bheith mar ábhar an ghearáin seo, bheadh sé soiléir gur dúradh na tráchtanna mar ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí agus go mbeidís ina dtuairimí tríú páirtí seachas fíoras dearbhaithe. Ní hé an ról atá ag inneall cuardaigh agus liostú á dhéanamh tuairimí tríú páirtithe a cheistiú nó cinsireacht a dhéanamh orthu seachas sa chás go bhfuil liostú ina chúis leis an inneall cuardaigh bheith ag próiseáil sonraí atá neamhábhartha, uireasach nó iomarcach. Chinn an DPC, i bhfianaise ról gnó an duine aonair agus a ról sa saol poiblí mar gheall ar a shaol gairmiúil, go bhfuil leas poiblí i gceist le teacht a bheith ar faisnéis maidir lena shaol gairmiúil laistigh den Aontas.

Scríobh an DPC chuig an duine aonair faoi alt 109(5)(b) den Acht 2018 agus caitheadh amach gearán an duine aonair bunaithe ar na gnéithe thuas.

## CÁS-STAIDÉAR 90

# An Ceart go nDéanfaí Ligean i nDearmad (Microsoft)

Bhain an gearán le míshástacht an duine aonair leis an bhfreagra a thug an Rialaitheoir Sonraí (cuideachta ilnáisiúnta teicneolaíochta) ar an iarraidh a rinne sé go ndéanfaí ligean i ndearmad de bhun Airteagal 17 GDPR. D'iarr an duine aonair go ndíliostófaí seacht n-aimsitheoir aonfhoirmeacha acmhainne (URL) a tugadh mar thorthaí nuair a cuardaíodh ainm an duine aonair ar inneall cuardaigh an Rialaitheora Sonraí. Dheimhnigh an Rialaitheoir Sonraí don duine gur díliostáladh na URLanna. Mar sin féin, léirigh cuardach ar ainm an duine aonair, a rinne a n-ionadaí dlíthiúil, gur leanadh de na URLanna a sheoladh ar ais. Rinne an CCS athbhreithniú ar na URLanna nuair a fuair sé an gearán agus dheimhnigh sé go raibh na URLanna fós á gcur ar ais.

Rinne an CCS idirghabháil chun iarracht a dhéanamh an cheist a réiteach go tapa agus go neamhfhoirmiúil. Rinne an CCS comhfhreagras leis an Rialaitheoir Sonraí agus thug sé faoi deara, in ainneoin deimhnithe go raibh na URLanna díliostaithe, lean siad orthu ag filleadh agus ainm an duine á chuardach. Rinne an Rialaitheoir Sonraí imscrúdú breise ar an iarratas agus dheimhnigh sé don CCS go raibh na URLanna díliostaithe anois. Tar éis don CCS tuilleadh imscrúdaithe, cinneadh cé nach raibh na URLanna bunaidh a iarradh le díliostú le feiceáil a thuilleadh, go raibh URL difriúil le feiceáil anois, difriúil ó na URLanna eile, á atreorú chuig an ábhar céanna. Dhíliostaigh an Rialaitheoir Sonraí an URL seo freisin ar iarratas a rinne an CCS thar ceann an duine aonair. Scríobh an CCS chuig an duine aonair agus thug sé breac-chuntas ar ghníomhartha an Rialaitheora Sonraí. Dheimhnigh an CCS go raibh gach ceann de na trí URL díliostaithe ag an Rialaitheoir Sonraí. Léiríonn an cás seo a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh Údaráis Mhaoirseachta, sa chás seo an CCS, a gcuid imscrúduithe féin agus a chinntiú go comhlíontar iarratais daoine aonair i gcomhréir leis an GDPR. Is sampla é an méid thuas den chaoi ar ghlac an CCS bearta breise lena chinntiú go bhféadfadh an duine aonair toradh sásúil a bhaint amach go cuimsitheach, seachas a bheith air gearán nua a chur isteach maidir leis an URL nua.

## CÁS-STAIDÉAR 91

# Iarrataí Rochtana agus Léirscriosta (Pinterest)

Bhain an gearán le míshástacht an duine aonair leis an bhfreagra a thug an Rialaitheoir Sonraí (cuideachta meán sóisialta) ar na hiarrataí rochtana agus léirscriosta a rinne sé de bhun Airteagal 15 GDPR agus Airteagal 17 GDPR faoi seach. Chuir an duine aonair na hiarrataí uaidh isteach tar éis a chuntas a chur ar fionraí, agus é ag iarraidh cóip a fháil dá shonraí pearsanta uile agus a shocrú go scriosfaí na sonraí sin ó chórais an Rialaitheora Sonraí. Cuireadh cuntas an duine aonair ar fionraí mar thoradh ar shárú ar bheartais turscair an Rialaitheora Sonraí. Thug an Rialaitheoir Sonraí freagra uathoibrithe ar na hiarrataí, inar luadh go ndearna sé athbhreithniú ar an gcuntas agus gur chinn sé gan an cuntas a athghníomhachtú toisc gur thug sé gníomhaíocht a sháraigh a bheartas turscair faoi deara. Mar thoradh air sin, ní raibh an duine aonair in ann a shonraí pearsanta a bhí stóráilte ar a chuntas a rochtain a thuilleadh. Mhaígh an duine aonair nach bhféadfadh an fhaisnéis sin bheith ceart toisc gurbh annamh a d'úsáideadh sé a chuntas, agus d'iarr sé freagra níos substaintiúla ar na hiarrataí rochtana agus léirscriosta uaidh.

Rinne an Coimisiún teagmháil leis an Rialaitheoir Sonraí. Leag sé amach na hábhair imní a bhí ag an duine aonair i ndáil leis na hiarrataí rochtana agus léirscriosta uaidh agus d'iarr sé ar an Rialaitheoir Sonraí freagra níos substaintiúla a thabhairt ar na hábhair imní sin. D'iarr an Coimisiún ar an Rialaitheoir Sonraí freisin a shonrú cé acu a tugadh nó nár tugadh deis don duine aonair achomharc a dhéanamh in aghaidh fhionraí a chuntais agus, má tugadh an deis sin dó, cur síos a dhéanamh ar an nós imeachta le haghaidh achomhairc den sórt sin. Thug an Rialaitheoir Sonraí freagra don Choimisiún á rá go ndearna sé imscrúdú ar an ní. Mhínigh sé go dtarlaíonn sé, a luaithe a chuirtear

cuntas ar fionraí de dheasca sárú ar an mbeartas turscair, go seoltar gach comhfhreagras go huathoibríoch chuig a fhoireann Oibríochtaí Turscair ansin. Mhínigh an Rialaitheoir Sonraí an próiseas achomhairc agus thug sé faoi deara gur sheol an duine aonair comhfhreagras chuig an bhfoireann Oibríochtaí Turscair i ndáil leis an achomharc in aghaidh na fionraí. Níor thug an fhoireann Oibríochtaí Turscair faoi deara, áfach, go raibh sa chomhfhreagras sin freisin na hiarrataí rochtana agus léirscriosta a rinne an duine aonair. Dá bhrí sin, níor pléadh leo sin sa fhreagra uaithi. Luadh sa fhreagra ón Rialaitheoir Sonraí freisin gur tharla sé, cé gur dhiúltaigh an fhoireann Oibríochtaí Turscair don achomharc a rinne an duine aonair in aghaidh fhionraí a chuntais, go ndearnadh athbhreithniú eile ina dhiaidh sin i bhfianaise a bheartas nuashonraithe turscair. Rinne an Rialaitheoir Sonraí cuntas an duine aonair a athghníomhachtú tar éis an athbhreithnithe sin. Ghlac an Rialaitheoir Sonraí leis go raibh moill ann ar fhreagra a thabhairt don duine aonair agus dheimhnigh sé go ndearna sé bearta chun a chinntiú nach mbeadh aon mhoill eile den sórt sin ann agus freagra á thabhairt aige ar iarrataí amach anseo. Dheimhnigh an Rialaitheoir Sonraí gur thug sé freagra ar na hiarrataí rochtana agus léirscriosta ón duine aonair. Dheimhnigh sé freisin go ndearna sé teagmháil leis an duine aonair chun é a chur ar an eolas faoi na bearta a rinne sé mar fhreagra ar an gcomhfhreagras a fuarthas ón gCoimisiún agus gur thug sé na mínithe atá leagtha amach thuas don duine aonair. Thug an Coimisiún breac-chuntas don duine aonair ar na gníomhartha a rinne an Rialaitheoir Sonraí agus ar na mínithe a thug sé freisin. Dúirt an duine aonair leis an gCoimisiún go raibh sé sásta leis na gníomhartha a rinne an Rialaitheoir Sonraí mar fhreagra ar an gcomhfhreagras ón gCoimisiún toisc gur chumasaigh siad dó a shonraí a íoslódáil agus a chuntas a scriosadh. Léirítear sa chás-staidéar seo cé chomh minic agus is féidir le nithe simplí — amhail gearán a chur ar aghaidh chuig an aonad mícheart — a éirí ina ngearáin chosanta sonraí mura mbainistítear an ní go cuí nuair a fhaigheann an fhoireann seirbhíse do chustaiméirí an gearán.

## CÁS-STAIDÉAR 92

# An Ceart go nDéanfaí Ligean i nDearmad (Microsoft)

Bhain an gearán le míshástacht an duine aonair leis an bhfreagra a thug an Rialaitheoir Sonraí (cuideachta ilnáisiúnta teicneolaíochta) ar an iarraidh a rinne sé go ndéanfaí ligean i ndearmad de bhun Airteagal 17 GDPR. D’iarr an duine aonair go ndíliostófaí seacht n-aimsitheoir aonfhoirmeacha acmhainne (URL) a tugadh mar thorthaí nuair a cuardaíodh ainm an duine aonair ar inneall cuardaigh an Rialaitheora Sonraí. Luaigh an duine aonair go raibh a uimhir Chéannachta Náisiúnta ar áireamh sna URLanna a tugadh mar thorthaí agus bhí imní air go mbeadh sé i mbaol méadaithe goid chéannachta mar gheall ar an bhfáil a bhí ar an uimhir sin.

D’aontaigh an duine aonair agus an Rialaitheoir Sonraí araon go n-oibreodh siad leis an gCoimisiún chun féachaint leis an ní a réiteach go cairdiúil. Dhiúltaigh an Rialaitheoir Sonraí don iarraidh díliostaithe ar dtús, á rá go raibh sna URLanna faisnéis a raibh ábharthacht phoiblí ag baint léi agus go raibh an fhaisnéis foilsithe i bhfeasachán oifigiúil ó chomhlacht rialtais, mar atá Rialtas na Spáinne. Rinne an Coimisiún teagmháil le hÚdarás Cosanta Sonraí na Spáinne i ndáil leis an bhfaisnéis a bhí foilsithe sna URLanna. Luaigh Údarás Cosanta Sonraí na Spáinne gur tharla sé, mar thoradh ar GDPR a thabhairt isteach, gur athraíodh dlí Cosanta Sonraí na Spáinne agus nach gceadaítear don Rialtas a thuilleadh uimhir iomlán Chéannachta Náisiúnta aon saoránach a nochtadh in aice lena gcéadainm ná lena sloinne agus gníomhartha riaracháin á bpoibliú aige. Tar éis soiléiriú a fháil ó Údarás Cosanta Sonraí na Spáinne, chuir an Coimisiún an Rialaitheoir Sonraí ar an eolas faoin athrú i ndlí Cosanta Sonraí na Spáinne. Bunaithe ar an athrú sin, dúirt an Rialaitheoir Sonraí go ndíliostódh sé na URLanna uile de bhun Airteagal 17 GDPR chun nach dtabharfadh siad aon torthaí nuair a chuardaítear ainm an duine aonair. Léirítear sa chás seo a thábhachtaí atá sé cumarsáid a dhéanamh le húdaráis mhaoirseachta eile le linn an phróisis réitigh chairdiúil. Sna himthosca seo, tugadh soiléiriú don Choimisiún maidir leis an dóigh ar athraigh an Spáinn a reachtaíocht náisiúnta ar mhaithe le GDPR a chomhlíonadh. Thug sé sin deis don Rialaitheoir Sonraí a nós imeachta reatha a oiriúnú freisin chun a chinntiú gur de réir na reachtaíochta náisiúnta nuashonraithe a láimhseálfaí gach iarraidh a bhaineann le díliostú a dhéanamh ar URLanna ina bhfuil uimhreacha iomlána Céannachta Náisiúnta.

## CÁS-STAIDÉAR 93

# Réiteach Cairdiúil — An Ceart go nDéanfaí Léirscriosadh agus Ábhar arna Ghiniúint ag Úsáideoirí

Bhain an gearán seo le diúltú a rinne an rialaitheoir sonraí ar dtús géilleadh d'iarratas ar léirscriosadh a rinne an gearánaí, de réir Airteagail 17 GDPR. Thaisc an gearánaí a ghearán ar dtús trí Údarás Cosanta Sonraí na Spáinne, an AEPD, a d'aistrigh an gearán ina dhiaidh sin go dtí an DPC mar Phríomhúdarás Maoirseachta.

Dúirt an gearánaí gur aimníodh é, agus mar sin gur aithníodh é, i léirmheas diúltach ar a ionad oibre. Rinneadh an léirmheas a phostáil ar líne, in éineacht le híomhá pháirteach den ghearánaí. D'iarr an gearánaí go mbainfí a ainm ón léirmheas, chomh maith le haon íomhánna a bhain leis.

I rith a rannpháirtíochta leis an DPC maidir leis an gceist, chuir an rialaitheoir sonraí in iúl go ndearna sé athbhreithniú ar an ábhar a bhí i gceist i gcomhthéacs na treoirlínte príobháideachais atá aige chun ábhar a bhaint ón suíomh gréasáin agus gur mheas sé nár sháraigh an t-ábhar na treoirlínte sin.

D'iarr an DPC ar an rialaitheoir sonraí an cheist a athbhreithniú arís, ar mhaithe leis an ngearán a réitiú go cairdiúil. Ina dhiaidh sin d'fhill an rialaitheoir sonraí ar ais le cur in iúl gur, tar éis dó athbhreithniú níos faide a dhéanamh ar an ábhar a bhí i gceist, chinn siad an phostáil léirmheasa a bhaint go hiomlán.

Léiríonn an cás-staidéar seo na buntáistí atá ann, do ghearánaigh aonair, nuair a dhéanann an DPC idirghabháil tríd an bpróiseas réiteach cairdiúil. Sa chás seo, de bharr na hidirghabhála seo, bhí an gearánaí in ann a cheart go ndéanfaí léirscriosadh ar a shonraí pearsanta a fheidhmiú, mar a thugtar do dhaoine aonair faoi Airteagal 17 den GDPR.

## CÁS-STAIDÉAR 94

# Réiteach Cairdiúil i nGearán Trasteorann — An Ceart go nDéanfaí Léirscriosadh

Fuair an DPC gearán ó dhuine aonair maidir le hiarratas ar léirscriosadh a rinne siad le rialaitheoir sonraí, ardán chun lóistín a chur in áirithe, de bhun Airteagail 17 GDPR. Chuir an gearánach tús le cuntas a chruthú ar ardán an rialaitheora sonraí ach chinn sé éirí as an bpróiseas sular chríochníodh é. Chuir an gearánach a iarratas ar léirscriosadh in iúl don rialaitheoir sonraí ansin trí ríomhphost agus ar an teileafón. Mar fhreagra ar an iarratas ar léirscriosadh, chuir an rialaitheoir sonraí in iúl don ghearánach go mbeadh cáipéis aitheantais de dhíth air chun an t-iarratas ar léirscriosadh a chomhlíonadh.

Aithníodh go raibh seans go bhféadfaí an gearán a réitiú go cairdiúil faoi Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, agus d'aontaigh an rialaitheoir sonraí obair leis an DPC chun iarracht a dhéanamh an gearán a réitiú go cairdiúil. Chuir an rialaitheoir sonraí ar fáil don DPC na freagraí a bhí tugtha aige don ghearánach maidir leis na ceisteanna a ardaíodh sa ghearán go dtí sin, agus dhearbhaigh sé gur iarr sé cáipéis aitheantais mar fhreagra ar an iarratas ar léirscriosadh a rinne an gearánach.

I rith an fhiosrúcháin a rinne an DPC ar an ngearán, dhearbhaigh an rialaitheoir sonraí chomh maith nár baineadh úsáid as an gcuntas a bhí i gceist riamh chun lóistín a chur in áirithe nó a óstáil nó chun an tseirbhís a úsáid ar bhealach ar bith. Tar éis idirghabháil ón DPC, ghlac an rialaitheoir sonraí air féin cuntas an ghearánaigh a léirscriosadh gan iarraidh ar an ngearánach tuilleadh cáipéise a chur ar fáil.

Chuir an DPC na forbairtí seo in iúl don ghearánach. Mar fhreagra, dhearbhaigh an gearánach gur ghlac sé leis an ngníomh a bhí beartaithe agus go réiteofar a ghearán dá léirscriosfaí a chuntas. Chuaigh an DPC i ngleic níos faide leis an rialaitheoir sonraí, a thug dearbhú don DPC go ndearna sé cuntas an ghearánaigh a léirscriosadh. Chuir

an rialaitheoir sonraí an dearbhú sin in iúl go díreach don ghearánach chomh maith.

Réitíodh an gearán go cairdiúil de réir ailt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Léiríonn an cás-staidéar seo na buntáistí atá ann, do dhaoine aonair, le hidirghabháil ón DPC tríd an bpróiseas réiteach cairdiúil. Go háirithe, léiríonn an cás-staidéar seo an bealach ina bhféadann an DPC cuidiú le gearánach tríd an bpróiseas réiteach cairdiúil. Sa phróiseas seo déantar imní aonair an ghearánaigh a mhíniú don rialaitheoir sonraí i gcás nár réitíodh an imní tríd an rannpháirtíocht tosaigh idir an ghearánach agus an rialaitheoir sonraí. Sa chás seo, de bharr róil an DPC, rinne an rialaitheoir sonraí léirscriosadh ar shonraí pearsanta an ghearánaigh, de réir Airteagail 17, gan gá le haon gníomh eile ón duine aonair.

## CÁS-STAIDÉAR 95

# Réiteach Cairdiúil — An Ceart go nDéanfaí Léirscriosadh

Bhain an gearán seo leis an líomhain nár tugadh freagrea ar iarratas ar léirscriosadh a rinne an gearánach le rialaitheoir sonraí de bhun Airteagail 17 GDPR.

Tar éis don ghearán a fháil ón ghearánach, chuaigh an DPC i ngleic leis an dá pháirtí maidir le hábhar an ghearáin. I rith na rannpháirtíochta seo, deimhníodh gur, i rith na seachtaine ina chuir an gearánach a iarratas ar léirscriosadh isteach chuig an rialaitheora sonraí, bhí an rialaitheoir sonraí ag cur próiseas nua i bhfeidhm chun iarratais ar léirscriosadh sonraí pearsanta a bhainistiú.

Chuir an rialaitheoir sonraí in iúl don DPC go bhfuair sé an iarratas ar léirscriosadh ón ábhar sonraí le linn na hidirthréimhse seo idir an seanchóras agus an córas nua. Dúirt an rialaitheoir sonraí ina theannta sin gur, cé go raibh pearsanra nua ag dul faoi oiliúint maidir le conas iarratais dá leithéid a bhainistiú le linn na tréimhse seo, ba chosúil nár eisíodh freagra ar an iarratas ar léirscriosadh. Dúirt an rialaitheoir sonraí gur neamart a bhí i gceist, b'fhéidir mar gheall ar cheist theicniúil nó earráid dhaonna, agus go raibh aiféala air faoin bhotún.

Faoi mar a bhí cúrsaí, d'aontaigh an rialaitheoir sonraí an iarratas ar léirscriosadh a chomhlíonadh, agus ghabh sé a leithscéal as an bhotún. Dhearbhaigh an rialaitheoir sonraí don DPC ina dhiaidh sin go ndearna sé sonraí pearsanta an ghearánaigh a léirscriosadh.

Chuir an DPC an gearánach ar an eolas faoi thoradh na rannpháirtíochta a rinne sé leis an rialaitheoir sonraí, agus thug sé faoi deara go mba chosúil gur réitíodh imní an ghearánaigh trí na gníomhartha dearfacha a rinne an rialaitheoir sonraí.

Dhearbhaigh an gearánach don DPC ina dhiaidh sin gur aontaigh sé le réitiú cairdiúil ar a ghearán toisc gur réitíodh a imní, agus gur aistarraing sé a ghearán.

Sa chás seo, measadh gur réitíodh an gearán go cairdiúil agus gur aistarraingíodh é, de réir ailt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Léiríonn an cás-staidéar seo na buntáistí atá ann do rialaitheoirí sonraí agus do ghearánaigh aonair araon má ghlacann siad páirt sa phróiseas réiteach cairdiúil ar bhealach dáiríre. Sa chás seo, bhí toradh mhaith don dá pháirtí de bharr an mhínithe mionsonraithe a thug an rialatheoir sonraí faoi conas a tharla an botún, an leithscéal a ghabh sé, agus an gealltanas a thug sé go réiteodh sé an cheist don ghearánach. Níos tábhachtaí arís, bhí an gearánach in ann a cheart a fheidhmiú go ndéanfadh an rialaitheoir léirscriosadh ar shonraí pearsanta a bhain leis, mar a tugadh dó faoin GDPR.

## CÁS-STAIDÉAR 96

# Iarraidh ar scriosadh agus spleáchas ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí

I ndiaidh iarratas a dhéanamh ar chárta creidmheasa nár éirigh leis, d'iarr an t-ábhar sonraí sa chás seo go scriosfaí a shonraí pearsanta faoi Airteagal 17 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR). Nuair a dhiúltaigh an rialaitheoir sonraí don iarratas ar scriosadh, chuir an t-ábhar sonraí ábhar imní in iúl don DPC go raibh a shonraí pearsanta á gcoinneáil go neamhdhleathach. Chuaigh an DPC i dteagmháil leis an rialaitheoir sonraí chun measúnú a dhéanamh ar an réasúnaíocht a bhain le diúltú dá leithéid.

Mar fhreagra ar an iarratas ar scriosadh a rinne an t-ábhar sonraí ar dtús, luaigh an rialaitheoir sonraí go raibh oibleagáid dhlíthiúil air an faisnéis a cuireadh ar fáil a choinneáil i gcomhréir le foráil 11.6 den Chód um Chosaint Tomhaltóirí 2012 agus a Pholasaí Príobháideachta agus a Ráiteas i leith Fianáin. Chuir an rialaitheoir sonraí míniúchán breise ar fáil go gcoinneofaí na sonraí a cuireadh ar fáil san iarratas ar feadh tréimhse sé bliana ón dáta ar cuireadh an tseirbhís ar fáil.

Mar chuid dá iniúchadh, chuaigh an DPC i dteagmháil leis an rialaitheoir sonraí agus iarradh freagra i ndáil leis an ngearán. Luaigh an rialaitheoir sonraí go raibh sé ag brath ar Airteagal 6(1)(c) den GDPR chun na sonraí pearsanta a choinneáil a bhfuil próiseáil riachtanach ina leith d'fhonn cloí le hoibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir sonraí faoina réir. Sa chás seo, bhí an rialaitheoir sonraí faoi réir an Chóid Cleachtais um Chosaint Tomhaltóirí 2012 (CPC) freisin. Ar an mbonn seo, bhraith an rialaitheoir sonraí ar an mbunús dlí seo chun diúltú don iarratas ar scriosadh. Faoi Airteagal 17(3)(b) den GDPR, níl feidhm ag ceart an ábhair sonraí ar scriosadh agus d'fhéadfaí srian a chur leis i gcás ina bhfuil an phróiseáil riachtanach chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh.

Mar thagairt, tá an CPC ina shraith rialacha agus prionsabail nach mór do gach gnólacht sheirbhísí airgeadais rialaithe cloí leo agus táirgí agus seirbhísí airgeadais á gcur ar fáil do thomhaltóirí, agus ba é Banc Ceannais na hÉireann a d'fhoilsigh é i gcomhréir le halt 117 d'Acht an Bhainc Ceannais 1989. Faoi alt 117(4) d'Acht an Bhainc Cheannais 1989, tá sé ina chion mura gcuireann gnólacht airgeadais rialaithe faisnéis ar fáil don Bhanc Ceannais lena thaispeáint go bhfuil an CPC á chomhlíonadh.

Faoi fhorálacha 11.5 agus 11.6 den CPC, éilítear ar rialaitheoirí sonraí taifid a choinneáil de thomhaltóir ar feadh sé bliana i ndiaidh an dáta a chuirtear deireadh le hidirbheart áirithe nó é a chur i gcrích. Áirítear an méid a leanas leis na taifid a éilítear ach níl sé teoranta dóibh: na doiciméid ar fad atá ag teastáil chun an tomhaltóir a aithint; sonraí teagmhála an tomhaltóra; an comhfhreagras ar fad leis an tomhaltóir; na doiciméid ar fad a chomhlánaigh nó a shínigh an tomhaltóir. Cheistigh an t-ábhar sonraí an spleáchas seo toisc nár cuireadh aon seirbhís ar fáil, dá bhrí sin, bhí sé den tuairim nach raibh sé ina thomhaltóir agus mar sin, nach raibh aon cheart dhlíthiúil ag an rialaitheoir sonraí na sonraí pearsanta a choinneáil. Tugtar sainmhíniú sa CPC ar thomhaltóir, agus áirítear tomhaltóir ionchasach nuair is cuí. Chomh maith leis sin, luaigh an rialaitheoir sonraí maidir leis an tráth a rinne an t-ábhar sonraí iarratas ar chárta creidmheasa, gur measadh gur seirbhís a bhí i gceist an t-iarratas a bhreithniú agus cinneadh a dhéanamh ina leith ina dhiaidh sin.

Faoi alt 109(5)(c) d'Acht 2018, chuir an DPC an t-ábhar sonraí ar an eolas gur rangaíodh an t-ábhar sonraí ina thomhaltóir ionchasach laistigh de bhrí an CPC. Mar thoradh air sin, tá oibleagáid dhlíthiúil ar an rialaitheoir sonraí na sonraí pearsanta a choinneáil ar feadh tréimhse sé bliana. Mheas an DPC nach raibh gá le haon ghníomh breise ag an tráth a eisíodh an toradh.

## CÁS-STAIDÉAR 97

# Baint a bheith ag bailitheoir fiach

Rinne ábhar sonraí teagmháil leis an DPC toisc nach raibh sé sásta leis na freagraí a fuarthas i leith iarratas duine ar a shonraí agus i leith iarratas ar scriosadh. Tugadh an cás seo in aghaidh bailitheoir fiach agus chuir an t-ábhar sonraí ábhar imní in iúl faoin mbealach ina bhfuarthas a chuid sonraí pearsanta. Mhínigh an t-ábhar sonraí gur glanadh an fiach ach go raibh sé fós ag fáil litreacha ó bhailitheoir fiach. Tagraíodh sa litir seo do shuim a bhí fós le réiteach i ndáil le tríú páirtí.

Leag an t-ábhar sonraí amach don DPC go ndearnadh a iarratas duine ar a shonraí trí ardán ar líne. Ní bhfuair an t-ábhar sonraí freagra ar a Iarratas ar Rochtain Airteagal 15 ná ar a iarratas ar scriosadh faoi Airteagal 17 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR). Chuaigh an dá pháirtí i dteagmháil dhíreach lena chéile sula raibh an DPC páirteach. Ina chomhfhreagras leis an ábhar sonraí, mhínigh an bailitheoir fiach go bhfuarthas na sonraí pearsanta ó thríú páirtí. Uaslódáladh na sonraí pearsanta ar a chóras ar líne ina dhiaidh sin agus eisíodh litir chuig an ábhar sonraí.

Mar chuid dá iniúchadh, chuaigh an DPC i dteagmháil leis an mbailitheoir fiach agus d'iarr sé air achoimre a thabhairt ar a chaidreamh leis an tríú páirtí seo. Chuir an bailitheoir fiach in iúl don DPC go raibh sé ag gníomhú mar phróiseálaí sonraí thar ceann an tríú páirtí agus go raibh comhaontú próiseálaí sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 28(3) den GDPR, i bhfeidhm ag an tráth a phróiseáil sé na sonraí pearsanta seo. Chuir an bailitheoir fiach in iúl don DPC go raibh deireadh curtha leis an gconradh seo agus nach mbeadh sé ag gníomhú thar ceann an tríú páirtí amach anseo. Ghlac an DPC leis sin agus d'aithin sé an bailitheoir fiach ar an bpróiseálaí sonraí agus an tríú páirtí ar an rialaitheoir sonraí. Luaigh an próiseálaí sonraí gur chun leas an phobail fiacha a bhailiú agus mar sin, go raibh leas dlisteanach aige sonraí pearsanta a phróiseáil i gcás ina bhfuil cuntas ábhair sonraí sannta dó faoin dlí, nó i gcás ina bhfuil sé ag gníomhú faoi chonradh dlí. Luaigh an próiseálaí sonraí go raibh próiseáil shonraí pearsanta an ábhair sonraí riachtanach d'fhonn an fiach a bhailiú agus go gceadaítear é fiú i gcás nach dtugann an t-ábhar sonraí cead i leith na próiseála; arb é is brí leis sin gur bhraith an próiseálaí sonraí ar Airteagail 6(1)(b) agus 6(1)(f) den GDPR chun na sonraí pearsanta a phróiseáil.

Ghlac an próiseálaí sonraí sa chás seo go bhféadfadh sé gur ghlan an t-ábhar sonraí an fiach gan íoc ach luaigh sé nach bhféadfadh sé bheith freagrach má íocann an t-ábhar sonraí an rialaitheoir sonraí go díreach agus nach gcuireann an rialaitheoir sonraí an próiseálaí sonraí ar an eolas chun deireadh a chur leis an bhfiach gan íoc ar a chórais. Tharraing an DPC aird gur chosúil go raibh earráid sa litir a fuair an t-ábhar sonraí. Sa chomhfhreagras seo, thagair an bailitheoir fiach dó féin mar rialaitheoir sonraí. Ghlac an bailitheoir fiach leis an earráid seo agus luaigh sé gur cheart go mbeadh próiseálaí sonraí scríofa, agus gur dearmad ba chúis leis sin nuair a bhí litir teimpléid á húsáid.

Maidir leis an iarratas duine ar a shonraí, mar gheall ar a chaidreamh mar phróiseálaí sonraí, níor thug sé freagra díreach ar iarratas an ábhair sonraí ar a shonraí ach roinn sé é sin leis an tríú páirtí, an rialaitheoir sonraí. Maidir leis an iarratas ar scriosadh, chuir an próiseálaí sonraí in iúl don ábhar sonraí go mbeadh air na sonraí pearsanta a choinneáil ar feadh sé mhí chun críocha cánachais/airgeadais/iniúchóireachta. Bhí an sé mhí caite sula raibh an DPC páirteach agus dhearbhaigh an próiseálaí sonraí don DPC go raibh na sonraí pearsanta scriosta. Ghabh an próiseálaí sonraí leithscéal leis an ábhar sonraí go díreach agus thairg sé íocaíocht mar chomhartha dea-thola.

Chuir an DPC in iúl don ábhar sonraí faoi alt 109(5)(c) d'Acht 2018 go raibh leas dlisteanach ag an bpróiseálaí sonraí agus an rialaitheoir sonraí fiacha a bhailiú agus sonraí pearsanta a nochtadh chun na fiacha a bhailiú. D'aithin an DPC na hearráidí sa chomhfhreagras a cuireadh ar fáil don ábhar sonraí agus faoi alt109(5)(f) d'Acht 2018, mhol sé go dtabharfadh an próiseálaí sonraí faoi thástáil a dhéanamh ar phróisis eagraíochtúla agus teicniúla go rialta chun comhlíonadh an GDPR a chinntiú d'fhonn cloí le hAirteagal 28 den GDPR.

### CÁS-STAIDÉAR 98

## Sonraí arna gcoinneáil ag banc maidir le hiarratas ar iasacht a tarraingíodh siar

Sa chás seo, rinne an gearánach iarratas ar iasacht chuig banc. Tharraing an gearánach an t-iarratas ar iasacht siar ina dhiaidh sin agus scríobh sé chuig an mbanc á lua go raibh toiliú á tharraingt siar aige i leith aon sonraí pearsanta arna gcoinneáil ag an mbanc a phróiseáil maidir leis an iarratas ar iasacht agus inar iarradh go seolfaí ar ais na doiciméid ar fad ina raibh sonraí pearsanta an ghearánaigh. Mar fhreagra, chuir an banc in iúl don ghearánach gur chuir sé stop le sonraí pearsanta ar fad an ghearánaigh a phróiseáil, seachas na sonraí a coinníodh i dtaifid ar luaigh an banc gur éilíodh air iad a choinneáil agus a phróiseáil faoi Chód um Chosaint Tomhaltóirí Bhanc Ceannais na hÉireann. Ní raibh an gearánach sásta leis an bhfreagra sin, agus d'áitigh sé, ina ghearán chuig an Oifig seo, i gcúinsí ina bhfuair an banc sonraí pearsanta an ghearánaigh ar an mbonn gur thoiligh an gearánach, ní raibh cead ag an mbanc leanúint de na sonraí sin a phróiseáil ar bhunús dlí eile (i.e. próiseáil atá riachtanach d'fhonn oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an banc faoina réir a chomhlíonadh). D'áitigh an gearánach freisin go raibh an phróiseáil leanúnach a rinne an banc ar a shonraí pearsanta le haghaidh críche nach raibh comhoiriúnach leis an gcríoch ar bailíodh na sonraí ina leith ar dtús, de shárú ar an reachtaíocht um chosaint sonraí.

Dheimhnigh an oifig seo gur aithníodh an banc ar an rialaitheoir sonraí ábhartha i ndáil leis an ngearán, ós rud é gur rialaigh an banc sonraí pearsanta a chuir an gearánach ar fáil don bhanc le linn iarratas ar iasacht a dhéanamh. Bhí na sonraí a bhí i gceist ina sonraí pearsanta maidir leis an ngearánach (a chuimsigh, i measc nithe eile, foirm iarratais ar iasacht chomhlánaithe agus doiciméid tacaíochta) toisc go bhféadfaí an gearánach a aithint iontu agus gur bhain na sonraí leis an ngearánach mar dhuine aonair. Dá bhrí sin, bhí an oifig seo sásta gur chóir imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán seo lena chinneadh an raibh sárú ar an reachtaíocht um chosaint sonraí i gceist nó nach raibh.

Le linn imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán seo, rinne an Oifig seo athbhreithniú ar fhoirm iarratais ar iasacht an bhainc, a raibh foráil intí, tríd an bhfoirm a shíniú, gur thug duine cead don bhanc a shonraí pearsanta a stóráil, a úsáid agus a phróiseáil le haghaidh réimse cuspóirí, lena n-áirítear chun iarratais ar chreidmheas nó seirbhísí airgeadais a phróiseáil. Mar sin féin, thug an Oifig seo faoi deara nár áiríodh leis na cuspóirí ar thug an gearánach cead ina leith próiseáil chun críche oibleagáidí dlíthiúla an bhainc i gcoitinne a chomhlíonadh, agus go háirithe, níor áiríodh leis sonraí pearsanta an ghearánaigh a phróiseáil chun críche an Cód um Chosaint Tomhaltóirí a chomhlíonadh. Dá réir sin, bhreithnigh an oifig seo gur ag an am ar bailíodh sonraí pearsanta an ghearánaigh, nár mhaígh an Banc go rabhthas ag brath ar thoiliú mar an bunús dlí i leith sonraí pearsanta an ghearánaigh a bhailiú agus a phróiseáil d'fhonn cloí lena oibleagáidí dlí. Ina ionad sin, bhreithnigh an oifig seo go bhféadfadh an banc brath mar is ceart ar an mbunús dlí go raibh an phróiseáil riachtanach d'fhonn céimeanna a ghlacadh arna iarraidh sin ag an ábhar sonraí roimh chonradh a dhéanamh.

Thug an Oifig seo faoi deara, i gcás ina dtarraingítear iarratas siar ina dhiaidh sin nó mura n-éiríonn leis agus nach ndéanann an banc conradh leis an iarratasóir, nach féidir sonraí pearsanta a bhaineann leis an iarratas ar iasacht a choinneáil a thuilleadh ar an mbonn go raibh an phróiseáil riachtanach d'fhonn céimeanna a ghlacadh arna iarraidh sin ag an ábhar sonraí roimh chonradh a dhéanamh, ós rud é nach bhfuil féidearthacht ann a thuilleadh conradh a dhéanamh leis an ábhar sonraí. Mar sin, d'aithin an banc bunús dlí ar leith chun sonraí pearsanta an ghearánaigh a choinneáil maidir leis an iarratas ar iasacht, is é sin go raibh an phróiseáil seo riachtanach d'fhonn oibleagáid dhlíthiúil a raibh an banc faoina réir a chomhlíonadh.

Thug an Oifig seo faoi deara gur tugadh ar eintitis rialáilte faoin gCód um Chosaint Tomhaltóirí sonraí maidir le "idirbhearta aonair" a choinneáil ar feadh sé bliana i ndiaidh an dáta ar a scoirtear den idirbheart ar leith nó ar é a chur i gcrích. Bhreithnigh an Oifig seo áfach, nach bhfuil iarratas ar iasacht a tharraingítear siar ina dhiaidh sin nó nach n-éiríonn leis ar deireadh thiar ina 'idirbheart' chun críche an Chóid um Chosaint Tomhaltóirí. Thug an Oifig seo faoi deara ina dhiaidh sin gur tugadh ar eintitis rialáilte freisin faoin gCód um Chosaint Tomhaltóirí "na taifid eile ar fad" a choinneáil ar feadh sé bliana ón dáta ar chuir an t-eintiteas rialáilte deireadh le haon táirge nó seirbhís a chur ar fáil don tomhaltóir, lena n-airítear tomhaltóir ionchasach, lena mbaineann. Mar sin féin, níor mheas an Oifig seo go mbaineann na taifid maidir le hiarratas ar iasacht a tharraingítear ina dhiaidh sin le raon

an riachtanais seo faoin gCód um Chosaint Tomhaltóirí ach an oiread. Dá réir sin, mheas an Oifig seo, nár ghá don bhanc sonraí pearsanta a bhaineann le hiarratas ar iasacht aistarraingthe an ghearánaigh a choinneáil chun críche cloí lena oibleagáidí faoin gCód um Chosaint Tomhaltóirí, agus bhreithnigh an Oifig nár aithin an banc bunús dlí faoin reachtaíocht um chosaint sonraí chun sonraí pearsanta an ghearánaigh a choinneáil a bhain lena iarratas ar iasacht a choinneáil.

Faoi Airteagal 6 den GDPR, ní mór go mbeadh bunús dlí ag rialaitheoirí sonraí i ndáil le haon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta. Áirítear leis na bunúis dlí atá ar fáil go bhfuil cead tugtha ag an ábhar sonraí maidir lena shonraí pearsanta a phróiseáil le haghaidh cuspóir sainiúil amháin nó níos mó, go bhfuil an phróiseáil riachtanach chun an conradh ina bhfuil an t-ábhar sonraí ina pháirtí a chomhlíonadh, nó chun céimeanna a ghlacadh arna iarraidh sin ag an ábhar sonraí roimh chonradh a dhéanamh, agus go bhfuil an phróiseáil riachtanach d'fhonn oibleagáid dlí a bhfuil an rialaitheoir sonraí faoina réir a chomhlíonadh. Ba chóir do rialaitheoirí sonraí a thabhairt faoi deara freisin nach gceadaítear sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha eile seachas na críocha ar bailíodh iad ina leith ar dtús ach amháin i gcás ina bhfuil an phróiseáil comhoiriúnach leis na críocha ar bailíodh na sonraí ina leith ar dtús.

### CÁS-STAIDÉAR 99

## Próiseáil neamhdhleathach agus iarratas scriosta

Tar éis turas ar shaoráid fóillíochta (an rialaitheoir sonraí), chuir ábhar sonraí gearán faoi bhráid an Choimisiúin um Chosaint Sonraí (DPC) mar go raibh siad míshásta maidir leis an mbealach a ndearna an rialaitheoir sonraí próiseáil ar a gcuid sonraí pearsanta. Theastaigh ón ábhar sonraí a gcearta faoi Airteagal 17 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) a fheidhmiú, go ndéanfadh an eagraíocht a gcuid sonraí féin agus sonraí a dteaghlach a scrios. Roimh theagmháil a dhéanamh leis an DPC, d'iarr an t-ábhar sonraí go díreach ar an rialaitheoir sonraí a sonraí a scrios ach dhiúltaigh an rialaitheoir sonraí an t-iarratas seo.

Mhínigh an t-ábhar sonraí don DPC gur chreid siad, le linn a gcuairte ar an tsaoráid fóillíochta, go raibh a gcuid sonraí pearsanta á bpróiseáil go neamhdhleathach mar gur iarr an fhoireann orthu arís agus arís eile mionsonraí na háirithinte a chur ar fáil ar mhaithe leis na saoráidí a bhí ar an láthair, sé sin bialanna agus gníomhaíochtaí a rochtain. Chreid an t-ábhar sonraí gur próiseáil iomarcach a bhí i gceist anseo mar nár tugadh aon rogha dóibh agóid a dhéanamh ó thaobh próiseáil den sórt sin agus nó ní chuirfí rochtain iomlán chuig na saoráidí ar fáil dóibh.

Ar aon dul lena n-imscrúdú ar an ngearán, rinne an DPC teagmháil agus chomhroinn mionsonraí maidir le gearán an ábhair sonraí leis an rialaitheoir sonraí. Chuir an rialaitheoir sonraí in iúl don DPC gurbh é an bonn dlí a bhí acu le sonraí pearsanta a phróiseáil ná Airteagal 6(1)(f) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), a dtagraítear do freisin mar leas dlisteanach. Thug an rialaitheoir sonraí míniú breise go n-éilíonn siad sonraí custaiméara roimh shaoráid a rochtain nó roimh mhír éigin a cheannach ar mhaithe "le patrúin a thuiscint agus feabhas a chur ar an raon seirbhísí agus saoráidí atá ar fáil d'aíonna". Tá an méid sin mionsonraithe ina mbeartas príobháideachais atá ar fáil ar a láithreán gréasáin.

De bhun gearán an ábhair sonraí, rinne an rialaitheoir sonraí athbhreithniú ar a gcuid beartas agus d'aithin bearna oiliúna ó thaobh na foirne de. Tar éis an méid sin a thabhairt ar aird, chuir an rialaitheoir sonraí treoracha ar fáil don fhoireann lena chinntiú go mbíonn siad ar an eolas nach bhfuil aon dualgas ar chustaiméirí mionsonraí maidir lena n-áirithint a sholáthar agus saoráidí áirithe a rochtain. Chuir an rialaitheoir sonraí in iúl freisin go bhfuil an Nós Imeachta Oibríochta Roinne an Rialacháin Ginearálta maidir le Sonraí tugtha cothrom le dáta acu ar mhaithe leis an nós imeachta seo a léiriú níos soiléire.

Maidir le hiarratas scriosta an ábhair sonraí, chuir an rialaitheoir sonraí in iúl don DPC gur bhaineadh an t-ábhar sonraí as gach cumarsáid ó thaobh margaíochta díreach de. Mar sin féin, ní raibh ar a gcumas aon sonraí pearsanta eile maidir leis an ábhar sonraí agus lena dteaghlach a scrios mar go bhfuil na sonraí á gcoinneáil de réir a mbeartas coinneála. Luaitear i mbeartas coinneála an rialaitheora sonraí go bhfuil na mionsonraí pearsanta go léir á gcoinneáil ar chomhad mar go bhféadfadh siad a bheith riachtanach chun éilimh dhlíthiúla a chosaint agus ní scriosfar iad go mbeidh an duine is óige den teaghlach in aois 21 bliain, de réir tréimhsí na teorann reachtúil.

Faoi alt 109(5)(f) d'Acht na bliana 2018, mhol an DPC don rialaitheoir sonraí leanúint ar aghaidh le hoiliúint a chur ar fáil do na fostaithe go léir maidir lena chuid oibleagáidí do chearta ábhar sonraí faoin reachtaíocht cosanta sonraí

agus mhol an DPC don rialaitheoir sonraí leanúint leis an oiliúint seo a thabhairt cothrom le dáta.

Mhol an DPC freisin faoi alt 109(5)(f) d'Acht na bliana 2018 don rialaitheoir sonraí na sonraí pearsanta go léir a scriosadh de réir tréimhse choinneála an rialaitheora sonraí.

Níor bhreithnigh an DPC go raibh gá le haon ghníomh eile ag tráth eisiúna an toraidh mar gur thug siad ar aird go raibh athoiliúint curtha ar fáil don fhoireann go léir, gabh siad leithscéal leis an ábhar sonraí agus thairg siad cúiteamh dóibh mar thoradh ar a ngearán.

---

### CÁS-STAIDÉAR 100

## Próiseáil neamhdhleathach ar ghrianghraf agus iarraidh léirscriosta faoi Airteagal 17 GDPR (An Dlí is Infheidhme — an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018)

Rinne ábhar sonraí gearán leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ("an Coimisiún") maidir le foilsiú a íomhá stairiúla i nuachtán ("rialaitheoir sonraí"). Mhínigh an t-ábhar sonraí don Choimisiún gur foilsíodh an t-alt gan fhios dó agus gan toiliú a fháil uaidh. Sula ndearna sé teagmháil leis an gCoimisiún, rinne an t-ábhar sonraí teagmháil leis an rialaitheoir sonraí chun aghaidh a thabhairt ar na húdair imní a bhí aige toisc go raibh sé den tuairim gur próiseáladh a shonraí pearsanta go neamhdhleathach. D'iarr sé go léirscriosfaí an íomhá ón nuachtán faoi Airteagal 17 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("GDPR"). Dhiúltaigh an rialaitheoir sonraí do na heilimintí uile den iarraidh ón ábhar sonraí, áfach.

Mar chuid dá scrúdú, rinne an Coimisiún idirchaidreamh leis an rialaitheoir sonraí agus d'fhiafraigh sé de cén bunús dleathach a bhí aige faoi Airteagal 6 GDPR le sonraí pearsanta an ábhair sonraí a phróiseáil ar an mbealach atá leagtha amach sa ghearán uaidh. Dúirt an rialaitheoir sonraí leis an gCoimisiún nach raibh sé ag brath ar Airteagal 6 GDPR chun sonraí pearsanta an ábhair sonraí a phróiseáil. Dúirt sé go raibh sé ag brath ar alt 43 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 ("Acht 2018") (próiseáil sonraí agus saoirse chun tuairimí a nochtadh agus chun saorála faisnéise), is é sin gur díolmhaithe a bheidh próiseáil sonraí pearsanta chun go bhfeidhmeofar an ceart chun saoirse chun tuairimí a nochtadh agus chun saorála faisnéise, lena n-áirítear próiseáil chun críoch iriseoireachta nó chun críoch léirithe acadúil, ealaíonta nó liteartha. Mhínigh an rialaitheoir sonraí freisin nach raibh an t-ábhar sonraí ina ábhar don alt nuachta a bhí i gceist agus go ndeachaigh roinnt mhaith blianta thart ó tógadh an grianghraf agus, dá bhrí sin, nach bhféadfaí an t-ábhar sonraí a shainaithint go héasca.

Maidir leis an iarraidh léirscriosta ón ábhar sonraí, bhí an rialaitheoir sonraí ag brath ar alt 43 d'Acht 2018 mar bhunús le diúltú don íomhá a léirscriosadh ón alt.

Tar éis dó breithniú a dhéanamh ar na heilimintí uile den ghearán seo, chinn an Coimisiún go raibh bunús dleathach ag an nuachtán faoi alt 43 d'Acht 2018 agus faoi Airteagal 85 GDPR le híomhá stairiúil an ábhair sonraí a fhoilsiú in alt nuachta.

Tugann an Coimisiún faoi deara nach ndíolmhaítear leis an díolúine iriseoireachta aon rialaitheoir sonraí ón Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ar fad ná ó na hAchtanna um Chosaint Sonraí ar fad. Ní mór do rialaitheoir sonraí aird a bheith aige ar na hoibleagáidí eile atá air faoi GDPR agus faoi Acht 2018. Chinn an Coimisiún go ndearna an rialaitheoir sonraí próiseáil chomhréireach ar shonraí pearsanta an ábhair sonraí toisc go bhfuil an íomhá atá i gceist ina híomhá stairiúil inar féidir talamh slán a dhéanamh de le réasún nach féidir an t-ábhar sonraí a shainaithint go héasca a thuilleadh. Aithníonn an Coimisiún gurb é tríú páirtí an príomhdhuine atá i gceist leis an alt agus go luaitear sliocht as go díreach san alt. Dá bhrí sin, ní ionann an t-ábhar sonraí agus ábhar na díospóireachta.

Chuir an Coimisiún in iúl don ábhar sonraí, faoi alt 109(5)(c) d'Acht 2018, gur réasúnach a bhí an míniú a chuir an rialaitheoir sonraí ar aghaidh maidir le próiseáil a shonraí pearsanta in imthosca an ghearáin seo.

## CÁS-STAIDÉAR 101

# Cinneadh Airteagal 60 maidir le Twitter International Company — Iarraidh ar Aitheantas, Iarraidh Léirscriosta

Taisceadh gearán in aghaidh Twitter International Company ("Twitter") go díreach leis an gCoimisiún an 02 Iúil 2019. Dá réir sin, láimhseáil an Coimisiún an gearán ina cháil mar phríomhúdarás maoirseachta. Líomhain an gearánach gur tharla sé, tar éis a chuntas ar Twitter a chur ar fionraí, gur mhainnigh Twitter an creat ama reachtúil a chomhlíonadh i leith iarraidh léirscriosta a chuir sé faoina bhráid. Líomhain an gearánach freisin gur iarr Twitter cóip dá aitheantas fótagrafach chun go bhféadfadh sé an iarraidh léirscriosta uaidh a chur i ngníomh gan aon bhunús dlí a bheith aige le déanamh amhlaidh. Ar deireadh, líomhain an gearánach gur choinnigh Twitter a shonraí pearsanta tar éis na hiarrata léirscriosta uaidh gan aon bhunús dlí a bheith aige le déanamh amhlaidh.

Cuireadh cuntas Twitter an ghearánaigh ar fionraí toisc gur mheas Twitter gur sháraigh an gearánach a Bheartas Iompair Ghránna. Tar éis do Twitter an cuntas a chur ar fionraí, d'iarr an gearánach go léirscriosfaí a shonraí pearsanta uile, amhail a sheoladh ríomhphoist agus a uimhir theileafóin. Chuir sé roinnt iarrataí difriúla faoi bhráid Twitter á iarraidh air go léirscriosfaí a shonraí. D'iarr Twitter ar an ngearánach cóip dá aitheantas a chur isteach chun a fhíorú gurbh é an sealbhóir cuntais i ndáiríre é. Dhiúltaigh an gearánach do dhéanamh amhlaidh. Ar deireadh, chomhlíon Twitter an iarraidh léirscriosta gan aitheantas fótagrafach an ghearánaigh a fháil.

Ar dtús, d'fhéach an Coimisiún leis an ngearán seo a réiteach go cairdiúil trína phróiseas láimhseála gearán. Níor éirigh leis teacht ar réiteach cairdiúil, áfach, agus osclaíodh fiosrúchán ar an gcás. Ba iad seo a leanas na saincheisteanna lena n-iniúchadh agus lena gcinneadh ag an bhfiosrúchán ón gCoimisiún: (i) cé acu a bhí nó nach raibh bunús dleathach ag Twitter le haitheantas fótagrafach a iarraidh tar éis iarraidh léirscriosta a fháil de bhun Airteagal 17 RGCS; (ii) cé acu a láimhseáil nó nár láimhseáil Twitter an iarraidh léirscriosta sin i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta agus leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018; agus (iii) cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon Twitter ceanglais trédhearcachta Airteagal 12 RGCS.

Agus an seasamh uaidh á chosaint, luaigh Twitter go bhfuil ríthábhacht ag baint le haitheantas an iarrthóra a fhíordheimhniú i gcásanna ina n-iarrann páirtí go ndéanfaí léirscriosadh ar a chuntas. Luaigh sé gurb é an t-aon toradh amháin a bhíonn ar na haitheantóirí uathúla a sholáthraítear nuair a chláraítear cuntas (i.e., seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin) ná ceangal a dhéanamh idir úsáideoir agus cuntas. Ní fhíoraítear leo aitheantas aon sealbhóra cuntais. Luaigh Twitter gurb eol dó gur féidir cuntais ríomhphoist a haiceáil agus gur féidir go bhféachfaidh páirtithe leasmhara eile le cuntas a léirscriosadh, go háirithe i gcás den sórt seo inar cuireadh an cuntas ar fionraí mar gheall ar roinnt sáruithe líomhnaithe ar Bheartas Iompair Ghránna Twitter. Thug an chuideachta le fios go gcoinníonn sí faisnéis bhunúsach faoi shíntiúsóirí ar feadh tréimhse éiginnte, ar aon dul leis an leas dlisteanach atá aici i sábháilteacht agus slándáil a hardáin agus a húsáideoirí a chothabháil.

D'áitigh Twitter freisin nár bhain Airteagal 5(1)(c) le hábhar anseo toisc nár bhailigh sé aon aitheantas ar bith ón ngearánach. Ina ainneoin sin, luaigh sé gur chomhréireach agus riachtanach araon a bhí an iarraidh ar aitheantas fótagrafach sa chás seo. Thug sé le fios go mbíonn leibhéal níos airde fíordheimhniúcháin ag teastáil i gcás nach bhfuil duine logáilte isteach ina chuntas, rud a tharlóidh i gcónaí nuair atá cuntas an duine lena mbaineann ar fionraí.

Ag féachaint don iarraidh léirscriosta ón ngearánach agus don oibleagáid ghaolmhar atá ar an gcuideachta aon iarraidh den sórt sin a phróiseáil 'gan moill mhíchuí', leag Twitter amach amlíne an chomhfhreagrais idir é féin agus an gearánach maidir leis an iarraidh léirscriosta. Luaigh Twitter go ndearna an gearánach iarrataí dúblacha agus gur chuir sé sin moill ar phróiseas an scriosta/an léirscriosta. Maidir le coinneáil sonraí, chuir Twitter in iúl don Choimisiún gur choinnigh sé uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an ghearánaigh tar éis an iarraidh rochtana uaidh a chur i gcrích. Luaigh sé go gcoinníonn sé an fhaisnéis theoranta sin ar feadh tréimhse éiginnte tar éis an cuntas a dhíghníomhachtú agus go ndéanann sé amhlaidh de réir na leasanna dlisteanacha atá aige i sábháilteacht agus slándáil a ardáin agus a úsáideoirí a chothabháil. Dhearbhaigh sé gurbh amhlaidh, dá scriosfadh sé seoladh ríomhphoist nó uimhir theileafóin an ghearánaigh óna chórais, go bhféadfadh an gearánach an fhaisnéis sin a úsáid ansin chun cuntas nua a chruthú, cé gur sainaithníodh é agus gur cuireadh ar fionraí go buan é ón ardán de dheasca sáruithe éagsúla ar Bheartas Iompair Ghránna Twitter.

Tar éis dó an fiosrúchán uaidh a chur i gcrích, ghlac an Coimisiún an cinneadh uaidh i ndáil leis an ngearán seo de réir Airteagal 60(7) RGCS an 27 Aibreán 2022. Chinn an Coimisiún gur sháraigh Twitter International Company, an rialaitheoir sonraí, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí mar a leanas:

- Airteagal 5(1)(c): Sháraigh Twitter prionsabal an íoslaghdaithe sonraí, de bhun Airteagal 5(1)(c) RGCS, nuair a cheangail sé ar an ngearánach a aitheantas a fhíorú trí chóip dá aitheantas fótagrafach a chur isteach.
- Airteagal 6(1): Níor shainaithin Twitter aon bhunús dleathach bailí faoi Airteagal 6(1) RGCS le cóip d'aitheantas fótagrafach an ghearánaigh a iarraidh chun an iarraidh léirscriosta uaidh a phróiseáil.
- Airteagal 17(1): Sháraigh Twitter Airteagal 17(1) RGCS, toisc go raibh moill mhíchuí ann ar an iarraidh léirscriosta ón ngearánach a phróiseáil.
- Airteagal 12(3): Sháraigh Twitter Airteagal 12(3) RGCS trí mhainneachtain fógra a thabhairt don ábhar sonraí laistigh de mhí amháin faoin ngníomh a rinneadh i dtaca leis an iarraidh léirscriosta uaidh de bhun Airteagal 17 RGCS.

Chinn an Coimisiún go raibh bunús dlí bailí ag Twitter, de réir Airteagal 6(1) (f), le seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin an ghearánaigh a bhí bainteach leis an gcuntas a choinneáil. Chinn sé freisin gurbh amhlaidh, gan dochar don chinneadh uaidh thuas maidir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí i ndáil le haitheantas fótagrafach, gur chomhlíon Twitter prionsabal an íoslaghdaithe sonraí toisc go raibh próiseáil an tseolta ríomhphoist agus na huimhreach teileafóin teoranta don mhéid ba ghá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil.

I bhfianaise mhéid na sáruithe, d'eisigh an Coimisiún iomardú chuig Twitter International Company, de bhun Airteagal 58(2)(b) RGCS. Ina theannta sin, d'ordaigh an Coimisiún do Twitter International Company, de bhun Airteagal 58(2)(d), leasú a dhéanamh ar a bheartais agus a nósanna imeachta inmheánacha le haghaidh iarrataí léirscriosta a láimhseáil chun a chinntiú nach gceanglófaí ar ábhair sonraí a thuilleadh cóip d'aitheantas fótagrafach a sholáthar nuair a dhéanann siad iarrataí léirscriosta sonraí, ach amháin i gcás go bhféadfaidh sé bunús dlí le déanamh amhlaidh a léiriú. D'ordaigh an Coimisiún do Twitter International Company mionsonraí faoina bheartais agus a nósanna imeachta inmheánacha athbhreithnithe a sholáthar dó faoin 30 Meitheamh 2022. Chomhlíon Twitter an t-ordú sin faoin spriocdháta socraithe.



# Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí

**CÁS-STAIDÉAR 102**

## Srianta sonraí — sonraí tríú páirtí; tuairim tugtha faoi rún (Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí)

Scrúdaigh an DPC cás inar chuir An Garda Síochána srianta i bhfeidhm ar rochtain ar bhonn Ailt 91(7) agus (8) den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Bhain an cás le duine aonair a bhí ag lorg cóipeanna de líomhaintí maidir le mí-úsáid a rinneadh ina choinne maidir le leas a thuismitheoirí. I ndiaidh an cheist seo a scrúdú, ba léir don DPC go scaoilfí sonraí pearsanta tríú páirtí agus go nochtfaí aitheantas an duine a raibh na líomhaintí á ndéanamh aige mar gheall ar an bhfaisnéis a scaoileadh. I ndiaidh don DPC athbhreithniú a dhéanamh, bhí sé sásta gur cuireadh na sonraí a bhí á n-iarraidh ar fáil go huile is go hiomlán faoi rún agus mheas sé go raibh feidhm le forálacha Alt 91(9)(a) freisin.

**CÁS-STAIDÉAR 103**

## Srianta sonraí — uireasa comhthola ó gach páirtí (Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí)

I gcás amháin a scrúdaigh an DPC, chuir tuismitheoir iarratas isteach chuig An Garda Síochána chun cóipeanna de shonraí pearsanta a pháistí óga a fháil.

Dhiúltaigh An Garda Síochána na sonraí a chur ar fáil. Chomhairligh an DPC don tuismitheoir go gcomhaontódh sé leis an srian a cuireadh i bhfeidhm, toisc go raibh eolas faoi leith ag an rialaitheoir sa chás seo maidir leis na cúinsí a bhain le socrú coimirce chomhroinnte a bhí i bhfeidhm agus toisc gur mheas sé go mbeadh comhthoil gach coimirceora ag teastáil d'fhonn na sonraí a scaoileadh sa chás seo.

## CÁS-STAIDÉAR 104

# Teorannú Cuspóra — An Treoir maidir le Forfheidhmiú Dlí

Scrúdaigh an DPC gearán mar ar mhaígh duine aonair go raibh sonraí a bailíodh i gcomhthéacs áirithe amháin forfheidhmithe dhlí á úsáid ag an rialaitheoir sonraí céanna do chuspóir eile forfheidhmithe dhlí. Bhain an gearán le hionchúiseamh duine aonair do chionta i réimse na leigheasanna eachaí agus ainmhithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara (RTBM) agus atreorú ar leith ag RTBM líomhaintí mí-iompair ghairmiúil do Chomhairle na dTréidlia (CT) maidir leis an duine céanna.

Tar éis don DPC na ceisteanna a tógadh a scrúdú, d´atreoraigh sé an gearánach d´Alt 71(5) den Acht um Chosaint Sonraí 2018:

Nuair a bhailíonn rialaitheoir sonraí pearsanta do chuspóir sonraithe in Alt 70(1)(a), is féidir leis an rialaitheoir nó rialaitheoir eile na sonraí a phróiseáil do chuspóir a sonraíodh seachas an cuspóir dár bailíodh na sonraí, sa mhéid go bhfuil—

(a) an rialaitheoir údaraithe chun a leithéid de shonraí pearsanta a phróiseáil le haghaidh a leithéid de chuspóir de réir dhlí an Aontais Eorpaigh nó dlí an Stáit, agus go bhfuil

(b) an phróiseáil riachtanach agus comhsheasmhach leis an gcuspóir dá bhfuil na sonraí á bpróiseáil.

Maidir le hAlt 70(1)(a) agus "dlí an Stáit", thug an DPC faoi deara na forálacha a leagtar amach san Acht um Chleachtas Tréidliachta 2005 i dtaca le cur i gcrích fhiosrúchán ag an CT faoi líomhaintí mí-iompair ghairmiúil. Tugann Alt 76 den Acht um Chleachtas Tréidliachta 2005, go háirithe, achoimre gur féidir leis an CT nó aon duine iarratas a dhéanamh ar fhiosrúchán maidir le hoiriúnacht duine chláraithe chun tréidliacht a chleachtadh. Ar an mbonn seo ní dhearna an DPC machnamh faoi reachtaíocht chosanta sonraí chun atreorú ar leith RTBM a dhícheadú maidir le líomhaintí mí-iompair ghairmiúil don CT i dtaca le duine, i gcomhar le himeachtaí ionchúisimh ag RTBM in aghaidh an duine chéanna do chionta i réimse na leigheasanna eachaí agus ainmhithe.

## CÁS-STAIDÉAR 105

# Srianta Sonraí — ionchúisimh ar feitheamh (Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí)

Déanann an DPC scrúdú ar ghearáin go minic a bhaineann le srianta a chuireann An Garda Síochána agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) i bhfeidhm mar gheall ar ionchúisimh choiriúla atá ar feitheamh. Cuimsíonn na gearáin cásanna ionsaithe ina n-iarrtar doiciméid ar nós taifid PULSE, grianghraif agus tuairiscí ó An Garda Síochána maidir leis na teagmhais, agus iarratais ar phíosaí scannánaíochta CCTV ó laistigh de stáisiúin féin An Gharda Síochána.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh An Garda Síochána cóip de ráiteas a chur duine aonair ar fáil a sholáthar don duine aonair ach coimeádfaidh sé sonraí eile siar ar bhonn Alt 94(3)(a) den Acht ina bhféadfadh rialaitheoir sonraí rochtain a theorannú, go hiomlán nó i bpáirt, chun críocha "cosc, brath nó imscrúdú cionta, gabháil nó ionchúiseamh ciontóirí nó éifeachtacht modhanna, córas, pleananna nó nósanna imeachta dleathacha a úsáidtear chun críocha na nithe réamhráite."

I ndiaidh dearbhú a fháil ó rialaitheoir sonraí go bhfuil ionchúisimh phoiblí ar feitheamh, tabharfaidh an DPC comhairle do dhuine aonair go bhféadfadh na daoine aonair iarratas a dhéanamh an athuair ar chóip dá sonraí de réir mar a leagtar amach in Alt 91 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 i ndiaidh do na ceisteanna dlí a bhaineann leis na cásanna sin teacht chun críche.

## CÁS-STAIDÉAR 106

# Srianta Sonraí (Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí)

Fuair an DPC gearán ó dhuine aonair a mhaígh go raibh sé ina íospartach i gcoir. D'iarr an duine aonair go ndéanfadh An Garda Síochána (AGS) a shonraí pearsanta íogair a phróiseáil de réir a théarmaí áirithe, is é sin, d'iarr sé go gcuirfí cóip iomlán de thorthaí leighis na dtástálacha fóiréinseacha arna dtabhairt faoi ag Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann (FSI) ar fáil dó ar an toirt i ndiaidh do AGS na torthaí a fháil. Ina dhiaidh sin, d'iarr sé go ndéanfaí an pacáiste samplaí a scaradh, leis an iarratas seo á leasú ina dhiaidh sin do anailís ó fhiala ar leith a bheith á n-iarraidh.

Thug an DPC faoi deara gurbh é an t-ábhar sonraí céanna a chuir tús leis an bpróiseas ar fad chun anailís de shamplaí fóiréinseacha a lorg, i ndiaidh na coire líomhnaithe. D'fhonn leanúint ar aghaidh leis na tástálacha fóiréinseacha, éilíodh ar an duine aonair foirm a chomhlánú dar teideal 'Consent for Release of Stored Forensic and a Legal Report to the Custody of An Garda Síochána'. Chinn an DPC go mbeadh aon sonraí pearsanta a phróiseáil AGS sa chomhthéacs atá leagtha amach ag teacht faoin Treoir maidir le Forfheidh-miú an Dlí (AE) 2016/680 faoi mar a thrasuitear í isteach san Acht um Chosaint Sonraí.

Chomhairligh AGS don DPC maidir le cásanna ina gcuireann duine aonair a sonraí pearsanta faoi bhráid AGS agus FSI lena dtástáil tuilleadh, go gcuirtear aon phróiseáil bhreise ó AGS agus FSI i gcrích d'fhonn cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó pionóis choiriúla a fhorghníomhú.

Mar sin, rialaítear tuairisc arna eisiúint ag Eolaíocht Fhóiréinseach Éirinn le forálacha Alt 94 den Acht, ina leagtar amach srianta maidir le rochtain a d'fhéadfadh ri-alaitheoir sonraí a chur i bhfeidhm, lena n-airítear srianadh chun dul i gcion ar imscrúdú a sheachaint. I ndiaidh don DPC na ceisteanna a ardaíodh a scrúdú, nach ndéantar foráil sa Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí (AE) 2016/680 faoi mar a thrasuitear i gCodanna 5 agus 6 den Acht do dhaoine aonair na coinníollacha faoina dtoilíonn ábhair sonraí a sonraí pearsanta bheith á bpróiseáil ag údarás forfheidhmithe a leagan síos.


Maidir le samplaí fóiréinseacha a phróiseáil i gcomhthéacs an dlí a fhorfheidhmiú, bhí an DPC sásta go raibh an phróiseáil ar shonraí íogaire i gcomhréir le hailt 71 agus 73(1)(b) (i) den Acht. Thug an DPC faoi deara shainigh an fhoirm 'Consent for Release of Stored Forensic and a Legal Report to the Custody of An Garda Síochána' faighteoirí na sonraí ar fad a bhí beartaithe, mar aon leis an bhfíoras go bhféadfaí torthaí na dtástálacha saotharlainne agus an tuairisc dlí a scaoileadh chuig na cúirteanna lena n-úsáid i bhfianaise. Mhol an DPC go gcuirfí Fógra um Chosaint Sonraí san áireamh san fhoirm, chun cur ar chumas ábhar sonraí faisnéis mhionsonraithe a fháil maidir leis an gcreat reachtach agus nósanna imeachta a rialaíonn coinníol-lacha na próiseála i ndáil le samplaí fóiréinseacha agus imscrúduithe AGS.

## CÁS-STAIDÉAR 107

# Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí

Rinne Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) litir, ina raibh an toradh ar imscrúdú a rinne sé ar ghearán, a chur chuig seoladh nach raibh cónaí ar an ngearánach aige a thuilleadh. Fuair an Coimisiún amach gur cuireadh an litir chuig an seoladh ag a raibh cónaí ar an duine aonair nuair a rinne sé gearán roimhe le GSOC. Thug an duine aonair a bhí i gceist fógra do GSOC ina dhiaidh sin á rá nach raibh cónaí air ag an seoladh sin a thuilleadh agus nach bhféadfaí teagmháil a dhéanamh leis ach trí ríomhphost i ndáil leis an ngearán nua.

Rinne an Coimisiún idirchaidreamh fairsing le GSOC maidir leis an ngearán seo. Thuairiscigh GSOC an sárú sonraí don Choimisiún trí na gnáthbhealaí a úsáidtear chun sárú a thuairisciú. Chun a chinntiú nach dtarlódh teagmhas den sórt seo arís, dúirt GSOC leis an gCoimisiún gur eisíodh ríomhphost inmheánach chuig gach ball foirne chun béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé cruinneas na sonraí pearsanta a iontráiltear isteach sa Chóras Bainistíoch-ta Cásanna a chinntiú. Dúirt GSOC freisin gur sheol sé ríomhphost ar leith chuig gach bainisteoir líne i rannán Cásoibre GSOC chun iad a chur ar an eolas faoin ngá atá ann le sonraí pearsanta a chur isteach go cruinn sa chóras agus faoin ngá atá ann leis an bhfaisnéis sin a leasú nuair a fhaightear faisnéis nuashonraithe.



# Agóid i gcoinne Próiseála

**CÁS-STAIDÉAR 108**

## Úsáid a bhaint as sonraí faoi shuímh chun éilimh ar chostais a dhearbhú

Bhí an gearánach sa chás seo ina iarfhostaí de chuid soláthraí seirbhíse reachtúil, a raibh sé i gceist ina chuid oibre tiomáint chuig láithreacha arna sannadh ag a fhostóir. I gcás ina raibh sé sin ina chúis le héilimh ar am breise nó cothabháil, chomhlánaíodh an gearánach foirmeacha arna gur ar fáil ag a fhostóir, inar tugadh mionsonraí maidir le nithe ar nós dátaí agus láithreacha ábhartha, uimhreacha tagartha um sheoladh, agus na méideanna a bhí á n-éileamh.

Bhain an fostóir úsáid as córas seolta a bhí beartaithe chun an úsáid is éifeachtúla a bhaint as tiománaithe agus feithiclí a chinntiú, go háirithe toisc gur thug ghníomhaigh siad i leith cásanna éigeandála. Logáil an córas seo comhlíonadh agus cur i gcrích glaonna seirbhíse, na huaireanta a raibh feithiclí amuigh ag freastal ar ghlaonna nó ar ais sa cheanncheathrú, agus na huaireanta a raibh tiománaithe ar dualgas nó nuair nach raibh siad ar dualgas.

Rinne an gearánach éileamh ar am breise agus cothabháil. Dhiúltaigh an fostóir dó sin toisc go raibh neamhréireanna idir na sonraí ar fhoirm éilimh an ghearánaigh agus na sonraí a taifeadadh ar chóras seolta an fhostóra. Chuir an gearánach i gcoinne úsáid a bhaint as sonraí ón gcóras seolta chun na críche seo agus rinne sé gearán leis an DPC.

Bhreithnigh an DPC cibé an raibh sé i gcomhréir le riachtanais i leith próiseáil chóir úsáid a bhaint as sonraí ón gcóras seolta chun éilimh ar am breise agus cothabháil a dhearbhú. Bhí cothroime na próiseála le measúnú faoi threoir cé acu ar cuireadh nó nár cuireadh an gearánach agus comhfhostaithe ar an eolas faoin úsáid a bhain an fostóir as na sonraí chun na críche sin, cé acu a raibh nó nach raibh an phróiseáil comhoiriúnach leis an gcuspóir a bailíodh na sonraí ina leith, agus cé acu a raibh nó nach raibh bonn dlí ag an bhfostóir maidir leis an bpróiseáil sin.

Ní raibh beartas i scríbhinn ag an bhfostóir maidir le húsáid a bhaint as an gcóra seolta. Ina ionad sin, bhíothas ag brath ar "feasacht ghinearálta" fostaithe go raibh an córas á úsáid chun na críche sin. Chuir an fostóir in iúl gur luadh úsáid dá leithéid i socrú a rinneadh le ceardchumainn a fhostaithe roinnt blianta roimhe sin. Thug an DPC chun suntais gur éilíodh ar fhostaithe na huimhreacha tagartha seolta ábhartha ón gcóras seolta a chur san áireamh in éilimh ar am breise agus cothabháil.

Bhí an DPC den tuairim trí bhíthin uimhreacha tagartha ábhartha bheith á gcur san áireamh ar an gcóras seolta i leith éilimh ar am breise agus cothabháil, gur léiriú a bhí ann go raibh fostaithe ar an eolas nár úsáideadh na sonraí le haghaidh próiseáil lóistíochtúil amháin, ach chun a n-éilimh a dhearbhú freisin. Fiú sa chás gurbh é an príomhchuspóir a bhí leis an gcóras seolta cuidiú le lóistíocht, ní raibh sé neamh-chomhoiriúnach leis an gcuspóir sin é a úsáid chun éilimh ar am breise a dhearbhú, ós rud é go

raibh na sonraí sin ar an aon mhodh amháin a bhí ar fáil don fhostóir chun éilimh a dhearbhú.

Thug an DPC ar aird go raibh sé ina riachtanas ag an bhfostóir éilimh ar am breise agus cothabháil a dhearbhú mar gheall ar rialacháin airgeadais infheidhme. Bhí an phróiseáil chun éilimh ar am breise agus cothabháil riachtanach ní hamháin chun cloí leis an riachtanas dlí sin, ach chun conradh fostaithe an ghearánaigh a chomhlíonadh agus ar fhorais leasanna dlisteanacha na bhfostóirí.

Tá an cás seo ina shampla ar chúinse inar féidir sonraí a bailíodh chun críche dlisteanach amháin — rialú lóistíochtúil, sa chás seo — a phróiseáil go cuí chun críche eile, éilimh ar am breise a dhearbhú, sa chás seo. Mar sin féin, ba chóir aird a thabhairt ar an riachtanas uileghabhálach maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil go cothrom agus ní mór dóibh a chinntiú go gcuirtear ábhair sonraí ar an eolas faoi na cineálacha sonraí a bhailítear, mar aon le nádúr agus cuspóir na próiseála. Tá sé chomh tábhachtach céanna go mbeadh bonn dlí leis an bpróiseáil, agus beidh sé riachtanach sa chuid is mó de chásanna go bhfuil an phróiseáil riachtanach don chuspóir sonraithe.

## CÁS-STAIDÉAR 109

# Gearán déanta i gcoinne Club Gailf

Rinne duine aonair gearán leis an gCoimisiún maidir leis an dóigh ar bhain an rialaitheoir sonraí úsáid as píosaí scannáin TCI chun imscrúdú a dhéanamh ar theagmhas ina raibh an duine aonair páirteach. D'eagraigh an duine aonair imeacht i saoráid fóillíochta (an rialaitheoir sonraí) agus chuir sé comharthaí ar taispeáint i ndáil le nósanna imeachta Covid-19 chun cúnamh a thabhairt do na daoine a bheadh i láthair. Ag deireadh an imeachta, rinne an duine aonair comhartha eile i ndáil le nósanna imeachta Covid-19 a bhaint gan chuimhneamh nuair a bhí sé ag fáil réidh leis na comharthaí a shuiteáil sé don imeacht. Tar éis gearán a fháil ó dhuine aonair eile, rinne an rialaitheoir sonraí athbhreithniú ar na píosaí scannáin TCI chun a fháil amach cé a bhain an comhartha. Bhí an duine aonair den tuairim nár phróiseáil an rialaitheoir sonraí a shonraí pearsanta ar bhealach comhréireach ná trédhearcach agus nár chomhlíon sé na hoibleagáidí atá air mar rialaitheoir sonraí i ndáil leis an dóigh ar imscrúdaigh sé an teagmhas. Dá réir sin, rinne an duine aonair gearán a thaisceadh leis an gCoimisiún.

Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an rialaitheoir sonraí chun an gearán a scrúdú. Dhírigh sé ar mhainneachtain líomhnaithe an rialaitheora sonraí a chinntiú go gcomhlíonfaí na prionsabail a bhaineann le sonraí pearsanta an duine aonair a phróiseáil de réir Airteagail 5(1)(a), 5(1)(b) agus 13 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("GDPR"). D'inis an Coimisiún do na páirtithe gurb é cur chuige an Choimisiúin ar an gcéad ásc deis a thabhairt do na páirtithe féin féachaint le teacht ar réiteach cairdiúil ar an ngearán de réir alt 109(3) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 ("Acht 2018"). Tháinig na páirtithe ar réiteach cairdiúil. Rinne an rialaitheoir sonraí iniúchadh ar a chóras TCI agus rinne sé rochtain ar phíosaí scannáin TCI a theorannú do bhaill foirne ainmnithe. Ghabh an duine aonair buíochas leis an gCoimisiún as an ngearán uaidh a láimhseáil ar bhealach gairmiúil cuidiúil. Luaigh sé freisin go raibh drogall air an gearán a chur isteach ar dtús toisc go raibh sé ar an eolas faoin líon gearán a ndéileálann an Coimisiún leo agus faoi na srianta a chuireann siad sin ar acmhainní. Cuireadh in iúl dó, áfach, gurbh ionann an aird a tugadh ar an ngearán uaidh agus an aird a thugtar ar na mór-shaincheisteanna a ndéileálann an Coimisiún leo. Tá muinín ag an duine aonair nach dtiocfaidh an tsaincheist chun cinn arís eile, a bhuí le rannpháirtíocht an Choimisiúin. Bhí an t-ábhar sonraí ag iarraidh buíochas a ghabháil leis an gCoimisiún agus aitheantas a thabhairt don dóigh éifeachtúil ar dhéileáil sé leis an ní.

## CÁS-STAIDÉAR 110

# Próiseáil neamhdhleathach a d’eascair as earráid billeála (An dlí is infheidhme — na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 (na hAchtanna))

I mí Aibreáin 2018, fuaireamar gearán ó ábhar sonraí a scoir dá bheith ina custaiméir de chuid an rialaitheora sonraí. Dá ainneoin sin, d’aimsigh sí go raibhná sonraí á bpróiseáil fós toisc go raibh sí ag fáil billí ón rialaitheoir sonraí fós. Fuair an gearánach dearbhuithe ó bhéal agus i scríbhinn araon á rá nach raibh uirthi an tsuim sa bhille a íoc.

Mar sin féin, fuair an gearánach teachtaireacht téacs ó chuideachta bailithe fiach ina dhiaidh sin, rud inar iarradh uirthi teagmháil a dhéanamh leis an gcuideachta. Nuair a chuir an gearánach glao ar an gcuideachta bailithe fiach, dhiúltaigh an chuideachta d’fhaisnéis ar bith faoin bhfiach líomhnaithe a thabhairt di go dtí go dtabharfadh sí dóibh sonraí pearsanta lena bhfíorófaí a haitheantas. Dhiúltaigh sí do dhéanamh amhlaidh. Ní ba mhoille an lá sin, fuair an gearánach litir ón gcuideachta bailithe fiach á dheimhniú go raibh an chuideachta ag iarraidh airgead a bhí le híoc aici leis an rialaitheoir sonraí a aisghabháil.

Sainaithníodh an gearán sin mar ghearán a d’fhéadfaí a réiteach go cairdiúil faoi alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. D’aontaigh an gearánach agus an rialaitheoir sonraí araon go n-oibreodh siad leis an gCoimisiún chun féachaint leis an ní a réiteach go cairdiúil.

Dheimhnigh Cuideachta A don Choimisiún gur de bharr earráide a léiríodh go raibh iarmhéid cuntais an ghearánaigh le glanadh fós. Luaigh an chuideachta gur baineadh an t-iarmhéid amuigh den chuntas a luaithe a shainaithin an rialaitheoir sonraí an earráid. Dheimhnigh an rialaitheoir sonraí gur thug sé ordú don chuideachta bailithe fiach scor d’aon ghníomhaíochtaí bailithe agus aon sonraí a bhaineann leis an ngearánach a scriosadh.

Cé go raibh an gearánach sásta leis an toradh deiridh, tharraing an Coimisiún aird an rialaitheora sonraí ar an bhfíric gur cuireadh in iúl don ghearánach dhá uair ar a laghad roimhe sin gur réitíodh an ní. Dá ainneoin sin, próiseáladh a sonraí go héagórach toisc gur cuireadh ar aghaidh iad chuig cuideachta bailithe fiach gan aon údar a bheith ann leis an nochtadh sin.

Ag aithint a mhainneachtainí dó, ghabh an rialaitheoir sonraí a leithscéal leis an ngearánach, thug sé dearbhuithe áirithe di á rá nach mbeadh éifeacht ar bith ag an ní ar a rátáil chreidmheasa agus thug sé bronntanais do charthanais is rogha léi.

Chun go mbeadh rialaitheoir in ann próiseálaí a fhostú go dleathach chun sonraí pearsanta a phróiseáil, ní mór údar a bheith ann le próiseáil na sonraí pearsanta a dhéanamh ar an gcéad dul síos. Sa chás seo, rinne an rialaitheoir neamhaird d’ábhair imní a tharraing an gearánach anuas roimhe sin nuair a chuir sí in iúl go raibh billí á n-eisiúint chuici fós, cé nach raibh sí ag fáil seirbhísí ón rialaitheoir a thuilleadh, agus gur theip air féachaint ar úsáid leantach a sonraí pearsanta chun críocha billeála in imthosca nach raibh sí ina custaiméir a thuilleadh iontu. Molann an Coimisiún do dhaoine aonair ábhair imní cosanta 26 sonraí a tharraingt anuas go díreach leis an rialaitheoir ar an gcéad dul síos chun go mbeidh sé in ann aghaidh a thabhairt orthu. Mar sin féin, tarlaíonn sé go minic go ndéanann rialaitheoirí sonraí neamhiontas nó neamhaird d’iarrachtaí a dhéanann an t-ábhar sonraí gearáin a tharraingt anuas go díreach go dtí go n-éiríonn an Coimisiún páirteach sa ní. Is ní do-ghlactha é sin. Mar chuid de na hoibleagáidí cuntasachta atá ar gach eagraíocht, ba cheart di bearta fiúntacha éifeachtúla a bheith i bhfeidhm aici chun déileáil le gearáin chosanta sonraí agus aghaidh a thabhairt orthu i gcás go dtarraingíonn ábhar sonraí anuas iad go díreach, gan aon ghá a bheith ag an ábhar sonraí le dul i muinín idirghabháil ón gCoimisiún.

## CÁS-STAIDÉAR 111

# Glacadóirí agus próiseáil chothrom

Fuaireamar gearán i gcoinne ghlacadóir príobháideach a cheap foras airgeadais maidir le réadmhaoin an ghearánaigh.

Rinneadh líomhaintí sa ghearán gur sáraíodh na hAchtanna ar an mbunús go ndearna an glacadóir na nithe seo a leanas:

- nach raibh siad cláraithe mar rialaitheoir de bhun alt 16 de na hAchtanna,
- nach raibh bonn dleathach acu chun sonraí pearsanta an ghearánaigh a fháil ón bhforas airgeadais,
- go ndearna siad próiseáil bhreise neamhdhleathach ar shonraí pearsanta trí bhíthin faisnéis a nochtadh do chuideachta a d'fhostaigh an glacadóir chun an ghlacadóireacht a bhainistiú ("gníomhaire bainistithe" an ghlacadóra).
- gur oscail siad cuntas bainc in ainm an ghearánaigh,
- go bhfuair siad ID agus PIN na maoine ó na Coimisinéirí Ioncaim, rud a thug rochtain don ghlacadóir ar chuntas pearsanta ar líne an ghearánaigh leis na Coimisinéirí Ioncaim, agus
- gur chuir siad an réadmhaoin faoi árachas in ainm an ghearánaigh.

I ndiaidh imscrúdú a dhéanamh de bhun alt 10 de na hAchtanna, dheimhnigh an DPC gur fhostaigh an foras airgeadais an glacadóir de bhun Ghníomhas Ceapacháin Glacadóra (DOA) rud a dheonaigh cumhachtaí don ghlacadóir de bhun an Conveyancing Act 1881, agus de bhun an ghníomhais mhorgáiste idir an gearánach agus an foras airgeadais. Ar a bheith ceaptha dóibh, scríobh an glacadóir chuig an ngearánach lena chur in iúl dó gur ceapadh iad mar ghlacadóir maidir le réadmhaoin an ghearánaigh agus chuir cóip den DOA faoi iamh. Cheap an glacadóir cuideachta ar leithligh mar ghníomhaire bainistithe chun cabhrú le bainistiú na réadmhaoine. Le linn na glacadóireachta, rinne an glacadóir idirchaidreamh leis na Coimisinéirí Ioncaim d'fhonn aon cháin amuigh ar an réadmhaoin a íoc, amhail an Cháin Mhaoine Áitiúil (LPT). Deimhníodh gur oscail an glacadóir cuntas bainc chun críche ioncam ón réadmhaoin a bhainistiú. Bhí ainm an ghearánaigh mar chuid d'ainm an chuntais bainc. Deimhníodh freisin gur tógadh amach polasaí árachais i ndáil leis an réadmhaoin. Rinneadh tagairt d'ainm an ghearánaigh ar an bpolasaí árachais.

Ar dtús, bhreithnigh an DPC cibé an raibh ceanglas ar ghlacadóir clárú mar rialaitheoir sonraí de bhun alt 16 de na hAchtanna, agus cibé an raibh feidhm leis na díolúintí a tugadh san Acht um Chosaint Sonraí 1988 (Alt 16(1)) Rialacháin 2007 (na "Rialacháin Chlárúcháin"). Ba é tuairim an DPC nach raibh ar ceanglas ar ghlacadóir clárú, mar gheall go raibh feidhm leis an díolúine faoi rialachán 3(1)(g) de na Rialacháin Chlárúcháin don ghlacadóir. Thug Rialachán 3(1)(g) díolúine do rialaitheoirí sonraí a raibh sonraí á bpróiseáil acu i ndáil lena gcustaiméirí. Agus machnamh déanta aige ar an gcaidreamh idir an gearánach agus an glacadóir, ba é tuairim an DPC é go raibh feidhm leis an díolúine i ndáil le gníomhaíochtaí an ghlacadóra maidir leis an ngearánach.

Ansin, bhreithnigh an DPC cibé an raibh bonn dleathach ag an nglacadóir chun na sonraí pearsanta a fháil ón bhforas airgeadais, chun iad a nochtadh don ghníomhaire bainistithe, agus cibé arbh ionann an phróiseáil sin agus próiseáil bhreise nach raibh ag teacht leis an gcuspóir bunaidh faoina bhfuarthas iad de bhun alt 2(1)(c)(ii) de na hAchtanna. Bhí morgáiste ag an ngearánach leis an bhforas airgeadais a bhí i riaráistí. Faoi alt 19(1)(ii) den Conveyancing Act 1881, d'fhéadfadh an foras airgeadais glacadóir a cheapadh chomh luath agus a bhí an fiachas ar an morgáiste le híoc. Faoi alt 2A(1)(b)(i) de na hAchtanna, ceadaítear sonraí pearsanta a phróiseáil sa chás go bhfuil gá leis an bpróiseáil "chun conradh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí a chomhlíonadh". Ba chonradh idir an t-ábhar sonraí agus an foras airgeadais a bhí sa ghníomhas morgáiste, agus in imthosca nach rabhthas ag cloí le téarmaí an chonartha, bhí ceapadh an ghlacadóra ag an bhforas airgeadais riachtanach chun an conradh a chomhlíonadh. Ba é tuairim an DPC go raibh bonn dleathach ag an nglacadóir chun sonraí pearsanta an ghearánaigh a fháil ón bhforas airgeadais.

Fuair an DPC freisin go raibh bonn dleathach ag an nglacadóir de bhun alt 2A(1)(b)(i) de na hAchtanna maidir le sonraí pearsanta a nochtadh dá ghníomhaire bainistithe, chun cabhrú le bainistiú na glacadóireachta ó lá go lá. Fuair an DPC go bhfuair an foras airgeadais sonraí pearsanta an ghearánaigh chun críocha comhaontú iasachta a dhéanamh. Ba chuspóir sonrach, follasach agus dlisteanach é sin. Bhí nochtadh sonraí pearsanta an ghearánaigh ag an bhforas airgeadais don ghlacadóir, agus ag an nglacadóir don ghníomhaire bainistithe de réir an chuspóra tosaigh dá bhfuarthas na sonraí pearsanta. Ní próiseáil bhreise de bhun alt 2(1)(c)(ii) de na hAchtanna a bhí sa phróiseáil a rinneadh le linn na glacadóireachta.

Rinne an DPC measúnú ar cibé an raibh bonn dleathach ag an nglacadóir cuntas bainc a oscailt in ainm an ghearánaigh. Mhaígh an gearánach gur osclaíodh an cuntas sin gan fios a bheith acu agus gan toiliú uathu. Tá toiliú ar cheann de na boinn dhleathacha chun sonraí pearsanta a phróiseáil faoi na hAchtanna. Bhreithnigh an DPC cibé an raibh bonn dleathach eile ag an nglacadóir chun próiseáil a dhéanamh faoi alt 2A(1)(d) de na hAchtanna, ar bhonn leasanna dlisteanacha. Chun measúnú a dhéanamh ar an mbonn dleathach sin, chuir an DPC cás Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU), Rīgas C-13/161, san áireamh, ina leagtar amach tástáil trí chéime maidir le próiseáil ar bhonn leasanna dlisteanacha, mar seo a leanas:

- caithfidh próiseáil sonraí pearsanta a bheith ar mhaithe le dul i mbun leasa dlisteanaigh an rialaitheora nó tríú páirtí,
- caithfidh an phróiseáil a bheith riachtanach maidir leis an gcuspóir agus na leasanna dlisteanacha a bhfuiltear ina mbun, agus
- ní bheidh tosaíocht ag cearta agus saoirsí bunúsacha an duine i gceist.

Ba é tuairim an DPC gur bheart réasúnach a bhí in oscailt an chuntais bhainc d'fhonn an t ioncam agus caiteachas le linn glacadóireachta a bhainistiú. Mhaígh an glacadóir gur ghá tagairt a dhéanamh d'ainm an ghearánaigh mar chuid d'ainm an chuntais bainc lena chinntiú go gcuirfí an ghlacadóireacht i gcrích go héifeachtúil agus chun mearbhall a sheachaint maidir le glacadóireachtaí éagsúla. Cé go bhféadfaí cuntas a oscailt gan ainm an ghearánaigh a úsáid, chuir an DPC breithiúnas an CJEU sa chás Huber v Bundesrepublik C-524/062 san áireamh, ina bhfuair an Chúirt go bhféadfaí a mheas go raibh gá le próiseáil sa chás gur thug sin deis an cuspóir ábhartha a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtúla. Ba é tuairim an DPC go raibh gá, mar sin, le tagairt a dhéanamh d'ainm an ghearánaigh ar an gcuntas bainc, mar gheall gur thug sin deis dul i mbun leasanna dlisteanacha an ghlacadóra ar bhealach níos éifeachtúla.

Maidir leis an tríú ghné den tástáil i ndáil le leasanna dlisteanacha (a éilíonn cleachtadh comhardaithe, agus cearta agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí á gcur san áireamh), ba é tuairim an DPC go bhfágfadh an tagairt d'ainm an ghearánaigh ar an gcuntas go mbeadh daoine a raibh rochtain acu ar an gcuntas bainc, nó ar tugadh ainm an chuntais bainc dóibh, ábalta an duine a shainaithint. Rinne an DPC na ceisteanna sin a mheas in aghaidh na gcostas riarachán agus airgeadais a thiocfadh as an ngá go gcuirfeadh an glacadóir nós imeachta eile i bhfeidhm maidir le hainmneacha a bhronnadh ar chuntais. Agus gach rud san áireamh, ní bhfuair an DPC go raibh tosaíocht ag cearta bunúsacha an ghearánaigh ar leasanna dlisteanacha an ghlacadóra. Mar thoradh air sin, bhí bonn dleathach ag an nglacadóir chun ainm an ghearánaigh a phróiseáil chun críocha leasanna dlisteanacha an ghlacadóra.

Maidir leis an líomhain go bhfuair an glacadóir rochtain ar chuntas pearsanta an ghearánaigh leis na Coimisinéirí Ioncaim, fuair an DPC nach bhfuair an glacadóir rochtain ar chuntas pearsanta an ghearánaigh leis na Coimisinéirí Ioncaim, mar a líomhnaíodh. Bhí an glacadóir ag gníomhú mar ghníomhaire cánach i ndáil leis an gCáin Mhaoine Áitiúil agus níor thug sé sin rochtain ar chuntas pearsanta leis na Coimisinéirí Ioncaim. Maidir leis an bpolasaí árachais a tugadh amach in ainm an ghearánaigh, ba é tuairim an DPC nár phróiseáil an glacadóir sonraí pearsanta sa chás sin.3

Le linn an imscrúdaithe, scrúdaigh an DPC cibé ar chloígh an glacadóir leis na prionsabail um chosaint sonraí faoi alt 2 de na hAchtanna. I ndáil leis sin, scrúdaigh an DPC an comhfhreagras tosaigh a sheol an glacadóir chuig an ngearánach inar cuireadh a gceapachán in iúl. Is é a bhí sa chomhfhreagras sin, litir chumhdaigh agus cóip den DOA. Rinneadh measúnú ar an litir chumhdaigh agus ar an DOA lena chinneadh cibé ar chomhlíon an glacadóir a oibleagáid maidir leis na sonraí pearsanta a phróiseáil go cothrom. Éilítear faoi alt 2D de na hAchtanna go soláthródh rialaitheoir sonraí faisnéis faoi aitheantas an rialaitheora sonraí, faisnéis faoi na cuspóirí beartaithe dá bhféadfar na sonraí a phróiseáil, na catagóirí sonraí atá i gceist agus aon fhaisnéis eile a mbeadh gá léi le go ndéanfaí próiseáil chothrom. Ba é tuairim an DPC gur leor an comhfhreagras chun aitheantas an rialaitheora sonraí (agus an rialaitheora sonraí tosaigh) a chur in iúl don ghearánach. Mar sin féin, ba é tuairim an DPC, cé nach raibh gá le glacadóir chun faisnéis chomhiomlánaithe a thabhairt faoi gach cuspóir dá raibh na sonraí pearsanta le próiseáil, gur cheart go dtabharfaí imlíne ghinearálta don ghlacadóir ar na cuspóirí dá raibh sé beartaithe na sonraí pearsanta a phróiseáil, agus nach ndearnadh sin sa chás seo. Maíodh freisin gur cheart go mbeadh na catagóirí sonraí pearsanta a bhí á gcoinneáil ag an nglacadóir i ndáil leis an ngearánach curtha ar fáil aige, ach nach ndearnadh sin. I bhfianaise an mhéid sin, ba é tuairim an DPC nár chomhlíon an glacadóir alt 2D de na hAchtanna.

Léiríonn an cinneadh sin ón DPC go bhféadfaidh glacadóirí príobháideacha agus a ngníomhairí sonraí pearsanta iasachtaithe a phróiseáil go dleathach sa chás go bhfuil gá leis an bpróiseáil sin d'fhonn sócmhainní urraithe a réadú nó a bhainistiú. Ba chóir go mbeadh ábhair sonraí ar an eolas go bhféadfaí faisnéis fúthu a phróiseáil gan toiliú uathu in imthosca ina ndéanann gníomhas morgáiste soláthar do ghlacadóir a cheapadh. Ag an am céanna, ní mór do ghlacadóirí cloí lena gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí chun faisnéis faoi phróiseáil a chur ar fáil d'ábhair sonraí ar leithligh ag tús na glacadóireachta. Tá an

cinneadh seo ina ábhar achomhairc ón ngearánach chun na Cúirte Cuarda faoi láthair.

1. Valsts policijas Rīgas reģiona pārvaldes Kārtības policijas pārvalde v Rīgas pašvaldības SIA 'Rīgas satiksme' Cás C-13/16

2. Heinz Huber v Bundesrepublik Deutschland Cás C-524/06

3. Rinneadh measúnú ar phróiseáil sonraí pearsanta i gcás comhchosúil ina ndearna an gearánach céanna gearán i gcoinne an ghníomhaire bhainistithe sa chás seo. Ba é tuairim an DPC, sa chinneadh sin, go raibh leas dlisteanach ag an ngníomhaire bainistithe chun sonraí pearsanta an ghearánaigh a phróiseáil chun críocha an réadmhaoin a chur faoi árachas.

## CÁS-STAIDÉAR 112

# Foilsiú neamhúdaraithe grianghraif (Réiteach Cairdiúil)

Fuair an DPC gearán ó dhuine aonair a bhain le foilsiú a ngrianghraif in alt a bhí mar chuid de nuachtlitir ionaid oibre gan a dtoiliú a bheith faighte. Chuir an rialaitheoir sonraí, arbh é fostóir earnála poiblí an duine aonair é, in iúl don duine gur chóir go mbeadh toiliú faighte aige chun an grianghraf a úsáid i nuachtlitir an ionaid oibre, ós rud é nárbh é seo an cuspóir a bhfuarthas an grianghraf lena aghaidh. Chuir an rialaitheoir sonraí in iúl don duine aonair freisin go raibh sárú sonraí tar éis tarlú sa chás seo.

Aithníodh an gearán seo mar cheann a bhfuil seans ann go bhféadfaí é a réiteach go cairdiúil faoi Alt 109 den Acht um Chosaint Sonraí 2018; d´aontaigh an gearánach agus an rialaitheoir sonraí araon go n-oibreodh siad leis an DPC chun iarracht a dhéanamh an cheist a réiteach go cairdiúil. Chuaigh an rialaitheoir sonraí i dteagmháil leis an DPC faoin gceist, agus chomhairligh sé go raibh imscrúdú inmheánach curtha i gcrích aige agus dheimhnigh sé gurbh fhíor gur tharla sárú sonraí agus gur chóir toiliú a bheith faighte chun grianghraf an duine aonair a úsáid i nuachtlitir an ionaid oibre. Ní raibh foilsiú i nuachtlitir i measc na gcuspóirí dá bhfuarthas an grianghraf sa chéad dul síos. Ghabh an fostóir a leithscéal leis an duine aonair. Níor mheas an gearánach, áfach, gur réiteach cuí é seo don ghearán a bhí idir lámha.

Chuir an DPC moltaí ar fáil go ndéanfaí bileog eolais faoi chúrsaí toilithe a dháileadh don fhoireann sula mbainfí úsáid as grianghrafadóireacht, ábhar fuaime agus/nó físeáin, agus go ndéanfaí foirm thoilithe do ghrianghra-fadóireacht, ábhar fuaime agus físeáin a chomhlánú agus a shíniú sula bhfaighfí íomhánna nó taifeadtaí; chuir an rialaitheoir an chomhairle seo i bhfeidhm ina dhiaidh sin.

Dearbhaíonn Airteagal 5(1)(b) den GDPR go "ndéanfar sonraí pearsanta a bhailiú chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha agus ní dhéanfar iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá neamhréir leis na críocha sin ('teorannú de réir cuspóra'). Bhí an DPC sásta go ndearna an rialaitheoir sonraí tuilleadh próiseála ar shonraí pearsanta an duine aonair gan a dtoiliú (ná bunús eile dlí) chun a leithéid a dhéanamh nuair a d´fhoilsigh sé grianghraf an fhostaí i nuachtlitir an ionaid oibre. D´eisigh an DPC litir thoraidh a chuir an méid sin in iúl don ghearánach. Bhí an DPC sásta leis na bearta eagraíochtúla a tugadh isteach ina dhiaidh sin agus mar sin de níor ghá don rialaitheoir aon bhearta breise a dhéanamh sa chás seo.

Sa chás-staidéar seo, níorbh fhéidir a mheas gurbh ann do bhaol suntasach maidir le cearta agus saoirsí bunúsacha an duine aonair, ach mar sin féin, chuir próiseáil na sonraí pearsanta isteach ar an duine aonair agus is sárú den GDPR é sna cúinsí. Léiríonn sin an gá atá ann le go gcuirfeadh gach eagraíocht oiliúint ar a gcuid foirne — ag gach leibhéal agus i ngach ról — le go mbeidís ar an eolas faoin GDPR agus le go gcuirfidís a chuid prionsabal san áireamh.

## CÁS-STAIDÉAR 113

# Píosa scannánaíochta de sheirbhís sochraide bheith á próiseáil ag eaglais pharóiste (An Dlí is Infheidhme — GDPR & an tAcht um Chosaint Sonraí 2018)

Rinne duine aonair gearán in aghaidh eaglais pharóiste maidir le sonraí pearsanta an duine aonair bheith á bpróiseáil mar thoradh ar sheirbhís sochraide duine muinteartha ar fhreastail an duine aonair uirthi bheith á beoshruthú agus á taifeadadh. Rinne an duine aonair gearán freisin maidir le heaspa trédhearcachta faoin taifeadadh bheith á dhéanamh.

Rinne an duine aonair gearán leis an DPC faoi fhreagra na heaglaise paróiste ar a ábhar imní maidir le húsáid a bhaint as beoshruthú agus taifeadadh do sheirbhísí sochraide. Le linn don DPC an gearán a iniúchadh, chuathas i dteagmháil leis an eaglais pharóiste d'fhonn an bonn dleathach a bhí leis an bpróiseáil a dhearbhú agus soiléiriú a fháil maidir leis an bhfreagra a tugadh i leith an ghearáin maidir le sonraí. Chuir an eaglais pharóiste in iúl don DPC gur úsáideadh beoshruthú do sheirbhísí sochraide le linn shrianta Covid-19 agus go ndéanann an eaglais taifeadadh ar sheirbhísí sochraide nuair a iarrann daoine muinteartha é, rud a tharla sa ghearán seo, nuair nach féidir le duine bheith i láthair ag an tsochraid de ghnáth. Chuir an eaglais pharóiste in iúl don DPC go n-úsáidtear ceamara amháin in áit shocraithe chun na taifeadtaí seo a dhéanamh agus iad a bheoshruthú. Baineann an eaglais pharóiste na taifeadtaí seo dá láithreán gréasáin i ndiaidh 30 lá. Ghabh an eaglais pharóiste leithscéal leis an duine aonair as ucht bheith ina cúis le haon mhíshuaimhneas agus as loiceadh ar an duine aonair a chur ar an eolas faoin tréimhse coinneála 30 lá amháin. Cuireann an eaglais pharóiste an lucht freastail ar an eolas ag tús seirbhísí go mbeidh beoshruthú á dhéanamh orthu agus tá comharthaí leis an eolas sin curtha in airde ag doirse na heaglaise. Chuir an eaglais pharóiste athruithe i bhfeidhm mar thoradh ar an ngearán seo, lena n-airítear an lucht freastail a chur ar an eolas le linn seirbhíse go bhfuil sí á beoshruthú, faisnéis maidir le beoshruthú agus taifeadadh a chur san áireamh i nuacht-litreacha an pharóiste agus ar an láithreán gréasáin, gan freagra a thabhairt ach amháin ar iarratais ar thaifeadtaí i scríbhinn agus pasfhocal chun taifeadtaí a chosaint amach anseo.

Scríobh an DPC chuig an duine aonair agus cuireadh comhairle air go raibh leas dlisteanach ag an eaglais pharóiste agus ag daoine nach raibh in ann freastal ar sheirbhís sochraide breathnú ar an tseirbhís trí bheoshruthú nó trí thaifeadadh faoi alt 109(5)(c) den Acht 2018. Chomh maith leis sin, luaigh an DPC an tréimhse coinneála 30 lá don phíosa scannánaíochta, radharc socraithe agus teoranta an cheamara agus na hathruithe a chuir an eaglais pharóiste isteach mar thoradh ar an ngearán seo, lena n-áirítear an riachtanas iarratas a dhéanamh i scríbhinn chun taifeadadh a dhéanamh agus pasfhocal chun na taifeadtaí sin a chosaint. Chuir an DPC comhairle ar an duine aonair gur thug an eaglais pharóiste freagra réasúnach maidir le cúinsí an ghearáin seo agus thug sé chun suntais gur iarr duine muinteartha eile leis an té a fuair bás go ndéanfaí an taifeadadh. Ina ainneoin sin, mhol an DPC faoi alt 109(5) (f) den Acht 2018 go nuashonródh an eaglais pharóiste a beartas príobháide-achais ar a láithreán gréasáin le tuilleadh faisnéis maidir le beoshruthú agus taifeadadh a dhéanamh ar sheirbhísí sochraide.

## CÁS-STAIDÉAR 114

# Tuilleadh próiseála chun críche atá comhréireach

Aturnae a d'fhostaigh aturnae eile chun ionadaíocht a dhéanamh orthu in imeachtaí dlíthiúla a bhí sa ghearánach. Chlis ar an gcaidreamh idir an gearánach agus an t-aturnae agus rinne an t-aturnae casaoid maidir le hiompar an ghearánaigh le Dlí-Chumann na hÉireann. Sa chomhthéacs sin, thug an t-aturnae faisnéis áirithe faoin ngearánach do Dhlí-Chumann na hÉireann. Chuir an gearánach an t-ábhar ar aghaidh chuig an DPC, agus líomhain gur sháraigh an t-aturnae reachtaíocht um chosaint sonraí.

Fuarthas gurbh é aturnae an ghearánaigh an rialaitheoir sonraí, de bharr gur rialaigh siad ábhar agus úsáid shonraí pearsanta an ghearánaigh chun críche seirbhísí dlí a chur ar fáil don ghearánach. Bhain na sonraí i gceist le (i measc nithe eile) faisnéis faoi imeachtaí dlíthiúla an ghearánaigh agus ba shonraí pearsanta iad de bharr go bhféadfaí an gearánach a shainaithint leo agus gur bhain siad leis an ngearánach mar dhuine aonair.

Thug an DPC an dlínse atá ag Dlí-Chumann na hÉireann plé le casaoidí a bhaineann le mí-iompar aturnaetha (de bhua na nAchtanna Aturnaethe 1954-2015) ar aird. Ghlac sé leis freisin go bhféadfadh a bheith san áireamh leis an gcineál mí-iompair a fhéadfaidh Dlí-Chumann na hÉireann a imscrúdú, aon iompar a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh do chlú na gairme. Thug an DPC ar aird freisin go nglacann Dlí-Chumann na hÉireann leis an dlínse chun imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a dhéanann aturnaetha faoi aturnaetha eile (agus ní ghearáin a dhéanann cliaint nó a dhéantar thar a gceann agus iad sin amháin) agus ceanglaítear lena chód cleachtais gur cheart, i gcás go gcreideann aturnae go bhfuil mí-iompar ar bun ag aturnae eile, é sin a thuairisciú chuig Dlí-Chumann na hÉireann. Dá bharr sin, mheas an DPC go raibh an gearán a rinne an rialaitheoir sonraí le Dlí-Chumann na hÉireann déantar i gceart agus gur faoi Dhlí-Chumann na hÉireann a bhí sé breith a thabhairt ar fhiúntas ghearáin.

Rinne an DPC breithniú ansin ar cibé an ndearna nó nach ndearna an rialaitheoir sonraí sárú ar an reachtaíocht um chosaint sonraí. Maidir leis sin, thug an DPC ar aird go gcaithfidh rialaitheoirí sonraí cloí le prionsabail dlí áirithe atá leagtha amach sa reachtaíocht ábhartha. Rud a bhí ábhartha go sonrach don ghearán seo ab ea an ceanglas go gcaitear sonraí a fháil le haghaidh críche sonraithe agus nach bhfuil tuilleadh próiseála le déanamh orthu ar shlí a bheadh ar neamhréir leis na críocha sin. Fuair an DPC gurb é an fáth ar bailíodh/próiseáladh sonraí pearsanta an ghearánaigh ar dtús ná chun críche seirbhísí dlí a chur ar fáil don ghearánach. Tharraing an DPC ar aird go ndearna Dlí-Chumann na hÉireann tuilleadh próiseála ar shonraí pearsanta an ghearánaigh nuair a rinne an rialaitheoir sonraí gearán leis. De bharr go raibh an tuilleadh próiseála sin le haghaidh críche a bhí difriúil ón gcríoch ar chuici a bailíodh iad, b'éigean don DPC breithniú a dhéanamh ar cibé an raibh nó nach raibh an chríoch taobh thiar den tuilleadh próiseála ar neamhréir leis an gcríoch bhunaidh.

Dheimhnigh an DPC nach gá gur chríoch ar neamhréir í críoch dhifriúil agus gur chóir neamhréir a mheasúnú ar bhonn de réir an cháis i gcónaí. Sa chás seo, mheas an DPC, de bharr gur chun leas an phobail é a chinntiú go rialáiltear gairm an dlí i gceart, nach raibh an chríoch ar chuici a ndearnadh tuilleadh próiseála ar shonraí an ghearánaigh ar neamhréir leis an gcríoch ar chuici a bailíodh iad ar dtús. Ar an mbonn sin, ghníomhaigh an rialaitheoir sonraí de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí.

Thug an DPC ar aird ansin, anuas ar cheanglais dlí eile, go gcaithfidh rialaitheoir sonraí bunús dlí a bheith aige chun sonraí pearsanta a phróiseáil. Ba é an bunús dlí a d'fhéach an rialaitheoir sonraí le brath air sa chás seo, gur ghá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha a bhí á saothrú ag an rialaitheoir sonraí. Maidir leis sin, fuair an DPC go raibh leas dlisteanach ag an rialaitheoir sonraí in aon iompar a d'fhéadfadh míchlú a tharraingt ar ghairm an dlí. Chomh maith leis sin, ceanglaíodh ar an rialaitheoir sonraí le Cód Iompair Dhlí-Chumann na hÉireann mí-iompar tromchúiseach a thuairisciú chuig Dlí-Chumann na hÉireann. Mar thoradh air sin, ba é tuairim an DPC go raibh bunús dlí bailí ag an rialaitheoir sonraí chun sonraí pearsanta an ghearánaigh a nochtadh agus nár sháraigh sé an reachtaíocht.

Faoi Airteagal 6 den GDPR, caithfidh bunús dlí bailí a bheith ag rialaitheoir sonraí chun sonraí pearsanta a phróiseáil. Déantar foráil le bunús dlí amháin den sórt sin, le hAirteagal 6(1)(f) den GDPR, nach mbeidh próiseáil dleathach ach amháin más gá, agus a mhéid is gá í a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, seachas i gcás ina mbeidh sáraíocht ag na leasanna sin ar leasanna nó ar chearta bunúsacha agus ar shaoirsí bunúsacha an ábhair sonraí. Mar sin féin, déantar foráil le hAirteagal 6(4) den GDPR, i gcás go ndéantar próiseáil sonraí pearsanta chun críche eile seachas an chríoch ar chuici a bailíodh na sonraí pearsanta ar an gcéad dul síos, nach gceadaítear sin ach amháin i gcás go mbeidh an tuilleadh próiseála

ag luí leis na críocha sin ar chucu a bailíodh na sonraí pearsanta ar an gcéad dul síos.

Agus rialaitheoirí sonraí ag breithniú cibé an bhfuil próiseáil chun críche eile ag luí leis an gcrích ar chuici a bailíodh na sonraí pearsanta ar an gcéad dul síos, ba cheart dóibh na nithe seo a leanas a chur san áireamh (i) aon nasc idir na críocha ar bailíodh na sonraí pearsanta chucu agus na críocha atá leis an tuilleadh próiseála atá beartaithe, (ii) an comhthéacs inar bailíodh na sonraí pearsanta, (iii) cineál na sonraí pearsanta, (iv) na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann do na hábhair sonraí ag an tuilleadh próiseála atá beartaithe, agus (v) an bhfuil coimircí iomchuí ann.

## CÁS-STAIDÉAR 115

# Próiseáil atá riachtanach chun críche leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag rialaitheoir

Bhí an gearánaí seo fostaithe i siopa atá lonnaithe in ionad siopadóireachta agus bhí baint aige le heachtra i gcarrchlós an ionaid siopadóireachta a bhain le táille an charrchlóis a íoc. Tar éis na heachtra, rinne bainisteoir an charrchlóis gearán le fostóir an ghearánaí agus cuireadh íomhánna ón scannánaíocht CCTV ar fáil d'fhostóir an ghearánaí. Chuir an gearánaí an cheist faoi bhráid an DPC chun a fháil amach an raibh nochtadh na n-íomhánna CCTV dleathach.

Socraíodh gurbh é an t-ionad siopadóireachta an rialaitheoir sonraí mar go raibh smacht aige ar shonraí pearsanta an ghearánaí agus ar a n-úsáid ar mhaithe leis na stadáin a thaispeáint d'fhostóir an ghearánaí. Is éard a bhí sna sonraí ná íomhánna den ghearánaí agus ba shonraí pearsanta iad toisc gur bhain sé leis an ngearánaí mar dhuine aonair agus go bhféadfaí an gearánaí a aithint uaidh.

D'áitigh an rialaitheoir sonraí go raibh cúis dhlisteanach aige leis na híomhánna CCTV a thaispeáint d' fhostóir an ghearánaí, mar shampla, chun cosc a chur ar dhaoine imeacht as an gcarrchlós gan íoc agus chun an comhaontú a bhí aige le fostóir an ghearánaí maidir lena fhoireann oibre a bheith ag páirceáil sa charrchlós a tharraingt siar. Thug an DPC faoi deara go gcaithfidh bunús dleathach a bheith ag rialaitheoir sonraí le go bhféadfaidh sé próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta duine. Ar cheann de na bunúis dlí ar féidir le rialaitheoir sonraí brath orthu tá go bhfuil gá leis an bpróiseáil chun críocha cúrsaí dlisteanacha a bhfuil an rialaitheoir sonraí ag plé leo. (Ba é seo an bunús dlí a raibh an rialaitheoir sonraí ag brath air anseo.) D'admhaigh an DPC go raibh leas dlisteanach ag an rialaitheoir sonraí, i bprionsabal, maidir le sonraí pearsanta an ghearánaí a nochtadh ar na cúiseanna a chuir sé chun cinn. Mar sin féin, ní raibh sé "riachtanach" don rialaitheoir sonraí an CCTV a nochtadh d'fhostóir an ghearánaí chun na leasanna dlisteanacha sin a shaothrú. Bhí sé seo amhlaidh toisc go raibh sé de rogha ag an bhfreastalaí carrchlóis, a bhí fostaithe ag an rialaitheoir sonraí, céimeanna a ghlacadh i gcoinne an ghearánaí, chun na leasanna dlisteanacha a bhaint amach, agus níor ghá go mbeadh fostóir an ghearánaí páirteach ann. Mar shampla, bhí lánrogha ag an bhfreastalaí carrchlóis cosc a chur ar an ngearánach an carrchlós a úsáid gan fostóir an ghearánaí a bheith bainteach leis. Ar an mbonn sin, chinn an DPC nár ghá don rialaitheoir sonraí fhostóir an ghearánaí a chur ar an eolas faoin eachtra ná na stadáin CCTV a chur ar fáil dó. Dá réir sin, ní raibh aon bhunús dlí ag an rialaitheoir sonraí chun é sin a dhéanamh agus sháraigh sé an reachtaíocht um chosaint sonraí.

Faoi Airteagal 6 den GDPR, ní féidir sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin sa chás go mbíonn bonn dleathach ann chun é sin a dhéanamh. Tá bunús dlí amháin den chineál sin faoi Airteagal 6(1)(f), lena ndéantar foráil go bhfuil próiseáil dleathach más gá agus a mhéid is gá chun críche na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, ach amháin i gcás ina bhfuil na leasanna sin ag gabháil treise ar leasanna nó cearta bunúsacha nó saoirsí bunúsacha an té lena mbaineann na sonraí. Ba cheart do rialaitheoirí sonraí a bheith ar an eolas, áfach, nach leor a thaispeáint go bhfuil leas dlisteanach ann ó thaobh na sonraí pearsanta a phróiseáil; Ceanglaítear le hAirteagal 5(1)(c) agus le hAirteagal 6(1)(f) ar rialaitheoirí sonraí a bheith in ann a léiriú go bhfuil an phróiseáil atá i gceist teoranta don mhéid atá "riachtanach" chun críche na leasanna dlisteanacha sin.

## CÁS-STAIDÉAR 116

# Próiseáil is gá a dhéanamh chun conradh a chomhlíonadh

Bhí an gearánach seo páirteach i dtimpiste i gcarrchlós den fhoirgneamh ina raibh siad ag obair. Rinne bainisteoir an charrchlóis gearán le fostóir an ghearánaigh agus fuair fostóir an ghearánaigh íomhánna ón scannánaíocht CCTV den teagmhas ina dhiaidh sin. Tionscnaíodh imeachtaí araíonachta i gcoinne an ghearánaigh mar gheall ar an teagmhas sa charrchlós. Bhreathnaigh bainisteoir an ghearánaigh agus comhghleacaithe an ghearánaigh ar na híomhánna ón CCTV i gcomhthéacs na n-imeachtaí araíonachta.

Ba é fostóir an ghearánaigh an rialaitheoir sonraí i ndáil leis an ngearán, mar gheall gur rialaigh sé ábhar agus úsáid sonraí pearsanta an ghearánaigh chun críche fostaíocht an ghearánaigh a bhainistiú agus na himeachtaí araíonachta a stiúradh. Íomhánna den ghearánach a bhí sna sonraí pearsanta mar gheall gur bhain siad leis an ngearánach mar dhuine aonair agus gurbh fhéidir an gearánach a shainaithint iontu.

Mar fhreagra ar an ngearán, d'áitigh an rialaitheoir sonraí go raibh bunús dlí le sonraí pearsanta an ghearánaigh a phróiseáil faoin reachtaíocht de bharr gur úsáideadh na híomhánna CCTV chun cód cleachtais an fhostaí a fhorfheidhmiú, a bhí mar chuid de chonradh fostaíochta an ghearánaigh. Sloinneadh freisin, mar gheall ar chineál tromchúiseach an teagmhais a raibh an gearánach páirteach ann, go mba ghá don rialaitheoir sonraí imscrúdú a dhéanamh ar an teagmhas i gcomhréir le beartas araíonachta na cuideachta, a ndearnadh tagairt dó i gconradh fostaíochta an ghearánaigh. D'áitigh an rialaitheoir sonraí freisin go raibh na híomhánna ón CCTV teoranta don teagmhas i gceist agus nár bhreathnaigh ach líon teoranta de na daoine a bhí rannpháirteach sa phróiseas araíonachta orthu.

Thug an DPC ar aird go gceadaítear, faoin reachtaíocht um chosaint sonraí, sonraí pearsanta duine a phróiseáil i gcás gur ghá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí (an duine a bhfuil a shonraí pearsanta á bpróiseáil) a chomhlíonadh. Thug an DPC ar aird gur fhéach an rialaitheoir sonraí anseo lena áitiú go mba ghá na híomhánna ón CCTV a úsáid chun conradh fostaíochta an ghearánaigh a chomhlíonadh. Mar sin féin, ba é tuairim an DPC nár 'ghá' don rialaitheoir sonraí pearsanta an ghearánaigh a bhí sna híomhánna ón CCTV a phróiseáil chun an conradh sin a chomhlíonadh. Le go n-éireodh leis an áitiú sin, bheadh ar an rialaitheoir sonraí a thaispeáint nárbh fhéidir leis conradh fostaíochta an ghearánaigh a chomhlíonadh gan sonraí pearsanta an ghearánaigh a phróiseáil. De bharr gur theip ar an rialaitheoir sonraí an DPC a shásamh gurbh amhlaidh an cás, breithníodh gur sháraigh an rialaitheoir sonraí an reachtaíocht um chosaint sonraí.

Thug an DPC ar aird freisin, gur ann do phrionsabail dlí áirithe nach mór do rialaitheoir sonraí cloí leo, sa bhreis ar an gceanglas go mbeadh bunús dlí le próiseáil, agus próiseáil sonraí pearsanta á dhéanamh aige. Tharraing sé aird ar an bhfíoras go gcaithfidh an phróiseáil a bheith leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil. Thug an DPC áitiú an rialaitheora sonraí go raibh na híomhánna ón CCTV teoranta don teagmhas i gceist agus nár bhreathnaigh ach líon teoranta de na daoine a bhí rannpháirteach sa phróiseas araíonachta orthu ar aird. Mar sin féin, bhí an DPC den tuairim gur theip ar an rialaitheoir sonraí a thaispeáint cén fáth go mba ghá na híomhánna ón CCTV a úsáid. Ar an mbunús sin, rinne an rialaitheoir sonraí sárú breise ar an reachtaíocht.

Faoi Airteagal 6 den GDPR, ní féidir sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin sa chás go bhfuil bunús dlí leis. Is bunús dlí amháin den sórt sin é Airteagal 6(1)(b), ina ndéantar foráil go bhfuil próiseáil dleathach más gá agus a mhéid is gá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí a chomhlíonadh. Caithfidh rialaitheoirí sonraí a bheith ar an eolas, áfach, nach leormhaith a thaispeáint go bhfuil bunús conarthach le próiseáil na sonraí pearsanta agus sin amháin; ceanglaítear faoi Airteagail 5(1)(c) agus 6(1)(b) ar rialaitheoirí sonraí a bheith in ann a thaispeáint go bhfuil an phróiseáil i gceist teoranta don mhéid "is gá" chun an conradh a chomhlíonadh.

## CÁS-STAIDÉAR 117

# Íomhánna CCTV de chustaiméir phróiseáil ar bhealach cothrom agus dlíthiúil

Bhain an gearán seo le sonraí pearsanta an ghearánaigh a phróiseáil i riocht íomhá socair ó phíosa scannánaíochta CCTV a rinneadh i siopa geallghlacadóra, agus an t-íomhá son a scaipeadh ar shiopaí geallghlacadóra eile sa slabhra le nóta rabhaidh do bhaill foirne d'fhonn an gearánach a chosc ar gheallta a chur.

Chinn an Coimisiún go raibh an siopa geallghlacadóra ar an rialaitheoir sonraí toisc go ndearna sé na sonraí pearsanta atá i gceist a rialú agus a phróiseáil. Is éard a bhí sna sonraí (i measc nithe eile) ná íomhá den ghearánach agus nótaí inmheánacha a scaipeadh ar bhaill foirne an rialaitheora sonraí maidir leis an ngearánach. Bhí na sonraí ina sonraí pearsanta toisc gur bhain siad leis an ngearánach mar dhuine aonair agus go bhféadfaí an gearánach a aithint ó na sonraí.

Mar fhreagra ar an ngearán, chuir an rialaitheoir sonraí roinnt cúiseanna chun cinn i leith sonraí pearsanta an ghearánaigh a phróiseáil agus d'fhéach sé le háitiú go raibh bunús dlíthiúil bailí i ndáil le gach aon chuspóir, de réir mar a fhoráiltear ina leith sa reachtaíocht um chosaint sonraí.

Áiríodh an méid seo a leanas leis na cúiseanna agus bunúis dhlíthiúla chomhfhreagracha a chuir an rialaitheoir sonraí i láthair:

1. Oibleagáidí Dlíthiúla agus Rialála: D'áitigh an rialaitheoir sonraí go gceanglaítear air sonraí pearsanta a úsáid agus a choinneáil chun cloí le hoibleagáidí dlíthiúla agus rialála áirithe, ar nós gníomhaíocht ghealltóireachta amhrasach agus idirbhearta calaoiseacha a bhrath faoin reachtaíocht um cheartas coiriúil is infheidhme. Ba é an bunús dlíthiúil a chuir an rialaitheoir sonraí chun cinn go raibh an phróiseáil dlíthiúil toisc go raibh sé riachtanach don rialaitheoir sonraí cloí le hoibleagáid dhlíthiúil.
2. Bainistíocht Riosca: Mhaígh an rialaitheoir sonraí go dtaifeadann sé sonraí pearsanta a bhaineann le custaiméirí chun críche bainistíochta riosca tráchtála. Ba é an bunús dlíthiúil a cuireadh chun cinn i ndáil leis sin go raibh an phróiseáil dlíthiúil chun críocha na leas-anna dlisteanacha ar thug an rialaitheoir sonraí fúthu.
3. Próifíliú: Dheimhnigh an rialaitheoir sonraí go ndéanann sé próifíliú ar ghníomhaíocht ghealltóireachta custaiméirí (i measc nithe eile) d'fhonn eispéireas na gcustaiméirí a fheabhsú. D'áitigh an rialaitheoir sonraí go raibh próiseáil dá leithéid ina próiseáil dhlíthiúil chun cloí le hoibleagáidí dlíthiúla agus chun críocha na leas-anna dlisteanacha ar thug an rialaitheoir sonraí fúthu.

Chinn an Coimisiún gur aithin an rialaitheoir sonraí bunús dlíthiúil oiriúnach i ndáil le gach aon chuspóir dár phróiseáil sé sonraí pearsanta a bhain lena chuid custaiméirí.

Ina dhiaidh sin, bhreithnigh an Coimisiún ar chloígh an rialaitheoir sonraí leis an oibleagáid i ndáil leis na sonraí a phróiseáil ar bhealach cothrom. Sa chomhthéacs seo, thug an Coimisiún faoi deara go bhfuil sé d'oibleagáid ar an rialaitheoir sonraí faisnéis a chur ar fáil don ghearánach maidir leis na príomhghnéithe a bhaineann le sonraí pearsanta an ghearánaigh a bhailiú agus a úsáid. Chuir an rialaitheoir sonraí doiciméad inmheánach den chuideachta ar fáil don ghearánach agus dheimhnigh sé gur próiseáladh sonraí pearsanta an ghearánaigh i gcomhréir leis an doiciméad sin. Mar sin féin, bhí an dáta a cuireadh leis an doiciméad ina dháta i ndiaidh sonraí pearsanta an ghearánaigh a phróiseáil. Ar an mbonn sin, thug an Coimisiún faoi deara nach raibh sé soiléir gur cuireadh an fhaisnéis riachtanach ar fáil don ghearánach agus dá bhrí sin, gur theip ar an rialaitheoir sonraí sonraí pearsanta an ghearánaigh a phróiseáil ar bhealach cothrom.

Ar deireadh, bhreithnigh an Coimisiún an tréimhse ama ar coinníodh na sonraí pearsanta. Maidir leis sin, tugtar faoi deara go n-éilítear faoin reachtaíocht ábhartha ar rialai-theoir sonraí gan sonraí pearsanta a choinneáil níos faide ná mar atá riachtanach do na cuspóirí a phróiseáiltear na sonraí. Coinníodh sonraí pearsanta an ghearánaigh ar feadh thart ar seacht mbliana. Bhreithnigh an Coimisiún gur ghníomhaigh an rialaitheoir sonraí i gcomhréir leis an reachtaíocht i ndáil leis sin toisc go raibh leas dlisteanach (bainistíocht riosca tráchtála) ag an rialaitheoir sonraí sonraí an ghearánaigh a choinneáil.

Faoi Airteagal 6 den GDPR, ní mór go mbeadh bunús dlíthiúil bailí ag rialaitheoir sonraí chun sonraí pearsanta a phróiseáil. I measc na mbunús dlíthiúil atá ar fáil, tá an bunús go bhfuil sé riachtanach na sonraí pearsanta a phróiseáil chun críche na leasanna dlisteanacha a bhfuil an rialaitheoir sonraí ag tabhairt fúthu nó an bunús go bhfuil an phróiseáil riachtanach d'fhonn cloí le hoibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir sonraí faoina réir. Ní mór go mbeadh bunús dlíthiúil ag an rialaitheoir sonraí ní

hamháin chun na sonraí a fháil ar dtús, ach chun iad a phróiseáil ar bhonn leanúnach, stóráil san áireamh, agus ní mór gan na sonraí a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá don chuspóir a bhfuil siad á bpróiseáil (Airteagal 5(1)(e) GDPR).

Chomh maith le bunús dlíthiúil bailí bheith ag rialaitheoir sonraí chun sonraí pearsanta a phróiseáil, áfach, ní mór dó cloí le roinnt oibleagáidí breise i ndáil le sonraí pearsanta atá á bpróiseáil. Go háirithe, ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil go cothrom agus go trédhearcach. Chun na críche seo, éilítear ar rialaitheoir sonraí faisnéis áirithe a chur ar fáil d'ábhar sonraí faoi Airteagal 13 de 14 den GDPR, i gcomhréir le riachtanais Airteagal 12 GDPR. Áirítear leis an bhfaisnéis a éilítear a chur ar fáil don ábhar sonraí sainiúlacht agus sonraí teagmhála an rialaitheora sonraí agus oifigeach cosanta sonraí an rialaitheora, nuair is infheidhme, cuspóirí na próiseála, agus faighteoirí nó catagóirí faighteoirí na sonraí, más ann. Ní mór an fhaisnéis a chur ar fáil i bhfoirm achomair, thrédhearcach, intuigthe, a bhfuil sé éasca teacht uirthi, agus teanga shoiléir agus shimplí á húsáid.

## CÁS-STAIDÉAR 118

# Próiseáil agus nochtadh neamhdhleathach sonraí catagóirí speisialta

Chuir ábhar sonraí gearán faoi bhráid an Choimisiúin um Chosaint Sonraí (DPC) maidir lena mbanc (an rialaitheoir sonraí) mar gur chreid siad go ndearnadh próiseáil go neamhdhleathach ar a sonraí pearsanta. Mhínigh an t-ábhar sonraí go raibh morgáiste acu leis an rialaitheoir sonraí agus gur díoladh an morgáiste seo le banc eile, mar chuid de chomhaontú maidir le hiasacht a dhíol. Rinne an t-ábhar sonraí gearán gur próiseáladh an díolachán seo i ngan fhios dóibh nó gan toiliú uathu agus bhí údar imní sonrach acu maidir leis an rialaitheoir sonraí a bheith ag comhroinnt a seoladh ríomhphoist pearsanta agus uimhir fón póca le banc eile agus mheas siad gur nochtadh iomarcach sonraí pearsanta a bhí i gceist anseo. Cé nach raibh agóid a dhéanamh ag an ábhar sonraí maidir lena n-ainm, seoladh nó uimhir líne talún a bheidh á n-úsáid, chreid siad go raibh a seoladh ríomhphoist agus uimhir fón póca ina sonraí pearsanta a bhí "íogair" agus go raibh nochtadh an chéanna díréireach.

Bhí an t-ábhar sonraí i gcaidreamh go díreach leis an rialaitheoir sonraí maidir lena ngearán sula ndearna siad teagmháil leis an DPC. D'fhreagair an rialaitheoir sonraí agus chuir in iúl don ábhar sonraí gurbh é an bonn dlí a bhí le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta ná Airteagal 6(1)(f) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), ina luaitear: "Go mbeidh gá leis an bpróiseáil chun críocha leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí ag an rialaitheoir."

Ar thús a chur lena n-imscrúdú, chomhroinn an DPC gearán an ábhair sonraí leis an rialaitheoir sonraí agus rinne éileamh ar fhreagra mionsonraithe. Chuir an rialaitheoir sonraí an DPC ar an eolas go gcuireann an rialaitheoir sonraí mar chuid dá bhFógra maidir le Príobháideachas Sonraí, cóip den Fhógra ar fáil dá gcuid custaiméirí, ina dtugtar mionsonraí go bhféadfadh an rialaitheoir sonraí sócmhainní an chomhlachta a dhíol ar mhaithe lena ngnó a bhainistiú. Tugtar tuilleadh mionsonraí maidir leis seo sa litir thairisceana iasachta d'iarratasóirí morgáiste.

Maidir le comhroinnt sonraí pearsanta iomarcacha, thug an rialaitheoir sonraí breac-chuntas nach mbreithníonn siad seoladh ríomhphoist nó uimhir fón póca mar fhaisnéis atá íogair agus nach dtagann siad faoi chatagóirí speisialta sonraí pearsanta faoi Airteagal 9 den GDPR.

Chuir an DPC in iúl cé go bhfuil toiliú mar cheann de sé bhonn dlí maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil, go bhfuil sé dleathach sonraí pearsanta a phróiseáil gan toiliú roimh ré ach ceann de chúig bhonn dlí eile, atá liostaithe faoi Airteagal 6 den GDPR a chomhlíonadh. Sa chás seo bhí an rialaitheoir sonraí ag brath ar Airteagal 6(1)(f) agus dá réir sin, ceanglaítear orthu tabhairt faoi thástáil chothromaíochta chun a chinntiú nach mbíonn an leas dlisteanach atá á leanúint ag an rialaitheoir sonraí ag sárú leasanna, cearta nó saoirsí bunúsacha an ábhar sonraí. Dheimhnigh an DPC go ndearna siad tástáil chothromaíochta agus gur deimhníodh, sa chás seo, nach raibh próiseáil sonraí pearsanta ag sárú leasanna, cearta nó saoirsí bunúsacha an duine is ábhar do na sonraí.

Thug an rialaitheoir sonraí míniú breise go raibh sé riachtanach don rialaitheoir sonraí faisnéis teagmhála an ábhair sonraí a chomhroinnt leis an mbanc eile agus gur iad an banc eile na rialaitheoirí sonraí nua maidir le hiasacht an duine is ábhar do na sonraí. Thug an rialaitheoir sonraí soiléiriú freisin nach ndéanann siad idirdhealú idir cineálacha difriúla faisnéis teagmhála, m.sh.

uimhreacha líne talún agus fón póca mar gur cuireadh an fhaisnéis seo ar fáil don rialaitheoir sonraí chun na críche teagmháil a dhéanamh le custaiméirí. Dá réir sin, teastaíonn an fhaisnéis seo ón bhanc chun bainistiú a dhéanamh ar an iasacht.

Déantar cur síos in Airteagal 9 GDPR ar chatagóir speisialta sonraí pearsanta mar:

*"shonraí pearsanta lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, agus toirmeasc-far próiseáil ar shonraí géiniteacha, ar shonraí bithm-héadracha chun duine nádúrtha a shainaithint go huathúil, ar shonraí a bhaineann leis an tsláinte nó ar shonraí a bhaineann le saol gnéis agus le gnéaschlaonadh duine nádúrtha."*

Dá réir sin, thug an DPC soiléiriú don ábhar sonraí nach dtagann uimhreacha fón póca nó seoltaí ríomhphoist faoin gcatagóir seo.

Chuir an DPC in iúl don ábhar sonraí, tar éis don DPC imscrúdú a dhéanamh ar a ngearán faoi alt 109(5)(c) d'Acht na bliana 2018, nach bhfuair an DPC aon fhianaise go raibh próiseáil neamhdhleathach déanta ar a gcuid sonraí pearsanta. Cé go raibh an rialaitheoir sonraí ag brath ar bhonn dlisteanach chun na sonraí a phróiseáil agus go ndearnadh é sin ar bhealach trédhearcach, agus gur coinníodh an t-ábhar sonraí ar an eolas maidir le príomh-chéimeanna go léir an díolacháin, mar sin go ndearnadh é a stiúradh agus an duine is ábhar do na sonraí a choinneáil ar an eolas roimh ré. Níor bhreithnigh an DPC go raibh aon ghníomh eile riachtanach nuair a eisíodh an toradh.

## CÁS-STAIDÉAR 119

# Próiseáil neamhdhleathach sonraí catagóirí speisialta

Chuir ábhar sonraí gearán faoi bhráid an Choimisiúin um Chosaint Sonraí (DPC) in aghaidh a bhfostóra (an rialaitheoir sonraí) maidir lena gcuid sonraí pearsanta a phróiseáil faoi Airteagal 9 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR). Mhínigh an t-ábhar sonraí don DPC go bhfuair siad teastas breoiteachta ón Dochtúir Teaghlaigh (GP) agus mar sin gur thug siad an teastas breoiteachta dá bhfostóir, i gclúdach litreach le seoladh Oifigeach Leighis na heagraíochta. D'oscail comhalta foirne a bhí ag feidhmiú i ról bainisteora an teastas leighis; ní raibh ról mar oifigeach leighis ag an duine seo, áfach. Sula ndearna sé/sí teagmháil leis an DPC rinne an t-ábhar sonraí teagmháil lena bhfostóir chun aghaidh a thabhairt ar na húdair imní a bhí á mbrath acu go raibh sonraí pearsanta a bhí íogair á bpróiseáil go neamhdhleathach; mar sin féin, ní bhfuair siad aon fhreagra maidir lena ngearán.

Mar chuid dá imscrúdú, rinne an DPC teagmháil leis an rialaitheoir sonraí agus rinne mionsonraí maidir le gearán ábhair sonraí a chomhroinnt leo. D'fhreagair an rialaitheoir sonraí an DPC agus mhínigh, de réir Nósanna Imeachta Oibríochta Caighdeánacha na heagraíochta, mar gheall nach raibh aon oifigeach leighis ar dualgas an lá a bhí i gceist, go dtiteann an fhreagracht agus an t-údarás ó thaobh saoire a cheadú, breoiteachta nó eile, go huathoibríoch ar an mbainisteoir ar an lá, arbh é/í a phróiseáil an teastas leighis.

Níor ghlac an t-ábhar sonraí leis an míniú a chuir an rialaitheoir sonraí ar fáil agus chuir go láidir i gcoinne go ndéanfaidh duine nach oifigeach leighis ainmnithe a bhí i gceist próiseáil ar an teastas leighis.

Trína imscrúdú, chinn an DPC, faoi Airteagail 6(1)(b),(c), (f) agus 9(2)(b) den RGCS go raibh boinn dlisteanacha ag an rialaitheoir sonraí, sonraí pearsanta íogaire an ábhair sonraí a phróiseáil faoin GDPR agus mar sin nár tharla aon phróiseáil neamhdhleathach. Níor breithníodh go raibh aon ghníomh eile riachtanach i gcoinne an rialaitheora sonraí maidir le gearán an ábhair sonraí.

## CÁS-STAIDÉAR 120

# Próiseáil chothrom sonraí pearsanta (An Dlí is Infheidhme — an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018)

D'eisigh ábhar sonraí gearán chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ("an Coimisiún") i gcoinne a fhostóra ("rialaitheoir sonraí") maidir le próiseáil a shonraí pearsanta faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("GDPR"). Mhínigh an t-ábhar sonraí don Choimisiún gur tugadh do thríú páirtí (fostóir ionchasach) mionsonraí faoi ní rúnda mar chuid de theistiméireacht. Sula ndearna sé teagmháil leis an gCoimisiún, rinne an t-ábhar sonraí teagmháil leis an rialaitheoir sonraí chun aghaidh a thabhairt ar na húdair imní a bhí aige toisc go raibh sé den tuairim gur próiseáladh a shonraí pearsanta go neamhdhleathach. Ní bhfuair sé freagra sásúil ar an ngearán uaidh, áfach.

Tugann an Coimisiún dá aire gurb é a bhíonn i gceist le teistiméireacht faoi bhall foirne ó fhostóir reatha/iarfhostóir a sholáthar do thríú páirtí, amhail fostóir ionchasach, de ghnáth ná sonraí pearsanta a nochtadh. Luaigh an t-ábhar sonraí gur nocht an rialaitheoir sonraí ní rúnda sa teistiméireacht a tugadh don fhostóir ionchasach.

Mar chuid dá scrúdú, rinne an Coimisiún idirchaid-reamh leis an rialaitheoir sonraí agus chomhroinn sé na mionsonraí faoi ghearán an ábhair sonraí. Thug an rialaitheoir sonraí freagra don Choimisiún agus mhínigh sé go bhfuil sé ag brath ar thoiliú agus ar leas dlisteanach i ndáil leis an ní rúnda a nochtadh. Luaigh an rialaitheoir sonraí gurbh amhlaidh, le linn dó cearta an ábhair sonraí a chothromú i gcoinne leasanna an tríú páirtí (agus leasanna na ndaoine sin a dtugann an tríú páirtí cúram dóibh), a chinn sé go bhfuil dualgas cúraim air a chinntiú go bhfaigheadh faighteoir na teistiméireachta (an fostóir ionchasach) teistiméireacht a bheadh fíor, cruinn, cothrom agus ábhartha don ról a ndearna an t-ábhar sonraí iarratas air.

Ba dheimhin leis an rialaitheoir sonraí gur próiseáladh na sonraí ar bhealach cothrom trédhearcach. Luaigh sé freisin gurbh amhlaidh, de bharr chineál na fostaíochta, a bhí dualgas cúraim air do na daoine a dtacaíonn siad leo, mar atá na baill foirne, agus freisin d'fhostóirí ionchasacha a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta don chatagóir chéanna cliant.

Tá sé tábhachtach a bhreithniú cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh stádas an rialaitheora sonraí nó na hoibleagáidí dlíthiúla nó conartha is infheidhme (nó dearbhuithe eile a tugadh tráth an bhailithe) a bheith mar chúis le hionchais réasúnacha go mbeadh rúndacht níos déine ann nó go mbeadh srianta níos déine ar thuilleadh úsáide ann. Chuir an Coimisiún san áireamh cé acu a bhí nó nach raibh an rialaitheoir sonraí in ann an toradh céanna a bhaint amach gan na mionsonraí rúnda a nochtadh don fhostóir ionchasach. Maidir leis na ráitis a tugadh sa teistiméireacht, bhí siad bunaithe ar fhíorais a d'fhéadfaí a chruthú agus a bhí riachtanach chun leasanna dlisteanacha chliaint an rialaitheora sonraí agus an dualgas cúraim do chliaint an rialaitheora sonraí a bhaint amach.

D'ainneoin an dualgais rúin, agus in imthosca inar ainmnigh an t-ábhar sonraí an rialaitheoir sonraí chun an teistiméireacht a sholáthar, á thoiliú le comhroinnt shonraí pearsanta ábhartha an ábhair sonraí le fostóir ionchasach dá bhrí sin, is deimhin leis an gCoimisiún go bhfuil leas dlisteanach an fhostóra ionchasaigh agus mórleas an phobail ina n-údar le nochtadh an ní rúnda.

Tar éis dó an ní a scrúdú go críochnúil, chuir an Coimisiún in iúl don ábhar sonraí, faoi alt 109(5)(c) d'Acht 2018, gur réasúnach atá an míniú a chuir an rialaitheoir sonraí ar aghaidh in imthosca an ghearáin seo agus nár tharla aon phróiseáil neamhdhleathach. Dá réir sin, measadh nár ghá aon ghníomh eile a dhéanamh i gcoinne an rialaitheora sonraí de bhun an ghearáin ón ábhar sonraí.




# Teorannú Cuspóra

### CÁS-STAIDÉAR 121

## Úsáid TCI san ionad oibre

Fuaireamar gearán maidir leis an úsáid a bhain an rialaitheoir sonraí as ceamaraí TCI in áitreabh oibre an ghearánaigh agus maidir leis an gcaoi a breathnaíodh ar na píosaí scannáin TCI sin (ina raibh sonraí pearsanta an ghearánaigh, ina raibh, i measc nithe eile, íomhánna den ghearánach) d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an ghearánaigh le linn don ghearánach a bheith i mbun fostaíochta leis an rialaitheoir sonraí.

Tráth a rinneadh an gearán, bhí beartas TCI i bhfeidhm ag an rialaitheoir sonraí, inar luadh slándáil agus sábháilteacht mar chúis leis an gcóras TCI. Luadh é sin chomh maith ar chomharthaíocht a bhí ann in áiteanna ina raibh na ceamaraí TCI i bhfeidhm. Léirigh na fíricí gur chun críocha slándála agus sábháilteachta a bailíodh sonraí pearsanta an ghearánaigh i dtosach. Le linn cruinniú leis an ngearánach, áfach, chuir bainisteoir in iúl don ghearánach nach ndearnadh athbhreithniú ar phíosaí scannáin TCI ina raibh sonraí pearsanta an ghearánaigh amach amháin chun críocha monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an ghearánaigh le linn don ghearánach a bheith i mbun fostaíochta leis an rialaitheoir sonraí. Ní raibh an críoch sin ar na críocha sonraithe próiseála a leagadh amach sa bheartas TCI agus an chomharthaíocht a bhain leis. D'admhaigh an rialaitheoir go mba shárú ar a bheartais an chaoi inar baineadh úsáid as sonraí pearsanta an ghearánaigh.

I gcás ina bpróiseáiltear sonraí pearsanta chun críoch atá difriúil ón gcríoch ar a bailíodh iad, ní foláir nach mbeadh na críocha is bonn leis an tuilleadh próiseála i neamhréir leis na críocha bunaidh. Maidir leis an úsáid a baineadh as sonraí pearsanta an ghearánaigh, b'ionann monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an ghearánaigh agus críoch a bhí leithleach agus sainiúil ó na críocha bunaidh i dtaobh sábháilteachta agus slándála ar ina leith a bailíodh na píosaí scannáin TCI. Ar an mbonn sin, b'ionann an phróiseáil a rinneadh ar shonraí pearsanta an ghearánaigh a bhí sna píosaí scannáin TCI chun críocha monatóireachta feidhmíochta agus tuilleadh próiseála chun críocha a bhí i neamhréir le críocha bunaidh an bhailithe sin.

Tháinig ceist eile chun cinn maidir leis an tslándáil a bhain leis an gcaoi ina raibh rochtain ar an gcóras TCI agus ar logaí TCI. I bhfreagraí i scríbhinn chuig an DPC, dúirt an rialaitheoir go raibh fáil, tráth a rinneadh an gearán, ar rochtain ar phíosaí scannáin TCI ar ríomhaire pearsanta aonair sa roinn, agus nach raibh sonraí logála isteach ag teastáil dó. Thug na freagraí ón rialaitheoir le fios nach ndearnadh logáil ar an rochtain ar phíosaí scannáin TCI de láimh ná go huathoibríoch. Ba easnamh i slándáil sonraí é go ginearálta nach raibh loga rochtana ann i gcomhair na bpíosaí scannáin TCI. Ní mór do rialaitheoirí sonraí bearta cuí slándála agus eagraíochta a chur i bhfeidhm, ag teacht le hAirteagal 32 den GDPR, i dtaca le coinníollacha faoi rochtain ar shonraí pearsanta.

Rinneadh leasú suntasach ar an mbeartas TCI ó shin agus cuireadh beartas nua ina áit. Dhearbhaigh an rialaitheoir gur baineadh agus gur cuireadh as feidhm an ríomhaire pearsanta as ar baineadh an úsáid sin. Tá rochtain ar thaifid TCI teoranta anois do dhuine aonair san aonad

sonrach agus déantar athbhreithniú ar na taifid i gcás imeacht slándála nó i gcás timpiste amháin.

Baineann ábharthacht ar leith i gcás dá leithéid leis na hoibleagáidí próiseáil chóir a dhéanamh ar shonraí pearsanta (Airteagal 5(1)(a)), agus sonraí dá leithéid sin a fháil chun críocha sonracha agus gan tuilleadh próiseála a dhéanamh uirthi ar bhealach a bheadh i neamhréir leis na críocha sin (Airteagal 5(1)(b)). Ina theannta sin, ba cheart bearta slándála cuí a bheith i bhfeidhm chun slándáil na sonraí pearsanta a áirithiú (Airteagal 5(1)(f) agus Airteagal 32).

## CÁS-STAIDÉAR 122

# Próiseáil Sonraí Catagóire Speisialta

Bhain an gearán seo le sonraí pearsanta (sa chás eolas mar gheall ar an gcineál fadhb sláinte a bhí ag an ngearánaí) a bheith próiseáilte ag a fhostóir, chun go bhféadfaí saoire bhreoiteachta agus íocaíochtaí a bhain leis a riar ar son an ghearánaí. Thar aon rud eile, chuir an gearánaí a chuid imní in iúl faoi gur roinn an rialaitheoir sonraí (an fostóir) a thaifead leighis, lena n-áirítear iad a bheith roinnte le baill foirne in oifig áitiúil an rialaitheora sonraí, áit ar oibrigh an gearánaí. Chuir an gearánaí oifigeach sinsearach san eagraíocht ar an eolas faoin imní a bhí air. Ba é dearcadh an oifigigh sinsearaigh, áfach, nach raibh roinnte ach a laghad agus a chaithfí a roinnt den eolas.

Nuair a bhíonn sonraí pearsanta a bhaineann le duine á bpróiseáil ag rialaitheoir sonraí, tá ceanglais dhlíthiúla áirithe a chaithfidh an rialaitheoir sonraí a chomhlíonadh. I gcás an ghearáin seo tá ábharthacht ar leith ag baint leis na hoibleagáidí (1) sonraí pearsanta a phróiseáil go cóir; (2) na sonraí sin a fháil ar mhaithe le cuspóirí sonracha agus gan tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu ar bhealach nach luíonn leis na cuspóirí sin; (3) go mbeadh na sonraí ábhartha agus leordhóthanach agus nach ndéanfadh an rialaitheoir níos mó ná mar ba ghá de na sonraí a próiseáil chun an chuspóir faoin ar bailíodh iad a bhaint amach; agus (4) go gcinnteofaí go mbeadh an tslándáil chuí maidir leis na sonraí pearsanta i bhfeidhm. Chomh maith leis na rialacha a mbíonn feidhm acu agus sonraí pearsanta á bpróiseáil, sa chás seo toisc gur bhain na sonraí pearsanta le faisnéis leighis (a dtugtar níos mó cosanta dó faoin reachtaíocht um chosaint sonraí), bhí ceanglais bhreise ann a chaithfeadh an rialaitheoir sonraí a chomhlíonadh.

Measadh gurb é an chéad chuspóir a bhain leis na sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag an rialaitheoir sonraí ná scéim reachtúil íocaíochta breoiteachta a riar. Chinn an oifig seo freisin nach raibh sé ag dul i gcoinne an chuspóra ar bailíodh na sonraí ina leith i dtosach, go ndéanfaí tuilleadh próiseála ar shonraí pearsanta an ghearánaí chun bainistiú a dhéanamh ar fhostaithe a bhfuil strus a bhaineann lena gcuid oibre ag cur as dóibh nó atá ar shaoire bhreoiteachta fhadtéarmach agus chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal an phá breoite-achta. Chomh maith leis sin, chinn an DPC go raibh gá leis an bpróiseáil chun bainistiú a dhéanamh ar strus a bhaineann le hobair agus chun saoire bhreoiteachta fhadtéarmach a bhainistiú agus chun súil a choinneáil ar phá breoiteachta; ar mhaithe le conradh a chomhlíon-adh a raibh an té lenar bhain na sonraí páirteach ann; ó thaobh chomhlíonadh oibleagáide dlíthiúla a raibh an ri-alaitheoir faoina réir agus ar mhaithe le cur i bhfeidhm nó cur i gcrích ceart nó oibleagáid a thugtar nó a fhorchuir-tear le dlí ar an rialaitheoir sonraí i dtaca le fostaíocht.

Measadh, áfach, go raibh sé iomarcach na sonraí (an cineál fadhb sláinte a bhí ag an ngearánaí) a phróiseáil san oifig AD áitiúil ar mhaithe le saoire bhreoiteachta fhadtéarmach agus saoire struis a bhaineann leis an obair a bhainistiú agus chun súil a choinneáil ar leibhéil an phá breoiteachta. Ina theannta sin, chinn an DPC, ar an mbonn gur nocht an soláthraí seirbhísí comhroinnte an iomarca sonraí pearsanta don oifig AD áitiúil agus freisin taobh istigh den oifig, nach raibh an leibhéal slándála cuí i bhfeidhm i dtaca le sonraí pearsanta an ghearánaí. Ar deireadh, measadh, sna cúinsí seo, nár phróiseáil an rialaitheoir sonraí na sonraí pearsanta a bhain leis an ghearánaí ar bhealach cóir. Dá bhrí sin, fuarthas amach gur sháraigh an rialaitheoir sonraí a chuid oibleagáidí cosanta sonraí.

Faoin GDPR, ní mór sonraí pearsanta sa chatagóir speisialta (dála sonraí sláinte) a phróiseáil go cothrom i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(a). Ní mór iad a bhailiú chun críche sonraithe, sainráite agus dlisteanach agus ní cheadaítear tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu ar bhealach nach luíonn leis na críocha sin i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(b). Ní fhéadfar iad a phróiseáil ach ar bhealach a chinntíonn slándáil chuí na sonraí, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamh-dhleathach, i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(f). Agus sonraí sa chatagóir speisialta á bpróiseáil acu, ní mór do rialaitheoirí a bheith ar an eolas faoi na ceanglais bhreise atá leagtha amach in Airteagal 9 den GDPR.




# Trédhearcacht

## CÁS-STAIDÉAR 123

### Píosaí scannáin TCI a bheith á soláthar ag teach tábhairne d'fhostóir (An dlí is infheidhme — na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 (na hAchtanna))

Fuaireamar gearán in aghaidh teach tábhairne i lár na cathrach á líomhain go ndearna sé sonraí pearsanta an ghearánaigh, mar a bhí i bpíosaí scannáin TCI, a nochtadh dá fhostóir gan a eolas ná a thoiliú agus nach raibh comharthaí cuí TCI in airde aige lenar tugadh fógra don phobal go raibh ábhar TCI á thaifeadadh.

Le linn ár n-imscrúdaithe, fuaireamar amach gur óstáil eagraíocht is fostóir imeacht sóisialta dá foireann sa teach tábhairne ar an oíche a bhí i gceist. Bhí an gearánach ina fhostaí de chuid na heagraíochta sin agus d'fhreastail sé ar an imeacht sóisialta sa teach tábhairne. Bhí teagmhas ann idir an gearánach agus fostaí eile le linn an imeachta shóisialta agus líomhnaíodh go raibh ionsaí tromchúiseach ann. Cuireadh fios ar an nGarda Síochána teacht chun an áitribh ar an oíche a bhí i gceist. Thuairiscigh an bainisteoir agus an príomhfhreastalaí ag an am an teagmhas do stáisiún áitiúil an Gharda Síochána arís an lá dár gcionn. Fuaireamar amach gur tháinig an fostóir ar an eolas faoin teagmhas agus go ndearna sé teagmháil leis an teach tábhairne chun na tuairiscí a fuair sé a fhíorú. Ar deireadh, lig bainisteoir an tí thábhairne d'oifigeach acmhainní daonna ón bhfostóir amharc ar na píosaí scannáin TCI ar an áitreabh. Tar éis dó amharc orthu, mheas an t-oifigeach acmhainní daonna gur theagmhas tromchúiseach é an teagmhas agus d'iarr sé cóip de na píosaí scannáin ionas go bhféadfadh an fostóir an tsaincheist a phlé leis an ngearánach. Lig an bainisteoir don oifigeach acmhainní daonna cóip de na píosaí scannáin a thaifeadadh ar a fhón póca toisc nár éirigh leis na píosaí scannáin a íoslódáil.

Bhreithnigh an Coimisiún cé acu a bhí nó nach raibh bunús dlí ann, faoi fhoras 'leasanna dlisteanacha' an rialaitheora sonraí nó aon tríú páirtí faoi alt 2A(1)(d) de na hAchtanna, lena gceadófaí don teach tábhairne sonraí pearsanta an ghearánaigh a phróiseáil trí phíosaí scannáin TCI a sholáthar don fhostóir. Faoin bhforáil sin, is ceadmhach próiseáil a dhéanamh i gcás gur gá déanamh amhlaidh 'chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir sonraí nó ag tríú páirtí nó páirtithe a bhfuil na sonraí á nochtadh dóibh, seachas i gcás nach mbeidh údar ann leis an bpróiseáil in aon chás ar leith de bhrí go ndéanfaí dochar do chearta bunúsacha nó saoirsí bunúsacha an ábhair shonraí'.

Le linn dó anailís a dhéanamh ar an gcás seo, bhí aird ag an gCoimisiún ar an mbreithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais i gcás phóilíní slándála réigiún Ríge. Sa chás sin, bhreithnigh an Chúirt Bhreithiúnais cur i bhfeidhm Airteagal 22 7(f) den Treoir um Chosaint Sonraí (95/46/CE), ar a bhfuil alt 2A(1)(d) bunaithe, agus shainaithin sí trí choinníoll nach mór a chomhlíonadh sa phróiseáil chun údar a thabhairt léi, is iad sin:

a) Ní mór go mbeidh leas dlisteanach ann a thabharfaidh údar leis an bpróiseáil;

b) Ní mór go mbeidh próiseáil na sonraí pearsanta riachtanach chun an leas dlisteanach a réadú; agus

c) Ní mór go mbeidh forlámhas ag an leas sin ar chearta agus leasanna an ábhair shonraí.

Fuair an Coimisiún amach le linn a imscrúdaithe gurb amhlaidh, ag eascairt as an teagmhas a bhí i gceist, gur líomhnaíodh go ndearna an gearánach ionsaí tromchúiseach ar chomhghleacaí dá chuid agus gur sholáthair an teach tábhairne cóip de na píosaí scannáin TCI d'fhostóir an ghearánaigh ionas go bhféadfadh an fostóir imscrúdú cuí a dhéanamh ar an teagmhas agus ar na líomhaintí. Ós rud é gur tharla an timpiste le linn imeacht sóisialta de chuid an fhostóra, thug an Coimisiún aird ar an mbaol go bhféadfadh an fostóir bheith faoi dhliteanas i leith aon díobhálacha a d'fhulaing aon fhostaí le linn an teagmhais. Dá réir sin, próiseáladh na píosaí scannáin TCI ar mhaithe leis an oibleagáid a bhí ar an bhfostóir sláinte agus sábháilteacht a chuid fostaithe a chosaint. Ós rud é gur chuir an Chúirt Bhreithiúnais in iúl roimhe seo gur leas dlisteanach é an tsláinte a chosaint, ba dheimhin leis an gCoimisiún go raibh leas dlisteanach ann in údar a thabhairt leis an bpróiseáil. Chinn an Coimisiún freisin go raibh nochtadh na bpíosaí scannáin TCI sa chás seo riachtanach do na leasanna dlisteanacha a bhí á saothrú ag an bhfostóir ionas go bhféadfadh sé na líomhaintí go ndearna an gearánach éagóir a imscrúdú agus a bhailíochtú. Chinn an Coimisiún, ar aon dul leis na tuairimí ón Abhcóide Ginearálta Bobek i gcás phóilíní slándála réigiún Ríge, go bhfuil sé tábhachtach nach n-úsáidtear cosaint sonraí chun críocha bactha i gcásanna ina bhfuil méid beag sonraí pearsanta i gceist. Sna himthosca sin, chinn an Coimisiún nach mbeadh sé réasúnach a bheith ag súil leis go ndiúltódh an teach tábhairne don iarraidh ón fhostóir amharc ar na píosaí scannáin TCI agus cóip díobh a thógáil i gcomhthéacs líomhaintí faoi ionsaí tromchúiseach ar a áitreabh, go háirithe toisc go raibh na sonraí pearsanta teoranta don teagmhas a bhí i gceist agus nár nochtadh ar shlí eile iad. Maidir le leas an fhostóra a chothromú in aghaidh chearta agus leasanna an ghearánaigh, bhí aird phríomha ag an gCoimisiún ar chomhthéacs na próiseála, áit a bhfuair an teach tábhairne iarraidh go n-amharcfaí ar theagmhas tromchúiseach ar a áitreabh agus go soláthrófaí cóip de na píosaí scannáin den teagmhas, rud ar mheas an teach tábhairne go raibh sé sách tromchúiseach lena thuairisciú don Gharda Síochána. Dá ndiúltófaí don iarraidh, d'fhéadfadh go gcuirfí bac ar imscrúdú iomlán a dhéanamh ar ionsaí tromchúiseach líomhnaithe agus ar chumas an fhostóra sláinte agus leas a chuid fostaithe a chosaint. Dá réir sin, chinn an Coimisiún gur ghá don teach tábhairne na píosaí scannáin TCI a phróiseáil trí iad a sholáthar don fhostóir agus gur bheart réasúnach a raibh údar leis é sin. Chinn sé freisin go raibh forlámhas ag leas dlisteanach an fhostóra ar chearta agus saoirsí an ghearánaigh, go háirithe toisc nach raibh aon sonraí pearsanta íogaire i gceist leis an bpróiseáil agus nach ndearnadh aon phróiseáil iomarcach.

Maidir leis na fíricí, ba dheimhin leis an gCoimisiún go raibh comharthaí leordhóthanacha in airde ag an teach tábhairne ag an am lenar cuireadh pátrúin san airdeall go raibh TCI in úsáid chun baill foirne agus custaiméirí a chosaint agus chun an choireacht a chosc. Cheal fianaise a fháil uaidh ar a mhalairt, ba dheimhin leis freisin go bhfuair an gearánach fógra go raibh TCI in úsáid ag an am a bhí i gceist.

I gcás a lán gearán a láimhseálann an Coimisiún, creideann ábhair shonraí, agus dul amú orthu, go bhfuil próiseáil a sonraí pearsanta neamhdhleathach i gcás nár thoiligh siad leis an bpróiseáil sin. Mar sin féin, is ann do roinnt bunús dlí, seachas toiliú, lena dtugtar údar le próiseáil, ag brath ar na himthosca ar leith lena mbaineann. Maidir leis an údar le leasanna dlisteanacha, fiosróidh an Coimisiún go dian cé acu a shásaíonn nó nach sásaíonn imthosca na próiseála na gnéithe, dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, nach mór a bheith ann ionas go bhféadfaidh rialaitheoirí a bheith ag brath ar an mbunús dlí sin. Mar an gcéanna, i gcás go sásaíonn na himthosca an tairseach a theastaíonn don údar sin, cuireann an Coimisiún béim ar an bhfíric gurb amhlaidh, de réir na dtuairimí ón Abhcóide Ginearálta Bobek ón gCúirt Bhreithiúnais, nár cheart ceanglais chosanta sonraí pearsanta a úsáid chun bac a chur ar fhíorleasanna dlisteanacha sna sonraí lena mbaineann.

## CÁS-STAIDÉAR 124

# Bheith ag brath ar thoiliú maidir le grianghraf linbh a úsáid i bhfoirm ábhair bolscaireachta (An dlí is infheidhme — Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003)

Fuaireamar gearán ó thuismitheoir ábhair sonraí ar mionaoiseach a bhí ann. D'fhreastail an tuismitheoir ar fhéile a d'eagraigh an Gníomhaireacht Stáit, in éineacht lena leanbh. Ghlac grianghrafadóir grianghraf den leanbh. An bhliain ina dhiaidh sin, d'úsáid an Gníomhaireacht Stáit an grianghraf sin in ábhar bolscaireachta. An tuiscint a bhí ag tuismitheoir an ábhair sonraí, cé gur ghlac siad leis gur labhair siad leis an ngrianghrafadóir an tráth ar glacadh an grianghraf, go ndéanfaí teagmháil leo sula n-úsáidfí an íomhá.

Lelinn an imscrúdaithe, thug an Gníomhaireacht Stáit le tuiscint gur bhraith siad ar thoiliú de bhun alt 2A(1) (a) de na hAchtanna, mar go bhfuair an grianghrafadóir cead ó bhéal ó thuismitheoir an ábhair sonraí. Mar sin féin, ghlac an Gníomhaireacht Stáit leis freisin nárbh léir do thuismitheoir an ábhair sonraí go n-úsáidfí an íomhá chun críocha na meán/caidreamh poiblí. Ghlac an Gníomhaireacht Stáit leis freisin nár tugadh a dhóthain faisnéise don tuismitheoir maidir leis an íomhá a bheith á coinneáil. D'fháiltigh an DPC roimh an méid a chuir Gníomhaireacht Stáit in iúl maidir le hathbhreithniú láithreach a dhéanamh ar a chleachtais agus ar a nósanna imeachta.

Mar fhocal scoir, fuair an DPC nach raibh a dhóthain faisnéise tugtha ag an Gníomhaireacht Stáit do thuismitheoir an ábhair sonraí le toiliú a thabhairt maidir le próiseáil na híomhá in ábhar bolscaireachta Bhord Bia.

## CÁS-STAIDÉAR 125

# Sonraí sláinte a phróiseáil

Bhí an gearánach ina bhall de scéim árachais cosanta ioncaim agus bhí cead neamhláithreachta ón obair acu de dheasca breoiteachta. Fostóir an ghearánaigh a d'eagraigh an scéim árachais cosanta ioncam. Chun éileamh a dhéanamh faoin scéim, ceanglaíodh ar an bhfostaí freastal ar choinní leighis a d'eagraigh cuideachta árachais. Níor roinneadh faisnéis a bhain le breoiteacht an ghearánaigh ach leis an gcuideachta árachais. Mar sin féin, chuir cuideachta tríú páirtí (nach raibh a rannpháirtíocht san éileamh ar eolas ag an ngearánach) faisnéis ar aghaidh chuig fostóir an ghearánaigh maidir leis na coinní liachta a ceanglaíodh ar an ngearánach freastal orthu. San áireamh san fhaisnéis bhí réimse speisialtóireachta na ndochtúirí i gceist.

Fuarthas gurbh í an chuideachta árachais an rialaitheoir sonraí mar gheall gur rialaigh sé ábhar agus úsáid sonraí pearsanta an ghearánaigh chun críche éileamh an ghearánaigh faoin scéim árachais a bhainistiú agus riarachán a dhéanamh ina leith. I measc na sonraí i gceist bhí mionsonraí faoi bhreoiteacht an ghearánaigh, coinní leighis sceidealaithe agus cóireáil bheartaithe agus measadh gur sonraí pearsanta a bhí iontu de bharr gurbh fhéidir an gearánach a shainaithint uathu agus gur bhain siad leis an ngearánach mar dhuine aonair.

Le linn an imscrúdaithe, d'áitigh an rialaitheoir sonraí go raibh foirm sínithe ag an ngearánach ar a raibh ráiteas a dhearbhaigh gur thug an gearánach toiliú don rialaitheoir sonraí faisnéis maidir le breoiteacht an ghearánaigh a lorg. Nuair a d'iarr an DPC air soiléiriú a thabhairt ar an bhfáth gur roinn sé an fhaisnéis maidir le coinní leighis an ghearánaigh leis an gcuideachta tríú páirtí (ar bróicéir na scéime árachais é), chuir an rialaitheoir sonraí in iúl go ndearna sé amhlaidh chun nuashonrú a thabhairt don bhróicéir agus lena chinntiú go ndéanfaí dul chun cinn tapa ar an gcás.

Shloinn an rialaitheoir sonraí go raibh oibleagáid reachtúil air faisnéis áirithe a sholáthar don ghearánach. Go sonrach, go raibh oibleagáid reachtúil ar an rialaitheoir sonraí faighteoirí na sonraí pearsanta nó catagóirí fhaigh-

teoirí na sonraí pearsanta a chur in iúl don ghearánach. Thug an DPC ar aird, cé gur thug an rialaitheoir sonraí fógra don ghearánach go raibh seans go lorgódh sé sonraí pearsanta a bhain leo, gur theip air faisnéis leormhaith a sholáthar don ghearánach maidir le faighteoirí sonraí pearsanta an ghearánaigh.

Ceanglaítear faoin reachtaíocht um chosaint sonraí freisin go gcaithfidh sonraí a choimeádann rialaitheoir sonraí a bheith leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha ar bailíodh na sonraí pearsanta chucu. Scrúdaigh an DPC an fáth a thug rialaitheoir sonraí le faisnéis faoi chineál choinní leighis an ghearánaigh a nochtadh (i.e. chun nuashonrú a thabhairt don bhróicéir agus lena chinntiú go ndéanfadh dul chun cinn tapa ar an gcás). Ba é tuairim an DPC gurbh iomarcach ag an rialaitheoir sonraí é faisnéis maidir le cineál sonrach na gcoinní leighis, lena n-áirítear speisialtóireachtaí na ndochtúirí i gceist, a nochtadh don chuideachta tríú páirtí.

Thug an DPC ar aird go dtugtar cosaint bhreise do shonraí maidir le sláinte faoin reachtaíocht um chosaint sonraí. Ba é tuairim an DPC, de bharr go raibh mionsonraí faoi speisialtóireachtaí na ndochtúirí i gceist san áireamh san fhaisnéis a nocht an rialaitheoir sonraí, gur thug sí cineál féideartha bhreoiteacht an ghearánaigh le tuiscint agus dá bharr sin gur thairbhigh sí an chosaint bhreise sin. Dheimhnigh an DPC go raibh toirmeasc ar na sonraí i gceist a phróiseáil, mar gheall ar an gcosaint bhreise, ach amháin sa chás go raibh feidhm le ceann amháin de líon coinníollacha sonraithe ina leith. Mar shampla (agus é ábhartha anseo), d'fhéadfaí na sonraí pearsanta a bhain leis an tsláinte a phróiseáil go dleathach sa chás gur thug an gearánach toiliú sainráite don rialaitheoir sonraí go ndéanfaí an phróiseáil. Bhreithnigh an DPC ansin cibé an bhféadfaí nó nach bhféadfaí a rá gurbh ionann an fhoirm éilimh (ar a raibh an t-alt maidir le toiliú a thabhairt don rialaitheoir sonraí faisnéis a lorg) a bheith sínithe ag an ngearánach agus toiliú sainráite go ndéanfaí an fhaisnéis a bhain le coinní leighis an ghearánaigh a phróiseáil (a nochtadh). Thug an DPC ar aird go bhféadfaí a rá gur tugadh toiliú sainráite an ghearánaigh go ndéanfadh an rialaitheoir sonraí faisnéis den sórt sin a lorg. Mar sin féin, níor thug an gearánach a dtoiliú sainráite go dtabharfadh an rialaitheoir sonraí faisnéis den sórt sin do thríú páirtithe. Ar an mbunús sin, d'áitigh an DPC go raibh sárú breise ar an reachtaíocht déanta ag an rialaitheoir sonraí i ndáil leis sin.

Faoi Airteagal 13 den GDPR, i gcás go mbailítear sonraí pearsanta a bhaineann le hábhar sonraí ón ábhar sonraí, tá ceanglas ar an rialaitheoir sonraí faisnéis áirithe a thabhairt don ábhar sonraí an tráth a gheofar na sonraí pearsanta, amhail céannacht agus sonraí teagmhála an rialaitheora sonraí agus, i gcás inarb infheidhme, sonraí teagmhála a Oifigigh Cosanta Sonraí, críocha na próiseála dá bhfuil na sonraí pearsanta beartaithe chomh maith leis an mbunús dlí don phróiseáil, agus faighteoirí na sonraí, más ann dóibh, chomh maith le faisnéis maidir le cearta an ábhair sonraí. Tá an fhaisnéis sin beartaithe a chinntiú go ndéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach cothrom agus trédhearcach. I gcás ina bhfuarthas na sonraí pearsanta ar shlí éigin seachas ón ábhar sonraí féin, ceanglaítear go dtabharfaí faisnéis bhreise don ábhar sonraí, faoi Airteagal 14 den GDPR. Ní mór an fhaisnéis sin a thabhairt i bhfoirm atá gonta, trédhearcach, intuigthe agus a bhfuil rochtain éasca uirthi.

De bhreis air sin, ceanglaítear leis an bprionsabal um íoslaghdú sonraí faoi Airteagal 5(1)(c) go mbeadh sonraí pearsanta leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil. Ciallaíonn sin gur cheart an tréimhse a stóráiltear sonraí pearsanta a theorannú don tréimhse is lú agus is féidir agus nár cheart sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin i gcás nach bhféadfaí cuspóir na próiseála a bhaint amach go réasúnach ar shlí eile.

Ar deireadh, is ceart do rialaitheoirí sonraí a thabhairt ar aird go meastar gur "chatagóir speisialta sonraí pearsanta" iad sonraí pearsanta a bhaineann leis an tsláinte faoi Airteagal 9 den GDPR agus go bhfuil siad faoi réir ag rialacha sonracha, mar aitheantas go bhfuil siad thar a bheith íogair, de réir a nádúir agus mar gheall ar an riosca sonrach do chearta agus saoirse bunúsacha ábhair sonraí a d'fhéadfaí a chruthú trí bhíthin sonraí den sórt sin a phróiseáil. Ní cheadaítear sonraí sláinte a phróiseáil ach amháin i gcásanna áirithe mar a ndéantar foráil dóibh in Airteagal 9(2) den GDPR agus in ailt 45 go 54 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, mar shampla, i gcás gur thug an t-ábhar sonraí toiliú sainráite don phróiseáil chun críche sonraithe amháin nó níos mó.

## CÁS-STAIDÉAR 126

# Úsáid a bhaint as sonraí svaidhpchárta fostaí chun críocha araíonachta

Sa chás seo, bhí an gearánach ina fhostaí a bhí ina ábhar in imeachtaí araíonachta ag a fhostóir. Bhain gné de na himeachtaí sin le poncúlacht an ghearánaigh, agus d'fhéach an fostóir le brath ar shonraí svaidhpchárta a fuarthas ó theacht agus imeacht an ghearánaigh san ionad oibre le linn na tréimhse ábhartha. Mar thoradh ar phróiseas achomhairc inmheánaigh, d'aontaigh an fostóir ina dhiaidh sin gan na sonraí a úsáid chun na críche sin agus bhain sé é de thaifead araíonachta an ghearánaigh. Mar sin féin, d'iarr an gearánach ar an DPC leanúint d'imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán.

Bhí imscrúdú an DPC dírithe ar an bprionsabal i dtaobh cosaint sonraí nach mór sonraí a fháil agus a phróiseáil ar bhealach cothrom. Áirítear leis sin oibleagáid i ndáil le faisnéis a thabhairt d'ábhair sonraí, lena n-áirítear an chríoch nó críocha dá bhfuil sé beartaithe iad a phróiseáil.

Sa chás seo, níor chuir an fostóir an gearánach ar an eolas maidir le sonraí svaidhpchárta a úsáid chun críche imeachtaí araíonachta. (Le linn an imscrúdaithe, chuir an fostóir an DPC ar an eolas gurbh é cás an ghearánaigh aon t-aon chás amháin inar bhain sé úsáid as sonraí svaidhpchárta chun críocha araíonachta.) Ar an mbealach céanna, níor chuir an fostóir an gearánach ná fostaithe eile ar an eolas go raibh sé beartaithe sonraí svaidhp-chárta a bhailítear san ionad oibre a úsáid chun críocha poncúlachta.

Theip ar an bhfostóir an gearánach a chur ar an eolas maidir le húsáid a bhaint as sonraí svaidhpchárta chun críocha poncúlachta agus araíonachta. Dá bhrí sin, chinn an DPC nach bhfuair agus nár phróiseáil an fostóir na sonraí sin ar bhealach cothrom.

Sa chás seo, léirítear an tábhacht atá le cothroime agus trédhearcacht i ndáil le cearta cosanta sonraí a chosaint. D'fhéadfadh rialaitheoirí ar nós fostóirí bunús dlí bailí bheith acu chun sonraí pearsanta a phróiseáil, bíodh sin ar fhorais maidir le conradh a chomhlíon-adh, leas dlisteanach nó forais eile. Mar sin féin, ní mór na prionsabail um chosaint sonraí a leagtar amach in Airteagal 5 den GDPR a chomhlíonadh gan bheann ar an mbunús dlí ar a mbraitear.





# Innéacs


Ábhar Sonraí 8–11, 14–23, 27, 29, 33, 35, 40, 41, 43, 45, 53, 54, 60, 63, 66, 67, 81, 85–90, 92, 95, 97–99, 105, 107–109, 115, 119

Access 8, 16, 18

Agóid i gcoinne Próiseála 96

Airgeadas 66

Airteagal 60 24, 31, 32, 35, 91, 92

Aitheantas 91

Áit Oibre 59

Article 60 91

Bearta Slándála 57

Ceart(a) 50, 82–85

Cinneadh 15, 16, 24, 91

Conradh 19, 21, 56, 64, 65, 88, 89, 97, 99, 105, 111, 116

Cruinneas 26, 29

Díliostú 81, 82, 83

Fioscaireacht 43

Fiosrúcháin 49

Fógraí 42

Fostaí 42, 44, 49, 54, 60, 68, 112, 116

Haiceáil 30, 91

Íomhánna 105, 106

Ionchúiseamh 70–78, 94

Ionsaí Bogearraí Éirice 45

Íoslaghdú Sonraí 28

Leas Dlisteanach 20, 24, 63, 64, 65, 67, 81, 87, 89, 91, 101, 102, 103, 104, 106, 107, 109, 113, 116

Léirscriosadh 80, 84, 85

Margaíocht Dhíreach Leictreonach 70

Neamhúdaraithe 19, 43, 48, 51, 52, 54, 57–60, 62, 101, 111

Nochtadh 23, 48, 52, 53, 57–59, 61–63, 66, 67

Oifigeach Cosanta Sonraí 40, 107

Próifíliú 106

Próiseáil 18, 20, 89, 90, 98, 104, 105, 107–109, 111

Próiseáil Chóir 96, 111

Próiseálaí Sonraí 45, 54, 87

Réiteach 9, 11, 28, 32, 33, 37, 38, 41, 80, 84, 85, 101

Request 11

Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 9, 20, 23, 24, 26, 54, 66, 67, 86, 87, 89, 90, 92, 97, 100, 107–109

Rialaitheoir 38, 39, 51, 57, 58, 82, 83

Rialaitheoir Sonraí 38, 39, 57, 58, 82, 83

Rochtain 12, 13, 16, 22, 87

Rúndacht 53, 54, 109, 119

Sárú Sonraí 42, 43, 51, 53, 58, 66, 95, 101

Sláine 43, 50, 55, 56

Sonraí 8, 9, 13, 16–24, 26–28, 30, 31, 33–35, 37–41, 46, 52–58, 61, 63, 64, 66, 67, 70, 76, 80–95, 97–102, 107–109, 111–115

Sonraí Catagóirí Speisialta 6, 68, 107, 108,

Sonraí Íogaire 61

Sonraí Pearsanta 53

Sonraí Tríú Páirtí 12, 93

Srianta 93–95

Srianta Sonraí 94, 95

TCI 9, 14, 16, 97, 110, 112, 113

Teorannú Cuspóra 94

Toiliú 61

Trasteorann 31–33, 84

Trédhearcacht 112



**Data Protection Commission**,
21 Fitzwilliam Square,
Dublin 2

www. dataprotection.ie
Email: info@dataprotection.ie
Tel: 0761 104 800
LoCall: 1890 25 22 31

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission